CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	An túrscéal iar-nua-aoiseach sa Ghaeilge
Authors	Ó Buachalla, Thaddeus
Publication date	2015
Original Citation	Ó Buachalla, T. 2015. An túrscéal iar-nua-aoiseach sa Ghaeilge. PhD Thesis, University College Cork.
Type of publication	Doctoral thesis
Rights	© 2015, Thaddeus Ó Buachalla. - http://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/3.0/
Download date	2026-10-31 15:06:06
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/2128



UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

An tÚrscéal Iar-nua-aoiseach sa Ghaeilge

Thaddeus Ó Buachalla

Tráchtas le haghaidh na céime Ph.D.
arna chríochnú i Scoil Léann na Gaeilge
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
2015

Ceann na Roinne: An tOllamh Pádraig Ó Macháin
Stiúrthóir an tráchtais: An Dr Pádraigín Riggs

Clár

Réamhrá	1
1 Joyce, Ó Conaire agus a linn	27
2 An Béal Bocht agus Traidisiún na hAoire	65
3 Nua-aoiseachas Mháirtín Uí Chadhain	97
4 L'Attaque	124
5 Cuaifeach mo Londubh Buí	146
6 Kinderszenen	167
7 An Fear Dána	198
8 An Dochtúir Áthas	214
9 Con Trick "An Bhalla Bháin"	230
Clabhsúr	252

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dr Pádraigín Riggs as a cabhair agus a tuiscint ó thús deireadh an tráchtais seo. Gabhaim buíochas chomh maith leis an bhfoireann go léir i Roinn na Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, mar a rabhas im mhac léinn agus le mo mhuintir agus mo chairde a thug tacaíocht dom. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis an Ollamh Máirín Nic Eoin agus leis an Dochtúir Sorcha Nic Lochlainn.

Creidim san ábhar atá fé chaibidil sa tráchtas seo agus chaith mé cuid mhaith dem shaol lena léiriú. Pé fírinne atá ann, toirbhrím í dom mháthair, a chuaigh ar shlí na fírinne sula raibh sí anois ráite agam.

I hereby declare that this thesis is my own work and has not been submitted for another degree, either at University College Cork or elsewhere.

Achoimre

Is éard atá curtha romham agam sa tráchtas seo ná an t-úrscéal iar-nua-aoiseach sa Ghaeilge a phlé; chun aitheantas a thabhairt don seánra mar rud ar leith; chun a fhréamhacha a aimsiú agus a thréithe sainiúla a léiriú. Luaitear an téarma 'iar-nua-aoiseachas' le mórán scríbhneoirí agus ealaíontóirí ar fud an domhain sa lá atá inniu ann ach féachfaidh mé anseo lena léiriú go bhfuil baint shainiúil ag an úrscéal iar-nua-aoiseach sa Ghaeilge le stair shochteangeolaíoch agus liteartha na hÉireann. Chruthaigh scríbhneoirí Béarla na hÉireann, ar nós Joyce, Beckett agus Flann O'Brien (Brian Ó Nualláin), cur chuige liteartha a raibh toradh ollmhór aige ar chúrsaí liteartha an domhain – go háirithe sa chomhthéacs (iar)-nua-aoiseach. Léireoidh mé gur tháinig an cur chuige seo chun cinn de bharr an choibhnis shainiúil atá ag muintir na hÉireann le teanga – coibhneas atá ginte i nguagacht faoin rud is teanga féin ann. Áitím gur eascair an ghuagacht seo as an athrú stádais – ó phríomhtheanga go mionteanga – a tharla don Ghaeilge. Áitím gur cruthaíodh feasacht ar fholús i bhféiniúlacht na tíre nuair a tharla an t-athrú sin agus go raibh tionchar ag an bhfeasacht seo ar litríocht na hÉireann – idir Ghaeilge agus Bhéarla. Is minic a fhéachann an t-úrscéal iar-nua-aoiseach, i ngach teanga ina gcleachtar a leithéid, le staidéar a dhéanamh ar na slite ina gcruthaítear brí sa saol trí theanga agus trí reacaireacht. Murab ionann is a mbíonn i gceist san úrscéal 'traidisiúnta' – an t-úrscéal 'réadach' mar a tuigtear leis – glacann iar-nua-aoiseachas leis go bhfuil solúbthacht agus saorgacht i ngach léiriú ar an mbrí seo. Léiríonn na húrscéalta atá faoi chaibidil sa tráchtas seo an-doimhneacht liteartha. Is saothair fhéin-chomhfhiosacha agus mheitificseanúla iad a thaispeánann éiginnteacht i leith brí absalóidigh. Oibríonn siad mar léiriú ar fheidhm na teanga sa saol agus ar na slite ina gcruthaíonn gach reacaireacht a fírinne féin. Cé gur tréithe iar-nua-aoiseacha iad siúd, is tréithe iad chomh maith a bhaineann le stádas na mionteanga.

Sa tráchtas seo, féachfaidh mé ar rian na feasachta seo i litríocht na tíre agus ar na slite ina léirítear í in úrscéal iar-nua-aoiseach na Gaeilge. Feicim ionracas in iar-nua-aoiseachas atá toilteanach glacadh le héiginnteacht an tsaoil. Is ionracas é atá cróga is diongbháilte; atá tuisceanach is imearthach agus is rud fiúntach é, mar sin, sa teanga a ghin é i litríocht na tíre.

Réamhrá

Is iomaí scríbhneoir sa lá atá inniu ann a luaitear an téarma ‘iar-nua-aoiseachas’ lena shaothar. Féachfaidh mé anseo le húrscéal iar-nua-aoiseach na Gaeilge a phlé ach, in ionad é a chur i gcomparáid le saothar scríbhneoirí iar-nua-aoiseacha an domhain, teastaíonn uaim é a phlé i gcomhthéacs litríocht na Gaeilge agus litríocht na hÉireann. Féachfaidh mé ar fhréamhacha agus éabhlóid an úrscéil iar-nua-aoisigh sa Ghaeilge, ar a bhaint le traidisiún liteartha na Gaeilge; ar a éabhlóid i gcomhthéacs stair na tíre; ar a bhaint le nua-aoiseachas na Gaeilge agus ar chomhthreomhaireacht ina éabhlóid le scríbhneoirí Éireannacha a bhfuil a n-ainmneacha luaite le dul chun cinn mór i gcúrsaí liteartha (iar)-nua-aoiseacha – cé nárbh í an Ghaeilge a bpríomhtheanga scríbhneoireachta. Bainfidh mé úsáid as teoiricí liteartha, critice agus fealsúnachta chun an rud is úrscéal iar-nua-aoiseach na Gaeilge ann a chíoradh.

Is éard atá le háiteamh agam sa tráchtas seo ná gur rud dúchasach é an t-úrscéal iar-nua-aoiseach sa Ghaeilge. Ní foláir dom ar dtús, áfach, míniú a dhéanamh ar cad go díreach atá i gceist leis an bhfocal ‘dúchasach’ sa chomhthéacs seo. Sa Ghaeilge, samhlaítear an focal leis an rud atá ginte sa duine is a thagann anuas ó ghlúin go glúin. Úsáidim é anseo áfach chun léiriú gur rud é an t-úrscéal iar-nua-aoiseach sa Ghaeilge a bhfuil baint aige le stair shochtheangeolaíoch agus liteartha na tíre seachas toradh ar ghluaiseacht liteartha a fhaighimid ar iasacht ó thíortha agus ó chultúir eile. Samhlaítear an téarma iar-nua-aoiseach go minic le scríbhneoirí allúracha ach ní luaitear é go minic le scríbhneoirí na Gaeilge. Creidim gur eascair iar-nua-aoiseachas (agus nua-aoiseachas) i litríocht na hÉireann de thoradh stair shochtheangeolaíoch na tíre – go háirithe, meath na Gaeilge ó theanga a bhí in úsáid ag tromlach na ndaoine go stádas mionteanga – agus féachaim ar iar-nua-aoiseachas i litríocht na Gaeilge mar chuid den toradh seo. Cé go n-áitím sa tráchtas seo go bhfuil tréithe de thraidisiún liteartha na Gaeilge le feiceáil go fóill sa

phrós iar-nua-aoiseach, creidim nach bhfuil ansin ach cuid den scéal. Áitím gur eascair iar-nua-aoiseachas sa Ghaeilge agus i mBéarla na hÉireann as bearna a braitheadh in Éirinn ó thaobh na teanga de. Baineann an bhearna seo go mór le stádas na Gaeilge mar mhionteanga in Éirinn. Ní hé príomhphointe an tráchtais seo, mar sin, go bhfuil an t-úrscéal iar-nua-aoiseach sa Ghaeilge mar thoradh ar leanúnachas ó dhúchas liteartha na Gaeilge – cé gur fíor go bhfuil leanúnachas éigin le feiceáil – ach gur rud de bhunadh na hÉireann fós é a d'eascair as stair shoctheangeolaíoch na tíre.

Ach cad go díreach is iar-nua-aoiseachas ann? Is minic nach mbíonn réiteach éasca idir lucht teoirice ar an gceist sin agus bíonn drogall ar chuid mhór acu aon sainmhíniú amháin a thabhairt air. Ina áit sin, luaitear na tréithe a bhaineann le saothar iar-nua-aoiseach. Cuirtear meitificsean, scigaithris, meascán idir cultúr ard agus íseal agus paistís ina leith. Samhlaítear é mar chineál eicléicteachais agus imeartas saor i gcúrsaí liteartha. Ní maith an cúnamh é seo áfach, don té atá ag iarraidh a fháil amach cad é go díreach atá ann toisc gur féidir le saothar liteartha na tréithe sin a léiriú gan a bheith ina shaothar iar-nua-aoiseach. Chomh maith leis sin, ní disciplín ealaíonta amháin é agus luaitear é i leith cúrsaí polaitiúla, fealsúnacha agus sóisialta. Faightear brí dhifriúil ó dhaoine éagsúla agus ó chomhthéacsanna éagsúla agus deirtear go bhfuil an t-iolrachas seo mar chuid den chur chuige iar-nua-aoiseach. Éiríonn daoine buartha faoi, mar a dúirt Richard Rorty: "I have given up on the attempt to find something common to Michael Grave's buildings, Pynchon's and Rushdie's novels, Ashberry's poems, various sorts of popular music, and the writings of Heidegger and Derrida" (1991:1).

Ní mór domsa, áfach, fráma tagartha amháin a chruthú don rud is iar-nua-aoiseachas ann i gcomhthéacs an tráchtais seo. Féachfaidh mé mar sin ar theoiricí áirithe agus ar chomhthreomhaireacht eatarthu chun tuiscint amháin a fháil ar an ábhar. Ar an gcéad dul síos, ní foláir an difríocht idir iar-nua-aoiseachas (postmodernism) agus iar-nua-aoiseacht (postmodernity) a léiriú. Tá baint ag an dá rud seo lena chéile ach tá difríocht thábhachtach eatarthu chomh maith. Is

dearcadh fealsúnach, polaitiúil agus sóisialta é iar-nua-aoiseacht a fheiceann scoilt idir ré an Eagnaíocht agus ár ré féin. San Eagnaíocht, cruthaíodh dioscúrsa nua ar staid an duine sa saol – dioscúrsa an daonnachais. Sa pheirspictíocht seo, cuireadh an duine i lár baill agus creideadh i gcumhacht an duine chun an saol a thuiscint agus a mhúnlú trí mheán na heolaíochta agus an réasúin. Chruthaigh Descartes, Hegel agus Kant fealsúnacht a bhí tógtha ar idéalachas agus fírinne uilíoch. Féachann an dearcadh iar-nua-aoiseach, áfach, le hiolrachas an tsaoil a léiriú – saol ina gcruthaítear fírinní éagsúla trí mheán na gcód teangeolaíoch agus stairiúil atá inár dtimpeall an t-am go léir. Ní féidir prionsabal absalóideach a aimsiú riamh agus, mar sin, ní foláir glacadh le hiolrachas an tsaoil. Ba réamhtheachtaí mór (nó tionscnóir) é Friedrich Nietzsche sa dearcadh iar-nua-aoiseach seo agus dúirt sé: "What then is truth? A movable host of metaphors, metonymies, and anthropomorphisms: in short, a sum of human relations which have been poetically and rhetorically intensified, transferred, and embellished, and which, after long usage, seem to a people to be fixed, canonical, and binding" (Nietzsche 1979:84).

Is rud eile iar-nua-aoiseachas áfach, cé go mbaineann sé go mór leis an dearcadh nihilíoch céanna. Má bhaineann iar-nua-aoiseacht le nua-aoiseacht na hEagnaíochta, baineann iar-nua-aoiseachas le modh aeistéitiúil an nua-aoiseachais. Ach ní féidir a rá gur disciplín aeistéitiúil amháin é. Mar a deir Patricia Waugh: "One sees the rootedness of postmodern thought in the aesthetic, but an aesthetic extended into the demesne of the existential" (1992:89). Chun iar-nua-aoiseachas a phlé mar mhodh aeistéitiúil, ní foláir a bhaint le nua-aoiseachas a chur san áireamh. Níl iar-nua-aoiseachas i gcoinne an dearcaidh nua-aoisigh ach feictear go bhfuil éabhlóid ann ó cheann amháin go ceann eile. Ag caint faoi iar-nua-aoiseachas ina aiste 'Answering the Question: What is Postmodernism?' deir Jean-François Lyotard: "It is undoubtedly a part of the modern" (1986:79). D'eascair nua-aoiseachas ag deireadh an 19ú haois as míshástacht le réalachas. D'fhéach réalachas liteartha leis an saol a léiriú mar a samhlaíodh é a bheith le fírinne. Ba chur chuige é áfach, a bhí

bunaithe ar choinbhinsiúin liteartha maidir le stíl, plota, carachtar agus reacaireacht. Cuireann Samuel Beckett síos air seo ina thagairtí do shaothar Balzac san úrscéal *Dream of Fair to Middling Women*: "To read Balzac is to receive the impression of a chloroformed world. He is absolute master of his material, he can do what he likes with it . . . because he has turned all his creatures into clockwork cabbages and can rely on their staying put wherever needed" (1993:119).

Faoi dheireadh an naoú haois déag agus tús an fichiú haois, thug daoine ar nós Joyce agus Proust faoi deara nach féidir aon saol réadach a léiriú toisc go mbeadh an léiriú sin scagtha trí choinbhinsiúin liteartha na haoise. Dar leo, mar sin, ba é an t-aon réalachas amháin ná réalachas na hintinne. Thosaigh scríbhneoirí nua-aoiseacha ansin ar chur chuige a chuir comhfhios an duine i lár baill. Scriosadh an tuiscint gurbh fhéidir an saol réadach a chur ar an leathanach agus cuireadh an bhéim ar léiriú ar an staid shíceolaíoch sa saothar liteartha mar fhírinne inti féin. Bhí na coinbhinsiúin liteartha fós ann ach bhí cuma íorónta orthu anois. B'ealaín de chuid an *avant-garde* í a d'úsáid osréalachas agus a tháinig ar an saol nuair a bhí teoiricí síceolaíocha nua mar gheall ar intinn an duine ag teacht ó dhaoine mar Sigmund Freud. Leis an mbéim seo ar chomhfhios, athraíodh an saol réadach go saol na suibiachta síceolaíche i gcomhthéacs an tsaothair liteartha.

Éiríonn an cheist áfach maidir le cé chomh fada agus is féidir glacadh leis an modh liteartha seo. Is féidir féachaint ar iar-nua-aoiseachas mar an rud a tharlaíonn nuair atá an modh nua-aoiseach caite, nuair nach féidir linn an comhfhios a chíoradh a thuilleadh. I ndeireadh na dála, bíonn cuardach ar fhírinne éigin ar bun sa saothar nua-aoiseach i gcónaí. Bíonn an scríbhneoir (agus an léitheoir) ar thóir eolais diamhair in intinn an duine. Is cosúil le seisiún síciteiripe é atá ag lorg réiteach faidhbe éigin. Ina mhonagraf ar Proust, deir Beckett: "the work of art as neither created nor chosen, but discovered, uncovered, excavated, pre-existing within the artist, a law of nature" (1997:64). Bíonn cuma thromchúiseach dhubhach ag baint leis an tochailt seo go minic. Tá an tsuibiacht atá i lár baill sa saothar

nua-aoiseach i bhfad níos neamhchinnte agus níos teibí ná an tsuibiacht choincréiteach atá i bhfealsúnacht Descartes, Hegel nó Kant. Feictear fós áfach go bhfuil samhlaoid na suibiachta coincréití mar cheann scríbe i gcónaí. Is cuardach é ar chineál eolais atá clúdaithe ach 'pre-existing within the artist'. Is é a dhéanann iar-nua-aoiseachas, áfach, ná go n-éiríonn sé as an gcuardach. Glacann sé leis nach bhfuil fírinne absalóideach le fáil – fiú in intinn an duine. Ina dhiaidh sin, níl fágtha againn ach ficseanúlacht agus teanga. Dhá rud atá nasctha le chéile i mogall idirthéascúil atá dochíortha. Nuair a éiríonn iar-nua-aoiseachas as an gcuardach, cailleann sé an chuma thromchúiseach dhubhach chomh maith agus éiríonn sé imearthach. I bhfocail Jeremy Hawthorn:

> Postmodernism takes the subjective idealism of modernism to the point of solipsism, but rejects the tragic and pessimistic elements in modernism in the conclusion that if one cannot prevent Rome burning then one might as well enjoy the fiddling that is left open to one.
>
> (182)

Tá teoiric ag Brian McHale in *Postmodernist Fiction* atá an-áisiúil maidir leis an scoilt seo idir nua-aoiseachas agus iar-nua-aoiseachas. Féachann McHale ar an difríocht eatarthu mar athrú fócais. Labhraíonn sé faoi mar 'change of dominant' agus tugann sé sainmhíniú ar an '*dominant*' seo dúinn ó Roman Jakobson: "The dominant may be defined as the focusing component of a work of art: it rules, determines and transforms the remaining components" (McHale 1987:6). Dar leis, tá fócas eipistéimeolaíoch ag an saothar nua-aoiseach agus fócas ointeolaíoch ag an saothar iar-nua-aoiseach. Shamhlófaí, áfach, go mbeadh an saothar nua-aoiseach ag baint go mór le ceisteanna ointeolaíocha. Féachann nua-aoiseachas le comhfhios agus suibiachtúlacht shíceolaíoch a léiriú – rudaí a shamhlófaí mar eilimintí tábhachtacha maidir le fócas ointeolaíoch. I ndeireadh na dála áfach, tá an saothar nua-aoiseach ag iarraidh rud

éigin a chur in iúl leis an bpiardáil shíceolaíoch seo. Tá sé bunaithe ar an tuiscint go bhfuil saineithne éigin ann in intinn an duine agus más féidir an iliomad snáitheanna a fhí le chéile – teanga, cultúr agus eolas – gur féidir linn teacht ar an saineithne sin. Mar sin, is scrúdú eipistéimeolaíoch é atá ag lorg eolais chun fírinne éigin an tsaoil a léiriú.

Is ag an bpointe a thugtar faoi deara gur fánach an scrúdú seo, áfach, ina ndéantar iar-nua-aoiseachas de nua-aoiseachas. Nuair a scrúdaítear comhfhios an duine go cruinn i gcomhthéacs gach uile rud a dtagann an comhfhios seo faoina anáil – an mogall idirthéacsúil atá in aon teanga nó an iliomad scéalta agus tagairtí as a ndéantar stair agus cultúr – feictear go bhfuil an comhfhios féin déanta den mheascán seo. Níl aon eisint amháin ann. Deir McHale: "Intractable epistemological uncertainty becomes at a certain point ontological plurality or instability: push epistemological questions far enough and they 'tip over' into ontological questions" (1987:11) Tá cúnamh éigin ann má fhéachtar air i gcomhthéacs *The Social Construction of Reality* le Peter L. Berger agus Thomas Luckmann. Féachann siadsan ar an saol réadúil mar fhicsean na ndaoine atá cruthaithe trí phróiseas sóisialaithe, go háirithe trí mheán na teanga, as caidreamh idir daoine. Mar a deir siad: "*Society is a human product. Society is an objective reality. Man is a social product*" (79). Mar sin, ní féidir an saol a léiriú trí chomhfhios an duine toisc go bhfuil comhfhios an duine féin cruthaithe as an saol sóisialaithe idirthéacsúil. Is próiseas ciorclach é.

Tagraíonn McHale do theoiric Dick Higgins a bhfuil cosúlachtaí inti lena theoiric féin. In ionad na dtéarmaí 'nua-aoiseachas' agus 'iar-nua-aoiseachas' áfach, labhraíonn Higgins faoin 'cognitive question' le haghaidh nua-aoiseachais: "How can I interpret this world of which I am a part? And what am I in it?" agus faoin 'postcognitive question' le haghaidh iar-nua-aoiseachais: "Which world is this? What is to be done in it? Which of my selves is to do it?" (as McHale 1992:146). Féachann an dearcadh nua-aoiseach/cognitive ar cheisteanna faoi: "What is there to be known? Who Knows it? How do they know it, and with what degree of certainty?" (McHale 1987:9). Sa saothar nua-

aoiseach, tá an bhéim ar neamhchinnteacht eipistéimeolaíoch, ar na teorainneacha eolais, agus ar dheacrachtaí an charachtair lena chomhfhios féin a lonnú laistigh den chóras eolais seo.

Sa saothar iar-nua-aoiseach áfach, dar le McHale, tá an bhéim ar neamhchinnteacht ointeolaíoch, ar stádas ointeolaíoch an tsaothair féin laistigh d'iolrachas an tsaoil. Feictear ceisteanna faoi cad is saol ann, cén cineál saolta atá ann agus conas a chomhdhéantar iad, cad í an difríocht eatarthu agus cad a tharlaíonn nuair a thagann siad in adharca a chéile nó nuair a bhíonn na teorainneacha eatarthu sáraithe. Féachtar ar mhodh eisidh an téacs féin, ar an saol a léiríonn sé agus ar struchtúr an tsaoil seo. Mar sin, caillltear an tuiscint gurb é comhfhios an duine eisint an téacs agus tugtar faoi deara nach bhfuil sa téacs ach déantúsán eile sa saol. Is é an 'tabhairt faoi deara' seo an rud is iar-nua-aoiseachas ann.

Mar sin, tá iar-nua-aoiseachas ina éabhlóid ó nua-aoiseachas. Is féidir féachaint ar an sleamhnú seo idir na gluaiseachtaí móra liteartha mar iarrachtaí chun an scoilt idir an saothar liteartha agus an saol a mhíniú. Theastaigh ó scríbhneoirí réalachais an saol a léiriú mar a bhí sé, gan maoithneas galamaisíoch an rómánsachais. Thug scríbhneoirí nua-aoiseacha faoi deara nach raibh sé sin indéanta toisc gur tháinig coinbhinsiúin liteartha idir an saol agus an saothar agus shocraigh siad ar shlite chun an saol a léiriú trí oibriú intinn agus comhfhios an duine. Ansin, thug scríbhneoirí iar-nua-aoiseacha faoi deara nach n-oibríonn sé sin ach oiread. Tá an intinn agus an saol ceangailte go dofhuascailte lena chéile agus ní féidir ceann amháin a léiriú trí mheán an chinn eile. Ach nuair a theipeann ar an scrúdú cruinn nua-aoiseach seo ar chomhfhios an duine chun míniú a aimsiú idir an saothar liteartha agus an saol, níl fágtha ansin ach glacadh leis nach bhfuil aon mhíniú ann. Éiríonn an scríbhneoir iar-nua-aoiseach as an iarracht agus glacann sé leis, chun a bheith macánta, nach bhfuil sa saothar liteartha ach déantúsán eile sa saol. Ní dhéantar é seo de bharr neamhchúise ach de bharr gur fírinne eile é seo sa saol liteartha. Is céim nádúrtha é agus ní foláir é a léiriú mar aon fhírinne liteartha eile.

Ach ní hé sin le rá go bhfuil scoilt iomlán idir nua-aoiseachas agus iar-nua-aoiseachas. Dar le McHale, oibríonn an '*dominant*' chun dearcadh amháin – eipistéimeolaíoch nó ointeolaíoch – a chur chun cinn thar an gceann eile. Ach tá eipistéimeolaíocht agus ointeolaíocht araon ann ach feidhmíonn an '*dominant'* chun an t-ord ina bhféachtar orthu a leagan amach. Deir McHale: "although it would be perfectly possible to interrogate a postmodernist text about its epistemological implications, it is more *urgent* to interrogate it about its ontological implications. In postmodernist texts, in other words, epistemology is *backgrounded*, as the price for foregrounding ontology" (1987:11). Deir sé chomh maith, sa tslí chéanna ina sleamhnaíonn an saothar nua-aoiseach isteach ina shaothar iar-nua-aoiseach, gur féidir leis an bpróiseas seo tarlúint droim ar ais chomh maith: "push ontological questions far enough and they tip over into epistemological questions" (1987:11). Chuaigh sé níos faide chun an pointe seo a léiriú in *Constructing Postmodernism:* "modernism and postmodernism are not successive stages in some inevitable evolution from less advanced to more advanced aesthetic forms, but rather alternative contemporary practices, equally 'advanced' or 'progressive'" (1992:207).

Tá teoiric McHale ar an rud is iar-nua-aoiseachas ann mar pheirspictíocht amháin i measc a lán teoiricí eile. Is féidir comhthreomhaireacht a fheiceáil áfach lena bhfuil ráite ag daoine eile. Mar shampla, ina aiste "Answering the Question: What is Postmodernism?" (1986:71-82) féachann Jean-François Lyotard ar (iar)-nua-aoiseachas mar mhodh aeistéitiúil a oibríonn chun a léiriú go bhfuil rud doléirithe ann. Deir sé: "I shall call modern the art which devotes its 'little technical expertise'. . . to present the fact that the unpresentable exists. To make visible that there is something which can be conceived and which can neither be seen nor made visible" (1986:78). Seo é an *sublime* agus is cuid de theoiric aeistéitiúil Kant é. Úsáideann Lyotard é anseo áfach chun nua-aoiseachas a shainmhíniú, chomh maith le hiar-nua-aoiseachas atá, mar a deir sé: "undoubtedly a part of the modern" (1986:79). Is féidir

a fheiceáil cad atá i gceist ag Lyotard anseo nuair a smaoinítear faoi i gcomhthéacs an réalachais. Is bunphrionsabal de chuid an réalachais é go bhfuil gach rud inléirithe – má tá an scríbhneoir inniúil ar a cheird. Mar sin, léiríonn Lyotard (iar)-nua-aoiseachas mar ealaín a dhiúltaíonn don tuiscint seo agus a ghlacann leis go bhfuil rudaí ann atá inshamhlaithe ach doléirithe.

Úsáideann Lyotard an pheirspictíocht seo chomh maith áfach, chun idirdhealú a dhéanamh idir nua-aoiseachas agus iar-nua-aoiseachas. Maidir le nua-aoiseachas, deir sé: "The emphasis can be placed on the powerlessness of the faculty of presentation, on the nostalgia for presence felt by the human subject, on the obscure and futile will which inhabits him in spite of everything" (1986:79). Mar sin, léiríonn nua-aoiseachas go bhfuil rud doléirithe ann ach coimeádtar '*nostalgia*' fós don réalachas soláimhsithe lena chuardach in intinn agus i gcomhfhios an duine. Maidir le hiar-nua-aoiseachas áfach, deir sé: "The emphasis can be placed, rather, on the power of the faculty to conceive, on its 'inhumanity', so to speak . . . since it is not the business of our understanding whether or not human sensibility or imagination can match what it conceives" (1986:79/80)

Feictear comhthreomhaireacht anseo le teoiric McHale sa tslí a mbíonn nua-aoiseachas ag caitheamh i ndiaidh chinnteacht an réalachais ina chuardach eipistéimeolaíoch in intinn an duine. Tá iar-nua-aoiseachas neamhchúiseach i leith an chumha seo, áfach, agus glacann sé le stádas ointeolaíoch an tsaothair mar rud ann féin – gurb é an rud is tábhachtaí ná 'the power of the faculty to conceive' in ionad aon chumas léirithe. Amhail theoiric McHale chomh maith, is féidir le tréithe nua-aoiseacha agus iar-nua-aoiseacha a bheith in aon saothar amháin, mar a deir Lyotard: "The nuance that distinguishes these two modes may be infintesimal; they often coexist in the same piece, are almost indistinguishable; and yet they testify to a difference … on which the fate of thought depends" (1986:80).

Tá caidreamh neamhchúiseach ag iar-nua-aoiseachas le hiolrachas na brí agus glacann sé leis go bhfuil eolas absalóideach do-aimsithe sa saol. Seo rud a léiríonn teoiricí Jacques Derrida chomh

maith. Tá a theoiric faoi *différance* bunaithe ar an tslí nach féidir linn brí absalóideach a aimsiú i dteanga de bharr go n-oibríonn gach focal i gcomhthéacs na bhfocal eile a bhaineann leis. Sa bhFraincis, tá an focal féin *différance* cruthaithe ag Derrida mar mheascán idir dhá bhrí den bhriathar *différer* – mar 'difrigh' agus 'cur siar'. Tá an débhríocht seo san fhocal mar chuid den débhríocht a fheiceann Derrida i ngach cumarsáid daonna. Ní féidir brí absalóideach a aimsiú in aon fhocal nó coincheap de bharr go mínítear brí trí fheidhm focal agus coincheap eile agus mar sin sleamhnaíonn an bhrí go háit eile agus cuirtear siar í i gcónaí. Cruthaítear slabhra comharthóirí, mar sin, ceann i ndiaidh a chéile nach n-aimsíonn an deireadh go deo. Deir sé: "What we know, or what we would know if it were simply a question here of something to know, is that there has never been, never will be, a unique word, a master-name" (1982:27). Cuireann M.M. Bakhtin leis seo nuair a deir sé: "there can be neither a first nor a last meaning; [anything that can be understood] always exists among other meanings as a link in the chain of meaning, which in its totality is the only thing that can be real" (From Notes Made in 1970-1; Bakhtin 1986: ix)

Coincheapann Derrida 'comharthach tarchéimnitheach' (transcendental signified) chomh maith atá mar bhrí absalóideach hipitéiseach a bhfuil na bríonna eile go léir (lúba an tslabhra) ag brath uirthi. Tá sé lasmuigh den phróiseas *différance* áfach agus ní ceart a rá go bhfuil sé mar lúb dheireanach sa slabhra. Léiríonn teoiric Derrida dúinn an tslí ina n-oibríonn teanga chun an tuiscint a chruthú go bhfuil comharthach tarchéimnitheach ann sa saol – cé nach bhfuil.

Is féidir a rá go bhfuil an saothar nua-aoiseach ag iarraidh comharthach tarchéimnitheach a aimsiú lena chuardach eipistéimeolaíoch in intinn an duine – leis an bhfócas seo ar chomhfhios. Nuair a éiríonn an saothar iar-nua-aoiseach as an gcuardach seo, glacann sé leis nach bhfuil aon chomharthach tarchéimnitheach ann agus is ráiteas ointeolaíoch é seo. Mar sin, feictear go léiríonn teoiric Derrida agus teoiric McHale a chéile, ach chomh maith leis sin, go bhfuil nasc ann leis sin a dúirt Nietzsche

faoin rud is fírinne ann: “A movable host of metaphors, metonymies, and anthropomorphisms”.

In *The Postmodern Condition*, deir Lyotard: “I define *postmodern* as incredulity towards metanarratives” (1986:xxiv). Féachaim féin ar an téacs seo, áfach, níos mó mar thráchtas ar iar-nua-aoiseacht ná iar-nua-aoiseachas. Léiríonn sé na slite anseo ina ndlisteanaítear eolas sa saol trí ollinsintí (grand narratives) agus meitireacaireachtaí (metanarratives). Is reacaireacht faoi reacaireachtaí eile í an meitireacaireacht – nó reacaireacht a dhlisteanaíonn iad. Is in “Answering the Question: What is Postmodernism?” (1986:71-82) a scríobhadh trí bliana níos déanaí, áfach, a léiríonn sé a theoiric aeistéitiúil um (iar)-nua-aoiseachas.

I ndeireadh na dála, cruthaíonn fealsúna, criticeoirí agus teoiricithe an rud is iar-nua-aoiseachas ann san am céanna lena léiríonn siad é. Sula dtosaítear ar aon staidéar faoi shaothar liteartha iar-nua-aoiseach, ní miste fráma tagartha soiléir a bheith ann don bhonn teoiriciúil a roghnaítear chun deighleáil leis. Is iad na teoiricí seo thuasluaite an bonn a úsáidtear sa tráchtas seo. Tá ciall ag baint le teoiric McHale agus oibríonn sí go maith le teoiricí de chuid Derrida agus Lyotard. Ach níl sé ar intinn agam na húrscéalta sa staidéar seo a chíoradh de réir mar a oireann siad do na teoiricí seo amháin. Féachaim ar na teoiricí seo mar uirlisí chun na tréithe iar-nua-aoiseacha i litríocht na Gaeilge a phlé ach féachaim chomh maith chun na saothair sa tráchtas seo a scrúdú de réir a gcuid cáilíochtaí liteartha féin seachas ó thaobh na critice amháin. Ní foláir, áfach, mo pheirspictíocht féin ar an rud is iar-nua-aoiseachas ann – i gcomhthéacs an staidéir seo – a chur in iúl ar dtús.

Luaitear iar-nua-aoiseachas agus iarstruchtúrachas le chéile go minic. Is teoiric de chuid na critice é iarstruchtúrachas a cheistíonn an bonn siúráilte ar a gcruthaítear eolas sa saol. Féachann na teoiricithe seo ar na slite ina gcruthaítear reacaireacht trí réamhcheapadh seanbhunaite atá scríofa ag an stair agus ag an gcultúr. Féachann sé ar an gcóras cultúrtha a réamhscríobhann buntuairimí an tsaoil maidir le litríocht, ealaín agus gach cineál cumarsáide daonna. Is iad na

teoiricithe sa Fhrainc sna seascaidí agus sna seachtóidí is mó a bhfuil cáil orthu – daoine mar Jacques Derrida, Roland Barthes, Jean-François Lyotard, Michel Foucault agus Julia Kristeva. Luaitear M.M. Bakhtin leosan go minic chomh maith. Teoiricí ón Rúis ab ea é agus cé go raibh sé ina réamhtheachtaí do na Francaigh, níor thug éinne san Iarthar a chuid teoiricí faoi deara go dtí na seascaidí.

Úsáidim teoiric Bakhtin go minic sa tráchtas seo chun léargas a fháil ar na húrscéalta a phléim. D'fhéach sé go praiticiúil ar na slite ina n-úsáidtear teanga sa saol agus ar an tslí ina gcomhdhéantar teanga as guthanna éagsúla atá meascaithe le chéile in aon reacaireacht amháin (*Speech Genres and Other Late Essays*). Tá a thuiscint ar shaothar François Rabelais (*Rabelais and his World*) an-áisiúil chomh maith chun deighleáil le tréithe raibiléiseacha i litríocht na Gaeilge – tréithe a bhí le fáil go fiú roimh Rabelais féin – agus ar thionchar an chuir chuige raibiléisigh seo ar shaothar (iar)-nua-aoiseach na Gaeilge. Tá a léargas ar chur chuige na heipice agus na difríochtaí idir í sin agus an t-úrscéal áisiúil chomh maith chun tuiscint a fháil ar na slite ina n-úsáidtear an chodarsnacht seo i litríocht na Gaeilge (*The Dialogic Imagination*).

Úsáidim teoiric Roland Barthes go minic anseo chomh maith – go háirithe toisc go luaitear agus go n-úsáidtear í go sainiúil i gcuid de na húrscéalta féin. Ba theoiricí é ón Fhrainc a bhí páirteach i ngluaiseacht an struchtúrachais agus iarstruchtúrachais araon. Is ar an aiste "Death of the Author" is mó a dhírítear i litríocht na Gaeilge áfach. Baineann an teoiric seo go mór le coincheap na hidirthéacsúlachta. D'áitigh Barthes nach é an t-údar foinse an tsaothair toisc go bhfuil gach saothar déanta de réim idirthéacsúil na teanga. Mar sin, ní féidir leis an údar aon rud bunúsach a chruthú toisc go bhfuil sé ag obair le hamhábhar atá ann cheana féin. D'ionsaigh Barthes an tuiscint ar an údar mar 'Author-God', an t-ealaíontóir óna n-eascraíonn an saothar ina iomláine agus thug sé ról an chruthaitheora don léitheoir féin. Chreid sé mar sin gurbh é an léamh a dhéantar in intinn an léitheora a mhúnlaigh an saothar liteartha. Tá fadhbanna éigin ag baint leis an teoiric seo ach úsáidtear

í mar théama in úrscéalta áirithe agus, mar sin, tá tábhacht faoi leith aige anseo.

Féachann Barthes, Bakhtin agus na teoiricí seo go léir leis na córais athléirithe a oibríonn sa saol chun brí a chruthú a thaispeáint go soiléir. Féachtar ar iarstruchtúrachas mar fhreagra ar struchtúrachas, dearcadh eile a shamhlaigh go bhfuil córas struchtúrach ag baint le gach cumarsáid dhaonna. Léiríonn iarstruchtúrachas áfach go bhfuil na struchtúir féin cruthaithe as cúinsí réamhcheaptha sa stair agus sa chultúr agus gur chóir dúinn tochailt níos doimhne sna forais ar a mbunaítear brí sa saol.

Tá an t-ábhar seo pléite go maith ag scoláirí na Gaeilge chomh maith cé nach dtaitníonn na teoiricí féin le gach éinne. In *An Cogadh in Aghaidh na Critice*, léirigh Alan Titley a mhíshástacht leis na teoiricí seo agus an greim atá acu ar chúrsaí liteartha agus léirmheasa. Molann Titley léamh neamhtheoiriciúil ar théacsanna liteartha seachas léamh atá bunaithe ar theoiric nua faiseanta. Deir sé: "go bhfuil gluaiseacht nua ar siúl i measc lucht tráchtaireacht ar litríocht . . . a bhfuil éileamh aici ar cheart, ar fhírinne, ar údarás thairis mar a bhí ag aon ghluaiseacht roimhe seo" (1993a:3). Tugann sé 'Teoiricí nua Francbhácha' ar na teoiricí iarstruchtúraíocha agus féachann sé orthu mar chlaonadh faiseanta. Samhlaíonn sé iad mar theoiricí a bhfuil cineál tíorántachta agus dearcadh absalóideach i gceist leo:

> Is é cogadh atá á fhearadh agamsa ná cogadh in aghaidh na bréige go bhfuil Teoiric ann atá bunaithe ar charraig dobhogtha neamhshéanta éigin, go bhfuil talamh seasmhach éigin thíos ansin ar féidir linn ár gcosa a chur i bhfeac ann (nó a mhalairt nach bhfuil aon talamh in aon chor ann)
>
> (1993a:5)

Aontaím le Titley go pointe áirithe. Is fíor go mbíonn sé an-éasca go minic do dhaoine áirithe iad féin a shamhlú mar chuid de ghluaiseacht mhór agus a gcuid tuairimí a mhúnlú dá réir sin. Is fíor chomh maith go bhfuil fadhbanna ag baint le teoiric iarstruchtúraíoch. Mar

shampla, tá a mheitireacaireacht féin ag Lyotard nuair a fhógraíonn sé: “I define *postmodern* as incredulity towards metanarratives” (1986:xxiv). Tá fadhbanna móra ag baint le ‘Death of the Author’ le Roland Barthes – mar a léireoidh mé níos déanaí sa tráchtas seo. Oibríonn iarstruchtúrachas chun a léiriú dúinn nach bhfuil aon bhrí absalóideach sa saol ach chun é sin a dhéanamh, úsáideann na teoiricithe seo teanga an absalóideachais ina saothar féin.

Is féidir gurb í an teanga seo, agus an fonn atá ar dhaoine áirithe glacadh leis mar shoiscéal, a spreag Titley chun cogaidh. Ach tá sé íorónta fós go gcáineann sé iarstruchtúrachas toisc go bhfuil sé ‘bunaithe ar charraig dobhogtha neamhshéanta éigin’ nuair is é an frith-absalóideachas féin bun agus barr an dearcaidh iarstruchtúraíoch. Níl sé fíor ach oiread go bhfógraíonn iarstruchtúrachas go bhfuil an saol gan brí ar bith nó ‘nach bhfuil aon talamh in aon chor ann’. Áitíonn iarstruchtúrachas nach bhfuil aon bhrí absalóideach sa saol, ach glacann sé leis go bhfuil brí ann – nó fiú go bhfuil an iomarca brí ann.

Tugann Bríona Nic Dhiarmada freagra ar thuairimí Titley ina haiste “Smulcairí, Fiosracht agus Eile: Cás na Critice sa Ghaeilge” agus áitíonn sí go bhfuil sé suntasach go gcáineann Titley iarstruchtúrachas mar gheall ar a dhearcadh absalóideach nuair atá na teoiricí seo bunaithe ar shéanadh “go bhfuil a leithéid de rud ann agus ‘fírinne ghlan aonta’ nó ‘tuiscint uilíoch réasúnta’” (164). Mar a deir sí: “Is sa chritic thraidisiúnta, ní sna teoiricí comhaimseartha a bhíonn na coincheapanna áirithe sin ag feidhmiú” (164). Mar fhreagra ar an gcineál léirmheas a mholann Titley, deir sí: “’Séard atá á áiteamh agam ná go bhfuil na modhanna critice nó na modhanna léirmheastóireachta a bhíonn in úsáid ag na criticeoirí traidisiúnta bunaithe ar thuiscintí áirithe réamhcheapaithe ní amháin ar cad is litríocht ann ach ar thuiscintí faoi nádúr an duine dhaonna, nádúr na teanga agus ar nádúr an eolais” (165).

Ina léirmheas ar *An Fear Dána* le hAlan Titley féin, léiríonn sí go mbeadh aon léirmheas ar an leabhar seo lag muna dtabharfadh sé aire dá thoisí idirthéacsúla – téarma de chuid na critice iarstruchtúraíche.

Tá tagairtí liteartha ar fud an úrscéil seo ó thús go deireadh. Ach má léitear é mar úrscéal staire amháin, mar a bheadh i gceist le léirmheas traidisiúnta, caillteár an tuiscint i gcroílár an úrscéil seo go bhfuil an téacs seo ag maireachtáil i measc iliomad téacsanna eile – idir Ghaeilge, Bhéarla agus theangacha eile. Má thugaimid é seo faoi deara inár léirmheas, dar le Nic Dhiarmada, ní foláir dúinn aghaidh a thabhairt ar cheisteanna eile: "ceisteanna maidir le téacsúlacht agus idirthéacsúlacht, nádúr na teanga – trédhearcach nó ábharach, nádúr na litríochta, ionad na suibiachta agus ar eile" (174). Is ceisteanna ointeolaíocha iad seo a mbeadh sé dian ar léirmheas traidisiúnta dul i ngleic leo gan an cineál dearcaidh eisigh atá sa teoiric iarstruchtúraíoch.

Dar ndóigh, seo é paradacsa Alan Titley féin – gur scríbhneoir iar-nua-aoiseach é ach nach dtaitníonn teoiric iarstruchtúraíoch leis. Agus ar a lán slite, tuigim a dhearcadh ar an gcás. Nuair a fhéachtar ar theoiric mar reiligiún seachas mar uirlis, go háirithe iarstruchtúrachas, cailleann sé gach tábhacht atá ag baint leis. Cé go luaitear iarstruchtúrachas le hiar-nua-aoiseachas go minic chomh maith, ní hionann iad. Bhí iar-nua-aoiseachas liteartha ann sular chruthaigh éinne teoiric chun é a mhíniú. B'iad na hÉireannaigh a bhí chun cinn le héabhlóid an iar-nua-aoiseachais liteartha chomh maith – le saothar James Joyce, Samuel Beckett agus Bhrian Uí Nualláin agus tá cuid mhaith de na teoiricí seo bunaithe ar thuiscintí áirithe a fuair na teoiricithe Francacha seo óna léamh orthu, go háirithe ar Joyce.

Ach tá na teoiricí seo fós an-úsáideach dúinn. Léiríonn siad na slite ina ndéantar talamh slán de choinbhinsiúin liteartha, sóisialta agus cultúrtha – slite ina bhfuil an oiread sin taithí againn ar na coinbhinsiúin sin go bhfuilimid dall orthu. Mar a deir Bríona Nic Dhiarmada faoin gcritic thraidisiúnta:

> Is córas é a bhfuil na buneilimintí coincheapúla chomh préamhaithe san go bhfuil dearmad déanta – nó go séantar – gur coincheapanna in aon chor iad. Glactar leis, gan ceistiú, (i) gur suibiacht aontaithe socair an

> tsuibiacht labhartha a chinneann agus a chinntíonn an bhrí agus atá in ann teacht ar léargas air féin trí *phróiséis* an réasúin (nó trí *fhios* sa leagan Rómánsúil) agus (ii) gur soitheach trédhearcach é an teanga.
>
> (169)

Pléann Máire Ní Annracháin ceist na suibiachta chomh maith in *An tSuibiacht Abú, An tSuibiacht Amú*. Is ceist mhór í an tsuibiacht san iar-nua-aoiseachas liteartha sa tslí go gcruthaíonn téacsanna áirithe guagacht maidir le suibiacht na gcarachtar, an údair nó an léitheora féin. I litríocht na Gaeilge, dar léi, "níl aon ghanntanas samplaí againn den tsuibiacht agus í á scaipeadh, á polladh, á ligean le sruth" (1994:12). Léiríonn sí an réalachas mar chur i gcéill i slite atá inchurtha lena bhfuil ráite ag Bríona Nic Dhiarmada faoi léirmheas traidisiúnta: "Déantús coinbhinsiúnta tacair is ea gach aon chineál scríbhneoireachta, an réalachas clasaiceach san áireamh. Is é an difríocht is mó idir é agus stíleanna eile scríbhneoireachta ná go ligean sé air nach stíl ar leith é ar chor ar bith" (1994:12). Ní luann sí nua-aoiseachas nó iar-nua-aoiseachas san aiste seo ach is léir ó na saothair liteartha ar a ndéanann sí léirmheas gurb é seo atá i gceist aici – go háirithe sa tslí ina dtosaíonn sí leis an ionsaí seo ar réalachas, sean-namhaid an nua-aoiseachais, agus nuair a fhógraíonn sí go hiar-nua-aoiseach gur 'déantús coinbhinsiúnta tacair' é gach cineál scríbhneoireachta. Tugann sí léargas dúinn ar na slite ina gcruthaítear cuma na suibiachta trí fheidhm na teanga agus na hidé-eolaíochta. Sa deireadh, léiríonn sí ceist na suibiachta i dtéarmaí atá an-iar-nua-aoiseach: "Cuireann téacsanna den chineál a phléas ceisteanna ar nós 'cé mise?', 'cé muide?' ach cuireann siad iad ar bhealach chomh caolchúiseach dúshlánach sin, go mbaineann siad an bonn de na ceisteanna féin, agus fágann siad ceist eile ina n-áit: 'céard a chiallaíonn sé a leithéid de cheisteanna a shamhlú?'" (1994:21). Meabhraíonn sé seo dúinn na ceisteanna a luann Dick Higgins ar an turas ó 'cognitive questions' go 'postcognitive questions'.

Tá scrúdú eile ar an gcineál seo saothair liteartha in *Ag Taisteal gan Mhapaí: An Ficsean Neamhréalaíoch agus Gníomh na Léitheoireachta* le Máire Nic Eoin. Arís, feictear leisce chun na téarmaí 'nua-aoiseach' nó 'iar-nua-aoiseach' a úsáid ina léirmheas ar 'fhicsean neamhréalaíoch' i litríocht na Gaeilge ach feictear gurb é sin atá i gceist aici ó na saothair a phléann sí. Déantar codarsnacht arís chomh maith idir an cineál saothair atá idir chamáin aici agus réalachas liteartha: "Is éard atá i gceist agam leis an bprós neamhréalaíoch ná cineálacha próis a chruthaíonn 'domhan eile' de chuid na samhlaíochta trí chúl a thabhairt go comhfhiosach le tuiscintí is le coinbhinsiúin an réalachais liteartha" (2006:80).

Luann sí arís an cogadh a chuireann Alan Titley in aghaidh theoiric na critice ach cé go n-admhaíonn sí gur as 'cleachtadh na léitheoireachta' (2006:79) seachas trí mhodh na teoirice a thagann an méid atá le rá aici, ceistíonn sí: "an bhfuil gá againn le fráma tuisceana éigin – teoiric más maith leat – leis an bprós seo a bhlaiseadh i gceart?" (2006:80).

Is téarma débhríoch é 'ficsean neamhréalaíoch' áfach cé go leagann sí amach go cruinn an chiall atá i gceist aici leis. Úsáideann sí téarmaí Christopher Nash anseo. Deir sí gurb iad na bunthréithe ná go dtugtar cúl le tréithe traidisiúnta áirithe i gcúrsaí liteartha. Seo iad: go dtugtar 'cúl leis an tagarthacht' nó "d'fhéadfadh an scéal a bheith lonnaithe in áit ar bith" (2006:80); nó go dtugtar 'cúl leis an dóchúlacht' .i. "Tarlaíonn rudaí nach bhféadfadh tarlú sa saol" (2006:80) agus luann sí réalachas draíochta maidir leis an tréith seo. Áitíonn sí chomh maith go dtugtar 'cúl le cur i gcéill an réalachas chlasaicigh':

> Bíonn cur i láthair athfhillteach, féintagarthach féinchomhfhiosach i gceist i gcuid mhaith de na saothair. Ní dhéantar iarracht ficseanúlacht an tsaothair a cheilt; is amhlaidh a dhírítear ár n-aird uirthi i saothair (mheitificseanúla) áirithe, áit a mbítear ag cluichíocht go hoscailte le húdarás an údair/ reacaire agus le ról agus stádas an léitheora (2006:81)

Is suimiúil go n-úsáideann sí na téarmaí seo toisc gur cur síos maith é ar litríocht iar-nua-aoiseach. Ní iar-nua-aoiseachas é a d'eascair as mífhoighne le réalachas clasaiceach áfach ach nua-aoiseachas – le hiar-nua-aoiseachas á leanúint.

Feiceann sí chomh maith go dtugann ficsean neamhréalaíoch 'cúl le rialacha na cúisiúlachta'– is é sin: "Ní bhíonn tús, lár agus deireadh an phlota choinbhinsiúnta ar fáil ann" (2006:81) agus le 'trédhearcacht úrlabhraíoch an réalachas sóisialta'. Is é a chiallaíonn an tréith dheireanach seo ná gurb "é an meán an teachtaireacht agus caitear an-chúram le stíl an tsaothair, is lena stádas mar tháirgeadh liteartha a choinneáil sa treis" (2006:81). Meabhraíonn sé seo dúinn an rud a dúirt Samuel Beckett faoi *Finnegans Wake*: "Here form *is* content, content *is* form . . . . His writing is not *about* something, *it is that something itself*" (1961:14).

Pléitear saothair próis san aiste seo, idir ghearrscéalta agus úrscéalta, atá osréalach, turgnamhach, fantaiseach, áiféiseach agus kafkach. Is minic a oibríonn na tréithe seo mar fheithicil don saothar nua-aoiseach ach feictear saothair iar-nua-aoiseacha ina measc chomh maith. Mar shampla, feictear meitificsean iar-nua-aoiseach sa ghearrscéal 'Cosaint' in *Uaigheanna agus Scéalta Eile* le Damien Ó Muirí nuair a iarrann an reacaire ar an léitheoir a shamhlaíocht féin a úsáid chun na heachtraí barbartha sa scéal a fheiceáil. Molann an reacaire dó go n-úsáideann sé a chuid eolais ar irisí faoi dhúnmharfóirí, leabhair staire agus scannáin uafáis chun é seo a dhéanamh agus fágtar spás bán ar an leathanach chun a smaointe féin a scríobh isteach sula dtéann sé ar aghaidh leis an léamh. Tríd an gcur chuige meitificseanúil seo, tugtar aird ar an téacs ficseanúil féin mar dhéantús liteartha – déanta dá thoisí idirthéacsúla – agus is éacht ointeolaíoch é seo. Féachann Nic Eoin chomh maith ar *Bás san Oirthear* le Lorcán S. Ó Treasaigh i dtéarmaí iar-nua-aoiseacha: "Tosaíonn an t-úrscéal leis an abairt thipiciúil iarnua-aoiseach sin: 'Ní mise a scríobh an leabhar seo'" (2006:100). Pléann sí *Cuaifeach mo*

Londubh Buí le Séamas Mac Annaidh chomh maith, leabhar a phléifear mar shaothar iar-nua-aoiseach níos déanaí sa tráchtas seo.

Ar nós Mháire Ní Annracháin, creideann sí gur gné shuntasach é go bhfuil an cineál saothair thurgnamhaigh seo chomh forleathan i litríocht na Gaeilge. Feiceann sí cúiseanna áirithe leis sin. Ó thaobh na stíle sna saothair seo, feiceann sí an bhaint le stádas na Gaeilge mar theanga mionlaithe: "I gcomhthéacs na teanga mionlaithe, samhlaítear tábhacht ar leith le cumhacht na teanga liteartha. Féachtar uirthi mar chomhartha beochta, mar léiriú cumais, agus mar bhréagnú de chineál ar laige agus easpa stádais na teanga i ndáiríre sa saol máguaird" (2006:84). Creideann sí chomh maith áfach go bhfuil tionchar áirithe ag an gcóras oideachais ar na scríbhneoirí seo: "D'fhéadfaí an argóint a dhéanamh, áfach, nach aon chomhtharlú é agus gur toradh é ar bhunfhiric amháin: gurb í an ollscoil príomhthimpeallacht cruthaithe agus léite na prós-scríbhneoireachta comhaimseartha sa Ghaeilge" (2006:106). Aontaím léi anseo go bhfuil an-tionchar ag an dá chúinse seo ar an scéal – cé nach é iomlán an scéil é.

Sa tráchtas seo, pléifear an t-úrscéal iar-nua-aoiseach mar a fhaightear é i litríocht na Gaeilge. Is féidir go mbeadh iontas ar an léitheoir, mar sin, go bhfuil cuid mhaith den chéad chaibidil ag deighleáil le scríbhneoir Béarla – James Joyce. Chruthaigh Joyce réabhlóid i litríocht an domhain le saothar a raibh tréithe nua-aoiseacha agus iar-nua-aoiseacha ann. Glacann idir scríbhneoirí iar-nua-aoiseacha an domhain agus theoiricithe iarstruchtúraíocha leis mar réamhtheachtaí. Ach nílim ag féachaint air anseo mar réamhtheachtaí (cé go gcreidim gurbh ea i gcás scríbhneoirí áirithe) ach ina leaba sin, gur tháinig Joyce féin faoi anáil cúrsaí stairiúla, sóisialta agus teanga in Éirinn a chuaigh i bhfeidhm air maidir lena chaidreamh féin ar an rud is teanga ann. Teastaíonn uaim a thaispeáint go bhfuil saothar Joyce ina léiriú ar staid shochtheangeolaíoch na tíre lena linn, staid a bhain le meath na Gaeilge sa naoú haois déag. Léireoidh mé anseo trí staidéar ar chúrsaí liteartha agus sóisialta go raibh feasacht in Éirinn ag an am seo i measc cuid mhaith den phobal

go raibh folús i bhféiniúlacht na tíre agus go bhfeictear tionchar mór ag an bhfeasacht sin ar litríocht na linne sin agus ar litríocht ár linne féin. Féachfaidh mé ansin le comhthreomhaireacht a aimsiú idir Joyce agus scríbhneoirí a linne chun go bhfeicfear an tslí a ndeachaigh an fheasacht seo i bhfeidhm orthu – go háirithe orthu siúd a bhí páirteach i saothrú liteartha na hAthbheochana. Ina leith seo, féachfaidh mé go díreach ar shaothar Phádraic Uí Chonaire – scríbhneoir a léirigh an fheasacht seo ina shaothar chomh maith. Mar sin, teastaíonn uaim a léiriú go bhfuil fréamhacha an úrscéil iar-nua-aoisigh i litríocht na Gaeilge le feiceáil i gcúrsaí stairiúla na tíre agus go bhfuil na fréamhacha seo le feiceáil maidir le saothar Joyce agus Uí Chonaire chomh maith. Léireoidh mé go raibh tionchar na feasachta seo le feiceáil ní hamháin sna Gaeltachtaí ach ar fud na tíre agus féachfaidh mé ar na slite difriúla ina ndeachaigh daoine áirithe i ngleic léi. Is tríd an gcomhthreomhaireacht seo, mar sin, a léireoidh mé foinsí an úrscéil iar-nua-aoisigh sa Ghaeilge.

Ó chaibidil a dó ar aghaidh, pléifidh mé *An Béal Bocht* le Myles Na gCopaleen, scríbhneoir a bhfuil cáil air ar fud an domhain maidir lena chur chuige (iar)-nua-aoiseach faoin ainm Flann O'Brien. Féachaim ar dtús áfach ar dhá aoir eile i litríocht na Gaeilge – *Aislinge Meic Conglinne* agus *Pairlement Chloinne Tomáis* – chun gnéithe dá gcur chuige liteartha a léiriú mar thréithe a dtagann iar-nua-aoiseachas na Gaeilge in oidhreacht orthu. Féachfaidh mé ansin ar *An Béal Bocht* agus ar na slite ina léiríonn sé nádúr cruthaithe na féiniúlachta. Is cabhair mhór é dearcadh Declan Kiberd ar an ábhar seo, go háirithe i gcás na gcuairteoirí chuig an nGaeltacht a chumann ainmneacha agus féiniúlacht nua dóibh féin trí choincheap an Ghaelachais. Chomh maith leis sin, féachfaidh mé ar an tslí ina léirítear teanga mar rud a chailleann a brí trí cliché agus athúsáid mhonalógach. Leis an áiféis seo, feictear tréithe de théatar na héigéille agus tugtar aird mar sin ar cheisteanna eisíocha. Pléifidh mé an tsuibiacht san úrscéal mar rud solúbtha. Is carachtar tairseachúil é Bónapárt, mar shampla, atá ina bhaothán saonta ach a labhraíonn go cruinn agus é fós ina naíonán. Féachfaidh mé ar na slite ina léiríonn

an t-úrscéal deighilt idir cumarsáid mhonalógach agus dhialógach, le cúnamh theoiric M.M. Bakhtin, agus ar thréithe na heipice agus iad ag titim as a chéile faoi ualach na háiféise. Tá teanga curtha i lár baill sa saothar seo, mar mheán agus mar ábhar. Is saothar Gaeilge é go féin-chomhfhiosach agus léiríonn sé gur ceist ointeolaíoch í an teanga féin – an Ghaeilge chomh maith leis an rud is teanga ann.

Ansin i gcaibidil 3, pléifidh mé saothar Mháirtín Uí Chadhain. Murar ghlac léitheoirí na linne le *An Béal Bocht* mar shaothar a bhí chomh turgnamhach le saothar Béarla a údair, ní raibh aon dabht ar léitheoirí Uí Chadhain – ó *Cré na Cille* ar aghaidh – maidir lena stíl scríbhneoireachta. Féachfaidh mé chomh maith ar an gcur chuige raibiléiseach ina shaothar a bhí mar oidhreacht aige ó dhúchas liteartha na Gaeilge. Scrúdóidh mé dhá théacs óna shaothar go háirithe chun a chur chuige nua-aoiseach a léiriú mar réamhtheachtaí do na scríbhneoirí iar-nua-aoiseacha a lean é. I gcás *Cré na Cille*, léireoidh mé an tslí ina gcuireann sé caint na ndaoine agus sruth comhfheasa an *avant garde* le chéile i mogall uathúil. Ansin féachfaidh mé ar an scéal "Fuíoll Fuine" agus ar an tslí ina dtugann sé nua-aoiseachas go dtí an pointe ina bhfuil sé ar tí tiontú ina chruth iar-nua-aoiseach.

Cé go nglacaim le *An Béal Bocht* mar shaothar iar-nua-aoiseach, is féidir fós féachaint ar an gcéad trí chaibidil den tráchtas seo mar léiriú ar fhoinsí an úrscéil iar-nua-aoisigh i litríocht na Gaeilge. I gcaibidil a ceathair, féachfaidh mé ar chéim eile ar an gcosán seo – *L'Attaque* le hEoghan Ó Tuairisc. Tá tranglam liteartha de chineál eile san úrscéal seo agus cruthaíonn sé feasacht in intinn an léitheora ar choinbhinsiúin liteartha agus sóisialta – chomh maith le ceistiú ar ghníomh na staire. Féachfaidh mé air anseo i gcomhthéacs theoiricí Bakhtin maidir le seánraí cainte agus na slite ina gcruthaíonn Ó Tuairisc feasacht orthu go féin-chomhfhiosach san úrscéal seo. Féachfaidh mé chomh maith ar an leabhar seo i gcomhthéacs theoiric Linda Hutcheon maidir le meitificsean staireagrafaíoch – cur chuige iar-nua-aoiseach ina gceistíonn ficsean staire an rud is stair ann. Léireoidh mé chomh maith tuairim an údair féin ag pointe áirithe ina

shaol maidir le ‘psychic partition’ – staid intinne idir an dá theanga – a bhfuil baint thábhachtach aici le mo thuairim féin ar Joyce, Ó Conaire agus an ghlúin lenar bhain siad – mar a léirítear í i gcaibidil a haon.

Sa chéad chaibidil eile ansin, féachfaidh mé ar úrscéal a bhfuil cur chuige an-turgnamhach aige maidir lena struchtúr reacaireachta – *Cuaifeach mo Londubh Buí* le Séamas Mac Annaidh. Feictear arís go bhfuil an scoilt idir an Ghaeilge agus an Béarla curtha i lár baill agus go bhfuil an Ghaeilge féin, agus na slite éagsúla ina meastar í, mar ábhar an úrscéil. Is staid idir eatarthu atá i gceist leis an leabhar seo agus feictear é seo fiú go meafarach sa scéal féin ina bhfeictear staid idir bás agus beatha. Leagtar amach ceist na Gaeilge go drámata sa tranglam seo de reacaireacht agus mhiotas agus pléitear an cheist seo mar staid ointeolaíoch. Léiríonn an t-úrscéal seo ceisteanna móra maidir le féiniúlacht agus suibiachtúlacht ach baineann gach rud i gcónaí leis an teanga féin. Sa tslí seo, féachfaidh mé chun leanúnachas a thaispeáint idir an saothar seo agus iadsan a luaitear roimhe.

Ní féidir a rá, áfach, gurb é ceist seo na teanga bun agus barr an úrscéil iar-nua-aoisigh sa Ghaeilge. Sa chéad chaibidil eile, ar *Kinderszenen* le Robert Schumann, féachfaidh mé ar na slite ina ndíthógann an t-úrscéal seo ceisteanna ointeolaíocha maidir le huathúlacht, féiniúlacht, suibiachtúlacht agus an nasc idir na rudaí seo agus an ealaín. Is úrscéal casta é atá an-dúshlánach don léitheoir mar gheall ar na trí reacaireacht éagsúla atá fite fuaite ina chéile. Feictear deighilt sa leabhar maidir le slite difriúla chun féiniúlacht a chruthú agus a shamhlú. Féachfaidh mé air anseo i gcomhthéacs na deighilte sin – atá ina cheist ointeolaíoch – agus ar na slite ina dtéann teoiric na critice agus fealsúnacht i bhfeidhm ar an leabhar. Luaitear “Death of the Author” leis an saothar seo go minic ach féachfaidh mé chomh maith ar an úrscéal i gcomhthéacs fhealsúnacht Ludwig Wittgenstein. Is úrscéal féin-chomhfhiosach meitificseanúil é chomh maith a bhfuil an cur chuige iar-nua-aoiseach go smior ann agus féachfaidh mé, mar sin, ar na slite ina gcruthaíonn an t-údar an cur chuige seo.

Tá cur chuige an-difriúil ag Alan Titley in *An Fear Dána*. Is úrscéal staire é a thugann cur síos líneach dúinn ar an tréimhse stairiúil ina bhfuil sé suite. Mar sin, is féidir é a shamhlú mar ghnáthúrscéal eachtrúil ach tá níos mó ná sin ann. Déanann an t-údar a dhícheall chun an scéal staire eachtrúil seo a choimeád agus a scriosadh ag an am céanna. Insíonn an reacaire an scéal sa chéad phearsa ach tá an reacaireacht seo fite fuaite le hiliomad tagairtí liteartha – idir Ghaeilge agus Bhéarla – a tharraingíonn an scéal amach as an am sin, a fhreangann cealú an díchreidimh agus a chruthaíonn leibhéal eile scéalaíochta. Insíonn na tagairtí liteartha seo a scéal féin in áiteanna. Féachfaidh mé anseo ar na slite ina ndéantar úrscéal iar-nua-aoiseach den úrscéal staire tríd an bpróiseas seo. Is úrscéal scolártha é a léiríonn a thoisí idirthéacsúla go neamhbhalbh agus go féin-chomhfhiosach. Ach cé gurb úrscéal iar-nua-aoiseach é, is scríbhneoir é Alan Titley, mar atá thuasluaite, nach dtaitníonn teoiric iarstruchtúraíoch leis ar chor ar bith. Féachfaidh mé mar sin, le tuiscint áirithe a léiriú ar an gcoimhlint seo chomh maith.

Tá próiseas gníomhach i gceist in *An Dochtúir Áthas* le Liam Mac Cóil chomh maith. Insítear an scéal trí reacaireacht sa chéad phearsa ach chomh maith leis sin, tugtar breaceolas dúinn go fáthchiallach trí thagairtí do phíosaí ceoil agus scéalta eile a thugann an Dochtúir don reacaire. Bíonn scéal eile taobh thiar den phríomhscéal i gcónaí ach fágtar é neamhinste nó leathinste. Cuirtear iallach ar an léitheoir na bearnaí seo a líonadh i bpróiseas gníomhach agus mar sin, oibríonn an t-úrscéal ar leibhéal féin-chomhfhiosach. Leis sin, cruthaítear tuiscint ointeolaíoch ar nádúr na scéalaíochta agus na léitheoireachta. Oibríonn an t-úrscéal, ar a lán slite, mar scéal bleachtaireachta atá bunaithe ar eolas agus ar chuardach eipistéimeolaíoch. Pléifidh mé na slite anseo ina dteipeann ar an gcuardach seo agus na slite ina dtiontaíonn an fócas ansin ón gcuardach eipistéimeolaíoch go cuardach ointeolaíoch.

Sa chaibidil dheireanach, féachfaidh mé ar *Con Trick "An Bhalla Bhán"* le Colm Breathnach. Is úrscéal scolártha é seo atá bunaithe ar theoiric na critice – go háirithe "Death of the Author" le Roland

Barthes. Is é seo an dara húrscéal sa tráchtas a bhfuil baint dhíreach aige leis an aiste seo – mar atá feicthe i gcás *Kinderszenen*. Tá baint aige chomh maith le stíl liteartha a d'úsáid an scríbhneoir Portaingéalach Fernando Pessoa. Chruthaigh Pessoa féiniúlachtaí eile dó féin, ar ar thug sé an teideal '*hetronym*', agus scríobh sé téacsanna ina nguth. Úsáideann Colm Breathnach an teicníocht seo chun nádúr an údair, an léitheora, an reacaire agus na scéalaíochta féin a phlé. Is saothar turgnamhach é ó thaobh an struchtúir de sa tslí ina bhfuil sraitheanna de scéalta éagsúla ann – gach ceann acu le duine de na '*hetronym*' seo. Is saothar meitificseanúil é chomh maith a scriosann cealú an díchreidimh. Tá an fheasacht ointeolaíoch ar an téacs mar dhéantúsán liteartha an-tábhachtach ann. Féachfaidh mé anseo leis na sraitheanna go léir a tharraingt le chéile chun a chur chuige iar-nua-aoiseach a léiriú agus réiteach éigin a aimsiú ar an tslí ina bhfuil sé ina shaothar iar-nua-aoiseach atá, de réir dealraimh, i gcoinne na teoirice iarstruchtúraíche – mar atá Alan Titley thuasluaite.

Sa tráchtas seo, ní dhírím ach ar an úrscéal amháin. Mar atá le feiceáil sna haistí thuasluaite de chuid Bhríona Nic Dhiarmada, Mháire Nic Annracháin agus Mháire Nic Eoin, ní san úrscéal amháin atá tréithe iar-nua-aoiseacha le fáil i gcás litríocht na Gaeilge. Feictear na tréithe seo chomh maith sa ghearrscéalaíocht mar shampla. Roghnaigh mé an t-úrscéal iar-nua-aoiseach amháin a phlé anseo, áfach, toisc go gcreidim go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an úrscéal sa chur chuige iar-nua-aoiseach. Pé maitheas atá sa ghearrscéalaíocht iar-nua-aoiseach, creidim go dtugann an prós fada seans don údar dul i ngleic le guagacht ointeolaíoch ina shaothar maidir le reacaireacht, suibiachtúlacht agus ficseanúlacht. Mar a dúirt Alan Titley ina aiste 'Mála an Éithigh' (LCC XXI) faoin úrscéal: "Ba cheart go mbeadh sé mós soiléir faoi seo nach aon ní amháin é an t-úrscéal. Gur ainmhí ilchruthach, ildathach, ilchrúbach, ilsciathánach é, agus go mb'fhéidir nach ainmhí in aon chor ar deireadh é ach taibhse" (1991:192). Cuidíonn an ilghnéitheacht agus an scóip seo go mór leis an saothar iar-nua-aoiseach agus is léir ó ilghnéitheacht na n-

úrscéalta thuasluaite go bhfuil rogha fhorleathan de chineálacha difriúla saothar iar-nua-aoiseach i litríocht na Gaeilge.

Theastaigh uaim chomh maith an tábhacht atá ag baint le foirm an úrscéil i litríocht na Gaeilge a léiriú. Aontaím le hAlan Titley nuair a cheistíonn sé an tuairim go bhfuil úrscéalaíocht lag mar fhoirm i litríocht na Gaeilge. Luann Titley an tuairim seo agus ansin léiríonn sé cé chomh láidir agus ilghnéitheach atá traidisiún na húrscéalaíochta sa Ghaeilge. Is é mo dhóchas go mbeadh an tráchtas seo ar ghné amháin d'úrscéalaíocht na Gaeilge ina chrann taca do thuairim Titley ar an ábhar seo.

Ach níl sé i gceist liosta iomlán d'úrscéalta iar-nua-aoiseacha na Ghaeilge a phlé sa tráchtas seo. Theastaigh uaim éabhlóid agus leanúnachas a léiriú agus, mar sin, oibríonn an chéad trí chaibidil mar léiriú ar fhoinsí an úrscéil iar-nua-aoisigh sa Ghaeilge. Tá cúiseanna áirithe leis na húrscéalta a phléitear ó chaibidil a ceathair go dtí caibidil a naoi. Ar dtús, is úrscéalta canónta cuid mhaith acu agus theastaigh uaim a léiriú go bhfuil iar-nua-aoiseachas i lár baill i litríocht nua-aimseartha na Gaeilge seachas mar ghné imeallaithe. Mar sin, roghnaigh mé *L'Attaque* seachas aon cheann eile d'úrscéalta Uí Thuairisc agus *Cuaifeach mo Londubh Buí* thar na saothar eile i dtríológ seo Mhic Annaidh. Ach ní hé sin amháin an chúis ar phioc mé na saothair seo. Léiríonn na saothair seo ilghnéitheacht maidir le cineálacha éagsúla iar-nua-aoiseachais, lena struchtúr agus lena gcur chuige liteartha. Ach chomh maith leis sin, feictear cosúlachtaí agus leanúnachas eatarthu. Feictear feasacht meitificseanúil an údair in *Cuaifeach mo Londubh Buí* agus *Con Trick "An Bhalla Bháin*. Tarraingíonn neamhláithreacht an údair in *Kinderszenen* aird ar staid ointeolaíoch an údair (agus an léitheora) chomh maith. Tá cosúlacht eile sa tslí ina bhfuil na trí úrscéal seo scríofa i bhfoirm sraitheanna éagsúla. Feictear go bhfuil an Ghaeilge féin ina hábhar agus ina ceist ointeolaíoch sa chuid is mó de na húrscéalta – *Cuaifeach mo Londubh Buí* agus *An Béal Bocht* go háirithe – agus go mbaineann sé seo go díreach leis an bhfeasacht ar fholús i bhféiniúlacht na tíre a luaitear i gcaibidil a haon. Ní hé an fheasacht seo bun agus barr an scéil áfach

agus feictear go léiríonn *Kinderszenen* agus *An Dochtúir Áthas* iar-nua-aoiseachas i gcomhthéacs teipe ar pheirspictíochtaí eile – nua-aoiseachas i gcás *An Dochtúir Áthas* agus an tsuibiacht rómánsach i gcás *Kinderszenen*.

Tá úrscéalta le scríbhneoirí eile nach bhfuil sa bhailiúchán seo ach a bheadh oiriúnach le haghaidh breis staidéir ar an ábhar. Féachaim ar shaothar Lorcán S. Uí Threasaigh go háirithe mar shampla den dul chun cinn seo. Tá saothar eile i litríocht na Gaeilge áfach atá ar an *avant garde* ach fós nach léiríonn tréithe iar-nua-aoiseacha. Tríd is tríd, creidim go léiríonn na saothair sa tráchtas seo ilghnéitheacht – ach fós cosúlachtaí; feictear leanúnachas croineolaíoch agus baint ghinearálta le téama amháin. Féachaim ar iar-nua-aoiseachas na Gaeilge mar rud atá dofhuascailte ó cheist na teanga féin. Baineann sé le staid mionlaithe na Gaeilge agus oibríonn sé mar fhreagra uirthi. D'eascair sé as foinsí a bhí cruthaithe ag stair shochtheangeolaíoch na tíre féin agus tá sé ceangailte, mar sin, le saothar Béarla na tíre a d'eascair as an bhfoinse chéanna. Is staidéar uileghabhálach é seo mar sin a lorgaíonn freagraí maidir le litríocht na Gaeilge i stair na hÉireann agus in Éirinn féin ina hiomláine seachas i gcuid amháin di.

1 Joyce, Ó Conaire agus a linn

Is í téis lárnach na caibidle seo ná go raibh feasacht in Éirinn le linn blianta deireanacha an naoú haois déag agus tús an fichiú haois go raibh folús i bhféiniúlacht na tíre – idir Ghaeltacht agus Ghalltacht – agus go bhfuil tionchar mór ar litríocht ár linne féin ag an bhfeasacht sin. Creidim gur cruthaíodh an tuiscint as an tslí inar bhraith an ghlúin sin stair na tíre, go háirithe, scéal na glúine díreach roimhe sin i dtréimhse inar cailleadh an ceathrú cuid den phobal de thoradh báis agus imirce le linn an Ghorta Mhóir – tréimhse inar tháinig meath uafásach ar úsáid na Gaeilge. Dar ndóigh, ní féidir féachaint ar an nGorta Mór mar phríomhchúis le meath na Gaeilge in Éirinn. Is scéal casta é sin agus ní foláir tréimhse fhada a thabhairt san áireamh chun é a phlé i gceart. Bhí an Gorta Mór ina scéal tromchúiseach i stair na tíre áfach agus creidim nach comhtharlú é gur bhunaigh an ghlúin ina dhiaidh a lán gluaiseachtaí cultúrtha agus polaitiúla. Tháinig laghdú suntasach ar an daonra de bharr eisimirce i ndiaidh an Ghorta Mhóir agus mar sin, ba bhuaicphointe é 1845 i ndaonra na tíre. Chuidigh agus comhtharlaigh an laghdú seo sa daonra le meath na teanga. Pé meath a tharla in úsáid na Gaeilge roimh an nGorta Mór, tharla sé i bhfad níos sciobtha ina dhiaidh.

Cruthaíonn eolas mar seo a chuid reitrice féin. Féachfaidh mé anseo ar chúrsaí liteartha in Éirinn sa tréimhse thábhachtach seo, idir Ghaeilge agus Bhéarla, agus ar dhá cineál saothair – saothar a léiríonn feasacht ar chaillteanas cinnteachta maidir le féiniúlacht agus saothar a léiríonn cinnteacht absalóideach ina leith. Áitím gur eascair an dá chur chuige seo as an tuiscint chéanna ar fholús i bhféiniúlacht náisiúnta in Éirinn ag an am ach go raibh slite difriúla acu chun deighleáil leis. D'fhéach daoine áirithe, iadsan a mhol an chinnteacht absalóideach, leis an bhfolús a líonadh chomh maith agus ab fhéidir leo le gluaiseachtaí cultúrtha. D'fhéach daoine eile lena léiriú go raibh sé ann. Féachfaidh mé go háirithe anseo ar bheirt ón dara grúpa – James Joyce agus Pádraic Ó Conaire.

Ní hionann an bonn teoiriciúil sa chaibidil seo agus é sin atá léirithe sa réamhrá. Féachfaidh mé anseo ar thréimhse agus ar ghluaiseachtaí liteartha a fheicim mar fhoinsí an iar-nua-aoiseachais liteartha sa Ghaeilge. Ní hé an t-iar-nua-aoiseachas féin atá i gceist leis an gcuid is mó den chaibidil seo mar sin agus ní úsáidim na teoiricí seo – taobh amuigh de léirmheas Jacques Derrida ar *Finnegans Wake* Joyce. Úsáidim teoiric iarchoilíneach Edward Said anseo áfach. Féachaim chomh maith ar theoiricí Freudacha Christine Van Boheeman-Saaf a bhaineann le saothar agus saol James Joyce agus, trína tagairtí féin, ar theoiric Jean-Francois Lyotard a scrúdaíonn an t-ábhar céanna. Is áis mhór é chomh maith an léargas stairiúil i saothar Chormaic Uí Ghráda agus Nicholas Wolf agus tuiscint Declan Kiberd ar an scoilt 'idir dhá chultúr'. Leis sin, bainim úsáid as teoiric Sigmund Freud chomh maith mar uirlis im léirmheas ar shaothar Phádraic Uí Chonaire.

Rugadh Joyce sa bhliain 1882 agus ba dhuine é den ghlúin a raibh cuimhne an Ghorta Mhóir fós an-bheo sa tsochaí ina thimpeall. Bhí idir trí agus ceithre mhilliún cainteoirí Gaeilge beo in Éirinn cúig bliana is tríocha sular rugadh é – níos mó ná riamh i stair na tíre – agus 2.7 milliún acu ina gcainteoirí aonteangacha. Cailleadh idir milliún agus milliún go leith daoine sa ghorta agus díbríodh an oiread céanna ón tír laistigh de chúig bliana. D'fhulaing na cainteoirí Gaeilge, na daoine is boichte sa tír, go mór san am sin agus faoin am go raibh Joyce ina fhear óg, ní raibh ach timpeall 640,000 cainteoirí fágtha – agus ní raibh ach fiche míle acu aonteangach. D'fhéadfaí a mhaíomh nár mhothaigh scríbhneoir mar Joyce meath na teanga in aon chor toisc nár labhair a mhuintir Gaeilge le roinnt glún. Ní aontaím, áfach, go bhféadfadh an oireadh sin de chainteoirí teanga ar bith, go háirithe teanga dhúchasach, a bheith díbeartha chomh sciobtha sin as aon tír gan tionchar uafásach a fhágáil ar an tír ar fad. Sa lá atá inniu ann, feictear deighilt ghlan idir an Ghaeltacht in iarthar na tíre agus Galltacht san oirthear. Ní gá dúinn ach *Cín Lae Amhlaoibh Uí Shuilleabháin* a léamh, áfach, chun a fheiceáil cé chomh forleathan a bhí an Ghaeilge seachtó míle agus glúin amháin

ón áit agus ón am inar rugadh Joyce. Ach ní raibh na cathracha féin go fiú ina nGalltachtaí ar fad timpeall an ama seo, mar a léiríonn Nicholas M. Wolf in *An Irish-Speaking Island*:

> Irish speaking in these years was not by any means a rural phenomenon confined to farmers and struggling agricultural laborers. All of Ireland's major cities had at least one neighbourhood with significant pockets of Irish speakers throughout this period and, in fact, had gained new additions because of general migration from rural areas as well as intense waves during the famine
>
> (Wolf: 3/4)

Sa saothar seo, féachann Wolf ar Éirinn sa tréimhse idir 1770 agus 1870 agus ceistíonn sé an tuairim go raibh an Ghaeilge imeallaithe ar fad in Éirinn ag an am seo. Léiríonn sé go raibh an teanga in úsáid go forleathan sa tír agus go raibh ar an Eaglais agus ar an Stát géilleadh di go minic: "In the century before 1870 . . . Ireland was not by any means an anglicized kingdom and, indeed, was quite capable of articulating the forms of modernity – whether religous, political or economic – in the Irish language" (ibid:269). Níl an tuiscint atá againn sa lá atá inniu ann ar an deighilt idir an Ghaeltacht agus an Ghalltacht oiriúnach don saol a bhí in Éirinn sa naoú haois déag. Bhí feasacht ag muintir na gcathracha ar an nGaeilge roimh, le linn agus i ndiaidh an Ghorta Mhóir agus, dá réir sin, ba mhó a bhfeasacht ar a meath san am ba mheasa ag tús an fichiú haois.

Ach tá mórán i saothar Joyce, idir shaothar ficseanúil agus shaothar critice, a léiríonn cé chomh géar a mhothaigh sé stair na hÉireann agus stair na Gaeilge. Dúirt sé san aiste "Ireland, Island of Saints and Sages" i 1907: "the neglect of the English government in the years of the potato famine allowed the *best* of the population to die from hunger" (*Critical Writings* 167 – is liomsa an cló iodálach) agus in *Ulysses*, deir Stephen: "History... is a nightmare from which I am trying to awake" (32). Ba dheacair a mhaíomh go raibh duine

chomh cliste leis i gcúrsaí teangeolaíocha agus sóisialta, duine a tógadh i dteaghlach caitliceach náisiúnaíoch na linne, dall ar an tionchar uafásach seo ar an tír. Thosaigh an aiste thuasluaite leis an líne: "Nations have their ego, just like individuals" (CW : 154). Chuir an ghlúin seo sa dara leath den 19ú haois mórán gluaiseachtaí ar bun a raibh athsheilbh chultúrtha, pholaitiúil agus eacnamaíoch mar chuspóir acu. Bunaíodh na gluaiseachtaí Home Rule, Conradh na Gaeilge, Conradh na Talún, Cumann Lúthchleas Gael, an *Celtic Revival* san am sin agus, leis sin, treisíodh náisiúnachas míleatach chomh maith. Bhí an t-am seo mar mhaelstrom sóisialta de ghluaiseachtaí náisiúnaíocha a d'eascair as staid shóisialta, pholaitiúil agus shochtheangeolaíoch na tíre – le huafás an Ghorta Mhóir sa ghlúin roimhe sin mar chuid de. Mar a deir Cormac Ó Gráda in *The Great Irish Famine*: "Like the Bolshevik Revolution in Russian history or the Great War in British, the Famine is the great divide in modern Irish economic and social history. Traditional historiography emphasised this watershed aspect" (Ó Grada 1989:65).

Is léir gur mhair an Gorta Mór i gcuimhne na ndaoine mar dhíth ollmhór ó thaobh na gcostas daonna, sóisialta agus cultúrtha de. Ba dheacair a rá go díreach cad a éiríonn d'aon tír nuair a thagann meath chomh mór agus chomh sciobtha sin ar a teanga náisiúnta ach is féidir a shamhlú go raibh meath na teanga ceangailte le léirscrios uafásach an Ghorta Mhóir in intinn na ndaoine. Féachann léann agus litríocht na Gaeilge go minic ar an rian a fágadh ar mhuintir na nGaeltachtaí i ndiaidh don Ghaeilge a bheith fágtha ar mhallmhuir in Éirinn. Ach is féidir a rá go raibh feasacht a héagmaise sa phobal a chaill í chomh maith. Nuair a tharlaíonn athrú stádais ar aon teanga náisiúnta chomh sciobtha is a tharla sé in Éirinn, ní féidir le daoine a bheith dall ar fad air – go fiú sna ceantair inar úsáideadh í mar mhionteanga amháin. Bhí an mheánaicme uirbeach i lár baill nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge agus d'fhéach siad ar mheath na Gaeilge mar ionsaí ar spioraid na tíre (nó ar *ego* Joyce).

In *Idir Dhá Chultúr*, pléann Declan Kiberd an ghlúin seo agus an tslí ina raibh orthu iad féin a athshamhlú trí phróiseas gníomhach de réir na haoise nua:

> Is é mo thuairim go raibh an ghlúin seo ar fad féinghinte – gur shamhlaíodar iad féin sa chiall is bunúsaí den mbriathar sin, agus gur athchruthaíodar aithreacha, máithreacha agus traidisiún a bhí ag fónamh don aisling nua. Níor ghlac siad leis an gcoincheap 'traidisiún' mar rud coinneálach a coimeádadh ó ghlúin go glúin, ach mar phróiseas réabhlóideach, athdhéanamh, agus aththógáil an chomhthéacs féin
>
> (Kiberd 1993: 67/68)

Féachann Kiberd sa saothar seo ar chúrsaí liteartha na Gaeilge i gcomhthéacs litríocht na hÉireann ina hiomláine – idir Ghaeilge agus Bhéarla. Aontaím go mór leis an gcur chuige seo toisc go mbriseann sé teorainn shamhailteach a dhiamhraíonn na cosúlachtaí idir an dá thraidisiún liteartha – cosúlachtaí a mhúinfeadh ceachtanna dúinn mar gheall ar chúrsaí liteartha na tíre. Creidim gur gearr-radharcach é an cur chuige a dhiúltaíonn an tionchar atá ag ceann amháin ar an gceann eile. Mar a deir Kiberd faoi Joyce: "Cé gur shéan Joyce an cultúr Gaelach, bhí sé i gcónaí ag breathnú siar ar an traidisiún sin a thréig sé, agus is fíor é sin i gcás aon scríbhneora chumasaigh sa tír scoilte seo" (1993:88).

In *Joyce, Derrida, Lacan and the Trauma of History*, áitíonn Christine Van Boheemen-Saaf go raibh tionchar ag meath na Gaeilge ar shaothar Joyce. Deir sí: "The paradox is that Joyce, who was raised and educated in English and aspired to modernity, wrote *in* English, but with the continuous awareness of the sense of loss of the mother tongue, a loss which he enshrined in his texts" (13). Cuireann saothar Joyce iallach ar an léitheoir féachaint ar theanga ní hamháin mar uirlis chumarsáide ach mar an rud féin atá faoi chaibidil. Mar a dúirt Samuel Beckett faoi *Finnegans Wake*: "Here form *is* content, content *is* form. You complain that this stuff is not written in English. It is not

written at all. It is not to be read – or rather it is not only to be read. It is to be looked at and listened to. His writing is not *about* something, *it is that something itself*" (1961:14). Feictear anseo gur thuig Beckett ó shaothar seo Joyce go ndearnadh déantúsán féin-chomhfhiosach den teanga féin agus, mar sin, go mbeadh casadh féin-chomhfhiosach inár gcaidreamh uirthi. Is athrú fócais é seo ar an rud is teanga ann.

Áitíonn Van Boheeman-Saaf gur tharla an t-athrú seo mar gheall ar thráma teangeolaíoch i stair na hÉireann. Úsáideann sí teoiric shíocanailíseach de chuid Freud agus Lacan chun cuid mhaith i saothar Joyce a fheiceáil mar *vorstellungsrepräsentanz* – "a signifier which comes in the place of an excluded or repressed representation... [it] stands in for what has been primordially repressed, and cannot be represented. Thus it is to be understood as an attempt to figure as text, hence in the symbolic, that which eludes language and representation. It replaces the impossible representation of the unrepresentable" (69).

Léiríonn sí an pointe seo le tagairt do Jean-François Lyotard chomh maith agus dá shaothar *The Differend.* Áitíonn Lyotard gur féidir le mothúcháin atá doléirithe maireachtáil i gcuimhne na ndaoine, ach cé go bhfuil siad doléirithe, tá siad fós ann. Tugann sé meafar dúinn sa chás dá dtarlódh crith talún a scrios gach uirlis sheismeach a bhí ann chun crith talún a thomhas, arbh ea nár tharla sé ar chor ar bith? Mar a deir sé: "Signs....are not referents to which are attached significations validatable under the cognitive regimen, they indicate that something which should be able to be put into phrases cannot be phrased in the accepted idioms" (Lyotard 1988:56). Ach in *The Postmodern Condition* deir sé: "I shall call modern the art which devotes its "little technical expertise".....to present the fact that the unpresentable exists" (Lyotard 1986:78) agus níos déanaí faoi Joyce féin: "Joyce allows the unpresentable to become perceptible in his writing itself, in the signifier" (80). Mar sin, is é an rud doléirithe seo i saothar Joyce, de réir Lyotard, a dhéanann saothar nua-aoiseach de – agus sin í an chailliúint a d'fhulaing an Ghaeilge agus an folús a fágadh ina diaidh, de réir Van Boheeman-Saaf.

Tá teoiricí Van Boheeman-Saaf agus Lyotard an-suimiúil i gcomhthéacs ár dtuisceana ar mheon an phobail a bhí beo in Éirinn le linn blianta deireanacha an naoú haois déag agus tús an fichiú haois ach ní féidir brath ar choincheap an tráma mar rud a raibh tionchar ginearálta aige ar an bpobal go léir agus mar sin, ar litríocht na haoise. Chreid Joyce go raibh sícé chomhchoiteann ag an bpobal nuair a scríobh sé: "Nations have their ego" ach ní hé sin le rá gur fíor é agus gur féidir linn teoiric a bhunú air.

Ceistíonn Cormac Ó Gráda coincheap na meabhrach comhchoitinne in *Ireland's Great Famine*. Sa chaibidil 'Famine, Trauma and Memory', féachann sé ar na slite ar labhair daoine faoin nGorta Mór agus a thionchar ar mhuintir na hÉireann go léir sa cheiliúradh cuimhne céad caoga bliain a tharla sna nóchaidí. Cuireann sé síos ar an reitric in óráidí a thug an tUachtarán Mary Robinson agus an tAire Stáit Avril Doyle; i dtéacsanna ó iriseoirí agus ó acadóirí agus in amhrán ón amhránaí Sinéad O'Connor. Is reitric é seo ina samhlaítear go bhfuil meabhair chomhchoiteann ag muintir na hÉireann maidir leis an nGorta Mór. Labhair an tAire Stáit Avril Doyle, mar shampla, faoi Éirinn mar: "A First World country with a Third World memory" (Ó Gráda 2006:228).

Ceistíonn Ó Gráda, áfach, bailíocht an choincheapa seo go bhfuil a leithéid de rud ann agus meabhair chomhchoiteann, go háirithe i gcomhthéacs an Ghorta Mhóir agus na slite míchothroma a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar mhuintir na hÉireann. Deir sé: "A disaster that struck the poor more than the rich and that pitted neighbour against neighbour is hardly promising material for a communal, collective memory" (ibid:217) agus "Collective memory, informed by a simplistic understanding of the past, always tells us more about the present than the past" (ibid:231). Níos measa arís, dar leis, is ea coincheap an tráma chomhchoitinn: "'Collective trauma' is a concept of more recent vintage. In the hands of John Waters, Tom Haydn, and others cited earlier, it aquired a particular meaning: the transfer of the early Freudian notion of repressed memory from a micro to a macro context" (ibid:231).

Is féidir teoiricí de chuid Van Boheeman-Saaf agus Lyotard thuasluaite a léamh mar chuid den pheirspictíocht seo ar thráma comhchoiteann ach ní hé sin le rá nach bhfuil siad úsáideach sa chomhthéacs seo. Is staraí é Cormac Ó Gráda agus teastaíonn uaidh dearcadh oibiachtúil neamh-mhaoithneach a fháil ar an nGorta Mór agus ar ár gcaidreamh leis sa lá atá inniu ann. Ní fheiceann sé áfach go mbíonn an cineál eisintiúlachais seo rannpháirteach i gcoincheap an náisiúin i gcónaí – agus ní hé sin an cás maidir le hÉirinn amháin ach le gach tír. Is féidir a rá fiú, i dtéarmaí iar-nua-aoiseacha, go bhfuil an stair ar fad ina héacht de 'mheabhair chomhchoiteann'. Ní ghlacann an pheirspictíocht iar-nua-aoiseach le haon dearcadh chomh eisintiúlach le 'tráma comhchoiteann' ach is féidir glacadh leis mar chuid den scéal. Is é sin le rá, i gcomhthéacs an tráchtais seo, gur cuma cé acu a bhain tráma comhchoiteann le muintir na hÉireann ag deireadh an naoú haois déag agus tús an fichiú haois nó nár bhain – ach amháin gur bhraith cuid acu ag an am sin gur bhain. Bhí borradh ollmhór faoin tír, mar a fheictear san iliomad gluaiseachtaí cultúrtha agus polaitiúla a cuireadh ar bun timpeall an ama sin – nó sna saothair liteartha a scríobhadh. Tá dearcadh Uí Ghráda áisiúil anseo ní de bharr go léiríonn sé cé chomh háiféiseach atá coincheap na 'meabhrach comhchoitinne' ach go léiríonn siad cé chomh héasca atá sé don phobal an coincheap seo a chruthú.

Ní hé gur chóir dúinn anseo a bheith ag díriú ar cé acu atá meabhair chomhchoiteann chruinn ag an bpobal faoi eachtraí trámacha sa stair nó nach bhfuil – is léir nach bhfuil – ach go bhfuil doilbheadh na reitrice maidir le coincheap na meabhrach comhchoitinne ina fhírinne ann féin agus gur cuid den scéal é chomh maith. Cruthaíonn eachtraí trámacha móra reitric mhór. Dá mhéad an doilbheadh reitrice a bhí ann ag deireadh an fichiú haois, ba mhó é céad bliain roimhe sin nuair a bhí cuimhne an Ghorta Mhóir fós beo i measc an phobail. Seo í an tslí ina samhlaíonn an pobal é féin – agus is féidir leis an gcoincheap seo a bheith níos láidre ná aon mheabhair chomhchoiteann. Ní hé an rud is tábhachtaí pé acu a bhí 'ego' ag an

tír nó nach raibh – ach gur chreid Joyce, agus mórán daoine eile, go raibh.

Tá an caidreamh a bhí ag Joyce leis an nGaeilge aisteach go leor agus is dóigh liom go léiríonn sé mórán dúinn. Duine ilteangach ba ea é ach níor fhoghlaim sé an Ghaeilge i gceart riamh. Ba bhotún mór é, áfach, Joyce a mheascadh le Stephen Dedalus. In *Portrait of the Artist as a Young Man*, ní théann Stephen ach go dtí aon rang Gaeilge amháin (agus fágann sé é toisc go bhfuil Emma Cleary ag suirí le sagart) ach de réir a dhearthár, Stanislaus, ina leabhar *My Brother's Keeper*, d'fhreastail Joyce féin ar ranganna Gaeilge ar feadh bliana nó dhó. Bhí an-suim aige sa Ghaeilge níos déanaí chomh maith agus é ag scríobh *Finnegans Wake.* Is féidir gur fhéach sé ar an nGaeilge mar rud a bhí róghreamaithe leis an Eaglais Chaitliceach i ndearcadh an phobail. Ní hé seo le rá, áfach, gur léirigh sé an teanga féin mar fhórsa diúltach ina shaothar. Ach bíonn cuma thaibhsiúil ar an teanga go minic. Léirítear í mar thaibhse uafásach a dhiúltaíonn don bhás, atá níos beo agus níos uafásaí toisc go bhfuil cuma an bháis uirthi. Is cosúil gur mar rud dothadhaill a bhí sí riamh dó ach rud a umhlaíonn sé é féin roimpi chomh maith.

Feictear é seo go mór in *Portrait of the Artist as a Young Man*. Tá foirm shainiúil ag obair san úrscéal a léiríonn an choimhlint inmheánach sa charachtar Stephen. Leanann gach caibidil pátrún áirithe idir dhá fhórsa atá in adharca a chéile (baininscneach agus firinscneach de réir Van Boheemen-Saaf – i ndiaidh Sheldon Brivic) ach atá réitithe faoi dheireadh na caibidle. Tosaíonn gach caibidil nua ansin san áit ina mbíonn réiteach ar an gceann roimpi í agus tosaíonn an choimhlint arís. Glactar leis go minic gur léiriú é an leabhar ar éabhlóid an ealaíontóra ach is é is suimiúla domsa ná go dteipeann ar gach réiteach a chuirtear i láthair agus níl sé deimhnitheach ar chor ar bith gur réiteach buan atá ann sa deireadh. Ach sa dialann ag deireadh an leabhair, atá ina téacs ar leith, faighimid cur síos ar choimhlint idir an Béarla agus an Ghaeilge. Is díol spéise é go gcríochnaíonn an leabhar leis an bpeirspictíocht seo ar an nGaeilge agus ar fhéiniúlacht náisiúnta mar neamhshocracht arbh éigean don ealaíontóir dul i ngleic

léi. Sa leathanaigh deireanacha, cuireann sé sliocht i láthair as dialann Stephen a bhfuil tagairt ann do Mhulrennan agus a thuras chuig an nGaeltacht. Bhuail sé le seanfhear nuair a bhí sé ann agus tugann Stephen cuntas gonta ar an gcomhrá: "Old man had red eyes and short pipe. Old man spoke Irish. Mulrennan spoke Irish. Then old man and Mulrennan spoke English" (223). Caitear dímheas áirithe sa chuntas gonta seo ar chur chuige mórfhoclach na hAthbheochana ach cé go léirítear an seanfhear mar fhear simplí, ní léirítear aon dímheas air. Feicimid é mar dheamhan fuafar a bhfuil sceimhle ar Stephen roimhe. Is é pearsantú na Gaeilge é agus insítear mórán dúinn tríd an eagla, an choimhlint agus an réiteach sa sliocht seo:

> I fear him. I fear his redrimmed horny eyes. It is with him I must struggle all through this night till day come, till he or I lie dead, gripping him by the sinewy throat till . . . .Till what? Till he yield to me? No. I mean him no harm.
>
> (223)

Tamall beag roimhe sin, faighimid an-léargas ar dhearcadh Joyce i leith an Bhéarla mar theanga mhuintir na hÉireann. Sa sliocht seo a leanas, smaoiníonn Stephen ar na focail a úsáideann sé agus é i gcomhrá leis an déan sa choláiste, duine as Sasana:

> The language in which we are speaking is his before it is mine. How different are the words *home, Christ, ale, master* on his lips than on mine! I cannot speak or write these words without unrest of spirit. His language, so familiar and so foreign, will always be for me an acquired speech. I have not made or accepted its words. My voice holds them at bay. My soul frets in the shadow of his language.
>
> (166)

Is sliocht an-tábhachtach é seo toisc go léiríonn sé gurbh fheasach dó go raibh tionchar síceolaíoch ar leith ag úsáid an Bhéarla in Éirinn.

Seo é an ‘unrest of spirit’ atá i gceist aige. B’fhéidir go raibh Joyce níos tuisceanaí ar an mothúchán seo toisc gur duine den ghlúin sin é ach ba chainteoir dúchais Béarla é. I ndeireadh na dála, ba é an Béarla a theanga mháthartha. Tá na línte seo níos láidre toisc go gcuireann sé iad i mbéal carachtair, cosúil leis féin, nach labhraíonn mórán Gaeilge. Ní hé seo an cruachás a bheadh ar dhuine ón nGaeltacht i saothar Gaeilge agus é ag iarraidh deighleáil leis an saol sa Ghalltacht. Seo duine de shaol na Galltachta féin, mac léinn de shliocht meánaicmeach nach féidir leis Gaeilge a labhairt (níos lú fiú ná Joyce féin). Ach fós feicimid an ghuagacht mhíchompordach i leith an Bhéarla. Sa líne ‘so familiar and so foreign’, léiríonn sé gur cuma gur dhuine ón nGalltacht é agus go bhfuil Béarla den scoth aige. Beidh an Béarla ina theanga allúrach dó go deo.

Is é atá i gceist aige anseo ná scoilt in intinn an duine maidir leis an rud is teanga ann ach is féidir a áiteamh go raibh tionchar ag an scoilt seo ar an tír ar fad. Tagraíonn Máirín Nic Eoin don fhíric seo in *Trén bhFearann Breac* ina freagra ar ráiteas le Seamas Deane. Úsáideann Deane athleagan de ‘familiar/foreign’ Joyce chun cur síos a dhéanamh ar staid uathúil litríocht Béarla na hÉireann a tháinig chun cinn i ndiaidh ‘scrios’ na Gaeilge. Deir sí:

> Is é móríoróin an ráitis dheireanaigh ansin ag Deane ná go bhféadfaí é a chur i bhfeidhm chomh maith céanna ar an teanga atá á húsáid i litríocht nua-aoiseach na Gaeilge, agus gurb é príomhthoradh cultúrtha an choilíneachais, ní hé gur cuireadh an teanga ar ceal ar fad mar a mhaíonn sé (destroyed) ach gur deineadh ‘a language which has become simultaneously native and foreign’ aisti’
>
> (2005:30)

Is féidir a áiteamh, mar sin, go raibh tionchar na scoilte seo maidir le teanga – ‘familiar/foreign’ Joyce – le feiceáil mar rud a chuaigh i gcion ar an dá theanga, agus ar a gcuid saothair liteartha.

Dúirt Alan Titley gur "scríbhneoir é James Joyce toisc gur thug sé gean a chroí go fíochmhar don Bhéarla" (1996:71). Creidim féin gurbh é an rud is teanga ann féin seachas aon teanga ar leith an rud ar thug sé gean dó ach fós níl dabht ar bith ach go raibh ardmheas aige ar an mBéarla mar theanga, mar a dúirt sé féin. Is fíor chomh maith áfach gur scríobh sé as an 'unrest of spirit' sin a chruthaítear as an eolas dosháraithe gur teanga allúrach neamhoiriúnach í. Chruthaigh sé Béarla iontach ach is Béarla é a bhíonn ag sciorradh i gcónaí óna bhonn siúráilte. Feicim é seo mar an sciorradh idir an 'familiar' agus an 'foreign' thuasluaite agus is sa spás idir an dá aidiacht seo a mhaireann an folús doléirithe.

Is dóigh liom go bhfuil sé an-tábhachtach go dtagann an choimhlint agus an réiteach leis an nGaeilge ag deireadh an úrscéil. Is *bildungsroman* é an *Portrait* agus, más ea, tá rudaí le foghlaim ann. Ó thús an leabhair, nuair atá teanga an bhuachalla óig ann mar reacaireacht, féachann an príomhcharachtar len é féin a mhíniú trí theanga chun a choimhlintí a réiteach. Ag deireadh an scéil, déanann sé síocháin leis an nGaeilge. Ar an gcéad leathanach eile, tá Stephen réidh chun dul thar lear, chun Teamhair a aimsiú, bealach Holyhead. Deir sé: "I go...to forge in the smithy of my soul the uncreated conscience of my race" (224).

Sa tsraith gearrscéalta *Dubliners*, tá cur síos ar shaol daoine atá greamaithe i gcineál pairilise sóisialta agus spioradálta. Dá mhéad ionramhála agus streachailte a dhéanann siad ina coinne, léirítear faoi dheireadh nach bhfuil aon éalú as. Tosaíonn an leabhar le scéalta atá ina gcur síos ar shaol páistí agus daoine óga agus méadaíonn aois na bpríomhcharachtar ansin go dtí an deireadh. Feicimid slite difriúla mar sin ina gcuirtear spiorad daoine i ngach aoisghrúpa faoi chois. Is féidir é a léamh mar chur síos ar na slite ina scriosann impiriúlachas an pobal ón taobh istigh agus mar sin, mar shaothar iarchoilíneach. Tá sé sin an-soiléir i scéalta áirithe cosúil le "After the Race" nó "Two Gallants" ach feicimid téama an léirscriosta shóisialta a tharlaíonn i bpobail choilínithe tríd síos an leabhar. Deir Joyce in "Ireland, Island of Saints and Sages" faoi mhuintir na hÉireann: "The economic and

intellectual conditions that prevail in his own country do not permit the development of individuality" (CW 171).

Tá an scéal deireanach – 'The Dead' – suite i dteach bheirt shean-deirfiúracha neamhphósta aimsir na Nollag. Is é a nia, áfach, fear atá fós cuíosach óg, atá mar phríomhcharachtar. Mar sin, is scéal ar leith é ó thaobh struchtúr an leabhair. Insítear faoi chóisir sa teach ar a bhfreastalaíonn an fear seo, Gabriel Conroy, in éineacht lena bhean chéile, Gretta. Is duine caidreamhach agus cairdiúil é Gabriel atá lách lena bheirt aintíní ach taobh thiar de sin, feicimid gur duine bogásach agus cantalach é chomh maith, duine atá an-chompordach ann féin agus ina ionad sa saol. Déanann sé díspeagadh ar aon rud nach n-oireann don saol mar atá sé ceaptha aige. Mar shampla, tá comhrá aige le Miss Ivors, bean atá an-díograiseach i leith na Gaeilge agus chultúr na hÉireann. Feicimid go gcuireann tuairimí dá leithéid isteach air go mór agus bíonn sé sin ag dó na geirbe aige fiú i ndiaidh do Miss Ivors imeacht. Faoi dheireadh an scéil, áfach, scriostar an talamh slán ar a seasann sé ó bhonn nuair a fhaigheann sé amach faoi fhear óg, Michael Furey, a mbíodh a bhean chéile mór leis nuair a bhí sí óg agus a fuair bás 'leis an ngrá'. Tá sé sin bunaithe ar fhíorscéal i saol Nora, bean chéile Joyce féin, a tháinig – cosúil le Gretta – as Iarthar na hÉireann. Seo rud nach féidir le Gabriel dul i ngleic leis ar dtús toisc gur gné de shaol Gretta é atá marbh ach fós atá mar spiorad a dhiúltaíonn don bhás. Tá Michael Furey ina thaibhse sa scéal atá chomh beo – le fírinne níos beo – ná éinne eile. Teipeann glan ar Ghabriel a láithreacht a chloí. Níl aon réasún meánaicmeach ann chun é a mhíniú. Seasann sé do rud éigin atá fíorchumhachtach, dodhearmadta ach fós doléirithe. Tá Gabriel cloíte aige go hiomlán agus glacann sé leis sin. Ligeann sé dá bhean cuimhní a dhéanamh ar a suaimhneas agus déanann sé síocháin leis an taibhse – mar a dhéanann Stephen le seanfhear Mulrennan ag deireadh *Portrait.*

Seasann "The Dead" amach ó na scéalta eile sa leabhar. Ní thagann sé le foirm an leabhair, toisc nach seanfhear é Gabriel. Ach leis sin, tá mothúchán difriúil i gceist ann chomh maith. Braithim go bhfuil sé níos dóchasaí ná na scéalta eile. Tá difríocht ann idir Gabriel

agus na carachtair eile sa leabhar. Tá na carachtair eile ag sracadh le pairilis an tsaoil chomhaimseartha impiriúil chun saoirse indibhidiúil a bhaint amach – rud nach féidir leo a dhéanamh. Is ionchollú an tsaoil chomhaimseartha é Gabriel féin áfach agus glacann sé leis go hiomlán. Teipeann air, áfach, nuair a chastar fórsa nádúrtha agus dúchasach air.

I ndeireadh na dála, is é an cur faoi chois atá ag goilleadh ar Ghabriel ná a mheon ardnósach féin, rud a chuireann fírinní ina thimpeall faoi chois nuair nach dteastaíonn uaidh iad a fheiceáil. Ach sa deireadh, géilleann sé do na fírinní seo agus feicimid dóchas ag deireadh an leabhair. Is pearsantú é Michael Furey ar na fírinní sin ach cuireann Joyce an Ghaeilge roimhe sin sa scéal leis an gcomhrá le Miss Ivors. Is féidir a áiteamh go raibh teachtaireacht faoi leith i gceist aige leis sin. Tá níos mó, dar ndóigh, i gceist le Michael Furey ná íomhá na Gaeilge – ach feictear go bhfuil comhthreomhaireacht éigin sa scéal idir an dá ghné seo. Is í Miss Ivors an chéad chéile comhraic i gcoinne shaoldearcadh Gabriel. Is féidir leis, áfach, a chuid argóintí, faoi thurais rothair sa Mhór-roinn, a chur i gcoinne a saoldearcaidh féin ar an nGaeilge agus ar thurais go dtí an Ghaeltacht. Le Michael Furey áfach, níl faic le rá aige. Scríobh Joyce an scéal seo ag an am céanna is a scríobh sé "Ireland, Island of Saints and Sages" thuasluaite, aiste inar labhair sé go han-díograiseach faoin teanga féin agus faoin Athbheochan.

Ag an am céanna, scríobh sé aiste eile san Iodáilis dar teideal "Ireland at the Bar" ina raibh fíorscéal faoi chás cúirte a tharla i 1882, an bhliain a rugadh Joyce féin. Bhain an cás sin le seanfhear áirithe darbh ainm Myles Joyce (nach raibh gaolmhar leis) a cuireadh chun báis nuair a fuarthas é ciontach i ndúnmharú. De réir an scéil, ní raibh aon Bhéarla ag an bhfear seo ach tugadh aistritheoir dó chun a chás a phlé. Nuair a cuireadh ceisteanna ar an bhfear, bhí sé ar bís ach thug sé cuntas an-fhada don chúirt, ag déanamh geáitsí, ag impí ar gach éinne a bhí ann go n-éistfí leis. Ach gach uair, ní dhearnadh aon aistriúchán ar a chuid óráidí fada seo ach: "He says no, 'your worship'" (CW 198). Deir Joyce ansin faoi: "The figure of this

dumbfounded old man, a remnant of a civilisation not ours, deaf and dumb before his judge, is a symbol of the Irish nation at the bar of public opinion" (198). Is suimiúil go nglacann sé leis go mbaineann Myles Joyce le "civilisation not ours" ach féachann sé fós air mar shiombail náisiún na hÉireann go léir (is é an '*bar'* i dteideal na haiste ná 'the bar of public opinion'). Is téama mór aige é, go háirithe in *Dubliners,* an balbhú a dhéantar ar mhuintir na hÉireann. Léiríonn sé anseo go raibh ceist na teanga an-tábhachtach ina leith sin.

Feicimid chomh maith go mbíonn téama le fáil go minic i saothar Joyce atá an-chosúil le foirm liteartha ar leith i litríocht na Gaeilge – an Aisling. Léiríonn sé bancharachtair dúinn ina shaothar trí chéile atá mar phearsantú ar Éirinn ach is minic a bhíonn na carachtair seo toilteanach glacadh le leannán allúrach seachas an leannán 'ceart' Éireannach. Sa chéad chaibidil in *Ulysses,* mar shampla, tagann bean chuig an túr martello le bainne le haghaidh an triúr fear. Níl aon dabht sa téacs ach gur pearsantú í ar Éirinn: "Silk of the kine and poor old woman, names given her in old times. A wandering crone, lowly form of an immortal serving her conqueror and her gay betrayer" (13). Seo é an pearsantú atá in Droimeann Donn Dílis (síoda na mbó) agus an tSean-Bhean Bhocht ach leathnaítear é chun a léiriú go n-umhlaíonn sí a ceann agus go n-éisteann sí le Mulligan, an dochtúir lena glór láidir agus Haines, an Sasanach a aithrisíonn Gaeilge nach dtuigeann sí. Ní thugann sí aon aire do Stephen áfach, an t-aon duine anseo a bhfuil meas aige ar Éirinn mar atá sí le fírinne.

Leagan eile den Aisling is ea "Araby" in *Dubliners*. Is scéal é seo faoi bhuachaill óg atá an-tógtha le cailín atá ina cónaí in aice leis. Is deirfiúr dá chara í agus tugtar nod dúinn ón tús gur Aisling atá sa scéal toisc nach bhfuil ainm ar bith aici ach "Mangan's sister". Bhí an-mheas ag Joyce ar an bhfile James Clarence Mangan a raibh cáil air mar gheall ar an dán *Dark Rosaleen* a scríobh/d'aistrigh sé ón nGaeilge agus a bhaineann arís le pearsantú ar Éirinn ina bean. D'aistrigh sé dánta ón Araibis chomh maith – nasc eile idir é agus an scéal seo. Geallann an buachaill seo don chailín go bhfaighidh sé rud éigin di má théann sé chuig an mBasár Araby – margadh ina ndíoltar

earraí ó Oirthear an domhain. I ndiaidh dó a bheith ag fanacht lena uncail le fada chun airgead a fháil uaidh áfach, tá sé déanach ag teacht go dtí an Basár ach níl faic ann ach rudaí suaracha agus díoltóirí as Sasana ag labhairt lena chéile go glórach. Is 'Mac an Cheannaí' ina steillbheatha é an buachaill ach titeann an taibhreamh as a chéile de bharr suarachais airgeadúil. Mar a deir Vincent Cheng faoi: "'Araby' is but a figure for Ireland (and….Mangan's sister is Dark Rosaleen), an Ireland whose soul and self have been debased and prostituted to political and economic imperialism" (99). Insíonn an t-uncail dá nia sa scéal faoin dán *The Arab's Farewell to his Steed* – ionas nach bhfuil aon dabht orainn faoin rud atá i gceist ag Joyce anseo. Tráchtann an dán seo faoi Arabach a dhíolann a chapall agus an brón a bhíonn air ina dhiaidh. Léiríonn Harry Stone cúlra an dáin dúinn áfach. Bhí sé scríofa ag bean Éireannach, Caroline Norton, a raibh scannal mór ina saol mar gheall ar a hadhaltranas le Príomh-aire na Breataine. Thit sé amach níos déanaí, áfach, gurbh é a fear céile a bhí laistiar den chumann ar mhaithe lena chás polaitiúil féin. Mar a deir Stone faoi:

> That an Irish woman as beautiful as Caroline Norton should have been sold by her husband for English preferments; that she should have been sold to the man who, in effect, was the English ruler of Ireland; that she, in turn, should have been party to such a sale; that this very woman, writing desperately for money, should compose a sentimental poem celebrating the traitorous sale of a beautiful and supposedly loved creature. . . all this is patently and ironically appropriate to what Joyce is saying.
>
> (397)

Má théimid ar ais chuig "The Dead" áfach, áitím go bhfuil rud atá an-suimiúil i gcomhthéacs thriantán an ghrá atá san Aisling – é sin idir an spéirbhean, an fíor-rí agus an rí bréagach. Dá leagfaí an fhoirm seo ar an scéal, is léir gurbh é Michael Furey an rí ceart agus gurbh é

Gabriel an forghabhálaí nó rí mícheart. Má smaoinímid air sin i gcomhthéacs na teanga, tugtar léargas suimiúil dúinn ar ról an Bhéarla sa chúis sin atá i gceist le "the spiritual liberation of my country" (Letters: 63) mar a d'fhéach sé ar an saothar seo. Dob fhéidir a mhaíomh gur thuig Joyce mí-oiriúnacht an Bhéarla don chúis sin go maith, go mbeadh sé de shíor ag iarraidh folús a líonadh ach ba shaothar in aisce a bheadh ann go deo – sa tslí nárbh fhéidir le Gabriel Michael Furey a dhéanamh de féin go deo. Ach dob fhéidir a mhaíomh chomh maith gur chruthaigh Joyce a chumhacht liteartha as an mí-oiriúnacht cheannann chéanna sin. Dá mba rud é go raibh an teanga féin inar scríobh sé mí-oiriúnach dá shícé nó do shícé na tíre, mar a chonaic sé í, chaillfí an bonn siúráilte di agus níorbh fholáir dó ceistiú a dhéanamh ar na foirmeacha calctha, an teilgean cainte, na brící tógála as a gcruthaítear friotal. Ní raibh aige ach a thuiscint féin go raibh scoilt i sícé an phobail dar díobh é idir friotal agus intinn, idir an teanga agus an duine, agus go raibh tionchar aige sin ar an bpobal go léir. Caillteár ciall absalóideach na teanga atá 'familiar' agus 'foreign' ag an am céanna. Ní foláir ansin an teanga a dhíthógáil chun brí absalóideach a aimsiú ach dá mhéad díthógála a dhéantar, ní aimsítear aon rud absalóideach toisc nach bhfuil in aon teanga, ar dheireadh, ach córas athléirithe. Seo é *différance* Derrida. Thug sé an teideal seo don choincheap ach d'fhoghlaim sé é óna chuid staidéir ar Joyce.

Sin é atá idir chamáin ag Joyce in *Ulysses* agus in *Finnegans Wake.* Tá ocht gcaibidil déag in *Ulysses* agus a cineál Béarla féin ag gach ceann acu. Athraíonn sé an cur chuige liteartha i gcónaí san úrscéal. Faighimid sruthanna comhfheasa, sleachta as nuachtáin, osréalachas áiféiseach agus gach rud eile arbh fhéidir lena intleacht shubstaintiúil a thaibhreamh chun an Béarla a chasadh agus a fhreangadh. Tá ciall agus plean ag baint le gach rud áfach. Níl mórán sa leabhar maidir le scéal ach maidir lena theachtaireacht intleachtach agus lena mhionscrúdú ar an gcaidreamh agus ar an gcoimhlint idir friotal agus meon – níl mórán cosúil leis sa saol. Tá sé lán le siombalachas ach is saothar uathúil go smior é. Is saothar

dírbheathaisnéiseach é ina gcaillteart an t-údar go hiomlán i maistreadh na bhfocal. Is saothar aduain deacair é a bhfuil cuma intleachtach air ach is é atá ar bun aige ná saoirse an ghnáthdhuine. Mar a deir Declan Kiberd: "Joyce used interior monologue to show how lovable, complex and affirmative was the mind of the ordinary citizen" (2010:11). Tá cur i láthair in *Finnegans Wake* ina bhfuil fuaim agus rithim ar comhleibhéal le brí. Tá sé scríofa i bhfriotal fíorchasta atá déanta as imeartas focal ilteangach. Tuigtear an eisint ach caillteart substaint na scéalaíochta i lár mhaistreadh na teanga. Dar ndóigh, déantar é seo in *Ulysses* chomh maith ach táimid ar leibhéal eile anseo. Téann sé i gcion ar an léitheoir mar thaibhreamh.

In "Two Words For Joyce", léiríonn Jacques Derrida dúinn an oiread dá shaothar féin a tháinig faoi anáil Joyce. Deir sé faoi shaothar ceannródaíoch amháin dá chuid: "the whole of *La Pharmacie de Platon* was only 'a reading of *Finnegans Wake'"* (1984:150) agus tagraíonn sé do shliocht as saothar eile dá chuid (*La Carte Postale*): "He's read us all – and pillaged us, that guy" (1984:151). Díríonn Derrida ar shliocht amháin in *Finnegans Wake* arbh fhéidir linn é a fheiceáil mar phíosa a bhfuil téama tábhachtach ann – solúbthacht agus meascán na teanga (mar a tharla in Geineasas le scéal Túr Babel). Is iad an dá fhocal atá i gceist aige ná "he war" as an sliocht seo: "And shall not Babel be with Lebab? And he war. And he shall open his mouth and answer: I hear, O Ismael, how they laud is only as my loud is one." (FW:258). Féachann Derrida leis an dá fhocal seo a aistriú. Deir sé: "HE WARS – he wages war, he declares or makes war, he is war, which can also be pronounced by babelising a bit...by Germanising, then, in Anglo-Saxon, He war: he was – he who was ('I am he who is or who am', says YAHWE) (145).

Is abairt é 'he war' atá scríofa i mBéarla agus sa Ghearmáinis ag an am céanna. Díríonn sé aird ansin ar na focail 'babel' agus 'lebab'– atá mar an gcéanna droim ar ais – agus ar an gceangal idir lebab agus na focail Gaeilge 'leabhair' agus 'leaba'. Is é atá i gceist aige ná go bhfuil an téacs seo chomh hoscailte maidir le míniú agus athmhíniú go bhfuil sé ina léiriú ar sholúbthacht bhrí na teanga agus an iliomad

nasc a mhaireann inti (iontu sa chás seo) – nó má theastaíonn uainn, idirthéacúlacht. Deir sé: "How could you calculate the speed with which a mark, a marked piece of information, is placed in contact with another in the same word or from one end of the book to the other?" (147). Deir sé gurbh é téama agus feidhmiú Joyce ná an comhfhios a ró-ualú le miotaseolaíocht, reiligiún, fealsúnacht, eolaíocht, síocanailís, litríocht ach "[t]his generalised equivocality of writing does not translate one language into another on the basis of a common nuclei of meaning" (149). Is é sin le rá, go bhfágann Joyce gach rud ar oscailt agus cuireann sé iallach ar an léitheoir glacadh leis sin. Is bunchoincheap de chuid an iarstruchtúrachais é seo agus feicimid é sa *différance,* sa díthógáil agus mórán nach iad. Ordaíonn agus coisceann 'he war' aistriúchán ag an am céanna. Is é an rud is tábhachtaí ná an oscailteacht agus an débhríocht. Nuair a aistrítear *Finnegans Wake,* de réir Derrida, go teanga eile nó nuair a léitear é os ard (rud a mhol Joyce do dhaoine ina shaol), caillteár an débhríocht seo. Ach b'fhéidir gurbh é sin an rud a bhí i gceist aige – go mbeadh orainn rogha a dhéanamh sa débhríocht. Ach fós maireann an débhríocht sa téacs scríofa.

In Geineasas, ba iad muintir Hám (an dream mallaithe) a thóg Túr Báibil chun clú a thuilleadh dóibh féin. Ní maith le Dia é seo agus deir sé: "Níl sa mhéid seo ach tús na mbeart a dhéanfaidh siad; níl aon ní dá bhfuil acu á bheartú nach bhféadfaidh siad a chur i gcríoch. Téanam, téimis síos agus déanaimis cíor thuathail dá dteanga ar an bhfód i dtreo nach dtuigidís caint a chéile a thuilleadh" (Geineasas 11:6/7). Is suimiúil go n-úsáideann Joyce scéal Báibil mar sin mar mheafar/shiombail den chur chuige liteartha atá ar bun aige in *Finnegans Wake* toisc gurbh é sin go díreach an rud a dhéanann sé don Bhéarla sa leabhar. Ach feictear comhthreomhaireacht ag an am céanna lenar tharla do mhuintir na hÉireann nuair a cuireadh iallach orthu iompú go teanga a bheadh 'familiar' agus 'foreign' dóibh. Dob fhéidir a mhaíomh gurbh í an iarracht sin tír Bhéarla aonteangach a dhéanamh d'Éirinn a chruthaigh éacht mór báibileach is *Finnegans Wake* ann. Thóg sé an scoilt a chonaic sé i sícé mhuintir na hÉireann

idir an ‘familiar’ agus an ‘foreign’ agus chuir sé í in iúl i saothar Béarla. Leis sin, chuir sé an scoilt atá i ngach teanga in iúl dúinn chomh maith – an scoilt sin idir meon agus friotal a bheadh athléirithe san iarstruchtúrachas níos déanaí. Mar a dúirt Alan Titley faoi: “Ní dóigh liom go ndúirt aon duine riamh chomh soiléir sin, agus níor léirigh aon duine riamh chomh hiomlán é le sé chéad is a fiche hocht leathanach de dhlúthargóint is a dhéin Joyce é in *Finnegans Wake* cad é an chríoch loighiciúil a d’imeodh ar éigse na hÉireann i ndiaidh lagú agus chúlú na Gaeilge” (1996:72).

Dá mhéad iontaisí a chruthaigh sé ina chuid scríbhneoireachta, ba scríbhneoir Éireannach é riamh. Casadh fear óg as Éirinn air i bParas, fear darbh ainm Arthur Power, a d’inis dó gur theastaigh uaidh féin a bheith ina scríbhneoir de chineál na n-aorthóirí Francacha. Dúirt Joyce leis nárbh fhéidir leis é a dhéanamh: “You will never do it . . . you are an Irishman and you must write in your own tradition. Borrowed styles are no good. You must write what is in your blood and not what is in your brain” (Ellmann:505). D’áitigh Power gur theastaigh uaidh a bheith idirnáisiúnta cosúil le scríbhneoirí móra an tsaoil ach dúirt Joyce leis: “They were national first. . . and it was the intensity of their own nationalism which made them international in the end” (ibid). Feicimid anseo gur fhéach sé ar a shaothar féin mar chuid de thraidisiún na hÉireann agus, mar sin, rud a d’eascair as ‘ego’ mhuintir na hÉireann.

Nuair a cailleadh Joyce, scríobh Myles na gCopaleen faoi in *An Crúiscín Lán* agus léirigh sé a thuairim maidir le saothar Joyce agus a bhaint le litríocht na Gaeilge:

> Ní raibh an saothar a rinne sé indéanta ag aoinne acht ag Éireannach agus ar an adhbhar san tá an litríocht a d’fhág sé ’na dhiaidh níos Gaedhealaighe ’ná a lán atá againn ó dhaoine nár thuig focal Béarla . . . Nuair bhéas ughdar ion-churtha leis ag scríobhadh i nGaedhilg, beidh an teanga máthardha as baoghal agus ní bheidh go dtí sin. Ins an mheántráth, beidh an saothar cuanna min-mheilte sin againn – ‘Séadna’. Agus ‘Niamh’, ‘An

> Béal Beo', 'An Mháthair', maraon le 'na lán treachlaisce eile atá chomh bréagach mí-ghaedhealach is tá sí suarach.
>
> *An Crúiscín Lán* 25/01/1941

Ba scríbhneoir é Brian Ó Nualláin a raibh tuiscint mhór aige ar ábhar an iar-nua-aoiseachais atá faoi chaibidil anseo (agus a mbeidh níos mó faoi sa chéad chaibidil eile). Is féidir a fheiceáil sa sliocht seo gur aithin sé rud éigin i saothar Joyce a raibh tábhacht ann do chúrsaí liteartha na Gaeilge.

Ach níorbh é Joyce amháin a mhothaigh go raibh folús síceach agus teangeolaíoch san fhéiniúlacht náisiúnta. Mhair sé le linn tréimhse tábhachtaí i stair na tíre ó thaobh cultúir, litríochta and polaitíochta di. D'fhreagair muintir na hÉireann i slite difriúla don mhothúchán seo. Thug muintir na hAthbheochana agus muintir an *Celtic Revival* – iad a bhí suas i mblianta deireanacha an naoú haois déag agus tús an fichiú haois – freagra eile ar an bhfadhb seo. Rinneadh an-díobháil don teanga i rith na gcéadta roimhe sin chomh maith agus níorbh iad cúrsaí litríochta ba lú a tháinig salach air sin. Mhair litríocht na Gaeilge sa tréimhse sin idir Cath Cionn tSáile agus an Athbheochan agus rinne scríbhneoirí mar Aodhagán Ó Rathaille, Dháibhí Ó Bruadair agus Mhicheál Óg Ó Longáin éachtaí móra i leith cruthaitheachta ealaíonta agus coimeádachais chultúrtha. Ina ainneoin sin agus uile áfach, ní bheidh a fhios againn go deo cad a bheadh ann sa chás nár tharla Cath Cionn tSáile agus Impiriúlachas na Breataine. B'fhéidir gur cailleadh maoin ollmhór de litríocht an domhain de dheasca nár cruthaíodh níos mó litríochta i nGaeilge lena linn sin. Mhair an fhilíocht toisc gurbh fhéidir í a scríobh, a chóipeáil, a scaipeadh agus a chanadh. Ach gan chlóphreasanna, ní bheadh aon úrscéal ann agus gan cathracha móra Gaeilge (gan trácht ar phátrúnacht ríoga) ní bheadh aon drámaíocht ann. Pléann Cathal Ó hÁinle é sin in "An tÚrscéal nár Tháinig" agus tagraíonn sé do shaothair áirithe mar *Stair Éamuinn Uí Chléirigh* le Tadhg Ó

Neachtain mar sholaoid ar éabhlóid an úrscéil sa Ghaeilge. B'éabhlóid í nár tharla áfach agus bhí tionchar mór aige sin ar chultúr na hÉireann. Chuidigh an t-úrscéal i dtíortha eile le cruthú fhéiniúlacht an phobail gan trácht ar an tionchar a bhí i scaipeadh ábhair clóbhuailte ar chaighdeánú nádúrtha na teanga agus ar leibhéal léitheoireachta na ndaoine. Ní féidir a rá cad a bheadh ann sa chás nár tharla eachtraí stairiúla na tíre mar a thit siad amach ach b'fhéidir go mbeadh Éire eile ann anois dá mba rud é go raibh leabharlanna úrscéalta Gaeilge faoi réir do mhuintir na hÉireann san 18ú haois. Más féidir a shamhlú, mar sin, gur fhág réim heigeamaineach na Breataine folús i sícé na tíre, is cóir a bheith ag cuimhneamh ní hamháin ar na rudaí a cailleadh ach ar na rudaí sin nach raibh ann riamh.

Ba í sin oidhreacht Joyce, mhuintir na hAthbheochana agus an *Celtic Revival* mar sin – glúin a tógadh leis an tuiscint go raibh rud in easnamh orthu. Ní raibh aon mhearbhall ar Joyce ina thaobh ar aon nós ach feicimid slite difriúla chun deighleáil leis an bhfadhb i gcur chuige mhuintir na hAthbheochana agus muintir an *Celtic Revival*. Tugann Alan Titley fogha mór faoin *Celtic Revival* ina aiste "Litríocht na Gaeilge, Litríocht an Bhéarla agus Irish Literature". Féachann sé ar Yeats, Lady Gregory, Synge agus an ghluaiseacht a raibh siad páirteach inti mar dhream a tháinig i dtír ar chultúir nár thuig siad – agus nár theastaigh uathu a thuiscint. Deir sé: "Chuir Yeats roimhe d'aonghnó scríbhneoir *Éireannach* a dhéanamh de féin. Ba rogha chóineasach í" agus "chum sé tír agus ghlaoigh sé Éire uirthi" (1996:64). Is éard is cás leis ná nach raibh sa *Celtic Revival* ach léiriú déanach ar rómánsachas na hEorpa seachas aon iarracht iarbhír ar litríocht a raibh tréithe Gaelacha ag baint léi. Pé tábhacht a bhí le Yeats mar fhile, is deacair gan glacadh leis go bhfuil cuid mhaith den cheart ag Titley i leith na gluaiseachta seo.

Ba ghluaiseacht í a ghlac go mór le hidé-eolaíocht Matthew Arnold a shamhlaigh meon ceilteach a bheith lán le spiorad an rómánsachais. Feictear é sa sliocht seo as a shaothar *On the Study of Celtic Literature*: "There is the Titanism of the Celt, his passionate,

turbulent, indomitable reaction against the despotism of fact; and of whom does it remind us so much as of Byron" (118). Cheap sé gurbh í an stíl an cháilíocht ba shainiúla sa bhfilíocht cheilteach agus thug sé cur síos uirthi go paiseanta: "The Celt's quick feeling for what is noble and distinguished gave his poetry style; his indomitable personality gave it pride and passion; his sensibility and nervous exaltation gave it a better gift still, the gift of rendering with a wonderful felicity the magical charm of nature" (120). Is díol spéise é go raibh sé in ann an tuairim sin a fháil nuair nach raibh aon teanga cheilteach aige féin. Titeann sé amach i saothar Arnold gurbh é a bhí ar bun aige ná idirdhealú a dhéanamh idir meon liteartha Shasana agus an meon sa Ghearmáin agus leis sin, bunús caillte a bheadh ceilteach agus rómánsach a aimsiú do mhuintir Shasana. Cé go raibh Arnold dea-mhéineach i leith mhuintir na hÉireann, feictear fós go raibh a thuiscint ar stíl cheilteach bunaithe ar thréithe a cheap sé a bheith tarraingteach i bhfoirm aistriúcháin. Ba é an rud a bhí á lorg aige ná éalú samhlaíoch a bhain lena chultúr féin níos mó ná aon chultúr 'ceilteach'.

Tá dearcadh Arnold anseo inchurtha le coincheap an Oirthearchais, a thug Edward Said dúinn, inar léirigh sé gné áirithe de mheon aigne na haoise Victeoirí a raibh baint aige leis an ngluaiseacht rómánsach. De réir Said, féachadh ar an Oirthear mar spás inar lonnaíodh mistéir agus fantaisíocht. Samhlaíodh an tOirthear mar áit dhorcha ina raibh ceadúnas tugtha do rudaí nach raibh ceadaithe sa saol Victeoiriach ach ba dhéantúsán cultúrtha é a bhí bunaithe ar pheirspictíocht an chultúir impiriúil air féin. Ní raibh aon bhaint aige sin leis na tíortha mar a bhí siad le fírinne.

Ghlac muintir an *Celtic Revival* leis an bpeirspictíocht sin go toilteanach. Feictear rómánsachas an tsaoil caillte fiú sa téarma *Celtic Twilight.* Dar leo, b'áilleacht ársa mhistéireach a bhí sa saol ceilteach seo agus samhlaíodh é mar reiligiún. Bhí an-suim ag Yeats go háirithe sa phágántacht. Chreid sé sa gheasrógacht seo agus d'fhéach sé ar mhiotaseolaíocht cheilteach mar dhoras go dtí saol iarbhír eile. Bhí seanscéalta na ndaoine mar uirlis aige chun teacht i dteagmháil le

fírinne dhiamhair. Bhailigh sé iad le cúnamh Lady Gregory, a raibh Gaeilge aici, agus ba chóir dúinn glacadh leis go ndearna siad gar do léann na Gaeilge. Is deacair dúinn i láthair na huaire áfach gan féachaint ar a n-iarrachtaí mar chleachtadh idir antraipeolaíocht agus spioradáltacht amháin. Macallaí truaillithe den aimsir chianaosta ba ea caint na ndaoine dóibh seachas fianaise den traidisiún beo. Níor theastaigh uathu aon dul chun cinn a shamhlú sa traidisiún seo toisc nach mbeadh ansin ach aththruailliú dóibh. Cosúil le Matthew Arnold, ba mhaith leo caomhnú na teanga ach níor shamhlaigh siad go mbeadh aon rud i ndán di ach í a aistriú mar dhéantán reoite go Béarla. Mhair cultúr na hÉireann dóibh mar mhalairt ghlan ar chultúr na Breataine agus in ainneoin cé chomh dea-mhéineach a bhí siad ina thaobh, níorbh fhéidir leo éalú ón gcóras dénártha sin a choincheapfadh ceann amháin i gcónaí i gcomhthéacs an chinn eile.

Ní mian liom a bheith chomh dian ar an *Celtic Revival* agus atá Titley, áfach, cé go nglacaim go raibh Oirthearachas áirithe ar bun acu sa tslí inar chuir siad muintir na Gaeilge in áit ar an taobh amuigh den stair. Bhí tuairimí acu a bhí bunoscionn le tuairimí mhuintir na Breataine lena linn – ach b'fhéidir gurbh in í an fhadhb. Má tá an íomhá sa scáthán droim ar ais, is í an íomhá chéanna í i gcónaí. Theastaigh uathu ábhar liteartha Éireannach a chruthú ach bhí siad greamaithe i gcur chuige scoilte na Breataine, nó, mar a dúirt Joyce in *Ulysses*: "The cracked lookingglass of a servant" (6). Ní hé seo le rá áfach, pé rómánsachas a bhí ar bun acu sa *Celtic Revival*, nach raibh siad fós, ina slí féin, ag déanamh iarracht freagra a thabhairt ar éagmais áirithe a chonaic siad sa tír inar mhair siad agus go raibh tionchar mór ag an éagmais sin ar a saothar. D'úsáid siad meon agus cur chuige a bhí bunaithe ar rómánsachas na Breataine ach bhí siad fós ag iarraidh deighleáil le bearna i meon Éireannach na haoise – mar a chonaic siad é – agus an bhearna sin a líonadh.

Is scéal eile í an Athbheochan ach tá orainn a bheith cúramach léi ag an am céanna. Bítear idir dhá chomhairle go minic faoin ngluaiseacht seo. Ar thaobh amháin de, rinne Conradh na Gaeilge agus na daoine a bhí páirteach ann éacht ollmhór chun an teanga a

chaomhnú, clubanna agus ranganna a bhunú, comhlachtaí foilseacháin a eagrú agus litríocht – cuid mhaith aici i bhfoirmeacha nárbh ann dóibh riamh sa Ghaeilge – a chruthú, a spreagadh agus a scaipeadh ar fud na tíre. Ar an taobh eile de, is minic a chuimhnímid anois ar an tráth seo i litríocht na Gaeilge mar am a bhí lán le híonghlaineacht theangeolaíoch agus eisintiúlachas. Dar ndóigh, nuair is é caomhnú theanga na tíre ó dhíobhadh iomlán an rud atá idir chamáin, mhaithfí dogmachas éigin ach ba chóir dúinn an difríocht a fheiceáil chomh maith idir dogmachas pragmatach agus Oirthearachas dogmach. Is solaoid iontach é ar an dara ceann seo na heachtraí in *An Béal Bocht* le Myles Na gCopaleen.

Cloistear tuairimí difriúla faoin ngluaiseacht seo. Dar le Seamas Deane: "The weakness of a civilisation that had been expelled from the modern world was audible and visible there. The weakness persisted in the hopelessly nostalgic and impractical efforts to restore the language and the values it was presumed to have realised in the past and still to hold in suspension for the future " (Deane: 112). Tá tuairim dhifriúil ag Alan Titley i leith na hAthbheochana san aiste thuasluaite. Breathnaíonn sé ar litríocht Ghaeilge na linne mar mhalairt ar iarrachtaí an *Celtic Revival*. Bhí féiniúlacht ceadaithe ag an teanga féin do litríocht na Gaeilge, dar leis, nach raibh ar fáil do litríocht Bhéarla na hÉireann. Creideann sé go raibh an íonghlaineacht agus an tsaoithíneacht riachtanach agus nádúrtha d'aon litríocht bheo, go háirithe do ghluaiseacht a raibh caomhnú na teanga mar aidhm aici: "Is maith ann freisin iad lucht faire cheart na teanga. Coinníonn siad caighdeáin, cuireann siad d'fhiacha ar scríbhneoirí seasamh ar an gcailc, gan imeacht ar iomlaoid, dá mba lánleanbaí féin cuid den bheachtaíocht a deineadh san aimsir a chuaigh romhainn" (1996:77). Aontaím le tuairim Titley anseo, cé go nglacaim leis go raibh cuid mhór de thuairimí na linne ina saoithíneacht neafaiseach. Dearcadh Risteard de Hindeberg, mar shampla, nuair a shamhlaigh sé scríbhneoireacht an Phiarsaigh le "the mincing of the under-assistant walker of a millinery shop" (as Ó hÁinle 1984:66). Leis sin, is féidir féachaint ar thuairim Dhúbhghláis de hÍde chun an Ghaeilge a dhí-

ghalldú mar dhearcadh a bhí greamaithe i gcóras dénártha na linne, cé nach raibh an dara suí sa bhuaile ann do chuid mhaith díobh a bhí ag streachailt chun an phointe ceart idir caomhnú agus cruthaitheacht a aimsiú. B'in é an saol a bhí ann ag an am. Bhí orthu múnlaí Gaeilge a aimsiú a bheadh oiriúnach do litríocht infhoilsithe ach fós í a shamhlú taobh amuigh de chomhthéacs litríocht (agus teanga) an Bhéarla.

Ba dheacair a rá nár chuir an íonghlaineacht agus an eisintiúlachas cosc mór ar chruthaitheacht ealaíonta sa litríocht. Sa chás seo, ní féidir an dá thrá a fhreastal. Ba mheasa fós an íonghlaineacht shóisialta agus reiligiúnach a samhlaíodh a bheith mar chuid den ghluaiseacht theangeolaíoch agus chultúrtha seo. Ba thréimhse fhíorchorraitheach pholaitiúil í ina raibh deighilt mhillteach sa tsochaí agus dá bharr sin, bhí rudaí ar an taobh céanna den deighilt sin do-scartha óna chéile. Mar sin, i bhfocal Gearóid Denvir: "B'ionann a bheith i do Ghael maith agus a bheith i do Chaitliceach maith" (1997:67). Ní mór dúinn a mheabhrú go raibh na daoine ba mhó le rá sa ghluaiseacht, Peadar Ua Laoghaire, Risteard de Hindeberg agus Pádraig Ua Duinnín go léir ina sagairt. Bhí ról mór ag an Eaglais sa ghluaiseacht agus ní féidir díspeagadh a dhéanamh ar thábhacht an róil sin. Ach leis sin, b'idé-eolaíocht chaitliceach idé-eolaíocht na gluaiseachta. Ba theanga chaitliceach í an Ghaeilge i meon an phobail. Bheadh ar aon scríbhneoir a dhílseacht a léiriú don phobal ó thaobh na teanga, na tíre agus an chreidimh. Ba bheag an t-am a bheadh fágtha ansin do chruthaitheacht ealaíonta. Ba thearc an saothar liteartha san Athbheochan luath a raibh aon mhaitheas chruthaitheach ann. Feicimid an brú a bhí ar scríbhneoirí na linne sa sliocht seo le Mícheál Breatnach: "Tugadh sgríbhneoirí na Gaedhilge litridheacht do'n Ghaedhilgeóir a bheas glan agus glé mar chroidhe agus mar anam na h-Éireann, agus seachnuighdís feallsamhnacht bhréagach choigchrícheach nach dual don Ghaedheal, nach dual don Chríostaidhe" (as Denvir 1997:68). Á léamh sin, is deacair a chreidiúint gur fhan aindiachaí chomh frithchaitliceach le James Joyce bliain nó dhó ag freastal ar ranganna Gaeilge in Éirinn.

Ach ní ceart a rá nach raibh dul chun cinn liteartha sa Ghaeilge ag an am seo. I ndeireadh na dála, pé traidisiún a úsáidtear ina chruthú, ní féidir úrscéal traidisiúnta a scríobh nuair nach bhfuil traidisiún úrscéalaíochta ann. B'fheachtas athshamhlaithe é an Athbheochan chomh maith le feachtas caomhnaithe agus bhí ar mhuintir na hAthbheochana a seacht ndícheall a dhéanamh chun cruth nua a chur ar litríocht na Gaeilge a mbeadh cuma dhúchasach uirthi ag an am céanna. Is féidir breathnú ar an tráth seo i litríocht na Gaeilge mar iarrachtaí ar athshamhlú liteartha gan glacadh leis go raibh gá lena dhéanamh ar chor ar bith. B'easpa féiniúlachta a bhí ann agus feicimid é sin sa bhfilíocht a bhí greamaithe idir dánta de chuid Thaidhg Uí Dhonnchadha a bhí cruinn de réir a bhfoirme Gaelaí ach mí-aimseartha glan ó thaobh na haoise inar scríobhadh iad agus dánta le Dúghlás de hÍde agus Pádraig Mac Piarais a raibh guth Éireannach na haoise acu ach a tháinig faoi anáil litríocht Shasana chomh maith.

Ní féidir liom aontú le Titley, áfach, go raibh a fhios iomlán ag litríocht na Gaeilge cérbh í féin agus gur thuiscint í sin a bhí ceadaithe ón teanga féin. Tá sé ag tagairt san aiste seo, dar ndóigh, don easpa féiniúlachta atá ag litríocht Bhéarla na hÉireann. Ach ní hionann sin is a rá go raibh féiniúlacht cheart ag litríocht na Gaeilge san am sin. Pé leanúnachas a bhí ann, i litríocht agus cultúr na Gaeilge, ba leanúnachas é a raibh laincisí uafásacha curtha air. Ba dhoiligh a shamhlú go raibh féiniúlacht neamhthruaillithe i dtaisce sa teanga nó sa chultúr a mhair go dtí deireadh an 19ú haois. Níor léir cad ba litríocht na Gaeilge ann nuair a bhí conspóid ann idir Gaeilge chlasaiceach agus caint na ndaoine (cé go dtagaim leis gur chonspóid nádúrtha í sin). I ndeireadh na dála, níl a fhios agam gur cóir d'aon litríocht a fhios a bheith aici go hiomlán cé hí féin. Go pointe áirithe, aontaím leis go bhfuil brí dhomhínithe éigin in aon litríocht a thagann go díreach ón teanga féin ach ní chreidim go mbronnann an Ghaeilge féiniúlacht iomlán ar litríocht na Gaeilge – nó fiú gur cóir di é seo a dhéanamh.

Is é téis lárnach na caibidle seo ná gur mhothaigh a lán daoine in Éirinn le linn an ama seo go raibh folús i bhféiniúlacht na tíre.

Creidim go bhfuil daoine áirithe, cosúil leis an tAthair Peadar Ua Laoghaire agus scríbhneoirí na mBlaoscaoidí ina dhiaidh, a d'fhéach leis an bhfolús seo a líonadh – le caint na ndaoine nó le dearcadh ceartchreidmheach na hEaglaise. Is féidir a rá, chomh maith, go raibh siadsan sa Celtic Twilight ag déanamh, ina slí féin, iarrachtaí chun éagmais éigin i sochaí na hÉireann a líonadh. Bhí daoine eile áfach a rinne iarrachtaí, cosúil le Joyce, leis an bhfolús a léiriú, a thabhairt faoi deara ina gcuid scríbhneoireachta go raibh an folús ann. Is dóigh liom gurbh é an scríbhneoir Gaeilge is mó a rinne é seo le linn na hAthbheochana ná Padraic Ó Conaire.

Ní fheictear an íonghlaineacht nó an uaisleacht chéanna i saothar Uí Chonaire is a fheictear i saothar scríbhneoirí eile lena linn. Fulaingíonn a chuid carachtar go minic le trioblóidí nach bhfuil leigheas orthu. Daoine imeallaithe atá iontu, i slí éigin, a thagann salach ar shaol a bhí briste sular tháinig ann dóibh. Níl saoirse ar bith ag na carachtair seo de dheasca cúinsí áirithe a mhúnlaíonn a staid sa saol inar rugadh iad, a modhanna iompair féin nó a bpeirspictíochtaí. Faighimid teachtaireacht i leith shaoirse na hindibhide ina shaothar agus d'fhéach sé le hintinn na gcarachtar a chur os comhair an léitheora. Mar gheall ar scríbhneoireacht cheart, dúirt sé: "Scrúdaítear an duine. Scrúdaítear a aigne. Déantar tréaniarracht ar na ceisteanna móra a bhaineas le hintinn an duine ag déanamh a leithéid seo de ghníomh dó a léiriú" (1978:47).

Chuir sé an duine i lár baill ach gan aon chuid den idéalachas rómánsach. Mar a deir Declan Kiberd faoi: "Léirigh Ó Conaire go bhfuil duibheagán na pearsantachta do-aimsithe, ach go bhfuil sé ann agus gurb é dualgas an scríbhneora an duibheagán san a iniúchadh le tuiscint mhín shéimh" (1993:141-142) Feictear a chuid carachtar mar dhaoine fabhtacha go minic agus bíonn drochchríoch ar chuid mhór acu. Ach is léir nach bhfuil saorthoil iomlán acu agus go bhfuil rudaí áirithe i ndán dóibh ón tosach. Más in umar na haimléise atá siad, tugtar deis dóibh chun troid in aghaidh na míchinniúna a bhronntar orthu le bród nó dóchas agus feictear daonnacht áirithe atá inaitheanta dúinn ansin. Is saothar in aisce a bhíonn ann go minic áfach.

Ní hé sin le rá gur scríbhneoir gruama ab ea é amach is amach. Faightear a lán grinn ar fud a shaothair. Tá "Anam an Easpaig" cosúil le scigdhráma, mar shampla, le míthuiscintí áiféiseacha mar gheall ar 'bhean an Easpaig' agus saontacht an Easpaig – a bhíonn ina dhuine ardnósach de ghnáth – agus é ag lorg bainne agus tae sa teach tábhairne. Feictear greann in *Deoraíocht* chomh maith, go háirithe i leith an chuir síos ar an mBean Ramhar. Nuair a thagann sí isteach sa scéal, úsáidtear guth atá níos scigmhagúla agus níos áiféisí sa reacaireacht ná an guth duairc a bhí ann roimhe sin. Sa chur síos uirthi anseo, deirtear: "Ba gheall le long mhór í a bheadh ar luascán ar bharr na dtonn leis an siúl a bhí fúithi" (32) agus "bhain sise solas na gréine díom lena méad uafásach" (33). Tá greann ann chomh maith in úsáid theanga na bhfinscéalta ag tagairt go scigaithriseach di: "nach í a bhí leathanslinneánach mórlámhach tromceathrúnach" (33).

I ndeireadh na dála áfach, tá níos mó aithne againn ar Ó Conaire mar scríbhneoir a chuir i láthair dúinn an staid ghruama a bhain le carachtair a thagann salach ar an saol. Léirítear Neill ag deireadh an scéil agus í ag fanacht ag an bhfuinneog lena cat agus boladh an mhuisc ina timpeall. Cé nach ndeirtear é, samhlaímid go bhfuil sí fós sa dorchadas mar a bhí sí ag tosach an scéil. Is ionann é sin agus an staid ina bhfuil Cáit in "An Bhean ar Leag Dia Lámh Uirthi". Féachann sí amach a fuinneog ar an bhfarraige agus fanann sí le bás nó gealtacht. Téann Nóra Mharcais Bhig ar ais go Londain agus go dtí saol gan rath. Fágtar Éibhlín ina baintreach in "M'Fhile Caol Dubh" le saol a fir chéile agus aisling rómánsach an fhile araon scriosta. Cailleadh Páidín Mháire ina rámhaille ag taibhreamh fós faoi bheith ar an bhfarraige agus dúnmharaítear Micheál in *Deoraíocht* agus é féin ag rámhaille sa pháirc faoi spéirmhná.

Ach ní hé an cruachás amháin atá i gceist anseo. I ngach cás i bhficsean Uí Chonaire is mó a bhfuil bua ag baint leis, feictear scoilt inmheánach nó deighilt i sícé an duine. Léiríonn Pádraigín Riggs é seo go maith in *Pádraic Ó Conaire: Deoraí* mar chomhrac inmheánach an charachtair. In "Nóra Mharcais Bhig", insíonn an reacaire féin dúinn go bhfuil beirt Nóra ann: an cailín lách ó Ros Dhá

Loch agus an cailín a d'imigh le fáin an tsaoil i Londain. Tá an comhrac céanna in "Teatrarc na Gaililí" le Ioruaith Antipas na mban agus Ioruaith an rí cumhachtach. Is é an scoilt inmheánach a scriosann Páidín Mháire ná an scoilt idir an t-oibrí agus an duine atá gaolmhar le rónta. In "M'Fhile Caol Dubh", troideann Éibhlín idir an saol leamh lena fear céile agus an saol rómánsach, nach bhfuil ann ach ceapadóireacht dá cuid féin. Tá an comhrac aonair in *Deoraíocht* idir Seoirse Coff agus Micheál Ó Maoláin – nó idir an duine a ghlacann lena shaol scriosta agus lena chorp máchaileach agus an duine a bhfuil taibhreamh ar an saol idéalach fós in intinn aige. Dar ndóigh, tarlaíonn rudaí uafásacha do na daoine seo ach ní hé sin bun agus barr na scéalta. Is é an rud is tábhachtaí sna scéalta is fearr a scríobh sé ná an rogha atá le déanamh ag na carachtair seo i saol atá cheana féin scriosta. Is roghanna iad seo nach féidir a réiteach go sásúil i saol na gcarachtar toisc go bhfuil siad idir dhá thine Bhealtaine – damnaithe pé rogha a dhéanann siad. Beidh Nóra Mharcais Bhig, mar shampla, ina deoraí go deo, pé acu i Londain nó i Ros Dhá Loch di.

Is é an rud atá i gceist sa rogha seo ná pé acu a ghlacann na carachtair leis an saol iarbhír atá do-ghlactha dóibh nó an nglacann siad le saol idéalach atá do-aimsithe. Le fírinne, ní rogha é sin ar chor ar bith ach bíonn sí ag dó na geirbe acu fós. Bíonn an saol idéalach ag glaoch orthu i gcónaí. Bíonn sé á gcrá le híseanna den saol mar a d'fhéadfadh sé a bheith – pé acu an é Micheál Ó Maoláin lena bhean agus lena chlann; Éibhlín agus a saol boihéamach i ngrá le file iomráiteach; nó Páidín Mháire amuigh ar an bhfarraige lena ghaolta na rónta. Ach níl sna saolta seo ach ciméara. Mealltar na carachtair leis na híseanna seo ach scriostar iad má dhéanann siad iarracht iad a bhaint amach. Is iad na híseanna seo ná na Síréanaí san Odaisé. Ach ní féidir leo ach chomh beag a súile a dhúnadh orthu.

Tá téama an deoraí an-láidir i scríbhneoireacht Uí Chonaire, mar atá léirithe i saothar Phádraigín Riggs thuasluaite, agus úsáidtear áiteanna ina chuid scéalta mar shiombailí do staid inmheánach na gcarachtar. Níl sna cathracha Londain nó Bhaile Átha Cliath in *Deoraíocht* nó "Nóra Mharcais Bhig", mar shampla, ach comharthaí

sóirt a léiríonn an rud is cathair mhór ann. Ach oibríonn siad mar shiombailí éifeachtacha chun uafás agus iontas a chur i láthair sa scéal agus seo iad na staideanna ina maireann na carachtair. Is staid idir eatarthu an deoraíocht a fhulaingíonn siad ach feictear an staid chéanna seo ar fud a shaothair, go fiú sna scéalta ina bhfanann na carachtair san áit inar rugadh agus inar tógadh iad. Tá Cáit in "An Bhean ar Leag Dia Lámh Uirthi" díbeartha ón saol a roghnaigh sí agus ní foláir di maireachtáil mar dheoraí sa teach inar rugadh í. Is ionann é sin agus Neill atá ina deoraí ina teach féin ón aisling idéalach a bhí aici le naoi mbliana déag. Tá cuid mhaith de na carachtair, cosúil le Páidín Mháire, ina ndeoraithe ó thosach an scéil ach is é an rud is suaithinsí ná gurb í an deoraíocht atá i ndán dóibh, pé rogha a dhéantar idir an dá staid a thugtar dóibh. Mar shampla, pé acu a ghlacann Eibhlín in "M'Fhile Caol Dubh" leis an saol leamh lena fear céile nó an dtéann sí leis an saol rómánsach a shamhlaíonn sí in éineacht leis an bhfile, beidh sí ina deoraí i ndeireadh na dála ar aon nós. Tá sé de bhua ag Ó Conaire go léiríonn sé staid idir eatarthu an duine dhamnaithe go han-soiléir dúinn.

Tá staid intinne na gcarachtar curtha i láthair dúinn, áfach, i slite ina bhfuil an scéal ina iomláine ag obair chun an tsícé seo a léiriú. Nuair a dúirt sé: "Scrúdaítear an duine", tá cuma ar an scéal gur roghnaigh sé é seo a dhéanamh de bhuíochas eilimintí eile sa scéal. Mar atá thuasluaite, cuirtear áiteanna sna scéalta mar chomharthaí sóirt, nó mar shiombailí de mheon aigne an duine. Feictear, áfach, go bhfuil gnéithe eile chomh maith sna scéalta atá ag feidhmiú go mór ar leibhéal siombalach. Feictear é seo in "Neill" agus í ina suí sa dorchadas lena cat agus boladh an mhúisc ina timpeall. Samhlaítear anseo í le draíodóir mná agus cuireann an t-ionchollú dá cathú (rogha amháin dá comhrac inmheánach) mar "an namhaid" cuma dhiabhlaí ar an scéal. Ach tugtar léargas dúinn leis an siombalachas sin ar an tslí ina samhlaíonn Neill í féin le duine cumhachtach a bhfuil réim aici ar shaol na ndaoine bochta a thagann chuici lena n-earraí. Oibríonn an siombalachas anseo, mar sin, chun intinn Neill a léiriú. Tá siombalachas le fáil ar fud shaothar Uí Chonaire, fiú sna carachtair

nach príomhcharachtair iad. Ba dheacair a rá go bhfuil doimhneacht ag aon charachtar in *Deoraíocht* taobh amuigh de Mhicheál Ó Maoláin féin – más féidir an focal doimhneacht a chur ina leith féin fiú. Dá dhathannaí iad an Fear Beag Buí, an Bhean Rua nó an Bhean Ramhar mar charachtair, níl iontu ach uirlisí chun meon aigne Mhichíl a chur i láthair. Tá cuma ar an bhFear Beag Buí: "mar a bhí an tsrón mhór fhada chrotach agus an smigín fhada bhiorach a bhí air ag iarraidh a bheith ag pógadh a chéile 'chomhfhad is a bhí sé ag caint" (16) an-chosúil le puipéad Punch i seó *Punch and Judy*. Ach cruthaíonn Ó Conaire saol raibiléiseach leis na carachtair seo chun a bheith i gcoimhlint leis an saol idéalach atá in aislingí Mhichíl.

In "M'Fhile Caol Dubh", tá an fear céile Éamann agus an file araon ina n-ionchollú de thaobhanna éagsúla d'Éibhlín féin. Taobh amuigh den chur síos frithráiteach a dhéanann an chéad reacaire, níl d'eolas againn ar an mBurcach féin sa scéal ach an cur síos rómánsach a dhéanann Éibhlín, agus is mó dá ceapadóireacht féin ann sin ná aon 'fhírinne' ina leith. In ainneoin reacaireacht Éibhlín, feictear Éamann mar dhuine atá macánta, tuisceanach agus, i ndeireadh na dála, cróga. Ní duine gairéadach é ar chor ar bith áfach. Ach más duine leamh é, níl aon rud sa scéal a léiríonn nach bhfuil an oiread céanna leamhais ag baint le hÉibhlín féin. Mar a deir sí:

> Nuair atá bean in aois a deich mbliana fichead gan aon chlann uirthi, fear réchúiseach neamhshuimiúil aici, agus a dóthain mhór de mhaoin an tsaoil seo aici, shílfeá go bhféadfadh sí an aimsir a chur isteach maith go leor i gcathair den sórt seo. Ach féach thart. Tá na céadta agus na céadta *againn* de mhná saibhre agus saol suairc suarach á chaitheamh *acu* – ag siopadóireacht sa tráthnóna, tae agus cáineadh na gcomharsan agus na gcairde ina dhiaidh, an traein abhaile, dinnéar, fear an tí ag srannadh os cionn an pháipéir nuaíochta – uch! Tig múisiam orm nuair a chuimhním air . . .
>
> (2010:177)

Feicimid an choimhlint ina hintinn laistigh d'aon líne amháin anseo le 'againn' agus 'acu' (is liomsa an cló iodálach). Léiríonn Declan Kiberd go n-úsáideann Ó Conaire an cleas seo céanna in *Deoraíocht* i gcomhtheacs Mhichíl: "baintear leas as cleas ríthábhachtach chun an folús ina intinn a chur in iúl, chun cailliúint a phearsantachta féin a léiriú dúinn" (1993:154). Is duine de na céadta de mhná saibhre í ach ní féidir léi glacadh leis. Is ionchollú ar dhá thaobh di féin atá sa bheirt fhear ina saol mar sin – an taobh leamh mar atá sí le fírinne agus an taobh rómánsach lena samhlaíonn sí í féin.

Ní féidir leis an dá thaobh seo teacht le chéile áfach, ach sin mar a tharlaíonn nuair a fheiceann sí an file ag léamh leabhair ar shaol na bhféileacán (caitheamh aimsire a fir chéile). Is an-díol spéise é seo i leith an scéil ar fad. Cé go bhfuil siombalachas in úsáid sa scéal, tá cuma réalaíoch nádúrtha ag baint leis chomh maith. Ach tagann an mhóimint seo aniar aduaidh ar an léitheoir toisc go bhfuil rud éigin domhínithe – beagnach osnádúrtha – ag baint léi. Dá mba rud é gur tharla sé seo i scéal a bhfuil cuma éigin osnádúrtha ag baint leis cheana féin, "Ná Lig Sinn i gCathú" mar shampla, ní bheadh an tionchar céanna ann ach laistigh de théarmaí tagartha an scéil seo, baineann sé geit as an léitheoir. Mínítear ansin é nuair a deir an Búrcach ansin go bhfuil spéis aige bualadh lena fear céile – ach rud eile domhínithe é sin, i slí eile. Féachaim ar an móimint seo sa scéal mar sholaoid den *unheimlich* atá i dteoiric liteartha de chuid Sigmund Freud. Úsáidtear é seo go minic i leith scéalta gotacha (*Uncanny* i léann an Bhéarla) agus baineann sé le móimint atá diamhair nó osnádúrtha a thagann, mar seo, aniar aduaidh ar an léiritheoir. Tagraítear don *doppelgänger* go minic i leith an *unheimlich* seo. Deir sé: "This relation is accentuated by mental processes leaping from one of these characters to another – by what we should call telepathy –, so that the one posseses knowledge, feelings and experience in common with the other" (Freud:234).

Cuirtear an scéal nádúrtha as a riocht leis an mínádúrthacht seo ach ní dhéantar é seo go dtí an leibhéal go ndéantar scéal osnádúrtha

de. Seo é an rud atá i gceist leis an móimint seo in "M'Fhile Caol Dubh". Níl sé nádúrtha de réir théarmaí tagartha an scéil go mbeadh an file ag léamh leabhair faoi fhéileacáin an oíche sin agus cruthaítear móimint atá diamhair nó *unheimlich*. Is briseadh beag é seo sa chur i láthair a chruthaíonn guagacht sa reacaireacht ach más amhlaidh atá an dá *doppelgänger* anseo araon ina siombailí den dá thaobh de chomhrac inmheánach Éibhlín, faighimid rud éigin atá inshamhlaithe le móimint scitsifréineach sa téacs (mar a thuigfí an focal do Sheán Ó Ríordáin). Cuireann Freud síos ar an *unheimlich* mar seo: "for this uncanny is in reality nothing new or alien, but something which is familiar and old-established in the mind and which has become alienated from it only through the process of repression" (241). Oireann teoiric Freud don scéal go maith mar sin más ea gurb é an rud inaitheanta inti féin a thagann aniar aduaidh ar Éibhlín. Ansin, chun cur leis an diamhracht, tugtar le fios gur oíche Shamhna a bhí ann an oíche sin.

Is féidir a rá mar sin go raibh difríochtaí móra idir saothar Uí Chonaire agus saothar de chuid mórán scríbhneoirí Gaeilge eile a linne. Sheachain sé an dubh agus bán agus an íonghlaineacht. Ba é saol inmheánach achrannach a phríomhcarachtar an chéad chloch ar a phaidrín riamh. Chruthaigh sé carachtair go minic atá greamaithe i dtimpeallachtaí ina bhfuil siad brúite faoi chois, ina bhfuil srianta uafásacha orthu. Bronntar físeanna orthu ina bhfeiceann siad slí amach as a bhfadhbanna agus slí ina bhféadfaidís a bheith mar dhaoine eile – nó mar an fíordhuine féin ar chóir dóibh a bheith. Bronntar rogha orthu cé acu ab fhearr dóibh – an fhís nó an fhírinne. Ach níl sna físeanna seo sa deireadh ach ciméara do-aimsithe. Fiú má cheapann na carachtair nach bhfuil fadhb ar bith acu ar dtús, tagann an rogha os a gcomhair agus feictear nach raibh siad ach ag ligean orthu féin go raibh gach rud i gceart. Beidh orthu a rogha a dhéanamh chomh maith. Úsáideann an t-údar siombalachas ina scéalta chun an scéal inmheánach, atá ar siúl in intinn a charachtair, a léiriú dúinn. Cuireann sé doimhneacht dhaonna i láthair le macántacht fhíochmhar ach is daonnacht í atá glanta d'aon chineál rómánsachais. Is

mionscrúdú é ar an daonnacht seo, áfach, a sheasann siar ón réalachas go minic chun ligean d'intinn an charachtair teacht amach. Fiú má tá cuma an réalachais ann, is réalachas é a úsáidtear go siombalach chun comhfhios an charachtair a léiriú. Mar sin, féachaim ar Phadraic Ó Conaire mar scríbhneoir nua-aoiseach.

Is dóigh liom gur mór an léargas a thugann saothar Joyce agus saothar Uí Chonaire ar a chéile. Tá cosúlachtaí ann fiú idir saolta na beirte fear. Rugadh iad sé lá is fiche óna chéile i mí Feabhra 1882. Is ait an rud é ach bhí Joyce an-phiseogach i leith a bhreithlae agus shamhlaigh sé nasc áirithe idir daoine a rugadh timpeall an ama chéanna leis féin. Chuaigh na himeachtaí céanna i gcion orthu agus iad ag fás aníos agus scríobh siad araon níos déanaí faoina gcumha i ndiaidh bhás Pharnell; ní raibh teach cónaithe amháin acu agus iad óg ach bhog siad ó áit go háit; bhí siad araon ina sóisialaithe díograiseacha agus ina dtaobhaitheoirí le Sinn Féin; bhí áthas orthu araon le teacht an tSaorstáit agus díomá orthu lena fhorbairt; bhí suim acu araon i litríocht chomhaimseartha na hEorpa; d'fhéach siad araon le dul chun cinn a chur i litríocht na hÉireann seachas rómánsachas leamh; agus chuaigh siad araon ar imirce as Éirinn ach scríobh siad fúithi nuair a bhí siad thar sáile.

Is iad na cosúlachtaí idir a gcuid scríbhneoireachta atá tábhachtach dúinn anseo áfach – agus tá go leor díobh le feiceáil. D'úsáid siad araon siombalachas ina saothar – mar a fheicimid san úsáid a bhaineann Joyce as *Odaisé* Homer. Níos mó ná sin áfach, léiríonn siad araon deoraíocht mar staid intinne – is cuma cé acu atá an carachtar in Éirinn nó nach bhfuil. Staid inmheánach na hintinne atá ann. Is é an rud is deoraíocht ann ina saothar ná go bhfuil an duine greamaithe i staid idir eatarthu – ní féidir leis a bheith mar rud amháin nó rud eile. Tá rud éigin in easnamh i gcónaí ach má fhéachann na carachtair le sólás a aimsiú in áit éigin, ní fhaigheann siad ach folús agus ciméara. Léiríonn a saothair gur mhothaigh siad araon go raibh bearna éigin i sochaí na hÉireann agus nach raibh aon rud ann a líonfadh í. Tá deighilt inmheánach sna carachtair ina leabhair idir an saol mar atá sé agus saol eile atá do-aimsithe. Bíonn an saol eile á

lorg ag a gcuid carachtar i gcónaí. Feicimid é seo in *Dubliners*, in "An Encounter" is é saol na scéalta faoin *wild west* an 'saol eile' i gcás an bhuachalla; is é an dul thar lear féin atá i gceist d'Evaline; is iltíreachas galánta é do Jimmy Doyle in "After the Race; is Éire nua-aimseartha réasúnta é do Gabriel Conroy in "The Dead"; lorgaíonn Stephen brí dhifriúil dá shaol i ngach caibidil in *Portrait of the Artist as a Young Man* agus teipeann orthu ceann i ndiaidh a chéile; in *Ulysses*, déanann sé iarracht a thuiscint acadúil agus ealaíonta a úsáid chun brí a thabhairt don saol agus i ndeireadh na dála, is ó dheoraí eile – Leopold Bloom – a fhaigheann sé sólás. Tá an deighilt fós le feiceáil in *Finnegans Wake* idir Shaun agus Shem. Is é an port céanna a sheinneann Ó Conaire: is é an grá idéalach atá sa saol eile in *Deoraíocht;* an ealaín fhoirfe in "Ná Lig Sinn i gCathú"; is é saol na farraige in "Páidín Mháire" agus an grá boihéamach in "M'Fhile Caol Dubh".

Tagraíonn saothar na beirte do rud atá in easnamh i saol na gcarachtar, dá n-iarrachtaí ar rud éigin a chur in áit na bearna seo, agus don teip atá san iarracht sin. I gcás Joyce, is iomaí duine a fhéachann air sin mar chur síos ar *la condition humaine* ach is dóigh liomsa go bhfuil an freagra níos giorra don bhaile. D'fhás an bheirt fhear aníos ag an am tábhachtach céanna i stair na hÉireann. Bhí Éire ag an am faoi réim na Breataine. Léiríodh muintir na hÉireann mar ápaí i nuachtáin Shasana agus d'fhéach a pholaiteoirí agus a lucht acadúil ar na hÉireannaigh mar dhream fodhaonna. Bhí litríocht fhoilsithe na tíre go hiomlán i mBéarla. Tháinig meath uafásach ar úsáid na Gaeilge sa ghlúin roimhe sin agus tharla scoilt idir an dá theanga a bhí níos doimhne ná mar a bhí sí riamh. Fágadh ansin, iadsan a bhí san oirthear le tír gan teanga agus iadsan a bhí imeallaithe san iarthar le teanga gan tír. Is féidir a rá gur dheoraithe ab ea muintir na hÉireann ina dtír féin ag an am sin agus feictear gur sin é go díreach a léiríonn Joyce agus Ó Conaire ina saothar. Má bhí carachtair a gcuid leabhar ag fulaingt idir dhá fhéiniúlacht nach raibh sólás le fáil as ceachtar acu dóibh, bhí muintir na hÉireann ag fulaingt a ngéarchéim féiniúlachta féin. Má bhí na carachtair fhicseanúla ag

lorg saoil eile ina mbeadh cruth nua acu – saol físeanna agus ciméara, bhí muintir na hÉireann ag cruthú rómánsachas an *Celtic Revival* agus íonghlaineacht theangeolaíoch agus reiligiúnach na hAthbheochana.

Bhí Joyce agus Ó Conaire araon páirteach in athbheochan chultúrtha na hÉireann, rud a d'eascair as an bhfolús sóisialta agus cultúrtha a chruthaigh réim heigeamaineach na Breataine. Ach nuair a d'fhéach daoine eile leis an bhfolús a líonadh, d'fhéach an bheirt acusan lena léiriú go raibh sé ann. I ndeireadh na dála, is mó an mhacántacht a bhaineann lena n-iarrachtaí féin ná a bhí le feiceáil i saothar mórán scríbhneoirí eile lena linn. Pé moladh atá le dul do na scríbhneoirí eile siúd, i nGaeilge agus i mBéarla, ní féidir a rá go raibh macántacht sa tuairim go raibh ceilteachas mistiúil ag treorú na scríbhneoirí nó nár tharla Cath Cionn tSaile ar chor ar bith agus go raibh leanúnachas iomlán gan bhriseadh i litríocht na Gaeilge. Tá fírinne éigin áfach le feiceáil i saothar Uí Chonaire agus Joyce ach is fírinne í nach féidir a nochtadh os ard. Ní féidir ach í a chiorclú nó a chur in iúl don léitheoir go bhfuil sí ann. Bhí Ó Conaire agus Joyce ag tabhairt gutha do rud doléirithe mar a chonaic siad é i sícé na tíre – is é seo an fheasacht go raibh rud in éagmais sa tír – rud nárbh fhéidir a léiriú toisc nach raibh sé riamh ann. Ba é sin an leagan d'Éirinn a bheadh ann munar tharla Cath Cionn tSáile, an Gorta Mór nó Impiriúlachas na Breataine ar chor ar bith. Thagair an rud doléirithe seo do na seilfeanna lán le húrscéalta Gaeilge san 18ú haois, do na hamharclanna lán le daoine ag freastal drámaí Gaeilge in Éirinn ag an am céanna nó fiú d'Éirinn inar labhair gach éinne Gaeilge. Ní bheidh a fhios againn go deo conas a bheadh an tír sin agus, mar gheall air sin, is rud doléirithe é. D'éirigh muintir na hÉireann an-mheabhrach sa rud doléirithe seo le linn na beirte údar seo. Chruthaigh siad gluaiseachtaí chun an cultúr a bhí fágtha a shábháil agus a oiread agus ab fhéidir de a athghabháil. Ach ní féidir rud a athghabháil nuair nach raibh sé ann ar chor ar bith.

Tá dearcadh áirithe a bhaineann le hiar-nua-aoiseachas liteartha – i ngach teanga – sa lá atá inniu ann. I dteangacha eile, feictear tréithe den dearcadh i saothar scríbhneoirí iar-nua-aoiseacha ár linne mar

Salman Rushdie agus Umberto Eco. Tá baint idir an dearcadh seo agus teoiricí iarstruchtúraíocha daoine mar Derrida, Lyotard agus Barthes. Glactar leis, ó fhianaise a mbéal féin, gur tháinig na daoine seo go léir faoi anáil James Joyce. D'fhoghlaim na scríbhneoirí agus na teoiricí seo cuid mhaith dá dtuiscint agus dá bhfeasacht ointeolaíoch ar an rud is teanga ann óna léamh ar shaothar Joyce. Insíonn Joyce go díreach dúinn go mbíonn a fheasacht teanga féin ag sciorradh i gcónaí óna bonn siúráilte toisc gur bhraith sé go raibh a theanga dhúchasach, an Béarla, mí-oiriúnach dó. Léiríonn a shaothar go léir an coibhneas éiginnte seo le teanga. Áitím anseo go raibh an éiginnteacht seo fite fuaite sa tsochaí inar tógadh é, gur eascair sí as cúrsaí stairiúla na tíre agus go raibh tionchar mór aici ar ghluaiseachtaí agus scríbhneoirí na linne – ina measc, an Athbheocan agus go háirithe Pádraic Ó Conaire. Mar sin, áitím go dtagann iar-nua-aoiseachas na Gaeilge in oidhreacht ar rud éigin atá i bhfad níos bunúsaí i stair an iar-nua-aoiseachais liteartha ná teoiric iarstruchtúraíoch nó saothar iar-nua-aoiseach ár linne féin i dteangacha eile. Is é sin le rá, gur rud dúchasach, orgánach agus rud de bhunadh na tíre féin é.

2 An Béal Bocht agus Traidisiún na hAoire

Bhí traidisiún liteartha na haoire riamh láidir in Éirinn agus cuireadh cumhacht dhraíochtúil ina leith fiú – faoi rá is gurbh fhéidir le duine bás a fháil dá ndéanfaí aoir air. Lean an traidisiún seo ar aghaidh agus, mar a deir N.J.A. Williams i leith na haoire i dtréimhse na filíochta aiceanta "is suntasach go bhfuil na tréithe céanna le haithint orthu is a fheictear ar aortha na Moch-Ghaeilge" (1980:60). Mhair an aoir de bhrí go raibh tionchar aici ar shaol na ndaoine. Thaispeáin sí duáilcí os comhair an phobail le greann, áiféis agus áibhéil. Bhí an scigaithris agus an bhuirlisc mar uirlisí aici agus, mar sin, d'oibrigh sí laistigh gréasán idirthéacsúil. Mar a léiríonn Vivian Mercier in *The Irish Comic Tradition,* chuaigh an traidisiún seo go mór i gcion ar scríbhneoirí nua-aimseartha na hÉireann – fiú orthusan a scríobh i mBéarla, leithéid James Joyce. Ach i léann iar-nua-aoiseach, féachtar go minic ar an aoir mar réamhtheachtaí don iar-nua-aoiseachas. Mar a deir Brian McHale: "'Carnivalized' genres such as Menippean satire are in this sense official literature's dialectical antithesis and parodic double. Postmodernist fiction is the heir of Menippean satire and its most recent historical avatar" (1987:172). Ní foláir, mar sin, féachaint ar thraidisiún na haoire i litríocht na Gaeilge agus a thionchar ar an saothar iar-nua-aoiseach inniu. In ionad scrúduithe ghinearálta ar stair na haoire in Éirinn, b'fhearr anseo go ndéanfaí staidéar ar dhá théacs ar leith chun blas ceart a fháil ar an traidisiún seo. Féachfaidh mé, mar sin, ar *Aislinge Meic Conglinne* agus *Pairlement Chloinne Tomáis*. Ansin, féachfaidh mé ar aoir a scríobh duine de na ceannródaithe i litríocht iar-nua-aoiseach an tsaoil – *An Béal Bocht*, le Myles na gCopaleen

Bainim an-úsáid as uirlis na teoirice sa chaibidil seo. Tá tagairtí anseo do shaothair éagsúla le M.M. Bakhtin mar shampla. Féachaim ar a staidéar ar Rabelais, ar a thuiscint mar gheall ar ghuthanna liteartha atá monalógach nó dialógach, agus ar a léiriú ar na difríochtaí idir an eipic agus an t-úrscéal. Féachaim ar theoiric

Edward Said arís trí léirmheas Louis de Paor anseo. Úsáidim peirspictíocht Scott Gwara im staidéar ar Aislinge Mhic Conglinne; teoiric Wolfgang Iser im staidéar ar *An tOileánach*; léargas Vivian Mercier agus Mháire Ní Annracháin ar thionchar thraidisiún na haoire ar chúrsaí liteartha na hÉireann; chomh maith le léirmheastóirí M. Keith Booker, Keith Hopper, Sarah McKibben, N.J.A Williams, agus Declan Kiberd. Tá tagairt ann chomh maith do theoiric Jean-Francois Lyotard maidir le meitireacaireachtaí.

Aislinge Meic Conglinne

Scéal aorach scigaithriseach is ea *Aislinge Meic Conglinne* a gcuirtear dáta idir deireadh an 11ú céad agus tosú an 12ú céad ina leith. Faightear é in dhá lámhscríbhinn: leagan H – atá dea-dhéanta, loighciúil agus díreach; agus leagan B, atá luaite le bheith míloighciúil agus drochdhéanta – ach atá níos faide agus níos bríomhaire mar scéal. Tá mórán scríofa faoi stair, comhthéacs agus dáta an scéil, chomh maith le ceistiú faoi cé acu den dá leagan is sine. I dtús báire, ba mhaith liom a rá nach mbaineann ceisteanna mar sin le hábhar sa chomhthéacs seo de bhrí go mbeidh an pheirspictíocht atá idir chamáin anseo ag féachaint i dtreo an téacs mar a chuaigh sé i gcion ar théacsanna a lean é agus mar a léiríonn sé cultúr na haoire, na scigaithrise agus tréithe liteartha eile a bheadh ábhartha maidir le hiar-nua-aoiseachas. Mar sin, iniúchtar leagan B anseo thar H toisc go bhfuil níos mó den aoir agus den scigaithris ann, agus go bhfuil níos mó den chineál sin spiorad imeartais ann a bheadh oiriúnach den phlé seo i leith iar-nua-aoiseachais.

Is scéal fantaiseach áibhéalach é a bhaineann le Mac Conglinne (MC), file agus iarmhanach a théann go Corcaigh agus a fhaigheann mí-úsáid ó na manaigh ann. Ansin, sábhálann sé Cathal, an rí, ó chraosdheamhan le scéal ilchasta faoi thuras a rinne sé trí thír a bhí déanta go hiomlán as cineálacha bia. Déantar scigaithris ar an

mBíobla agus ar scéalta dúchasacha tríd síos agus aortar an eaglais, an lucht léinn agus na dlíodóirí. Mar a deir Robin Flower faoi:

> The tale . . . is one long parody of the literary methods used by the clerical scholars. At every turn we recognise a motive or a phrase from the theological, the historical or the grammatical literature. A full commentary of the Vision from this point of view would be little short of the history of the development of literary forms in Ireland.... The writer makes sport of the most sacred things, not sparing even the Sacraments and Christ's crucifixion.
>
> (Flower 76)

Tosaíonn an scéal le scigaithris ar shliocht taibhseach seanbhunaithe ó na téacsanna eaglasta agus liteartha a thagraíonn do na ceithre rud a oireann d'aon saothar liteartha. Cuirtear as a riocht é i gcomhthéacs an scéil mhagaidh seo, áfach, agus cruthaítear drochmhuinín in intinn an léitheora as úsáid na teanga leis an mbuirlisc seo ón tús. Tá tagairt ann ansin do Gheineasas le táirchéim Chathail a tharlaíonn dó de bharr úill a fhaigheann sé ó bhean. Tá cur síos déanta ag Scott Gwara ar an gcomhthreomhaireacht sin idir AMC agus Gheineasas a léiríonn go seasann Cathal do tháirchéim an chine dhaonna. Mar sin, más é Íosa Críost atá mar shlánaitheoir ag an gcine daonna, is é MC féin atá mar shlánaitheoir ag muintir na Mumhan ó chraosaireacht Chathail. Níl ansin, áfach, ach an chéad cheann den iliomad tagairtí don Bhíobla agus den bhuirlisc a dhéantar sa scéal seo. Mar shampla, daortar MC chun báis go héagórach, faigheann sé sciúirse, ceanglaítear le piléar é, tá air a chroch féin a iompar go háit a chrochta ach saortar é faoi dheireadh de bharr cúiseanna osnádúrtha. Mar a dúirt Kenneth Jackson, tá an iomarca ráite ag mórán criticeoirí eile faoin mí-aistriú a rinne Kuno Meyer ar an bhfocal 'crochaid' go 'crucifixion'. Ach fós, pé acu a chuirtear MC ar croch nó ar chros, fanann an chomhthreomhaireacht in intinn an léitheora idir páis

Chríost agus páis MC. Ansin, nuair a scaoiltear saor é, téann sé chun an Mhumhain a shaoradh ó chraosaireacht Chathail mar a rinne Críost an cine daonna a shaoradh ó pheaca an tsinsir – rud a tharla de dheasca ithe úill eile – agus críochnaíonn sé ina shuí in aice an rí. Oibríonn an scéal mar scigaithris ar na soiscéil agus ar shaol Chríost agus ba dheacair gan féachaint air mar thruailliú blaisféimeach air. Tá oiread den áiféis ann chomh maith, áfach, leis an iarmhanach agus file neamhcháilithe seo in ionad Chríost.

Faightear scigaithris eile in AMC ar na scéalta laochais nuair a bhuaileann Cathal agus MC le chéile. Tá fearg ar Chathal agus tagann athrú mór air a mheabhraíonn riastradh Chúchulainn dúinn. Brúnn sé a dhroim i gcoinne bhalla an tí ansin agus bogann sé an teach go léir – mar a rinne Cúchulainn in Fled Bricrenn. Feictear an áiféis chéanna arís nuair a smaoinítear ar Chathal mar dhuine atá, de dheasca a chuid craosaireachta, ina fhear murtallach faoin am seo – malairt Chúchulainn. Is díol suime, áfach, go bhfuil Ádhamh agus Cúchulainn, an dá charachtar seo a luaitear le Cathal, araon ina gcarachtar réamh-Chríostaí. Is féidir tagairt a fheiceáil den bhua a rug an Chríostaíocht ar an saol a bhí ann roimpi – le MC, mar ionadaí Chríost, atá ina shlánaitheoir ag Cathal, agus é féin mar ionadaí Chúchulainn agus Ádhaimh.

Cuireann Lahney Preston-Matto cáilíochtaí Pontius Pilate i leith Manchín toisc gurb é a lomann agus a sciúrsálann Críost. Tugann sí faoi deara, áfach, nach bhfuil na tréithe comhbhácha céanna ag Manchín agus atá ag Pilate. Ach is féidir a áiteamh go mbaineann Manchín níos mó le Cáiafas, an t-ardsagart Giúdach, ná mar a bhaineann sé le Pilate. Tá sé seo le feiceáil nuair a iarrtar ar MC dul chun cabhair a thabhairt do Chathal agus tiontaíonn sé focail Cáiafais ar ais ar Mhanchín: “Is c*u*mma leam cia dig Cathal mac Finguine 7 fir Muman co Leth Mog[a] N*uadat* 7 m*uintir* C[h]orccaige, 7 Manchín ria cách 7 iar cách, i nd-éc 7 i nd-iff*er*n a n-aen oidhce, uair bet fessin i n-aentaid in Athar 7 in Meic 7 inSpir*uta* N*aíb*” (Jackson 17 líne 513). Tagraíonn sé seo don líne: “Ba é Cáiafas seo a thug an chomhairle úd do na Giúdaigh gurbh é a leas é go bhfaigheadh aon

duine amháin bás ar son an phobail" (Eoin 18:14). Bhain Pilate leis an Róimh agus mar sin, bhí baint aige leis an saol Críostaí mar a samhlaíodh é do scríbhneoir na meánaoiseanna. Bhí Cáiafas ann, áfach, mar ionadaí den seanshaol Giúdach. Mar sin, cé gurbh fhéidir an scigaithris agus an bhuirlisc áiféiseach a dhéantar de na soiscéil in AMC a fheiceáil mar bhlaisféim, tá comharthaí áirithe ann a léiríonn gurb é a mhalairt atá i gceist agus go n-oibríonn sé mar chur síos ar bhua na Críostaíochta ar an saol réamh-Chríostaí. Déantar é seo le hardáiféis áfach agus cruthaíonn sé sin débhríocht agus íoróin sa téacs ar an teachtaireacht bheacht atá ann – rud atá oiriúnach mar ábhar plé ar fhoinsí iar-nua-aoiseachas na Gaeilge. Feictear gnéithe difriúla den scigaithris ann a chuireann isteach ar a chéile agus atá mífhreagrach lena chéile. Fágtar ceisteanna ann, mar sin, faoi chiall an scéil agus an teachtaireacht dhíreach atá ann.

Léiríonn reacaire an scéil neamhchinnteacht i leith eachtraí an scéil féin nuair a luaitear easaontas idir na scéalaithe agus leabhair Chorcaí – a fhoinsí féin, de réir dealraimh. Is suimiúil an tslí ina ndéighleáiltear leis seo sa téacs. Deirtear gurbh é tuairim na scéalaithe gur léim an craosdheamhan i mbéal ghiolla an tsagairt – duine a bádh ina dhiaidh sin. Ba é tuairim leabhair Chorcaí, áfach, gur cuireadh faoi choire é agus gur cuireadh an teach trí thine ina thimpeall. I ndiaidh don reacaire an t-easaontas idir na foinsí a léiriú don léitheoir, ní bhacann sé le tuairim na scéalaithe ar chor ar bith agus insíonn sé an scéal mar a fhaightear é i leabhair Chorcaí. Is díol suime é, áfach – sa scéal seo a chloíonn go daingean leis na soiscéil – gurb é scéal na scéalaithe a bhaineann le scéal an Bhíobla. Nuair a dhéanann Críost deamhandíbirt ar fhear, deirtear gur: "Tháinig na deamhain amach as an duine agus chuaigh isteach sna muca. Agus chuaigh an tréad ina ruathar le fána isteach sa loch agus bádh iad" (Lúcás 8:33). Mar sin, léiríonn an reacaire nach bhfuil leagan deifnídeach den scéal le fáil agus, ag an am céanna, briseann sé an patrún le scigaithris eaglasta a chur síos – anois agus rogha aige idir dhá leagan. Díríonn sé sin níos mó airde in intinn an léitheora ar an téacs mar scigaithris. Tá sanas ann mar sin, nach bhfuil na scéalaithe ach ag athinsint na soiscéal ach

leis sin, léirítear nach bhfuil an reacaire ach i mbun an ruda cheannainn chéanna. Oibríonn an sliocht seo, áfach, mar léiriú meitificseanúil ar an tslí ina bhfuil rogha le déanamh ag gach scéalaí.

Is foirm liteartha í an scigaithris a thagraíonn do stíleanna agus d'fhoirmeacha eile agus, mar sin, pléitear na modhanna liteartha atá acu agus cuirtear na gnéithe is suntasaí ina leith os comhair an léitheora go soiléir. Tugtar aird ar shaothar eile – agus an saothar scigaithriseach féin leis – mar dhéantúsán liteartha. Tá gnéithe den scigaithris, mar sin, atá níos meitificseanúla ná saothair eile. Tá cáilíocht sheachthéacúil fhéin-chomhfhiosach ag an scigaithris agus baineann sé sin leis an gcur chuige iar-nua-aoiseach. Féachann AMC le ceann de na saothair liteartha is tromchúisí, an Bíobla, a úsáid mar uirlis liteartha i saothar greannmhar. Feictear cur síos ar bhua na Críostaíochta ar shaoldhearcadh eile, ach i slí atá áiféiseach agus a bhfuil cuma bhlaisféimeach air. Cruthaítear débhríocht mhór sa téacs leis sin.

Mar aoir, tá AMC dírithe ar ghnéithe áirithe dá saol comhaimseartha agus tá cur síos déanta ag Kenneth Jackson ar na trí chuspóir aoracha atá ann – an eaglais, an lucht dlí agus an lucht liteartha. Tá na dánta agus cuid mhaith den phrós mar an gcéanna sa dá leagan ar marthain ach rinne scríbhneoir B iarracht ar shaothar a chruthú a bhí i bhfad níos aoraí. Déantar é seo le reitric atá bríomhar agus spórtúil agus cé go bhfuil cúis theagascach ag baint leis, mar aoir, tá dráma ag baint leis chomh maith. Cé go bhfuil ocht gcéad bliain ann ó scríobhadh é, tá an agóid chomhaimseartha fós le brath sa scéal seo – mar gheall ar an imeartas reitriciúil, an scigaithris, an teanga ornáideach, an áibhéil agus an áiféis a úsáidtear ann.

Tá úsáid na teanga ina cuid thábhachtach de spiorad an imeartais in AMC. Tá solaoid air seo sna haislingí féin ina bhfuil ábhar gach ruda agus ainm gach duine bunaithe ar chineál bia. Baineann sé sin leis an aoir sa tslí ina bhfuil an iomadúlacht tomhaltais seo ina tagairt d'easpa flaithiúlachta a fhaightear i saol comhaimseartha an aorthóra – ó na manaigh mar shampla. Déantar é seo leis an oiread sin imeartas teanga, áfach, gur dheacair a rá cé acu is tábhachtaí don scéal – an

agóid san aoir nó an teanga spórtúil a úsáidtear chun í a léiriú. Feictear buirlisc scig-ghaisciúil chomh maith mar léiriú ar an imeartas teanga a úsáidtear chun an aoir a chur chun cinn, mar shampla, luaitear go bhfuil na dreancaidí ar bhlaincéad MC chomh flúirseach le drithlí tine nó réaltaí na neimhe. Seo é, mar a léiríonn Jackson, an cineál teanga a úsáideadh faoin oiread fear a mharófaí sna scéalta laochais. Tá an teanga spórtúil, scig-ghaisciúil seo ag tabhairt airde do shuarachas na manach mar mhéadú ar an aoir.

Feictear an áibhéil agus an áiféis ina léiriú chomh maith ar an imeartas reitriciúil a úsáidtear sa scéal chun an dráma atá san aoir a chur chun cinn. Feictear é seo san oiread bia lena dtosaíonn Cathal a bhéile: "Mucc 7 mart 7 ag t*eór*a ferglacc, la trí fichte bairgen do fhir-c[h]ruithnecht, 7 dabach do nua chorma 7 trícha og rerchirce" (Jackson 1 líne 14). Feictear arís é sa turas a rinne MC idir Ros Comáin agus Corcaigh in aon lá amháin. Tá an-áiféis le feiceáil sna rudaí a éilíonn MC – agus a fhaigheann sé dá réir – ó Phichán agus ó Chathal. Níl fianaise ar bith ann go bhfuil aon cháilíocht aige mar fhile nó mar bhard agus téann a chuid éileamh thar fóir ar fad. Tá áiféis ann chomh maith sa tslí ina n-iarrann sé cead cainte ar dhaoine ach nuair a fhaigheann sé é, diúltaíonn sé aon rud a rá nó go mbeadh gealltanas aige go gcomhlíonfaí a chuid éileamh.

Féachann Lahney Preston-Matto air mar réamhtheachtaí do shaothar ar nós *The Land of Cokaygne* agus, ó shin i leith, do Rabelais, Swift, Dryden agus Pope. Bhí AMC scríofa ceithre chéad bliain sular rugadh François Rabelais ach is féidir tréithe a fheiceáil ann a dtugtar raibiléiseach orthu anois. Mar aoir, oibríonn sé mar ionsaí ar an mór-is-fiú ina shaol comhaimseartha – an eaglais, an lucht dlí agus an lucht liteartha; is scéal fantaiseach é atá lán le háiféis agus le háibhéil; agus is scéal é ina bhfuil an bhéim ar fheidhm chorpartha an duine – tréith raibiléiseach. Feictear é seo sa tslí ina bhfuil sé bunaithe ar bhia – an rud is bunúsaí sa saol. Sa scéal raibiléiseach, íslítear an duine go dtí a leibhéal is nádúrtha agus is bunúsaí. Mar sin, léirítear gach nóisean ardnósach mar chur i gcéill nuair atá sé curtha os comhair íomhá an duine seo sa bhfoirm is fíre

agus is simplí. Seo é go díreach an rud a dhéanann MC nuair a thugann sé ginealach Mhanchín dó agus é lán le hainmneacha a bhaineann le cineálacha bia. Ceapann Manchín gur iarracht ar é a mhaslú atá ann ach deir MC nach ea. Níl sé ach ag iarraidh a léiriú dó go bhfuil sé síolraithe ó dhaoine nárbh fholáir dóibh bia a ithe cosúil le gach éinne eile – pé ardnós a bhain leis nó leo.

Tá réim liteartha leathan ag AMC agus oibríonn sé laistigh de chomhthéacs toisí idirtheacsúla a linne. Is suimiúil an cur síos a rinne Tomás Ó Floinn air:

> píosa litríochta a dhéanann léirmheas criticiúil ar an saol comhaimseartha faoi chulaith na cumadóireachta. Aor agus magadh atá ann tríd síos, aor agus magadh faoin gcreideamh, faoi lucht eaglaise, faoi nósanna na haimsire, agus ina theannta sin faoi stíl agus modh inste lucht staire agus scéalaíochta na Gaeilge.
>
> (17)

Tá 'léirmheas criticiúil' ina chuid thábhachtach den saothar iar-nua-aoiseach sa lá atá inniu ann. Is féidir chomh maith, comhthreomhaireacht a fheiceáil idir an téarma seo "stíl agus modh inste lucht staire agus scéalaíochta" agus coincheap meitireacaireachta Lyotard. Tá spiorad an imeartais ar fud an leabhair agus feidhmíonn sé go féin-chomhfhiosach i slite atá an-suimiúil i gcomhthéacs an tsaothair iar-nua-aoisigh.

Pairlement Chloinne Tomáis

Saothar a scríobhadh sa 17ú haois is ea Pairlement Chloinne Tomáis agus tá sé lán le greann agus áiféis. Feictear mórán de na gnéithe siúd atá luaite thuas le h*Aislinge Meic Conglinne* in *Pairlement Chloinne Tomáis* – aoir, scigaithris agus greann raibiléiseach. Tá imeartas liteartha ann i bhfoirm ainmneacha greannmhara na gcarachtar agus an teanga áiféiseach a úsáidtear tríd síos. Is saothar scig-stairiúil é a aorann lucht na tuaithe agus a

chuireann ginealach leathdheamhanta ina leith. Ní haon aonad amháin atá ann, áfach, ach dhá théacs a bhí scríofa leathchéad bliain óna chéile ag scríbhneoirí difriúla. Tugann N. J. A. Williams PCT I agus PCT II orthu siúd. Féachfaidh mé anseo ar PCT I toisc go mbaineann sé le hábhar na hoidhreachta sin a fuair iar-nua-aoiseachas na Gaeilge óna réamhtheachtaithe liteartha i bhfad níos fearr ná mar a bhaineann PCT II leis.

Díshealbhaíodh cuid mhaith de na huaisle sa 17ú haois agus áitíonn Williams go raibh an dá théacs scríofa ag beirt de na huaisle mar aortha i gcoinne na cosmhuintire a d'aistrigh go héasca go réim nua na bPlandálaithe. Tá mídhílseacht mar chuid de na drochthréithe atá curtha ina leith – chomh maith le hamadántacht, foréigean, tútachas agus mórán drochthréithe eile nach iad. Cruthaítear scéal scig-stairiúil faoin dream sin ar a dtugtar Clann Thomáis, a sheasann do lucht na tuaithe go léir, agus deirtear fúthu gur shíolraigh siad ó Bhelsebub i ndiaidh dó éirí amach in aghaidh Sátan – aingeal an uabhair féin a chuaigh in aintreise ar Dhia. Mar sin, cuirtear ginealach mídhílseachta ina leith a théann ó lucht na tuaithe díreach ar ais go dtí an chéad mhídhílseacht sin do Dhia. Insítear in PCT I gur díbríodh Belsebub ó ifreann i ndiaidh coimhlinte ina raibh sé féin, Sátan agus Abíron páirteach. Mioncharachtar ón mBíobla is ea Abíron, duine a cuireadh go hifreann i ndiaidh dó comhcheilg a dhéanamh in éadan Maoise. Is féidir a rá, mar sin, cé gur scéal faoi dhream garbh é, go raibh sé dírithe ar phobal léannta a raibh eolas acu ar a leithéid.

Tá cur síos ar Chlann Thomáis ar fud an scéil mar dhream garbh, foréigneach agus doicheallach. Luaitear iad ag ithe "amhuil do bhiadaois cloigis do mhucaibh garbha gortacha ag coimheasgur fa dheireadh dríodair praisge nó anbhruithe" (Williams: líne 676 /lch. 21). Tá cuid de na heachtraí is greannmhaire atá ann sna troideanna eatarthu agus ina ndíograis chun a bheith ag troid lena chéile. Feictear é seo nuair atá an dara Parlaimint in PCT I ar siúl agus tugtar poist mar spéicéirí do Sheaán tSéidéanach agus do Bhernard Ó Bhruic. Ní thuigeann siad cad atá sa phost, áfach, agus tuairimíonn siad go mbaineann sé leis na spéicí atá acu agus gur chóir dóibh daoine a

bhualadh leo – mar a tharlaíonn. Tá an t-imeartas focal seo ina sholaoid ar an gcineál spleodair reitriciúil a fheictear tríd síos. Tá sé le fáil chomh maith sna sloinnte a thugtar ar Mhuintir Thomáis. Ainmneacha magúla áiféiseacha atá iontu go léir agus tá cuid mhaith acu an-scaiteolaíoch – Ó Cróntoill nó Ó Braimpléisge mar shampla. Tréith raibiléiseach atá anseo ach méadaíonn sé an aoir ar an gcosmhuintir chomh maith. Tá an-úsáid de bhuirlisc in PCT chomh maith atá ina mhéadú eile ar an aoir. Feictear é seo san oscailt mhórchúiseach a chuireann Murchadha lena óráid: "A bhráithreacha ionmhuine . . . agas a shliocht céillidhe cianradharcach Thomáis Mhóir mhic Liobair Lobhtha mhic Lóbuis mhic Dracapéisde mhic Beilsebub" (12).

Oibríonn PCT mar scigaithris chomh maith agus féachann Williams air mar scéal a bhain an-úsáid as traidisiún liteartha na hÉireann. Ag caint faoin údar, deir sé: "one can legitimately regard PCT I, among other things, as his personal gloss on the entire Irish literary tradition down to his own day" (lx). Feictear cuma scig-ghaisciúil sna troideanna a mheabhraíonn na scéalta laochais dúinn. Leis sin, tá tagairtí d'fhíordhaoine stairiúla atá measctha leis an stair bhréige atá curtha i leith Chlann Tomáis. Luaitear Anraoi VIII agus Eibhlís I (13) chomh maith le Néill Naoighiallaigh (1), Brian Bóroimhe (13), Feidhlime Mac Criomhthain (4), Rí Séamas (23) agus luann Williams Tomás Mór féin le Thomas More. Baineann réalachas áiféiseach leis an scéal sa mheascán seo de thagairtí liteartha agus stairiúla ar thaobh amháin agus na heilimintí miotaseolaíocha ar an taobh eile. Cé go síolraíonn Clann Tomáis ó Bhelsebub agus gur áiféis den chéad scoth atá in eachtraí an scéil, níl mórán eilimintí fantaiseacha ann. Feictear solaoid amháin ina bhfuil iomaíocht idir Cathal Crón agus Tomás mac Conaill Chnáimhreamhair. Scoilteann Cathal ceann Thomáis agus titeann leath a chinn ar a bhrollach. Ní chuireann sé sin aon bhac ar an troid áfach agus leanann Tomás ar aghaidh le buile fhíochmhar dá chuid féin mar chúiteamh air. Is buirlisc é seo ar na scéalta laochais ach, sa chuid is mó den scéal, feictear gurb í an áiféis seachas an fhantaisíocht atá sna heachtraí féin,

cé go dtosaíonn an scéal ar bhonn miotaseolaíoch. Méadaítear an aoir ar lucht na tuaithe trí chuma na réaltachta seo sa scéal – dá áiféisí é.

Tá gnéithe raibiléiseacha le feiceáil ar fud PCT agus áitíonn Williams go raibh seans ann gur tháinig an t-údar faoi anáil Rabelais. Feictear é seo go mór sna troideanna, atá ina léiriú ar an gcine daonna ar a leibhéal is ísle, agus sna hainmneacha agus na heachtraí scaiteolaíocha. Ní hamháin, áfach, go n-íslítear íomhá an duine go dtí a leibhéal is nádúrtha le cur síos ar ghealtacht agus ar fheidhmeanna corpartha ach is í úsáid na teanga féin chomh maith a chruthaíonn an t-imeartas fiáin atá sa scéal raibiléiseach. Is féidir an saibhreas seo, chomh maith leis an fhéith scaiteolaíoch, a fheiceáil go soiléir sa sliocht seo:

> do ghabhsad ag leadradh 7 ag leonadh agas ag smúchadh ar a chéile dá ramhardhóidibh dúra drochúmtha, 7 dá gcorránuibh cama cíochracha croisfhiaclacha, agas dá mileoguibh maola meirgeacha mísgiamhucha, a gceannaibh, a gcluasaibh agas a gcamshrónuibh a chéile, gur bhá líonta an t-úrlar uile do chac agas do mhún agas d'fhuil dhubhghoirm agas don uile shórd brocnuightheachta, agas do chamsgáladhuibh praisge agas anbhruithe fána gcosaibh agas fána gceannaibh agas fána gcaoingcínibh acu.
>
> Williams 9 (línte 264-272)

San imeartas liteartha seo áfach, feictear foinsí na saothar turgnamhach sa lá atá inniu ann. Seo é an argóint a dhéanann Máire Ní Annracháin in "Litríocht na Gaeilge i dtreo na mílaoise": "nach dtiocfaidh muid ar thúsphointe an nua-aoiseachais liteartha áit ar bith i dtraidisiún na Gaeilge. B'fhánach an tóir, mar déanann an oiread de thréithe an nua-aoiseachais macalla le saintréithe litríocht na Gaeilge roimh aimsir na hAthbheochana" (1999:23).

An Béal Bocht

Feictear tréithe in *Aislinge Meic Conglinne* agus *Pairlement Chloinne Tomáis* gur féidir glacadh leo mar thréithe a dtagann iar-nua-aoiseachas na Gaeilge in oidhreacht orthu i dtaca lena meon chun imeartais liteartha agus lena gceistiú ar pheirspictíochtaí réamhdhéanta dá saol comhaimseartha. Ach i gcás *An Béal Bocht*, (a scríobhadh faoin ainm Myles na gCopaleen), feictear úrscéal a nglactar lena údar go forleathan mar thionscnóir iar-nua-aoiseachais liteartha. Scríobh Brian Ó Nualláin úrscéalta Béarla, mar *At Swim-Two-Birds* agus *The Third Policeman*, faoin ainm cleite Flann O'Brien agus feictear iontu cineál imeartais liteartha ina bhfuil coincheapa de phlota, scéal, charachtracht agus fhoirm curtha as a riocht. Úsáidtear meitificsean agus paistís go forleathan sna leabhair seo agus cruthaítear cathair ghríobháin atá le leanúint ag an léitheoir. Tháinig sé faoi anáil Joyce go mór ach bhí a stíl uathúil féin aige a bhí lán le spraoi agus le greann.

Tá mórán ráite, mar sin, faoi Bhrian Ó Nuallain mar scríbhneoir iar-nua-aoiseach maidir lena shaothar Béarla. In *Flann O'Brien: A Portrait of the Artist as a Young Post-Modernist*, mar shampla, scrúdaíonn Keith Hopper tréithe seo an údair go mion ach díríonn sé ar na húrscéalta Béarla a bhí scríofa faoin ainm Flann O'Brien seachas ar na tréithe iar-nua-aoiseacha mar a fheictear iad in *An Béal Bocht.* Féachtar go minic ar an leabhar Gaeilge mar aoir ar thréithe áirithe de chuid mhuintir na hAthbheochana amháin agus mar scigaithris ar shaothar áirithe Gaeilge a linne. Ach bhí an aoir in úsáid ag Ó Nualláin sna leabhair Bhéarla chomh maith. Féachann Keith Hopper ar *The Third Policeman* mar "post-modernist Menippean satire...and as a parabolic text which specifically satirises reductive forms of critical thought" (195).

Is fíor, áfach, gur aoir é *An Béal Bocht* atá scríofa de réir feidhme sóisialta áirithe. Ina aiste "Myles na gCopaleen agus Drochshampla na nDealeabhar", pléann Louis de Paor Brian Ó Nualláin mar

réamhtheachtaí den chritic iarchoilíneach. Tagraíonn sé do shaothar Edward Said, *Orientalism,* agus féiceann sé comhthreomhaireacht idir na slite ina n-athscríobhtar an t-oirthear trí mheán téacsanna coilíneacha agus na slite ina athscríobhtar Corca Dhorcha in *An Béal Bocht* de réir litríocht na hAthbheochana. Tá baint áirithe idir iarchoilíneachas agus iar-nua-aoiseachas sa tslí ina gceistíonn iarchoilíneachas meitireacaireachtaí sa pheirspictíocht choilíneach. Léiríonn critic iarchoilíneach – agus theoiric Said go háirithe – go gcruthaíonn an dearcadh coilíneach íomhá den phobal coilínithe atá eisintiúil agus bunaithe ar a stádas mar chuid den impire. Féachann Louis de Paor anseo ar an tslí ina múnlaítear an saol in *An Béal Bocht* de réir pheirspictíocht idéalaithe na gcuairteoirí: "Is dóigh liom gur féidir ionannú a dhéanamh, a bheag nó a mhór, idir cumhacht na dtéacsaí cóilíneacha a chuir a gcló féin siar ar mhuintir an oirthir agus aintiarnas na ndealeabhar a athchóiríonn cinniúint Chorca Dorcha de réir a ngné féin in *An Béal Bocht*" (26).

Féachann de Paor anseo ar eispéireas Uí Nualláin féin sa Ghaeltacht (de réir théacs a dhearthár) agus ar an tslí ina raibh tuiscint mhaith aige go raibh rómánsachas agus idéalachas na hAthbheochana ag déanamh beagchúraim den bhochtanas crua a d'fhulaing muintir na Gaeltachta féin. Féachann de Paor go sainiúil ar chur chuige Uí Nualláin a cheistíonn cumhacht téacsanna agus na teanga chun an saol nithiúil a léiriú: "Ar a cholún san Irish Times díríonn Myles na gCopaleen arís agus arís eile ar an mbearna idir focail agus na nithe a thuigtear a bheith i gceist leo" (29). Mar sin, is féidir a fheiceáil conas a bheadh critic iarchoilíneach agus iar-nua-aoiseach ag obair le chéile anseo. Nuair a cheistítear meitireacaireacht choilíneach a chruthaíonn leagan eisintiúil bréagach den phobal coilínithe, ceistítear chomh maith an próiseas coincheapúil a oibríonn trí theanga agus lena gcruthaítear tuiscint ar fhéiniúlacht. In *An Béal Bocht*, tá ceist na féiniúlachta agus ceist na teanga dofhuascailte óna chéile.

Pléann Sarah McKibben an t-úrscéal seo i gcomhthéacs na féiniúlachta náisiúnta in "*An Béal Bocht*: Mouthing off at National Identity". Deir sí: "By sundering the assumed identity between the

Irish language and nationalism, Ó Nualláin revokes the status of the language as guarantor (and mausoleum) of national identity" (*Éire-Ireland* 2003:39). Is léir go bhfuil ceisteanna socheolaíocha fite fuaite le chéile in *An Béal Bocht*. Osclaíonn na ceisteanna seo, áfach, ceisteanna ointeolaíocha maidir le féiniúlacht, suibiachtúlacht agus nádúr na teanga. Pléann McKibben an t-úrscéal agus "its deconstructive mission" (*Éire-Ireland* 2003:43) agus áitíonn sí go scarann sé an teanga féin ón bhféiniúlacht shiombalach sin a bhí mar chuid den idé-eolaíocht náisiúnaíoch lenar samhlaíodh í i rith na hAthbheochana. Dá bharr sin, áfach, feiceann sí feasacht fhéin-chomhfhiosach i leith na teanga san úrscéal chomh maith: "The resulting fractured linguistic representation takes on the energy of a sly critique and satiric commentary, and moves language from the imposed limitations of mimesis to the expressive playfulness of production, representation, and metacommentary on its own state" (*Éire-Ireland* 2003:39).

In "*The Poor Mouth*: A Parody of (Post) Colonial Irish Manhood", luann sí ilghnéitheacht na teanga mar chur chuige eile a scriosann an t-ionannú idir an teanga agus aon idé-eolaíocht absalóideach amháin:

> Moreover, throughout the book, the Gaels' own speech reads as irredeemably fractured, a mish-mash of dialects, bilingual puns and solecisms, the product of proliferating multidirectional translation that demonstrates the inability of language to cleave to a single "master," particularly in the overdetermined conditions of the (post) colony.
>
> (McKibben – Winter 2003:111)

Is féidir a rá go gcruthaíonn *An Béal Bocht* feasacht fhéin-chomhfhiosach ar nádúr na teanga nuair a dhiúltaíonn sé don tuiscint go bhfuil sí dofhuascailte ón idé-eolaíocht absalóideach náisiúnaíoch. Tá toise ointeolaíoch leis an bhfeasacht seo a bhfuil impleachtaí iar-

nua-aoiseacha aici agus feictear téamaí eile sa leabhar chomh maith a chuidíonn léi.

Níl aon dabht ach gur aoir mhenippíoch é *An Béal Bocht* ach fágtar an cheist cé acu atá sé ina aoir shimplí ar mhuintir na hAthbheochana nó an bhfuil sé dírithe ar chúrsaí atá níos leithne ná sin. In "An Béal Bocht agus an Béarla" in *Idir Dhá Chultúr*, féachann Declan Kiberd ar an úrscéal ó thaobh a leithéid seo de théamaí – ceisteanna faoi mhiotas an údair, mhiotas na pearsantachta agus ar fhadhbanna mar gheall ar fhéiniúlacht na gcarachtar – idir mhuintir Chorca Dorcha agus Mhuintir Bhaile Átha Cliath. Tugann sé 'Joseph K' ar Bhónapárt ag tagairt dá thréithe Kafkacha agus é ag dul go príosún ag deireadh an scéil agus léiríonn sé go bhfuil *An Béal Bocht* ag déighleáil le ceist na féiniúlachta i leith an té atá sáinnithe idir dhá chultúr. Feictear é seo sa tslí ina bhfuil gach éinne san úrscéal ag iarraidh éalú óna chultúr féin go dtí cultúr eile – Gaeilgeoirí Bhaile Átha Cliath i dtreo na Gaeilge; muintir Chorca Dorcha i dtreo an Bhéarla – mar atá le feiceáil le ciúta an tSeanduine i rith na feise: "Ní saoirse go Seoirse" (48). Mar a deir Kiberd: "níl aon duine sa scéal seo inchurtha lena dhúchas, mar níl aon duine istigh leis féin" (1993:205). Mar sin, tá ainmneacha cosúil leis 'an Nóinín Gaelach' ag na Gaeilgeoirí agus ainmneacha de leithéid Bhónapáirt agus Shitric ag muintir na Gaeltachta.

Molann Declan Kiberd dúinn *An Béal Bocht* a shuíomh i dtraidisiún Béarla "óir tugann sé an-léargas dúinn ar chruachás an té atá sáinnithe idir dhá chultúir" (1993:205) agus déanann sé comparáid idir na carachtair seo in *An Béal Bocht* agus Gabriel Conroy in "The Dead" le Joyce. Aontaím leis ó thaobh an cheangail seo le saothar Joyce ach ní aontaím go mbaineann an tréith seo le traidisiún an Bhéarla amháin – seachas le traidisiún na Gaeilge. Más fíor é sin, ní foláir Pádraic Ó Conaire a shuíomh i dtraidisiún an Bhéarla chomh maith. Is fíor go gcuireann *An Béal Bocht* deighilt féiniúlachta in iúl ach feictear an deighilt chéanna i saothar Uí Chonaire agus Joyce – idir traidisiún na Gaeilge agus traidisiún an Bhéarla araon.

Ach fós, is deacair chomh maith *An Béal Bocht* a lonnú go compordach i dtraidisiún liteartha na Gaeilge – go háirithe ós rud é gur leabhar ó údar dátheangach é agus go gcáintear go díograiseach cuid mhaith de litríocht Gaeilge a linne ann. Tá an míchompord seo mar chuid den débhríocht a chruthaíonn an leabhar i leith cheist na féiniúlachta áfach. Is débhríocht é a bhaineann leis an leabhar féin chomh maith lena charachtair. Tá stádas seachthéacsúil ag an leabhar, mar sin, a bhaineann leis an gceist lárnach sa leabhar faoin rud is Gaelachas agus Éireannachas ann.

Ní féidir, áfach, gan *An Béal Bocht* a shamhlú mar chuid de thraidisiún na haoire i litríocht na Gaeilge. Tá an cheist seo faoin oidhreacht a fuair scríbhneoirí Éireannacha nua-aimseartha an Bhéarla ó thraidisiún liteartha na Gaeilge – go háirithe ó thraidisiún na haoire agus an ghrinn – pléite go mion ag Vivian Mercier in *The Irish Comic Tradition*. Deir sé anseo: "there *is* an Irish comic tradition, one which can be traced from the very beginnings of Gaelic literature and be shown to flourish in the Anglo-Irish literature of our own day" (246). Má tá an ceart aige anseo maidir le scríbhneoirí Béarla, ba mhó a shamhlaítear go rachadh an traidisiún seo i gcion ar scríbhneoirí Gaeilge mar Bhrian Ó Nualláin. Feictear a lán cosúlachtaí fiú leis an dá scéal a phléitear sa chaibidil seo – *Aislinge Meic Conglinne* agus *Pairlement Chloinne Tomáis* – ó thaobh na háiféise agus an scigmhagaidh atá ann. Tá an áiféis chéanna, mar shampla, sa rírá ag an bhfeis in *An Béal Bocht* is atá ag na comhdhálacha in *Pairlement Chloinne Tomáis*. In *An Béal Bocht* chomh maith, feictear an t-ionsaí ar an mór is fiú – cuairteoirí chuig an Ghaeltacht nó cigire an Stáit – chomh forleathan agus chomh nimhneach is atá sé in *Aislinge Meic Conglinne.* Mar atá le feiceáil in AMC, chomh maith, déantar é seo i gcomhthéacs thoisí idirthéacsúla a linne.

Mar scigaithris, féachann *An Béal Bocht* ar shaothair liteartha na hAthbheochana ar nós na ndírbheathaisnéisí ón mBlascaod (*An tOileánach* le Tomás Ó Criomhthain go háirithe) agus scríbhneoirí Thír Chonaill (leithéidí 'Mháire'/ Shéamais Uí Ghrianna). Tugann

Breandán Ó Conaire cuntas cuimsitheach dúinn in *Myles na Gaeilge* ar an úsáid a bhain Ó Nualláin as téamaí, teanga, eachtraí agus frásaí áirithe a fuair sé sna scéalta seo. Mar sin, tá toisí idirthéacsúla an úrscéil le feiceáil ar fud an leabhair agus treisíonn sé sin a thoisí meitificseanúla. Déanann sé athrá ar an bhfrása 'ní bheidh ár leithéidí arís ann' a thagann as *An tOileánach* le Tomás Ó Criomhthain. Úsáideann Ó Nualláin é tríd síos, ag baint grinn agus áiféise as lena athrá agus leis na suíomhanna coiméideacha ina lonnaíonn sé é. Cé gur fíorannamh a fhaightear é sa téacs féin in *An tOileánach*, cuireadh é mar mhana ar an leathanach teidil den chéad eagrán. Mar sin, tugtar aird dó, ní hamháin mar shliocht as *An tOileánach*, ach mar mhana de chuid na hAthbheochana a cruthaíodh mar gheall ar ghníomh eagarthóireachta.

Mar sin, athraítear é ó líne shimplí i dtéacs Uí Chriomhthain go líne a bhfuil fórsa meitireacaireachta ag baint léi. Ta sé i gcodarsnacht leis an bpeirspictíocht iar-nua-aoiseach, a mhaíonn go bhfuil gach ráiteas ráite cheana féin agus gach duine ina bhailiúchán de chomharthaí reamhdhéanta nó – beidh ár leithéidí go léir arís ann. I gcomhthéacs scigaithrise mar *An Béal Bocht*, léiríonn athúsáid na abairte seo an mheitireacaireacht atá taobh thiar di mar mhana. Tá an mheitireacaireacht seo inchurtha leis an saghas a bhí ag Matthew Arnold i Sasana agus ag taobhaitheoirí an *Celtic Twilight* in Éirinn – meitireacaireacht rómánsach faoi bhunús caillte na gCeilteach. Ach i ndeireadh na dála, ní leabhar rómánsach é *An tOileánach* ar chor ar bith ach leabhar a úsáideann tréithe de chuid scéalta laochais. Mar sin, léiríonn *An Béal Bocht* conas a chruthaítear foirmle réaduchtach as saothar liteartha. Léiríonn sé chomh maith áfach gurbh í an fhoirmle sin a bhí á lorg ag daoine ag an am.

Aortar mórchúis na hAthbheochana go fíochmhar in *An Béal Bocht* agus feictear é seo go háirithe i gcaibidil 4 le teacht na nGaeilgeoirí go Corca Dhorcha agus "corrdhuine gan aon bhríste air ach mionchótaí mná ina éagmais" (44) – tagairt don fhaisean a bhí ag daoine áirithe ag an am an filleadh beag a chaitheamh mar chomhartha Gaelachais. Tugann na Gaeilgeoirí go léir ainmneacha

eile orthu féin chomh maith – ar nós ‘An Nóinín Gaelach’, ‘An Tuiseal Tabharthach’ agus ‘Popshúil Mairnéalach’. I measc dhíograiseoirí na hAthbheochana, bhí daoine áirithe a rinne an rud ceannann céanna – cosúil le Dubhghlas de hÍde (an Craoibhín Aoibhinn) agus Pádraig Ó Siochfhradha (an Seabhac – céad eagarthóir *An tOileánach*). In *An Béal Bocht*, toghtar ‘An Nóinín Gaelach’ mar Uachtarán ar an bhfeis agus tugann sé óráid ina bhfuil beagnach gach tríú focal ag baint le Gael, Gaeilge, Gaelach, Gaelachas nó a leithéid. Cuirtear eachtraí na feise inár láthair trí reacaireacht shoineanta Bhónapáirt atá lán le hiontas faoi uaisleacht agus faoi Ghaelachas na nGaeilgeoirí. Cé gur greann den scoth atá sa chaibidil seo, is aoir mhillteanach é ar na díograiseoirí teanga a bhí comhaimseartha leis an údar chomh maith, agus léirítear iad mar dhaoine cúngaigeanta agus mórchúiseacha. Féachann siad ar bhochtanas na Gaeltachta mar chuid dá ndea-mhaise agus nuair a fheiceann duine díobh go bhfuil buidéal beag uisce ag Sitric Ó Sánasa, an duine is boichte atá ann, briseann sé é toisc gur “*spile* sé an *effect*” (77). Níl tuiscint ar bith acu ar mhuintir na Gaeltachta agus níl faic le rá acu ach an méid sin a bhaineann le stádas na teanga féin nó le teagasc an Athar Peadar Ó Laoghaire.

Mar aoir mhenippíoch, cáintear na tréithe sóisialta seo ach déantar é seo leis an ardáiféis a shamhlófaí le saothar Beckett nó le téatar na héigéille. Faigheann Proinsias Ó Cionnaith suntas in easpa plota an scéil mar léiriú air sin: “Mar a dhéanann sé in *At Swim-Two-Birds*, tá sé ag súgradh le hidé an phlota ar fad. Tá an plota neamhspleách ar fad beagnach ar charachtar” (121). Léiríonn sé an áiféis sa tslí ina labhraíonn Bónapárt in aois a dheich mí agus faigheann sé cosúlachtaí chomh maith idir an bhrúidiúlacht in *An Béal Bocht* – sa seomra scoile mar shampla – agus a fhaightear í i saothar Ionesco nó Pinter. Is fíor, dá ghreannmhaire é mar scéal, go mbíonn beagán de nihileachas ag baint leis i gcónaí chomh maith. Baineann an cineál grinn seo le téatar na héigéille ina scriostar cumarsáid idir carachtair mar léiriú ar easpa brí agus fiúntais i ngnáthchumarsáid an tsaoil. De réir an dearcaidh seo, níl aon bhrí sa saol ach an bhrí a

thugtar dó. Dála an téatair seo, éiríonn an dialóg in *An Béal Bocht* áiféiseach nuair a dhéantar cliché di agus cailleann an teanga a feidhm chun brí a shainmhíniú.

Labhraítear faoi théatar na héigéille go minic i gcomhthéacs eiseachais. Níl i bpearsantacht Bhónapairt ach canbhás bán a ghlacann íomhánna réamhdhéanta de chultúr na hÉireann go soineanta agus a léiríonn iad mar bhailiúchán cliché-anna. Tá coincheap an 'fhíorGhaeil' tábhachtach sa leabhar ach, maidir leis na carachtair eile, titeann an cháilíocht absalóideach seo as a chéile chomh maith. Is léir nach bhfuil Uachtarán na feise, mar shampla, ina 'fhíor-Ghael'. Músclaítear ceisteanna sa leabhar mar sin faoin rud is fíorGhael ann agus, leis sin, ceisteanna nihilíocha faoi nádúr na féiniúlachta. Níl éinne sa leabhar a n-oireann an teideal seo 'fíorGhael' dó ach os rud é gur scigaithris é *An Béal Bocht*, dírítear an léitheoir i dtreo 'fíorGhaeil' eile – Tomás Ó Criomhthain mar shampla. Mar sin, cuirtear iallach ar an léitheoir aghaidh a thabhairt ar Ghaelachas mar choincheap absalóideach agus pé acu atá Tomás Ó Criomhthain ina fhíor-Ghael nó nach bhfuil. Níl freagra le fáil ar na ceisteanna seo ach a rá go dtiteann gach cáilíocht de leithéid 'fíorGhaeil' as a chéile faoi dheireadh. Oibríonn an coincheap seo de Thomás Ó Criomhthain – mar fhíorGhael de chine caillte na nGael – mar mheitireacaireacht in *An tOileánach* agus bristear é in *An Béal Bocht* trí mheán na háiféise.

Ní hé sin an mheitireacaireacht ina iomláine áfach. Chun samhlaoid de Thomás Ó Criomhthain mar dhuine a bhí neamhthruaillithe ag an gcoigríoch agus ag an saol nua-aimseartha a chruthú, cuireadh ina leith nach raibh oideachas air ná tuiscint i gcúrsaí liteartha. Mar a dúirt an Seabhac sa réamhrá in *Allagar na hInse*, cín lae Thomás Uí Chriomhthain: "duine den tuath ag nochtadh a mheoin féin agus mheon na ndaoine ina thimpeall de réir an dúchais agus na tuisceana atá ann féin, gan eolas ar bith aige ar aon mheon ná ar aon saol eile a bheith ann ná ar na foirmeacha ná ar na rialacha liteartha is cóir chun a scéal a chur síos" (xi). Ina réamhrá féin leis an leabhar céanna, deir Brian Ó Ceallaigh (an duine a spreag Tomás Ó Criomhthain chun scríbhneoireachta) nach "raibh puinn oideachais

air" (ix). Ba é an rud a theastaigh ón Seabhac agus ón gCeallach anseo ná a léiriú dúinn gur fís neamhthruaillithe d'Éirinn mar a bhíodh ab ea scríbhneoireacht Uí Chriomhthain. Le fírinne, ba scríbhneoir an-chliste é Tomás Ó Criomhthain ach níor oir an t-eolas sin don 'carachtar' a bhí ann ina shaothar féin. Is cineál frithintleachtúlachais é seo agus ní foláir nó nár thaitin a leithéid go mór le Brian Ó Nualláin.

Tá an cur chuige seo mar chuid d'iarrachtaí an tSeabhaic agus an Chriomhthanaigh féin chun an téacs a léiriú mar shamhlaoid ghlan ar an traidisiún béil. Chuaigh siad araon i bhfad chun an spás tairseachúil idir an traidisiún béil agus an fhoirm liteartha a chothú sa leabhar. I ndeireadh na dála, áfach, níl *An tOileánach* ina shampla den traidisiún béil ar chor ar bith; is saothar liteartha é. Is féidir iarrachtaí Uí Chriomhthainn maidir leis seo a fheiceáil nuair a deir sé: "Do chuir leabhar chúm, *Seadna* – ní hé, mo dhearúd, ach *Niamh*" (296). Seo é an chineál rud a chloistear nuair atá duine ag labhairt go díreach le duine eile. I gcás leabhair, áfach, má dhéanann an scríbhneoir dearmad, is féidir leis é féin a cheartú go héasca – cuireann sé líne tríd an bhfocal mícheart agus scríobhann sé an focal ceart isteach. Sa chás seo, áfach, fágann an Criomhthanach an teideal mícheart sa téacs nó fiú, cuireann sé é isteach d'aon ghnó, chun tabhairt le tuiscint don léitheoir gur léiriú glan ar an traidisiún béil atá idir lámha aige. Cruthaíonn an léitheoir as sin, coincheap den leabhar (agus de litríocht na Gaeilge) mar dhoras ar fhoirm friotail dhaonna atá níos glaine agus níos íne seachas mar a fhaightear í i saothar liteartha eile.

Is féidir a léiriú go raibh tionchar áirithe ar an léitheoir mar gheall ar an gcur chuige seo. I dtaca leis sin, is maith an uirlis é an *Rezeptionstheorie* nó teoiric maidir le freagairt an léitheora. In *The Implied Reader* le Wolfgang Iser, scrúdaítear an tslí ina dtéann an téacs i bhfeidhm ar an léitheoir agus cuirtear béim ar ghníomhartha an léitheora agus é ag freagairt don téacs. Féachann Iser ar an tslí ina mbaineann an t-úrscéal le noirm shóisialta agus stairiúla. Cuirtear na noirm seo i gcomhthéacs nua san úrscéal, áfach, a athraíonn a bhfeidhm ó rialacha sóisialta go hábhar díospóireachta ina gceistítear

an fheidhm seo, chomh minic lena athrach, seachas é a chinntiú. Cruthaítear diúltú sa téacs mar sin, mar a deir sé: "This is frequently brought about by the varying degrees of negation with which the norms are set up in their fictional context – a negation which impels the reader to seek a positive counterbalance elsewhere than in the world immediately familiar to him" (xii). Is é seo le rá, go n-athraítear rudaí sa téacs ar a bhfuil taithí ag an léitheoir i slí éigin. Ní chomhlíontar an rud a bhfuil súil ag an léitheoir leis agus, mar sin, tá air comhlíonadh eile a aimsiú: "nonfulfillment of those expectations aroused by the presence of the familiar, becomes the spur that pricks our imagination into action" (34).

Cé nach úrscéal ceart é *An tOileánach*, is féidir a rá go bhfuil comhthreomhaireacht ann idir an tslí ina dtéann sé i bhfeidhm ar an léitheoir agus a leithéid chéanna i gcás an úrscéil. I ndeireadh na dála, is saothar cruthaitheach é agus, mar a dúirt Roland Barthes, "any biography is a novel that dare not speak its name" (Réponses: 89). Nuair a foilsíodh é i 1929, bhí sé dírithe go mór ar an bhfoghlaimeoir teanga agus mar aidhm aige an Ghaeilge a spreagadh sa tír. Is féidir a rá, mar sin, go raibh níos mó taithí ag an ngnáthléitheoir ag an am ar leabhair Bhéarla ná ar leabhair Ghaeilge. De réir theoiric Iser, mar sin, nuair a fheiceann an léitheoir go bhfuil gné dhiúltach ann, tiontíonn sé í ina gné dhearfach agus i gcás leabhar an Chriomhthanaigh, seo é an fhíric nach bhfuil aon phlota sa leabhar. Níl ann ach sraith eachtraí ina bhfuil an Criomthanach ag iascaireacht, ag sealgaireacht nó ag lorg rudaí ar an trá. Seo rud nach raibh a lán taithí ag gnáthléitheoir an úrscéil Bhéarla air ag an am. Chun gné dhearfach a chruthú ón diúltú seo, féachann an léitheoir ar shaothar Uí Chriomhthain mar 'fhírinne' an tsaoil – 'fíre gan cheilt, tuarascáil gan órnáid' (xi) mar a thug an Seabhac air ina réamhrá in *Allagar na hInse*. Ón diúltach seo, faigheann an léitheoir coincheap nua den leabhar (agus de litríocht na Gaeilge go ginearálta) mar rud a bhfuil barántúlacht chultúrtha aige. Sa tslí gurb é barántúlacht teanga an rud go díreach a bhí á lorg ag an bhfoghlaimeoir Gaeilge, níor rófhada an chéim í. Má cruthaíodh íomhá de litríocht na Gaeilge mar léiriú ar

fhírinne agus ar údaracht, áfach, cruthaíodh sa ghníomh céanna, íomhá de litríocht an Bhéarla – lena suibiachtúlacht agus plotaí sofaisticiúla – mar shaothar a bhí ró-ornáidithe agus gan fírinne ar bith. Cruthaíodh íomhá na barántúlachta seo i gcomhthéacs litríocht na Gaeilge mar thréith atá éagsúil agus atá bunoscionn le tréithe liteartha ón iasacht. Sa chomhthéacs seo, má bhí Tomás Ó Criomhthain saor ó thruailliú na coigríche, b'éasca, mar sin, é a fheiceáil mar phearsantú an fhíorGhaeil. Ní deirtear é seo go díreach in *An tOileánach* ach tá sé an-soiléir ar gach leathanach. Déantar díthógáil iomlán ar an bpeirspictíocht seo áfach in *An Béal Bocht.*

Oibríonn an díthógáil seo i gcomhthéacs tréithe áirithe in *An tOileánach* a bhaineann leis na scéalta laochais. Cruthaítear déscaradh sofaisticiúil i saothar Uí Chriomhthain maidir le coincheap na fírinne sa leabhar. Mar dhírbheathaisnéis, agus mar ghuth na cosmhuintire i saothar próis, tá dealramh na fírinne air ach, ag an am céanna, úsáideann sé tréithe atá bunaithe ar na scéalta laochais – scéalta miotasacha.

Feictear an bhaint seo leis na scéalta laochais san athrá tríd an scéal san abairt: "Tugaid a deireadh dho thír agus a tosach do mhuir, mar 'bhíodh sna seanscéalta fadó" (38). Tagraíonn sé go díreach don bhFiannaíocht sa leabhar, go minic ina chomhthéacs féin: "cé ná rabhas cosúil i bpearsain le héinne d'Fhiannaibh Éireann, ní rabhas le cáineadh im cháilíocht féinig" (101). Is féidir leis an léitheoir comhthreomhaireacht a fheiceáil chomh maith idir an Criomhthanach mar chara agus fiú mar thánaiste do rí an oileáin, agus scéalta na Rúraíochta lena mbaint idir Cúchulainn agus Conchubhair. Dar ndóigh, tá an easpa plota (agus an easpa mothúchán pearsanta) ina chúnamh mór don ionannú leis na scéalta laochais chomh maith. Is é a rud is mó, áfach, a léiríonn a chuid tréithe eipiciúla ná go bhfuil an leabhar, ó bhun go barr, ina liosta éachtaí. Baineann an chuid is mó de na scéalta lena chuid fortúlachta féin mar iascaire nó mar shealgaire; nó a stuamacht féin maidir leis an deoch nuair atá daoine eile ag dul le mire leis; nó chomh díograiseach atá sé faoina chuid oibre.

Mar sin, cothaíodh an coincheap gurbh ‘fhíorGhael’ é Tomás Ó Criomhthainn ach fíorGhael de réir na scéalta laochais. Tá coincheap na heipice seo lárnach sa mheitireacaireacht in *An tOileánach* mar sin agus ina leith sin, is cúnamh maith é an aiste “Epic and Novel” in *The Dialogic Imagination* le M.M. Bakhtin chun scrúdú a dhéanamh ar na slite a dheighleálann *An Béal Bocht* leis. Tá cur síos Bakhtin ar an laoch san eipic anseo ina léiriú maith ar Thomás Ó Criomhthain mar charachtar:

> As such he is a fully finished and completed being. This has been accomplished on a lofty heroic level, but what is complete is also something hopelessly ready-made; he is all there, from beginning to end he coincides with himself, he is absolutely equal to himself. He is, furthermore, completely externalized. There is not the slightest gap between his authentic essence and its external manifestation.
>
> (34)

Tá níos mó sa treis áfach maidir leis an eipic ná díphearsanú an laoich. Tá scoilt absalóideach ann idir an t-am i láthair agus an t-am atá thart. Ní bhaineann an scoilt seo leis an léitheoir amháin ach leis an scéalaí (nó an t-amhránaí) chomh maith.

> Both the singer and the listener, immanent in the epic as a genre, are located in the same time and on the same evaluative (hierarchical) plane, but the represented world of the heroes stands on an utterly different and inaccessible time-and-value plane, separated by epic distance. The space between them is filled with national tradition.
>
> (ibid:14)

Feictear é seo sa tslí ina mbíonn Tomás Ó Criomhthain ag léiriú dúinn i gcónaí gur seanfhear é anois agus go bhfuil difríocht mhór ann idir an seanfhear agus an fear óg: “Níor mhór an fharaireacht do

dheineas istigh nó go raibh m'úll meilte agam ... mar do bhí an muileann meilte go maith agam an uair úd, rud ná fuil inniu agam le rá leis" (15).

I gcás an úrscéil, áfach, pé am a bhfuil an scéal suite, tá baint ann leis an am i láthair agus feictear leanúnachas agus gluaiseacht i dtreo an deiridh sa scéal. Is é an saol comhaimseartha an pointe imeachta chun an úrscéal a thuiscint agus a mheas. De bharr go bhfuil an t-úrscéal ag baint leis an am i láthair (agus leis sin, an t-am atá le teacht), tá féiniúlacht laoch an úrscéil níos doimhne. Tá poitéinseal agus cinniúint aige. D'eascair an fhoirm nua seo, de réir Bakhtin, as an mbéaloideas, an aoir mhenippíoch agus foinsí coiméideacha na ndaoine – greann an charnabhail. Dar leis: "Epic material is transposed into novelistic material, into precisely that zone of contact that passes through the intermediate stages of familiarization and laughter" (15) agus:

> In the comic afterlife visions of Menippean satire, the heroes of the absolute past, real-life figures from various eras of the historic past . . . and living contemporaries jostle one another in a most familiar way, to talk, even to brawl . . .
>
> (26)

Is féidir an sleamhnú coiméideach ón Eipic go dtí an t-úrscéal a fheiceáil ar fud *An Béal Bocht.* In *Problems of Dostoevesky's Poetics*, leagann Bakhtin amach ceithre phríomhthréith déag d'aoir mhenippíoch agus in *Flann O'Brien, Bakhtin and Menippean Satire*, léiríonn M. Keith Booker na slite ina n-oireann siad do shaothar Bhrian Uí Nualláin. Is é an chéad tréith díobh siúd ná gurb ionann an greann san aoir mhenippíoch agus an saghas carnabhalach go sainiúil.

Is féidir a rá, de réir na rialacha a leag Bakhtin amach in *Rabelais and his World* gur úrscéal carnabhalach, nó raibiléiseach é *An Béal Bocht*. Feictear é seo sa tslí gur greann uilíoch atá ann ina bhfuil an scigireacht dírithe ar gach éinne sa leabhar – idir Mhuintir na Gaeltachta agus Mhuintir na Galltachta. Tá sé lán leis an 'réalachas

anchúinseach' (grotesque realism) a labhraíonn Bakhtin faoi. Mar a deir sé: "Exaggeration, hyperbolism, excessiveness are generally considered fundamental attributes of the grotesque style" (1984b:303). Is féidir, mar sin, an bháisteach shíoraí fiú a fheiceáil mar thréith raibiléiseach. Chomh maith leis sin, deir sé: "The essential principle of grotesque realism is degradation, that is, the lowering of all that is high, spiritual, ideal, abstract" (1984b:19). Feictear go ndéanann *An Béal Bocht* é seo maidir lena láimhseáil ar aisling shollúnta na hAthbheochana. I ndeireadh na dála, is saothar é a iompaíonn baothghalántacht bunoscionn. Féachann M. Keith Booker ar an scéal faoin muc a 'labhraíonn' mar "carnivalesque images that overturn the social hierarchy that would equate Gaels with pigs and animality" (78). Léiríonn Bakhtin an rud céanna in "Epic and Novel" a oireann go maith do láimhseáil Uí Nualláin ar laochas eipiciúil Uí Chriomhthain.

> Basically this is uncrowning, that is, the removal of an object from the distanced plane, the destruction of epic distance, an assault on and destruction of the distanced plane in general. In this plane (the plane of laughter) one can disrespectfully walk around whole objects; therefore, the back and rear portion of an object (and also its innards, not normally accessible for viewing) assume a special importance.
>
> (1994:23)

Ach ina leith seo, baineann sé leas as níos mó ná áiféis agus scigmhagadh amháin. Oibríonn an leabhar, chomh maith, mar iniúchadh géar ar fheidhm agus ar nádúr na teanga. Tá an Ghaeilge mar mheán agus mar ábhar araon in *An Béal Bocht* agus is téamaí móra iad an teanga agus an litríocht san úrscéal. Is minic a úsáidtear teanga sa leabhar, áfach, mar uirlis a léiríonn éagumas na cumarsáide agus easpa brí sa teanga féin. Is iomaí áit sa scéal ina bhfeictear go bhfuil brí ag teanga inti féin seachas sa rud a deirtear sa teanga. Is cuma leis an gcigire stáit, mar shampla, cad a deir Bónapárt ach

amháin go ndeir sé é i mBéarla. Is é an rud céanna é i gcás Uachtarán na Feise ina óráid. Níl aon rud le rá aige ach go bhfuil sé á rá trí mheán na Gaeilge. Tá an teangeolaí Gearmánach lánsásta lena thaifeadán toisc gur léiriú é ar rud nach dtuigeann sé. Ní theastaíonn uaidh, agus níor theastaigh riamh, aon bhrí a bhaint as. Tá scoilt iomlán ann idir teanga mar rud ann féin agus brí na bhfocal sa teanga sin. Is é an rud céanna maidir le gach úsáid sheafóideach de "ní bheidh ár leithéidí arís ann". Caillteár gach brí san abairt féin agus ní fhágtar ach focail fholmha.

Baineann sé seo go mór le teoiric Bakhtin maidir le saothar atá dialógach nó monalógach. Oibríonn an saothar dialógach mar chumarsáid idir peirspictíochtaí agus ide-eolaíochtaí difriúla. Cruthaítear dialóg ann leis na toisí idirthéacsúla den téacs. Tá foirm an úrscéil an-oiriúnach mar shaothar dialógach toisc go bhfuil guthanna difriúla ann. Murab ionann agus sin, oibríonn an saothar monalógach sa tslí ina bhfuil aon ghuth amháin ceannasach ann. Oireann foirm na heipice go maith don chur chuige monalógach. Féachann M. Keith Booker ar an athrá in *An Béal Bocht* mar sin: "The repetitive paralysis of Corkadoragha, then, can be imagined as a failure of dialogism, as a surfeit of monologic discourse" (83). Úsáidtear teanga sa leabhar mar bhrí inti féin seachas mar mheán cumarsáide. Feictear é seo san óráid a thugann Uachtarán na Feise uaidh. Is ráiteas é atá monalógach ar fad toisc nach bhfuil aon rud ráite ann ach gur ráiteas Gaeilge é. Ní féidir le haon rud eile, aon dearcadh nua, teacht chun cinn toisc nach bhfuil aon fheidhm ag na focail féin ach chun léiriú gur focail Gaeilge iad. Léiríonn Brian Ó Nualláin na slite ina ndúntar teanga agus ina gcaillteár aon bhrí sna focail féin.

Ní hé sin, dar ndóigh, gur úrscéal monalógach é *An Béal Bocht*. I gcomhthéacs na háiféise atá ar gach leathanach, déantar téacs dialógach den leabhar. Cruthaítear dialóg idir ráitis mhonalógacha agus an áiféis a scriosann iad; idir greann an úrscéil agus ábhar tromchúiseach na hAthbheochana; agus idir an téacs féin agus a thoisí idirthéacsúla. Is léiriú é ar 'failure of dialogism' ach i gcomhthéacs

úrscéil atá ina shaothar dialógach féin. Tá i bhfad níos mó sa leabhar seo, mar sin, ná aoir shimplí ar mheon aigne a bhí chun tosaigh i rith na hAthbheochana. Dála na leabhar eile a scríobh Brian Ó Nualláin timpeall an ama sin –*At-Swim-Two-Birds* agus *The Third Policeman* – osclaíonn *An Béal Bocht* doras ar shaol an iar-nua-aoiseachais liteartha. Baineann sé le teanga agus an bhrí a thugtar di taobh amuigh d'aon rud atá ráite sa teanga féin. Baineann sé chomh maith leis na slite a gcruthaítear féiniúlacht agus brí as meitireacaireachtaí réamhdhéanta agus as teanga féin. Ceistítear mar sin, nádúr na teanga agus ár gcaidreamh léi agus is ceist ointeolaíoch í seo.

Dar le Brian McHale, is é an rud is ficsean iar-nua-aoiseach ann ná: "fiction organized in terms of an ontological dominant, fiction whose formal strategies implicitly raise issues of the mode of being of fictional worlds and their inhabitants" (1992:147). Má fhéachtar ar an 'mode of being' atá in *An Béal Bocht*, feictear gur saol é atá bunaithe go comhfhiosach ar an saol liteartha. Is éacht meitificseanúil é seo. In *Flann O'Brien: Portrait of the Artist as a Young Postmodernist*, deir Keith Hopper: "Metafiction's self-awareness of literary practices is ... an integral part of a wider post-modernist ethos, as it forcibly reminds the reader of the ineluctable writteness of 'reality', and, on a macrocosmic scale, that the real world is not 'given' but constructed" (8).

Feictear é seo go mór in *An Béal Bocht*. Cruthaíonn na 'Gaeilgeoirí' a thagann chuig an nGaeltacht a réaltacht féin as reacaireachtaí ina dtimpeall. Is rogha chomhfhiosach é a dhéanann siad chun féiniúlacht nua a chruthú dóibh féin. Tá siad ag iarraidh slí isteach a fháil don saol Gaelach, rud a shamhlaíonn siad a bheith íon agus neamhathraitheach. Ach léiríonn an t-úrscéal nach ann d'absalóideachas mar sin sa saol. Glacann Bónapárt go réidh le tuairimí na gcuairteoirí faoin rud is 'Gaelachas' ann toisc nach bhfuil a fhios aige féin cad atá ann – taobh amuigh den anás, anró agus fearthainn shíoraí. Deighleálann an leabhar, mar sin, le ceisteanna ointeolaíocha na féiniúlachta.

Déantar é seo trí iniúchadh ar an rud is teanga ann. Cruthaítear saol eile in *An Béal Bocht* atá deighilte amach ó réaltacht an tsaoil. Is saol de chuid na litríochta agus na nathanna cainte é seo agus, ó thosach an scéil, úsáidtear teanga chun é seo a léiriú. Feictear é seo sa teanga chraptha fhorordaithe a labhraíonn athair Bhónapáirt agus Máirtín Ó Bánasa:

> "Muise a Mháirtín," a dúirt m'athair, "tá an ghaoth aduaidh agus tá cruth doicheallach ar na Beanna Bána; beidh fearthainn ann roimh mhaidin agus beidh oíche shalach dhoineanta againn a chuirfeas creathadh orainn más sa leaba féin dúinn. Agus féach gur olc an tuar é go bhfuil na lacha i measc na neantóg. Tiocfaidh uafás agus mí-ádh ar an saol anocht agus an Cat Mara ar a bhonnaí le linn an dorchadais, agus má fíor dom ní bheidh aon dea-chinniúint romhainn araon go deo."
>
> "Muise a Mhicheálangaló," arsa Máirtín Ó Bánasa, "ní beag le rá an oiread sin ráite agat, agus más fíor duit ní bréag atá inste agat ach an fhírinne féin."
>
> (10)

Maireann na Gaeil sa leabhar go hiomlán i saol na litríochta seo agus níl éalú asti in ndán dóibh. Is léir, áfach, go bhfuil siad lánchomhfhiosach faoin staid seo, mar a deir an Seanduine Liath:

> "Is follas, a mhicínín bhig ó," arsa an Seanduine, "nach bhfuil na dea-leabhair léite agat. Tá an tráthnóna anois ann agus de réir na cinniúna liteartha tá stoirm ann béal cladaigh, tá na hiascairí ar an anás amuigh ar an uisce, tá na daoine bailithe ar an tráigh, tá na mná ag caoineadh agus tá máthair bhocht ag rá 'Cé a bhéafras tarrtháil ar mo Mhicí?' Seo mar bhí an scéal riamh ag na Gaeil le teacht na hoíche sna Rosa."
>
> (58)

Nuair a shroicheann siad cnoc a bhfuil radharc acu uaidh ar an trá, feiceann Bónapárt gur fíor go bhfuil síon gaoithe ar an bhfarraige

agus orthu siúd a bhí in aice léi ar an trá. Ní fheiceann sé na mná ag caoineadh ach glacann sé leis go bhfuil siad ann. Dar ndóigh, is baothán ceart é Bónapárt a dtugann Máirtín Ó Bánasa "créatúr bocht" (70) air. Is féidir é seo a léamh mar mhagadh ón Seanduine Liath (atá i mbun gadaíochta sna Rosa ag an am). Is reacaire neamhiontaofa é Bónapárt atá ag athrá frásaí a chloiseann sé agus is as seo a chruthaítear an saol liteartha sa leabhar. Uaireanta san úrscéal, áfach, bíonn rud éigin ann a shamhlaítear le réaltacht an tsaoil. Feictear é seo leis an bhfear uasal, cigire scoile, i scéal an tSeanduine faoina óige. Buaileann sé isteach sa teach oíche amháin tar éis dó dul amú sa cheo agus cáineann sé iad atá ann mar gheall ar an oiread ainmhithe sa teach leo. Tá an réaltacht seo ann ag an deireadh chomh maith leis na póilíní agus an breitheamh. Mar sin, má mhaireann na carachtair seo i saol atá bunaithe go comhfhiosach ar an saol liteartha, tá eilimintí den rud seo a shamhlaítear leis an bhfíorshaol ann chomh maith. Treisíonn an cur chuige seo an scéalaíocht sa tslí ina gcuirtear an leibhéal eile seo sa scéal agus baineann sé lena bhfuil ráite ag an údar in *At-Swim-Two-Birds* "a satisfactory novel should be a self-evident sham to which the reader could regulate at will the degree of his credulity" (20).

Is tábhachtach an scoilt é seo i leith charachtar Bhónapáirt. Is carachtar tairseachúil é agus baineann an tairseachúlacht seo leis an difríocht idir an eipic agus an t-úrscéal, mar a fheictear í de réir theoiric Bakhtin. Is frithlaoch é, i gcontrárthacht leis an gcineál laoich a fheictear in *An tOileánach*. Más duine stuama agus dícheallach é Tomás Ó Criomhthain, is é a deir Bónapárt ná: "Ní raibh aon taithí ar obair agam agus níor bhraitheas aon fhaobhair chun oibre ionam ach a oiread ó rugadh mé" (53). Ach tá doimhneacht agus défhiús éigin ag baint leis chomh maith. Is é Bónapárt Ó Cúnasa agus Jams O'Donnell é ag an am céanna. Is duine de chuid na Gaeltachta é ach glacann sé fós leis na Gaeilgeoirí mar léiriú ar fhíorGhaelachas. Is duine leisciúil é ach fós dréimeann sé an cnoc sa stoirm chun airgead a fháil. Is amadán ceart é atá in ann labhairt go soiléir agus é fós ina lapadán. Is féidir féachaint air mar leagan carnabhalach de Thomás Ó

Criomhthain. Is é atá ann ná: "innards, not normally accessible for viewing" mar a deir Bakhtin (1994:23). Tá sé fós greamaithe i saol na heipice áfach. Féachann Bakhtin ar chúrsaí ama san eipic mar rud dúnta:

> The absolute past is closed and completed in the whole as well as in any of its parts. It is, therefore, possible to take any part and offer it as the whole . . . the structure of the whole is repeated in each part, and each part is complete and circular like the whole. One may begin the story at almost any moment, and finish at almost any moment
>
> (31)

Oibríonn *An Béal Bocht* mar seo sa tslí ina bhfuil gach caibidil ina aonad féin. Críochnaíonn an leabhar go díreach mar a thosaíonn sé – le duine de na Gaeil ar tí téarma príosúnachta naoi mbliana is fiche a thosú. Is saol suthain é sa leabhar agus seo é saol na heipice. Ach léiríonn an leabhar an choimhlint seo idir an eipic agus an t-úrscéal, idir monalógach agus dialógach.

Dar le Keith Hopper in *Flann O'Brien: A Portrait of the Artist as a Young Post-Modernist*, is iad *The Third Policeman* agus *Finnegans Wake* na chéad sárshaothair iar-nua-aoiseacha. In *The Third Policeman*, tógann an t-údar gréasán d'eilimintí leathfhreagraithe an scéil – tagairtí atá leathléirithe ag an údar agus, b'fhéidir róléite ag an léitheoir mar sin. Mar a dúirt an t-údar faoin úrscéal i litir go dtína fhoilsitheoirí i 1939: "casual remarks create a thousand other mysteries" (Asbee:51). Cruthaítear córas dialógach den saol ilfhónach seo sa leabhar mar sin. Áitíonn Hopper gurb é ceann de na slite ina ndéantar saothar iar-nua-aoiseach den úrscéal ná an tslí go dtuigeann an reacaire teanga go monalógach ach go dtugtar cuireadh don léitheoir í a thuiscint go dialógach. Tá an reacaire i saol tairseachúil, mar a deir Hopper "As a character, Noman flickers between metafictional self-consciousness and 'realist' passivity, flickering

between an awareness that he is a character trapped within a fictional order and his own realist belief that he is a 'real-life' person" (92).

Feictear eilimintí leathfhreagraithe in *An Béal Bocht* chomh maith. Mar shampla, nuair a deir Bónapárt: "go raibh sé ráite os íseal nach le mo mháthair a rugadh mé ach le bean éigin eile" (10). Níl a fhios againn ach oiread cé hé an Seanduine Liath. Is féidir leis an léitheoir buille faoi thuairim a thabhairt – b'fhéidir gurb é seanathair Bhónapáirt nó fear eile a bhog isteach sa teach nuair a cuireadh a athair sa phríosún – ach ní fhreagraítear an cheist seo riamh sa téacs. Ní a fhios againn ach oiread cad a tharlaíonn d'athair Bhónapáirt sa scéal agus cén fáth ar cuireadh sa phríosún é. Dála *The Third Policeman*, mar sin, feictear córas dialógach idir tuiscint an léitheora ar an scéal agus a shamhlaíocht ina leith. Tugtar cuireadh don léitheoir léamh dialógach a dhéanamh mar sin ach, dála reacaire *The Third Policeman* chomh maith, tuigeann Bónapárt a shaol go monalógach. Tá a pheirspictíocht monalógach áfach, bunaithe ar a stádas mar charachtar greamaithe sa saol liteartha. Mar reacaire *The Third Policeman*, is leathfheasach dó go bhfuil sé greamaithe idir an 'ord ficseanúil' seo agus a thuiscint air féin mar fhíordhuine.

Mar sin, má fhéachtar ar thoisí iar-nua-aoiseacha an úrscéil seo, feictear go bhfuil mórán ann. Cuirtear ceisteanna eisíocha in iúl don léitheoir lena léiriú ar na slite ina gcruthaítear féiniúlacht an duine. Cruthaíonn na cuairteoirí go dtí an Ghaeltacht féiniúlachtaí nua dóibh féin trí choincheap an Ghaelachais ach is léir nach bhfuil a fhios ag éinne sa leabhar cad a chiallaíonn an téarma seo. Mar úrscéal a chuireann téatar na héigéille i gcuimhne dúinn, feicimid impleachtaí eisíocha agus nihilíocha an tsaothair. Tá na himpleachtaí seo le feiceáil go mór i bpearsantacht Bhónapáirt a bhfuil féiniúlacht thairseachúil aige. Is i gcomhthéacs na teanga is mó a fheictear na toisí iar-nua-aoiseacha áfach. Ar nós théatar na héigéille, déantar cliché áiféiseach den dialóg sa leabhar agus cailleann an teanga a feidhm, mar sin, chun brí a shainmhíniú. Ina áit sin, úsáidtear teanga sa téacs mar uirlis chun éagumas na cumarsáide a chur in iúl dúinn.

Mar sin, tá scoilt ann idir teanga mar rud ann féin agus brí na bhfocal sa teanga sin. Maireann teanga anseo i saol na nathanna cainte.

Is é a thiteann amach dá bharr seo ná go léirítear gur ceist ointeolaíoch í an teanga. Is éacht iar-nua-aoiseach é seo a cheistíonn ní hamháin conas a chruthaítear féiniúlacht trí mheán teanga, ach fiú cén bhailíocht atá ag aon fhéiniúlacht a chruthaítear tríd an bpróiseas seo. Tá an Ghaeilge féin mar eilimint den scéal. Tá an fhíric go bhfuil sé scríofa sa Ghaeilge mar chuid den teachtaireacht iar-nua-aoiseach toisc go bhfuil stádas ointeolaíoch ag an leabhar féin mar shaothar Gaeilge. Tá an stádas seo páirteach go meitificseanuil i ndialóg an úrscéil faoi fhéiniúlacht agus ceisteanna eisíocha. Chun é seo a fheiceáil, ní foláir an leabhar a léamh sa Ghaeilge seachas in aistriúchán. Tá mórán ráite i saol na critice Béarla faoi thréithe (iar)-nua-aoiseacha i saothar Flann O'Brien ach ní deirtear mórán faoi na tréithe seo in *An Béal Bocht* toisc nach bhfuil an bunleagan léite ag an lucht critice. Ach tugtar níos mó aitheantais dó mar shaothar iar-nua-aoiseach i measc scoláirí na Gaeilge. Séard atá ann, dar le Brian Ó Conchubhair, ná rud atá: "analogous of *At Swim-Two-Birds* (1939) and anticipates and incorporates many of the stylistics, tropes and techniques that would become fundamental to postmodern aesthetics" agus "it seems logical to proffer An Béal Bocht . . . as the first post-modernist Irish-language novel" (201/2).

Is féidir a rá go bhfuil daoine dall ar iar-nua-aoiseachas an leabhair de bharr gur aoir é chomh maith. Is rud tábhachtach é seo áfach i leith an staidéir seo ar iar-nua-aoiseachas na Gaeilge. Má fhéachtar ar scoilt eipistéimeolaíoch/ointeolaíoch McHale, is léir nach dtagann Brian Ó Nualláin chuig a fhócas ointeolaíoch sa leabhar seo trí theip ar scrúdú nua-aoiseach ar chomhfhios an duine. Tagann sé chuige trí thraidisiún na haoire agus is tábhachtach go bhfeictear an t-úrscéal anseo i gcomhthéacs *Aislinge Meic Conglinne*, *Pairlement Chloinne Tomáis* agus an traidisiún seo go léir. Is aoir é *An Béal Bocht* i gcónaí – ach is aoir iar-nua-aoiseach é a léiríonn ceisteanna ointeolaíocha agus eisíocha faoi fhéiniúlacht an duine i gcomhthéacs cultúir, litríochta agus – go háirithe – teanga.

3 Nua-aoiseachas Mháirtín Uí Chadhain

Chruthaigh Máirtín Ó Chadhain réabhlóid i gcúrsaí liteartha na Gaeilge. Bhris sé saor ó choinbhinsiúin na scéalaíochta a bhí i réim i litríocht na Gaeilge roimhe sin. Shéan sé an dearcadh piúratánach agus léirigh sé gurbh fhéidir le haon scríbhneoir a bheith chomh nua-aimseartha agus a theastaigh uaidh agus fós a bheith dúchasach. Bhí cur chuige turgnamhach aige ach scríobh sé i nGaeilge a bhí dea-snoite agus a raibh féith an dúchais go mór inti. Shaor sé na scríbhneoirí a tháinig ina dhiaidh mar sin chun dul chun cinn a dhéanamh ina saothar féin. Féachfaidh mé anseo ar nua-aoiseachas Uí Chadhain mar chéim thábhachtach in éabhlóid iar-nua-aoiseachas liteartha na Gaeilge agus ar thréithe iar-nua-aoiseacha ina shaothar féin. Tá éagsúlachtaí móra ina shaothar agus feictear cineálacha difriúla nua-aoiseachais ann. Chomh maith le nua-aoiseachas, cuirtear raibiléiseachas ina leith agus tá baint shuimiúil le feiceáil idir an fhéith raibiléiseach seo agus a fhéith nua-aoiseach. Pléifidh mé na gnéithe seo chun dul i ngleic le héabhlóid a shaothair agus chun léargas a fháil ar an gcineál – nó ar na cineálacha – nua-aoiseachais a chleacht sé. Pléim roinnt gearrscéalta do chuid an údair seo chomh maith leis an úrscéal *Cré na Cille* mar gur dóigh liom go mbaineann siad le hábhar.

Bainim úsáid arís as teoiricí agus léirmheas áirithe sa chaibidil seo. Féachaim arís ar staidéar M.M. Bakhtin ar shaothar François Rabelais. Im staidéar ar chosúlachtaí idir Máirtín Ó Cadhain agus Samuel Beckett, bainim úsáid as saothar Vivian Mercier, Alain Robbe-Grillet agus Brian McHale. Bainim áis anseo as léirmheas le Gearóid Denvir agus Seán Ó Tuama ach, leis seo, tá tuairimí an Chadhnaigh féin as *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* ina n-uirlis mhaith sa chaibidil seo chomh maith.

Féachtar go minic ar na leabhair gearrscéalta cathrach, *An tSraith ar Lár, An tSraith dhá Tógáil* agus *An tSraith Tógtha* mar eiseamláir de nua-aoiseachas Uí Chadhain. Is saothar nua-aoiseach é *Cré na*

Cille chomh maith áfach, cé nach bhfeictear an bhéim ar chomhfhios na gcarachtar mar is iondúil in a lán saothar nua-aoiseach. Ach ní gá don saothar nua-aoiseach a bheith i gcónaí ina scrúdú ar chomhfhios. In *Ulysses* Joyce, mar shampla, cé go bhfuil cuid mhaith den téacs dírithe ar intinn na gcarachtar agus a gcuid smaointe achrannacha, tá áiteanna eile sa leabhar nach bhfuil an bhéim seo le feiceáil. Sa chaibidil "Oxen of the Sun", ní fheictear an doimhneacht comhfheasa seo maidir leis na carachtair. Is saghas *tour de force* teangeolaíoch é ina n-úsáideann Joyce cineálacha éagsúla Béarla ó stair na teanga féin. Sa chuid is mó, is léiriú í an chaibidil seo ar chomhrá agus ar chaidreamh idir Leopold Bloom, Stephen Dedalus agus daoine eile agus iad ag fanacht san ospidéal nuair atá Mina Purefoy ina leaba luí seoil. Athraíonn an Béarla sa scéal, áfach, ag tosú le Béarla na meánaoiseanna agus dul ar aghaidh go croineolaíoch trí stíleanna éagsúla stairiúla Béarla. Ní fheictear an scrúdú cruinn ar intinn na gcarachtar sa chaibidil seo ach ní féidir a rá fós nach téacs nua-aoiseach é. Is é atá sa treis anseo ná go gcuirtear iallach ar an léitheoir feidhm a chomhfheasa féin a thabhairt faoi deara sa tranglam teanga seo. Deir Lyotard go dtugann sé nua-aoiseachas ar an saothar a léiríonn "that the unpresentable exists. To make visible that there is something which can be conceived and which can neither be seen nor made visible" (1986:78). Nuair a chuirtear na cineálacha stairiúla teanga seo agus eachtraí comhaimseartha an scéil le hais a chéile, taispeántar don léitheoir gur feidhm intinne í gach teanga agus go n-oibríonn sí laistigh de chomhthéacsanna áirithe. Nuair a chuirtear friotal áirithe lasmuigh dá chomhthéacs nádúrtha, tugtar aird ar an bpróiseas seo – cé nach bhfeictear an bhaint idir teanga agus intinn go soiléir. Seo é an 'rud doléirithe', de réir dearcadh Lyotard.

Creidim gur féidir *Cré na Cille* a fheiceáil sa chomhthéacs seo. Is cineál eile nua-aoiseachais é *Cré na Cille* – cineál nach ndeighleálann le comhfhios na gcarachtar ar chor ar bith ach a chuireann iallach ar an léitheoir a chomhfhios féin a bhreathnú i gcomhthéacs na teanga atá ann. Tá doimhneacht áirithe i gCaitríona in *Cré na Cille* nach bhfuil sna carachtair eile agus feictear é seo sa tslí ina labhraíonn sí

léi féin in áiteanna. Ach is fíor nach bhfuil aon iarracht ann le comhfhios na gcarachtar eile a léiriú sa leabhar. Ní féidir a rá go bhfuil an scrúdú domhain ar chomhfhios sa leabhar seo, mar a bheifí ag súil leis i dtéacs nua-aoiseach. Tá an téacs ar fad déanta de chaint dhíreach idir na carachtair. Mar sin, níl cead isteach againn ina smaointe inmheánacha.

Ó thaobh foirme, is féidir a rá gur saothar nua-aoiseach é *Cré na Cille* chomh maith sa tslí ina scriosann Ó Cadhain coinbhinsiúin liteartha i leith na reacaireachta. Níl reacaire sa chéad phearsa nó reacaire uilefheasach ann chun eachtraí a mhíniú dúinn. Cuireann Ó Cadhain téacs i láthair atá mar théacs dráma ach gan cúnamh ainmneacha na gcarachtar roimh gach ráiteas chun a léiriú dúinn cé atá ag caint. Tá frásaí áirithe a bhaineann le carachtair ar leith agus tugann sé seo treoracha éigin dúinn ach is uirlis é seo chomh maith a dhéanann caracatúir de na carachtair. Feictear é seo sa Bhéarla a úsáideann Nóra Sheáinín; 'D'ainm ón diucs' Thomáis Taobh Istigh; '*Bloody tear and 'ounds'* Bheartla Chois Dubh agus mórán frásaí agus comharthaí eile tríd an téacs. Cruthaíonn sé seo tranglam teanga a théann i gcion ar an léitheoir in dhá shlí. Ar thaobh amháin de, seo é 'caint na ndaoine', an chéad chloch ar phaidrín liteartha na hAthbheochana. Ar an taobh eile de, is litríocht thurgnamhach í a thug ar dhuine amháin 'Joycean smutmonger' a thabhairt ar Ó Cadhain ar an mbus (Ó Cadhain 2003:13). Oibríonn an tranglam teanga seo mar chineál sruth comhfheasa sa téacs ach ní comhfhios indibhidiúil é a bhaineann le haon charachtar amháin ach rud a shamhlaítear le sruth comhfheasa na ndaoine. Cruthaítear san úrscéal, mar sin, an dearcadh go bhfuil cead isteach againn in eisint éigin den rud is 'caint na ndaoine' ann – sa tslí chéanna ina samhlaítear go dtugann sruth comhfheasa a bhaineann le carachtar indibhidiúil cead isteach dúinn ina eisint shíceolaíoch féin.

Bhí an coincheap seo maidir le heisint Ghaelach tábhachtach d'fhealsúnacht na hAthbheochana. Ní hé seo an rud atá i gceist le *Cré na* Cille áfach. Mar shruth comhfheasa a dhéanann reacaireacht ar intinn carachtair, ní thugtar dúinn ach sleachta briste. Fágtar rud

doléirithe nach féidir cur síos air ina iomláine le focail nó le frásaí sainiúla. Is é sainmhíniú Lyotard ar nua-aoiseachas ná gur aithint é go bhfuil rud doléirithe ann. Taispeánann *Cré na Cille* go bhfuil sé seo ann i gcaint na ndaoine féin agus léiríonn sé é sa tslí ina gcuirtear an chaint seo lasmuigh den chomhthéacs liteartha a d'aithneodh an léitheoir – an scéalaíocht. Nuair a chuirtear iallach ar an léitheoir ansin caint na ndaoine a mheas i gcomhthéacs eile, sruth comhfheasa a bhfuil cosúlachtaí aige le litríocht an *avant-garde*, tugtar aird ar an bpróiseas teangeolaíoch a chruthaíonn caint na ndaoine – ach ní fheictear é seo go soiléir riamh. Léiríonn Ó Cadhain go bhfuil an *unpresentable* a labhródh Lyotard faoi níos déanaí le fáil i gcaint na ndaoine seo.

Tá stíl liteartha eile áfach a luaitear le Máirtín Ó Cadhain go minic agus tá baint ar leith aici leis an gcineál nua-aoiseachais in *Cré na Cille*. Seo é raibiléiseachas, téarma a thagraíonn do thréithe a fheictear i saothar François Rabelais, scríbhneoir Francach ón 16ú haois. Scríobh Rabelais sraith úrscéalta fantaisíochta ar a dtugtar *Gargantua et Pantagruel*, scéal faoi bheirt fhathach, athair agus mac, agus na heachtraí a tharlaíonn dóibh. Cuirtear tréithe scaiteolaíocha agus gáirsiúla i leith na stíle seo go minic.

Ba é Seán Ó Ríordáin a bhaist an teideal 'raibiléiseach' ar an gCadhanach ar dtús agus labhraíonn sé faoin stíl liteartha seo ina alt in *The Irish Times* mar 'ionsaí ar an mór is fiú'. Deir sé: "De ghnáth, samhlaítear é le 'cainteanna salacha' – rud ná fuil dar liom ach ina chuid bheag den iomlán" (*IT* 29 Aibreán 1970). Luann sé a lán scríbhneoirí a bhfuil tréithe raibiléiseacha ina saothar – Joyce, Beckett, Machiavelli, Cervantes, Myles na gCopaleen, Brian Merriman, údar *Pháirlimint Chloinne Thomáis* – agus Máirtín Ó Cadhain féin. Deir sé go bhféachann an scríbhneoir raibiléiseach "go fuarchúiseach, magúil ar chinniúint an duine" agus nach bhfuil "leigheas, trua ná comhbhá i gceist". "Ionsaí ar an mór is fiú isea Rabelais" dar leis agus deir sé gur: "Breá le Rabelais pearsa thábhachtach eaglaise a thaispeáint ag scaoileadh uaidh ina threabhsar le barr neamhchrógachta". Ach feiceann sé feidhm shóisialta ag an

stíl seo chomh maith: “Má fhéadfadh aidhm a bheith ag an gcruthaitheoir (nó creachadóir) raibiléiseach, sí aidhm í ná maolú a dhéanamh ar bhaois an duine – rud go bhfuil fhios aige nach féidir a dhéanamh”.

Feictear na tréithe seo go mór i saothar Rabelais. Mar shampla, múnann an fathach Gargantua tuile ollmhór ar Pháras agus báitear a lán daoine. Cuireann Panurge boladh bitsí atá faoi adhall ar éadaí bean ghaládnta agus leanann madraí an bhaile í go dtí go scriostar a cuid éadaí álainn lena mún. Tá cinniúint chruálach i ndán d’éinne sa leabhar atá mórchúiseach nó sotalach – is cuma an bhfuil sé ina ghnáthdhuine nó ina rí. Tá íomhá an choirp an-tábhachtach i saothair Rabelais agus faightear pictiúr iomlán den duine ann – é ag ithe, ag ól, ar meisce, ag cacadh, ag múnadh agus i mbun collaíochta. Cé gur baisteadh sloinne Rabelais ar na tréithe seo, áfach, níorbh é an chéad duine a léirigh iad. Mar a deir Seán Ó Ríordáin: “Níorbh é an seagart Francach, Proinsias Rabelais an chéad Rabelais ná ní h-é Ó Cadhain an ceann deireanach”. Feictear na tréithe céanna, mar shampla, in *Aislinge Meic Conglinne* a bhí scríofa céadta bliain roimhe sin.

Tugann M.M. Bakhtin an-léargas dúinn ina leabhar *Rabelais and his World* ar an gcur chuige atá taobh thiar de shaothar raibiléiseach. Féachann sé air mar léiriú ar mheon aigne carnabhalach na meánaoiseanna. Dar leis, i ngreann an charnabhail, ní bhíodh aon difríocht idir aisteoirí agus breathnóirí mar bhíodh gach éinne ann páirteach sa cheiliúradh. Sháraigh an carnabhal aon difríocht idir aicmí agus, mar a deir Bakhtin: “it marked the suspension of all hierarchical rank, privileges, norms and prohibitions” (10). Cruthaíodh cineál cumarsáide faoi leith, dar leis, nuair a cuireadh struchtúr na sochaí seo i leataobh: “the sacred and the profane are leveled and are all drawn into the same dance” (160). Níor fhreagairt indibhidiúil é d’eachtra coiméide ar leith ach ba ghreann uilíoch é a bhíodh dírithe ar gach éinne sa charnabhal. Ba ghreann défhiúsach é, chomh maith a bhíodh meidhreach agus caithréimeach ach, ag an am céanna, in ann a bheith fonóideach. Sa chineál seo grinn, bhí gach rud ar oscailt in ionad é a bheith dúnta, déanta agus críochnaithe: “This

experience, opposed to all that was ready-made and completed, to all pretense at immutability, sought a dynamic expression; it demanded ever changing, playful, undefined forms" (10/11). Thug Bakhtin an teideal *grotesque realism* (nó réalachas anchúinseach) ar an stíl scaiteolaíoch ghairsiúil seo ach, dar leis, níl sé ar mhaithe le graostacht féin ach gur rud dearfach é a bhain le saol na ndaoine: "In grotesque realism, therefore, the bodily element is deeply positive. It is presented not in the private, egotistic form, severed from the other spheres of life, but as something universal, representing all the people" (19).

Baineann sé go mór le díghrádú agus ísliú aon rud atá misteach, spioradálta, idéal nó teibí. Oibríonn sé seo chun an saol a léiriú ina iomláine nádúrtha – le bás agus beatha. Míníonn Bakhtin an díghrádú seo i gcomhthéacs athnuachana agus saortha. Smaoiníonn sé ar dhíghrádú ruda mar: "to hurl it down to the reproductive lower stratum, the zone in which conception and a new birth take place....it is the fruitful earth and the womb" (21). Tógann an 'réalachas anchúinseach' seo aon rud atá teibí nó misteach agus athraíonn sé é ina rud simplí, nádúrtha agus uilíoch den chine daonna. Mar sin, baineann an pheirspictíocht le hathnuachan toisc go mbaineann gach rud leis an bpobal atá i mbun a athnuachana féin trí bhás agus trí bhreith i gcónaí. Sa tslí seo, dar le Bakhtin, faightear sa réalachas anchúinseach tuiscint stairiúil atá nua, coincréiteach agus réalaíoch: "not abstract thought about the future but the living sense that each man belongs to the immortal people who create history" (367). Tugann Bakhtin samhlaoid dúinn ar an rud atá i gceist aige leis na terracotta *Kerch* (25), bailiúchán de dheilbhíní, ina bhfuil cuid acu mar íomhánna de chailleacha atá ag iompar clainne agus ag gáire. Deir sé faoi seo: "It is ambivalent. It is pregnant death, a death that gives birth . . . Life is shown in its two-fold contradictory process; it is the epitome of incompleteness. And such is precisely the grotesque concept of the body" (25/26).

Feictear tréithe raibiléiseacha go forleathan i saothar Uí Chadhain ach tá siad an-soiléir in *Cré na Cille*. Is féidir carnabhal a shamhlú sa

tranglam de ghuthanna a ropann iad féin isteach sa chomhrá ón uile thaobh. Tá an saol sa reilig inchurtha leis an saol a bhí ag na carachtair os cionn talún sa bhealach go bhfuil a gcuid falta, claonta agus ráisteachais fós acu. Níl faic eile le déanamh acu, áfach, ach a bheith ag caint lena chéile agus dá bharr sin, is móide an fhaill choinbhleachta é. Chomh maith leis seo, ní gá dóibh a bheith béasach lena chéile toisc nach bhfuil aon chúram domhanda orthu. Cáineann cuid acu a gcomharsana ar bhealach nach mbeadh de mhisneach acu a dhéanamh os cionn talún. Mar sin, is féidir féachaint ar an reilig mar chineál carnabhail. Feictear é seo san achasán a thugtar do Pheadar an Ósta agus do Shiúán an tSiopa ar feadh an toghcháin, daoine cumhachtacha ina slí féin nuair a bhí siad beo. Is féidir leis an bhfear árachais agus le fear na leabhar 'cleasaí na ceirde' a nochtadh os comhair an tsaoil. Dá bharr seo, tugtar cead do gach éinne an fhírinne a insint agus úsáideann an Cadhanach an abairt 'slí na fírinne' go maith chun difríocht a chruthú idir í agus 'slí na bréige' os cionn talún.

Cruthaítear lucht scigiúil raibiléiseach as áitritheoirí na cille agus tá Caitríona mar bhall den dream carnabhalach seo. Ní ligtear seans ar bith do thromchúis nó bhaothghalántacht sa reilig agus cuirtear i láthair é chun é a leagadh. I rith comhrá thromchúisigh ar thairngreacht, cuirtear isteach go magúil go bhfuil "sé i dtairngreacht Chaitríona Pháidín go mbeidh bean a mic anseo ar an gcéad othras eile clainne" (203). Ní deacair dóibh cúis mhagaidh a fháil. Tosaítear comhrá tromchúiseach faoi na siocracha báis a bhí acu agus iompaítear é go réidh ina scigmhagadh: "Ba é an tsiocair a bhí ag Tom Rua fad a bheith ar a theanga" (242) nó "Bhásaigh Stiofán Bán le diomú nár chuala sé aon smid faoi shochraid Chaitríona Pháidín" (242). Úsáideann siad aon leithscéal chun rop a thabhairt dá chéile. Bríd Thoirdhealbhaigh, mar shampla, a úsáideann scéal na pictiúrlainne chun Caitríona agus an Máistir mór a chiapadh (155/6).

Is duine baothghalánta agus poimpéiseach í Nóra sa reilig. Deir sí go bhfuil an-suim aici i gcúrsaí cultúrtha ach is iad na rudaí a thuigeann sí le cultúr ná *novelettes* seafóideacha, a cuid abairtí Béarla

agus an Rótaraí – club de shaghas éigin atá chomh seafóideach go bhfuil sé inchurtha leis an bhfeis in *An Béal Bocht*. Éiríonn a cuid nathanna Béarla níos measa de réir mar a leanann an t-úrscéal ar aghaidh. Tosaíonn sí le "*Honest Injun*" (21) ach faoi dheireadh tá gach cineál abairte galamaisíche ráite aici: "Hóigh! *How are tricks*?" (125); "Éist, Thomas! *That's a dote*!*"* (278); "*Upon my word*! Tá mé *shocked*!" (302). Ní chailleann Caitríona seans ar bith áfach chun a baothghalántacht a dhíghrádú. Is féidir léi a bheith ciúin go dtí an nóiméad ceart in óráid Nóra Sheáinín agus ansin ciúta faoi 'mhairnéalaigh' nó faoin nGort Ribeach – áit ina 'mblitear na lachain' – a ropadh isteach sa chomhrá go tobann. Fulaingíonn Nóra an díghrádú is mó nuair a thagann Tomás Taobh Istigh chun na cille agus insíonn sé do gach éinne go mbíodh sí ar an drabhlás nuair a bhí sí beo agus go raibh sí ag insint bréag an t-am go léir.

Feictear an rud atá i gceist ag Bakhtin maidir le réalachas anchúinseach go mór in *Cré na Cille*. Seo é an meascán de bhás agus de bheatha anseo atá le feiceáil maidir leis na terracotta *Kerch*. Tá na carachtair go léir sa scéal marbh agus curtha sa reilig. Ní neamh Chríostaí atá anseo áfach, rud a bheadh 'ready-made and completed' de réir Bakhtin, ach saol eile atá lán le drúis, collaíocht agus éad. Ag tosach an scéil, feictear an Máistir Mór agus Nóra Sheáinín ag suirí lena chéile. Cuireann Caitríona stop leis sin ach in áit cúrsaí collaíochta a laghdú sa reilig, méadaíonn sí í. Cuireann Caitríona in iúl don Mháistir go bhfuil leannán ag a bhean chéile anois agus cuireann sí iallach air a thomhais cé atá ann. As sin amach sa leabhar, tá an Máistir ag dul le báiní le héad, ag cur ceisteanna ar gach éinne a thagann chun na reilige faoina bhean agus Bileachaí, a leannán. Ach is cúrsaí collaíochta atá ag dó na geirbe ag Caitríona féin sa scéal toisc go dtagann an ghráin atá aici dá deirfiúr Neil go hiomlán ón éad atá uirthi mar gheall ar a grá féin d'fhear céile Neil, Jeaic na Scolóige. Is cuma cé acu atá sí básaithe agus curtha sa reilig nó nach bhfuil. Tá an grá agus an ghráin fós beo inti.

Nuair atá an Máistir ag caint le Máirtín Crosach faoina shaol lena bhean, tá sé ag iarraidh cuma rómánsach a chur ar an scéal.

Cruthaíonn sé pictiúr álainn fileata díobh ina suí le chéile ag an gCrompán. Tagraíonn sé do Chlann Uisneach, Diarmuid agus Gráinne, Tristan agus Iseult agus mórán eile chun an íomhá idileach agus idéalach seo a chruthú (174). Ach is é gnó an tsaothair raibiléisigh an cineál seo idéil a scriosadh agus seo é an rud a dhéantar anseo. Nuair atá an Máistir críochnaithe lena scéal rómánsach, scriosann Máirtín Crosach é agus insíonn sé dó (agus do gach éinne eile atá ann) gur fhéach sé isteach trí fhuinneog na scoile lá amháin nuair a bhí na páistí imithe abhaile agus chonaic sé é agus a bhean chéile i mbun caidrimh chollaí istigh sa rang. Tógtar reacaireacht rómánsach an Mháistir anseo agus caitear síos í: "to the reproductive lower stratum, the zone in which conception and a new birth take place" (21).

Déantar ceap magaidh den Mháistir sa scéal idir spochadh na gcarachtar eile agus a rámhaille éadmhar féin. Ach ní scriostar an Máistir leis an mí-úsáid seo ach a mhalairt. Tarlaíonn athnuachan dó nuair a sciobtar raiméis 'ealaíonta' an rómánsachais agus na *novelettes*. Feictear duine eile ansin atá lán le fíordhaonnacht raibiléiseach. Seo é an rud atá i gceist sa réalachas anchúinseach agus feicimid é sa liodán mallachtaí a chuireann an Máistir ar Bhileachaí, fear a mhná céile:

> Luí fada gan faoilte air! Seacht n-aicíd déag agus fiche na hÁirce air! Calcadh feadáin agus stopainn air! Cam reilige agus goile trasna air! An ceas naíon air! An Bhuí Chonaill air! Plá Lasaras air! Éagnach Job air! Calar na muc air! Snaidhm an bundún air! Galar trua, brioscbhruar, péarsla, sioráin, maotháin agus magag air! Glogar Chaoláin ní Olltáir ann! Galair seanaoise na Caillí Béara air! Dalladh gan aon léas air agus dalladh Oisín ina dhiaidh sin! Tochras Bhantracht an Fháidh air! An galar glúiníneach air! Deargadh tiarnaí air! Ga dreancaidí air!
>
> (172)

Deir an Cadhnach gurb é an cineál Gaeilge a thug sé dó ná "caint ealaíonach, caint uaislithe nó bréag-uaislithe" (*PBPB* 21). De réir mar a leanann an scéal ar aghaidh, áfach, agus é ag dul le báiní le héad faoina bhean chéile, tosaíonn sé ag gearán faoi Bhileachaí sa stíl seo nach bhfuil inti ach liodán mallachtaí. Cé gur caint ghalánta a thug an Cadhnach dó ar dtús, féadtar féith dhúchasach a fheiceáil sna sraitheanna cainte seo. Mar a dúirt Gearóid Denvir: "Caithfear an méid seo a thuiscint taobh istigh d'aeistéitic dhúchasach na Gaeilge féin, áit a raibh meas i gcónaí ar an dea-chaint, an chruachaint" (2007:53). Mar sin, déantar athnuachan raibiléiseach ar an Máistir. Is féidir smaoineamh ar an athnuachan seo i gcomhthéacs an rud a deir Bakhtin faoi réalachas anchúinseach: "the living sense that each man belongs to the immortal people who create history" (367). Déantar duine dá phobal féin den Mháistir in ionad é a bheith mar charachtar bréagach ó na *novelettes*, mar atá sé ag tosach an úrscéil.

Tá an bhaint seo leis an bpobal ina chuid lárnach den chur chuige raibiléiseach mar sin ach tá an pobal lárnach sa chur chuige nua-aoiseach san úrscéal seo chomh maith. Scríobhtar an t-úrscéal mar shruth comhfheasa atá déanta as tranglam de chaint na ndaoine. Is uirlis nua-aoiseach í an tranglam seo a dhíríonn aird ar chumhacht an chomhfheasa mar fhírinne liteartha ach, ag an am céanna, meabhraíonn sé don léitheoir an tábhacht a tugadh do 'chaint na ndaoine' le linn na hAthbheochana. Cruthaítear déscaradh mar sin maidir le dhá choincheap éagsúla a bhaineann le 'caint na ndaoine' san úrscéal – an coincheap turgnamhach agus an coincheap dúchasach. Tá an rud doléirithe – *unpresentable* Lyotard – le fáil in áit éigin idir an dá choincheap seo. Ach oibríonn an déscaradh seo i gcomhthéacs an chuir chuige raibiléisigh san úrscéal. Tá raibiléiseachas féin, de réir Bakhtin, ina mheascán idir nádúrthacht dhaonna agus fealsúnacht daonnachais. Feictear comhthreomhaireacht mar sin idir an dá thaobh – ard agus íseal – de raibiléiseachas agus den chineál nua-aoiseachais in *Cré na Cille* araon. Chomh maith leis sin, treisíonn an raibiléiseachas san úrscéal cumhacht spiorad an imeartais atá le fáil sa nua-aoiseachas turgnamhach. Oibríonn an

raibiléiseachas fiáin, an nua-aoiseachas turgnamhach agus an fhéith dhúchasach teanga go léir le chéile chun a léiriú don léitheoir nach bhfuil aon rud dúnta agus críochnaithe – nó "ready-made and completed" – i gcaint na ndaoine.

Tá an bhaint idir raibiléiseachas agus (iar)-nua-aoiseachas le feiceáil in a lán saothar liteartha. Ina alt sa *Irish Times*, cuireann Seán Ó Ríordáin Joyce agus Beckett lena liosta scríbhneoirí raibiléiseacha. Oibríonn an cur chuige raibiléiseach go maith chun dearcadh nua-aoiseach agus iar-nua-aoiseach a chur chun cinn. Is cineál íolbhriste atá ar bun maidir le raibiléiseachas agus (iar)-nua-aoiseachas araon. Is féidir a rá fiú go scriosann (iar)-nua-aoiseachas coinbhinsiúin liteartha an réalachais le díograis raibiléiseach. Mar a deir Max Nänny:

> The chief modernist works, Joyce's *Ulysses*, Eliot's *The Wasteland*, and Pound's *Cantos* as well as so much post-modern writing may hence be seen as literary expressions of a pervasive carnivalisation of 20th century consciousness and culture, expressions whose strongly ludic charachtar demands an active participation in their carnivalesque games.
>
> (534-35)

In *Rabelais and his World*, léiríonn Bakhtin gur athraigh cúrsaí liteartha i ndiaidh Rabelais ach gur coimeádadh tréithe carnabhalacha i saothar scríbhneoirí áirithe ar nós Molière, Voltaire, Diderot agus Swift. Is féidir an rud a deir sé faoi na scríbhneoirí seo a rá maidir le nua-aoiseachas agus le hiar-nua-aoiseachas chomh maith:

> the carnival-grotesque form exercises the same function: to consecrate inventive freedom, to permit the combination of various different elements and their rapprochement, to liberate from the prevailing point of view of the world, from conventions and established truths, from clichés, from all that is humdrum and universally accepted.
>
> (34)

Oibríonn iar-nua-aoiseachas chun toisí ointeolaíocha a léiriú agus déantar é seo go minic le meascán idir rudaí éagsúla – ardchultúr agus cultúr íseal mar shampla. Féachann raibiléiseachas le hardnós agus cliarlathas a scriosadh ach déantar é seo go minic sa tslí chéanna: "the sacred and the profane are leveled and are all drawn into the same dance" (Bakhtin:160).

Ionsaíonn iar-nua-aoiseachas aon absalóideachas chomh maith, mar a deir Bakhtin faoi raibiléiseachas: "No dogma, no authoritarianism, no narrow-minded seriousness can coexist with Rabelaisian images; these images are opposed to all that is finished and polished" (3). Dúirt L. E. Pinsky "One of the most remarkable traits of Rabelais' laughter is its multiplicity of meaning, its complex relation to the object" (as Bakhtin 1984:142). Tá an 'multiplicity of meaning' seo de dhlúth agus d'inneach an dearcaidh iar-nua-aoisigh. Má tá raibiléiseachas i gcoinne aon ruda atá 'críochnaithe', feicimid an meon ceannann céanna i dteoiric Jacques Derrida nuair a shéanann sé an comharthach tarchéimniúil.

Ach oireann raibiléiseachas go maith do nua-aoiseachas chomh maith. Feictear é seo sa chaibidil 'Circe' in *Ulysses* ina léirítear comhfhios na gcarachtar i bhfoirm speabhraídí agus tromluithe raibiléiseacha. Tá gné áirithe den nua-aoiseachas ina bhfuil sé níos oiriúnaí do raibiléiseachas ná mar atá iar-nua-aoiseachas agus seo í an tslí nach bhfuil sé chomh nihilíoch le hiar-nua-aoiseachas. Tá an fócas ointeolaíoch a dhiúltaíonn cinnteacht sa saothar iar-nua-aoiseach ag féachaint i dtreo nihileachais i gcónaí, rud nach ndéanann raibiléiseachas ar chor ar bith. Is fíor, áfach, go n-oibríonn nua-aoiseachas agus iar-nua-aoiseachas araon go han-mhaith trí fheidhm an "pervasive carnivalization of 20th century consciousness and culture" seo.

Leagann Máirtín Ó Cadhain a thuairimí maidir le cúrsaí liteartha amach in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* agus tá cuma raibiléiseach le feiceáil fiú ar an gcéad leathanach : "B'as saol an bhéaloidis, saol nach raibh mórán athrú air le míle bliain anuas a

fáisceadh mé" (7). Leanann sé ar aghaidh ansin le trácht ar thoirmisc a chur Easpaig ar dhaoine faoi phátrún nó faoi thuras ag aon tobar beannaithe. Deir sé: "I saol Dionysiusach na dtoibre beannaithe ba mhó mo spéis-sa freisin" (7). Ach is saothar é seo a léiríonn a thuairimí maidir le nua-aoiseachas chomh maith. Ionsaíonn sé dearcadh an réalachais le: "ní hí fírinne na cumadóireacht, na healaíne, fírinne an tsaoil" (10).

Tá na tréithe carnabhalacha seo fós le feiceáil sna trí leabhar gearrscéalta *An tSraith ar Lár, An tSraith dhá Tógáil* agus *An tSraith Tógtha*. Chomh maith leis seo áfach, feictear téamaí eile a luaitear le saothar nua-aoiseach go minic – dídhaonnú an duine atá daortha ag córas maorlathach i saol nua-aimseartha neamhphearsanta. Is téama é seo a chuireann saothar Kafka i gcuimhne don léitheoir agus fiú, úsáideann Ó Cadhain tréith Kafkach sa tslí nach dtugann sé ainmneacha iomlána ar chuid dá charachtair. Sa tslí chéanna ina bhfuil carachtair de chuid Kafka mar Joseph K. in *The Trial* agus K. in *The Castle*, feictear carachtair Uí Chadhain mar N. in "Fuíoll Fuine" (*An tSraith dhá Tógáil*) agus J. in "An Eochair" (*An tSraith ar Lár*).

Léirítear an duine mar neamhdhuine a bhfuil cuid dá phearsantacht féin caillte aige sa saol fuarchúiseach nua-aimseartha seo. In "An Eochair", mar shampla, is cosúil go bhfuil J. daortha ag an gcóras maorlathach sula gcuirtear é faoi ghlas san oifig. Léirítear an dídhaonnú seo mar thréith den saol nua-aimseartha agus samhlaítear é i gcomhthéacs an tsaoil uirbigh. Cuirtear comhfhios na gcarachtar i gcroílár an scéil go minic, mar is iondúil i saothar nua-aoiseach. Feicimid comhfhios an othair san ospidéal in "Ag Déanamh Marmair" (*An tSraith Tógtha*) agus é daortha ag an tinneas agus ag réimeas an ospidéil.

Ní scéalta na cathrach iad go léir áfach. Is scéal faoi fhear tuaithe atá in "Beirt Eile" (*An tSraith ar Lár*) ach tá an-bhéim fós ar chomhfhios an charachtair. Níl aon phlota sa scéal seo agus ní tharlaíonn aon rud ach go dtéann fear darb ainm Micil amach ar maidin chun a chuid beithíoch a chothú – rud a theipeann air a

dhéanamh. Ar a shlí, feiceann sé bean a chomharsan agus í ag cothú sicíní. Sin iad eachtraí an scéil. Tugtar cuntas ar smaointe Mhicil áfach agus feictear a mheon aigne go cruinn sa scéal. Léirítear é mar fhear atá an-mhíshásta lena shaol. Tá sé pósta le Bríd, bean a bhíonn breoite go minic agus is léir nach bhfuil sé i ngrá léi. Phós sé í mar gheall ar a cuid airgid agus toisc go raibh a thuismitheoirí féin ag cur brú air é a dhéanamh. Theastaigh uaidh féin ag an am, áfach, bean eile a phósadh. Seo í Máirín, an bhean a fheiceann sé agus é ag dul chun a chuid beithíoch a chothú.

Tá sise pósta anois lena chomharsa, Peadar, ach is léir go bhfuil Micil fós an-tógtha léi. Níl aon chlann ag Micil agus Bríd, cé go bhfuil siad pósta le blianta. Tá sé buartha faoi seo agus tagann éad air nuair a smaoiníonn sé faoina chomharsana agus clann acu go léir. Go háirithe, smaoiníonn sé faoi Pheadar a bhfuil a lán páistí aige cé go bhfuil sé bocht go leor. Samhlaíonn sé gurbh fhéidir leis Peadar agus a bhean féin a mharú agus ansin, go mbeadh sé in ann Máirín a phósadh. Is féidir a fheiceáil, áfach, nach bhfuil sé ach ag taibhreamh agus ní tharlóidh sé seo go deo. Saol leamh éagumasach atá aige agus is léir dó é seo nuair a theipeann air fiú na beithígh a chothú: "Mar theith an t-asal, mar bhí an saol ag teithe uaidh. Agus na blianta, dóchas a óige agus an lánúnachais" (1967:108).

Mar scéal nua-aoiseach, diúltaíonn "Beirt Eile" do choinbhinsiún liteartha maidir le plota nó eachtraí ar mhaithe le scrúdú ar chomhfhios an charachtair agus é ag streachailt le fíricí a shaoil. Tá Micil ag iarraidh ciall a bhaint as an eolas atá aige faoin saol ina thimpeall. Ceistíonn sé é féin faoin saol seo – faoina chumas chun a bheith in ann dúnmharú a dhéanamh agus saol nua a chruthú dó féin. Feictear an únfairt bhuartha inmheánach anseo atá ina gné den saothar nua-aoiseach go minic. De réir Brian McHale, is é an príomhfhócas, an *dominant*, atá i gceannas sa saothar nua-aoiseach ná fócas eipistéimeolaíoch. Féachann an scéal seo le rud éigin a léiriú maidir le staid an duine trí scrúdú ar chomhfhios an charachtair agus é ag streachailt le saol atá folamh agus gan brí ar bith. Mar sin, is iarracht í seo chun eolas a bhaint ón gcomhfhios seachas ceistiú ar an rud is

comhfhios ann – mar a bheadh sé dá mba rud é gur scéal iar-nua-aoiseach é le fócas ointeolaíoch.

Sa nóibhille "Fuíoll Fuine" in *An tSraith dhá Tógáil*, faighimid léiriú ar na smaointe inmheánacha atá ar siúl in intinn an phríomhcharachtair arís. Baineann an scéal seo le N., fear atá ag siúl sráideanna na cathrach i ndiaidh dó a chloisteáil go bhfuil a bhean chéile básaithe. Faigheann sé an nuacht amach ó dheirfiúracha a mhná ar an teileafón agus insíonn siad dó go colgach gur chóir dó teacht abhaile go díreach. In ionad é sin a dhéanamh, áfach, téann sé timpeall na cathrach ag iarraidh na sochraide a eagrú, rud nach bhfuil sé in ann a dhéanamh toisc go bhfuair a bhean bás ag an deireadh seachtaine. Ní thaispeánann sé go bhfuil aon bhrón air de bharr chailleadh a mhná céile ach cuireann socruithe na sochraide as dó go mór. Caitheann sé beagnach dhá lá ag dul timpeall na cathrach, ag labhairt le daoine in eipeasóidí atá scartha óna chéile ina n-eachtraí indibhidiúla, agus faoi dheireadh, ní tharlaíonn aon rud ach amháin go ngoidtear a sparán uaidh. Ní théann sé abhaile agus ní eagraíonn sé aon rud don tsochraid. Tá cuma bhrionglóideach ann, mar sin, ar fud an scéil.

Tá greann sa scéal agus tagann cuid mhaith den ghreann seo ón tslí ina bhfuil N. ina dhuine an-sprionlaithe. Ní theastaíonn uaidh airgead a chaitheamh ar an tsochraid agus bíonn sé ag lorg slite níos saoire chun a bhean chéile a adhlacadh an t-am go léir. Nuair a bhíonn sé ag caint le daoine, mar shampla, ar ábhar tromchúiseach an bháis, bíonn sé ag smaoineamh ar shlite ina mbeidh sé in ann lascaine a fháil i gcostas na sochraide. Tá an-suarachas le fáil sa charachtar seo ach, ag an am céanna, tá doimhneacht ann chomh maith sna smaointe achrannacha atá ar siúl ina intinn.

Is státseirbhíseach é N. agus scríobhann sé scripteanna don raidió agus don teilifís. Teastaíonn uaidh leabhar a scríobh a bheadh bunaithe ar a shaol féin ach níl sé cinnte ar chor ar bith an mbeadh ábhar leabhair ann. Deir sé leis féin faoina shaol go raibh sé "caite aige ag cipiléaracht le mionrudaí fánach, le brus, le na cuileogaí a ghreamaíos do rothaí móra an tsaoil" (157). Ní fhaighimid a lán eolais

ar a shaol roimh thosach an scéil. Tá sé ina chónaí sa chathair cé nach duine cathrach é ó dhúchas. Níl mórán eolais le fáil faoina bhean chéile ach oiread, fiú amháin a hainm agus ní labhraíonn sé go grámhar nó fiú go brónach fúithi i gcaitheamh an scéil. Tá dealramh ar an scéal gur chaith N. a shaol go suarach i bpost nár thaitin leis agus le bean nach raibh grá ná fuath aige di. In *Cadhan Aonar: Saothar Liteartha Máirtín Uí Cadhain*, deir Gearóid Denvir gur "Duine soineanta gan aon urchóid a bhí in N., duine gan tábhacht, neamhdhuine go fiú, ar chuma don saol ann ná as é" (1987: 142).

Tá sé chomh sprionlaithe go bhfuil cuma áiféiseach air agus is féidir é a fheiceáil fiú mar characatúr sa tslí nach bhfuil ann ach bailiúchán steiréaphlátaí – an státseirbhíseach suarach nó an sprionlóir, mar shampla. Níl ainm ceart aige ná fréamhacha in aon áit, de réir dealraimh; níl stair phearsanta aige ná níl aon rud i ndán dó ina shaol. Ní féidir a rá go bhfuil aon saorthoil aige ach oiread. Féachann sé ar a chuid roghanna agus na heachtraí os a chomhair mar "slabhra réamhbheartaithe" (177). Pé uaillmhian atá air lena dhírbheathaisnéis a scríobh, is léir uaidh nach bhfuil na huirlisí aige chun a shaol a athrú nó chun brí éigin a aimsiú dá bheatha. Is féidir N. a chur i gcomparáid le carachtar i ndráma Beckett nó Kafka. Pléann Gearóid Denvir an tréith seo maidir le saothar Uí Chadhain agus luann sé ráiteas le Heinz Politzer faoi Kafka atá an-oiriúnach don scéal seo agus ar fiú a lua anseo arís.

> Kafka's so-called humor is a direct result of the humorlessness displayed by his characters. His heroes, above all, take themselves so seriously that they are unable to see the seriousness of their condition.....Seen against this obsessive seriousness of Kafka's heroes, the world cannot but reveal itself as non-sensical.
>
> (Denvir:221)

Pléann Seán Ó Tuama na cosúlachtaí idir Beckett agus Ó Cadhain ina aiste "Samuel Beckett, Éireannach" – go háirithe i gcomhthéacs an scéil "Fios" leis an gCadhnach. Deir sé anseo: "is

spéisiúil a thabhairt faoi deara a chóngaraí in áiteanna atá an láimhsiú a rinne Beckett ar an traidisiún drámaíochta seo don láimhsiú a rinne Máirtín Ó Cadhain in *Fios* ar an saghas nathaíocht agus sáraíocht chainte atá chomh coitianta sin in Éirinn, sna Gaeltachtaí go speisialta" (1990:99).

Is féidir cosúlachtaí a fheiceáil idir N. agus carachtar de chuid Beckett chomh maith. Chruthaigh Beckett domhan aisteach ar an ardán agus ina chuid úrscéal. De ghnáth, faightear carachtair atá lasmuigh d'aon tuiscint choitianta ar am agus ar áit. Níl stair phearsanta acu ná níl aon rud i ndán dóibh sa saol agus, den chuid is mó, críochnaíonn siad sa scéal díreach mar a thosaigh siad. Deir Vivian Mercier in *Beckett/Beckett*, nach féidir le Beckett fíorlaoch tragóideach a chruthú – nó ní raibh aon mhuinín aige as (12). I dtragóid chlasaiceach, feictear laoch atá ina dhuine maith, láidir agus bródúil – ach go bhfuil diomar marfach ann. Le fírinne, in aon charachtar de chuid Beckett, níl ann ach leathdhuine agus níl spás ann do dhiomar marfach. Faightear cosc eile ar an tragóid, dar le Mercier, sa tslí nach bhfuil saorthoil ag na carachtair agus gur daoir iad fé smacht na cinniúna. Feictear sin le *Waiting for Godot*, mar shampla, sa tslí nach féidir le Vladimir agus Estragon imeacht agus ní féidir le Pozzo agus Lucky aon ní a dhéanamh ach a bheith ag siúl an bhóthair i gcónaí. Cosúil le carachtar i ndráma Beckett, críochnaíonn N. an scéal go díreach mar a thosaíonn sé é – ag siúl na cathrach, i gcónaí ar tí rud a dhéanamh gan seans ar bith go ndéanfaidh. I gcomhthéacs "Fuíoll Fuine", is díol suime a ndeir Alain Robbe-Grillet faoi *Waiting for Godot*:

> The dramatic character, in most cases, merely *plays a role*, like the people around us who evade their own existence. In Beckett's play, on the contrary, everything happens as if the two tramps were on stage *without having a role.*
>
> (120)

Feiceann Declan Kiberd cosúlachtai idir an stíl seo agus stíl Uí Chadhain – go fiú i gcás *Cré na Cille*: "is féidir a áiteamh go bhfuil cruth ciorclach ar *Chré na Cille* agus ar úrscéalta Beckett. Ní féidir leis na carachtair éalú as sáinn an ama, agus níl fás ná forbairt ar a gcumas. Is ionann tús agus deireadh an scéal óir, leis an bhfírinne a dhéanamh, níl scéal ar bith acu, níl plota ar bith acu" (1993:249). In "Fuíoll Fuine" chomh maith, feictear nach bhfuil ról ar bith ag N. sa scéal mar atá sé. Níl aon rud le déanamh aige ach dul abhaile agus teipeann air sa ról sin. Ina dhiaidh sin, tá sé teanntaithe i saol gan bhrí ach bíonn sé ag iarraidh slí amach an t-am go léir. Cosúil le Vladimir agus Estragon in *Waiting for Godot*, tá N. ag fanacht le duine a bheadh in ann a chuid trioblóidí go léir a réiteach. Castar duine air sa tsráid a gheallann cúnamh dó agus ina dhiaidh sin, tugann N. 'an neach soilíosach' air agus lorgaíonn sé é arís mar dhuine osnádúrtha: "An neach soilíosach, ba shin é a chuspóir. Bhí sé sin ann i gcónaí, in áit eicínt, ach duine dhá fháil amach" (212).

Tagraíonn N. do shaothar liteartha a dtugann sé *Dainty's Dream* air agus baineann sé le purgadóireacht, dar leis. Seo é *The Divine Comedy* le Dante agus baineann an tagairt liteartha seo go mór leis an gcineál seo carachtair a fheictear i saothar Beckett – duine atá gafa go deo ina ifreann féin. Chuaigh saothar Dante go mór i gcion ar Beckett agus feictear a rian ar fud a shaothair. I gcomhthéacs an chineál scéil atá in "Fuíoll Fuine", is féidir an tagairt liteartha seo a léamh mar thagairt a threisíonn an nasc seo leis an gcineál purgadóireachta a fheictear i saothar Beckett chomh maith.

Sna drámaí de chuid Beckett, faightear eachtraí atá lasmuigh d'aon tuiscint choitianta ar am agus ar áit. Ní tharlaíonn sé seo in "Fuíoll Fuine" chomh mór agus a tharlaíonn sé i saothar Beckett ach fós níl eolas againn ar an am atá caite sa scéal agus níl aon todhchaí ann ach an Luan – atá ann mar shiombail de rud nach dtiocfaidh go deo. De réir dealraimh, ní féidir le N. déighleáil le haon am ach an nóiméad ina bhfuil sé. Tá an scéal ina shraith teagmhálacha le daoine, iad go léir scartha óna chéile agus cuimhníonn N. orthu ina shlí féin – ag athrú gnáthdhuine a chastar air sa tsráid ina 'neach soilíosach', mar

shampla. Tá áthas air nuair a chastar Ed, an mairnéalach Meiriceánach, air i ndeireadh an scéil agus creideann sé gurb é fuascailt a chuid trioblóidí go léir é ach ní chuimhníonn sé "gurb í an fhuascailt a thug sé air féin ag cinne dhó gan dul abhaile ba chiontaí leis sin" (249). Ní mhaireann sé ach sa nóiméad ina bhfuil sé agus cruthaíonn sin an dealramh ar an scéal go bhfuil sé lasmuigh d'aon tuiscint ar am nó ar áit. Deirtear: "Ba ghearr nach raibh sé ró-éasca aige a shaol féin a riana ní b'fhaide siar ná an pointe ar casadh Ed air" (251). Cuirtear cuma bhrionglóideach ar an scéal sa tslí seo atá an-chosúil le dráma Beckett.

Ní hamháin nach léiríonn N. aon ghrá dá bhean chéile, níl sé in ann grá a mhothú nó a thaispeáint d'aon duine. Is páirt dá charachtar é go bhfuil an tuiscint sin os cionn a acmhainne. Nuair a smaoiníonn sé ar Fháiscín, an bhean lena gcodlaíonn sé oíche an lae a fhaigheann a bhean chéile bás, tá brón air. Creideann sé go mbeadh fear eile aici ina dhiaidh ach: "B'éigean dó a amhdachtáil dó féin gur brón teibí, brón meitifisiciúil a bhí ann. Ní fhéadfadh brón ceart a bheith ann, nó ní fhéadfadh sé a bheith ann ach go teoiriciúil" (236). Cé go bhfuil "Fuíoll Fuine" ina léiriú ar chomhfhios N. agus ar iarrachtaí chun tuiscint a aimsiú tríd an gcomhfhios seo, feictear go bhfuil na hiarrachtaí seo ag teip go mór. Níos mó ná sin áfach, léiríonn an téacs glacadh éigin leis an teip seo agus glacadh leis go mbeadh rudaí dothuigthe i gcónaí, is cuma cé chomh domhain a théitear sa chomhfhios. Nuair a theipeann ar an bhfócas eipistéimeolaíoch seo ar chomhfhios, tiontaíonn an fócas go dtí toisí ointeolaíocha an scéil.

Tá na toisí ointeolaíocha an-soiléir chomh maith i gcomhthéacs úsáid na Gaeilge sa scéal. Tarlaíonn na heachtraí go léir in "Fuíoll Fuine" sa chathair. Ní deirtear sa téacs féin cén chathair atá i gceist ach leis na tagairtí don chanáil agus do long Meiriceánach ag an gcaladh, ní foláir nó gurb é Baile Átha Cliath atá ann. Castar a lán daoine ar N. agus é ag fálróid timpeall na cathrach ach labhraíonn gach éinne Gaeilge, cé go bhfuil siad i suíomh liteartha a shamhlófaí le saol an Bhéarla don chuid is mó. Tá Gaeilge líofa fiú ag an mairnéalach Meiriceánach. Feictear don léitheoir mar sin go bhfuil sé

seo mí-oiriúnach don suíomh liteartha agus cruthaítear cuma mheitificseanúil agus guagacht ointeolaíoch sa scéal mar gheall air.

Méadaíonn Ó Cadhain an ghuagacht ointeolaíoch seo maidir le húsáid na Gaeilge, áfach, leis na tagairtí liteartha sa téacs. Tá tagairtí liteartha ar fud an scéil in "Fuíoll Fuine". Chomh maith le Dante, aithnítear Hamlet le Shakespeare, 'Lead Kindly Light' le John Henry Newman agus *Tháinig Long ó Valparaiso,* dán béarla le Gogarty a bhí aistrithe go Gaeilge ag Pádraig de Brún. Tá eolas maith ag N. ar na saothair seo ach níor chuala sé trácht ar bith riamh ar *Cúirt an Mheán Oíche* "ach a shíl go gcaithfeadh sé go mba rí-dhrochrud é" (218). Fágtar ceisteanna gan freagairt anseo maidir le húsáid na Gaeilge sa scéal. Is féidir a thuairimiú, mar shampla, go bhfuil an scéal go léir ina aistriúchán ar eachtraí a bheadh ar siúl trí mheán an Bhéarla. Úsáidtear béarlachas go forleathan sa scéal chomh maith. Mar shampla, deir N. "Fuch! Fuch thú a Bhoiteallaigh!" (208) agus úsáideann sé frása atá ina aistriúchán ó fhrása seanbhunaithe Béarla: "Níorbh é an méid ab eolas duit ach an té ab eolas duit" (197). Cruthaítear guagacht, mar sin, a dhiúltaíonn cinnteacht don léitheoir fiú maidir leis an teanga a labhraíonn N. agus cuireann sé seo go mór le fócas ointeolaíoch an scéil.

Cruthaítear guagacht ointeolaíoch maidir le heachtraí an scéil chomh maith. Bíonn cuma bhrionglóideach ann uaireanta a scriosann dealramh na fírinne agus leis sin, cealú an díchreidimh. Sula ngoidtear a sparán, tá an tsráid agus an stór mór plódaithe le daoine ach nuair a fhágann sé an siopa, tá an tsráid folamh. De réir an scéil, tarlaíonn sé seo ag a trí a chlog tráthnóna Dé Sathairn i lár na cathrach. Níl aon chiall ag baint leis seo agus ní thugtar aon chúis leis. Tamall beag ina dhiaidh seo, feiceann sé go bhfuil scéal a sparáin sa nuachtán – cé nach bhfuil ann le fírinne ach scéal suarach faoi pheasghadaíocht. Cloiseann sé chomh maith go bhfógraítear ar an raidió faoina scéal féin agus é ar iarraidh i ndiaidh dó a fháil amach go bhfuil a bhean chéile marbh. Níl sé ach cúpla uair an chloig i ndiaidh dó scéal a mhná a chloisteáil áfach agus ní móide go mbeadh sé ar an raidió chomh luath leis sin.

Tá móimint ointeolaíoch ag N. nuair a chloiseann sé go bhfuil eachtraí a shaoil sa nuachtán agus ar an raidió. Deirtear: "Bhí N. cho scoite ón imeacht ar fad is bheadh sé ó scéal beatha dhuine cuideáin. Aon anbhá a bhí air – agus ní raibh sé gan corr drithlín ag snámh faoin a chuisle – ba é an cineál é a bhuaileadh é ag féachaint ar scannán eachtraí" (178). De réir dealraimh, ní féidir leis a shaol a shamhlú ach i gcomhthéacs scéalta eile. Nuair a ghoidtear a sparán, "Fachtas dó gur anois a bhí scéal a bheatha ag tosú. Cá bhfaighfaí tús ab fhearr ná bheith rubáilte? Na scéalta a léadh N. thosaigh siad ag dul siar agus aniar thrín a cheann. Níor fhéad sé scéal ar bith a thabhairt chun cruinnis ar rubáil a fhíorthús, rubáil an lá céanna freisin a n-imeodh bean duine" (157). Ar thaobh amháin de, seo é an díphearsanú a fheictear i saothar nua-aoiseach – an scrúdú ar chomhfhios an duine chun fírinne a aimsiú sa saol nua-aimseartha dídhaonnaithe. Ar thaobh eile, seo é an ghuagacht ointeolaíoch a fheictear i saothar iar-nua-aoiseach – scrúdú meitificseanúil ar fhírinne liteartha le carachtar ficseanúil nach bhfuil in ann é féin a shamhlú ach i gcomhthéacs ficsin eile.

Labhraíonn N. ansin le fear ag an gcanáil a bhfuil a fhios aige go díreach cé atá ann agus a scéal go léir ar eolas aige. Is comhrá an-aisteach é seo ina n-insíonn an fear seo do N. go bhfuil na Gardaí ar a thóir agus léiríonn sé a chás dó go teoiriciúil, ag baint úsáid as céimeanna gealaí agus triantáin chomhshleasacha. Deir sé: "Bhí mise ag plé do cháis de réir rialachaí dochlaonta na matamataice, na fisice, na loighice, éargna nua na fhloisc organaigh" (185). Níl aon chiall leis an gcomhrá seo agus fiú dá gcloisfeadh an fear seo scéal N. ar an raidió, ní mhínítear conas a bheadh a fhios aige gurb é N. a bheadh ann nuair a chastar leis ag an gcanáil. Is féidir an comhrá seo a shamhlú le sliocht as *The Third Policeman* le Flann O'Brien. Tá cuma Kafkach air chomh maith agus insíonn an fear seo le N. go dearbh nach rachaidh sé abhaile go deo. Tagraíonn sé don Luan chomh maith cé nach féidir go bhfuil a fhios aige go bhfuil fadhbanna maidir le tórramh a mhná céile roimh an Luan ag cur isteach ar N.

Maidir leis an gcuid is mó de na daoine a chastar ar N. sa scéal, tá dealramh na fírinne orthu mar ghnáthdhaoine atá ag iarraidh cúnamh éigin a thabhairt dó. Is féidir an scéal a shamhlú mar léiriú ar shaochan céille in intinn N. Cruthaíonn an carachtar seo ag an gcanáil áfach, neamhchinnteacht maidir le fírinne an scéil agus lagaíonn sé seo cealú an díchreidimh – rud a chuireann toisí ointeolaíocha an téacs i gceist.

Cosúil le cuid mhaith de dhrámaí Beckett, tá folús anseo timpeall chomhfhios an charachtair. Tá rud éigin in easnamh air agus is féidir é seo a fheiceáil má chuirtear N. i gcomparáid le Micil in "Beirt Eile". Tá cuma ar charachtar Mhicil gur féidir linn fírinne éigin a bhaint óna chomhfhios maidir le staid an duine. Cé go bhfuil an chuma chéanna ar charachtar N. go pointe áirithe, tá taobh eile de atá nihilíoch agus a dhiúltaíonn go bhfuil aon fhírinne ann. Tá cuma an characatúir air chomh maith agus cuireann sé seo go mór le ceisteanna ointeolaíocha an scéil. Mar sin, is féidir a rá go bhfuil tréithe iar-nua-aoiseacha an-láidir sa scéal seo. I ndeireadh na dála, áfach, is scéal é a bhfuil baint mhór aige fós leis an gcuardach eipistéimeolaíoch ar chomhfhios an charachtair. Tiontaíonn "Fuíoll Fuine" ón *dominant* eipistéimeolaíoch go dtí an *dominant* ointeolaíoch agus ar ais arís ar fud an scéil. Féachaim féin air mar théacs atá "limit-modernist" nó "hesitant texts, goblet/face texts" mar a deir Brian McHale in *Postmodernist Fiction* faoi *Malone Dies* le Beckett (1987:13) – saothar atá ar an teorainn idir nua-aoiseachas agus iar-nua-aoiseachas. Tá an scrúdú comhfheasa fós tábhachtach ann ach braitheann an léitheoir an t-am go léir go bhfuil an scrúdú seo ar tí titim as a chéile.

Cruthaíodh nua-aoiseachas as iarracht chun seasamh i gcoinne réalachais i gcúrsaí liteartha. Léiríonn sé gur cur i gcéill é an t-áiteamh gur féidir le saothar liteartha 'réalachas' a léiriú agus scriosann sé na coinbhinsiúin liteartha a úsáidtear chun an cur i gcéill seo a chur i bhfeidhm. Ach in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*, feictear go bhfuil réalachas eile ag dó na geirbe ag an gCadhanach. Seo réalachas eile nach réalachas ar chor ar bith é, le fírinne, ach stíl agus gluaiseacht liteartha a fhéachann lena chur ina luí ar an léitheoir

go raibh fírinne i gceist léi– nó "fíre gan cheilt, tuarascáil gan ornáid" (*Allagar na hInse*: xi) mar a dúirt an Seabhac faoi scríbhneoireacht Uí Chriomhthain. Seo í gluaiseacht na hAthbheochana. Bhí cuid mhaith de na leabhair seo ina ndírbheathaisnéisí, nó saothair ab ea iad a bhí scríofa sa stíl chéanna agus chruthaigh sé seo an tuiscint go raibh fírinne éigin ag baint leo.

Cé nár réalachas í litríocht na hAthbheochana, léirigh sí muinín i gcumhacht an tsaothair liteartha chun fírinne an tsaoil a chur i láthair ar shlí éigin. Bhí an mhuinín seo bunaithe ar an dearcadh gurbh fhéidir caint na ndaoine – agus an saol a léirigh sí – a aistriú go díreach go dtí an leathanach. Ach bhí a mhalairt de dhearcadh ag an gCadhanach agus dar leis: "Ní féidir caint na ndaoine a fháil ach le spól-thaifeadáin" (*PBPB* 21). Chreid sé, mar sin, go raibh rud 'doléirithe' ann i gcaint na ndaoine nach raibh inaistrithe go saothar liteartha. Is é an léiriú go bhfuil rud doléirithe ann, de réir Lyotard, a shainmhíníonn an saothar nua-aoiseach. Is féidir a fheiceáil in *Cré na Cille* go ndearna Ó Cadhain é seo i gcomhthéacs litríocht na hAthbheochana. Feictear raibiléiseachas agus nua-aoiseachas ag obair as lámh a chéile anseo. Tá an gháirsiúlacht raibiléiseach in *Cré na Cille* glan in aghaidh phiúratánachas na hAthbheochana.

Dar leis, bhí roinnt daoine a d'fhéach ar litríocht na Gaeilge le linn na hAthbheochana mar rud críochnaithe agus "nár chóir aon Ghaeilge a scríobh i ndiaidh leabhara Thomáis Uí Chrithin" (*PBPB*:*15*) Chreid sé gur chóir tosú arís ar phrós "fiú go gcaithfear cuid mhaith neamhaird a dhéanamh de phrós an Athbheochain go dtí seo, a mheanmna mar phrós ar aon chor" (15). Theastaigh uaidh 'biseach beag' a chur ar an gcaint a fuair sé óna mhuintir seachas í a chur i láthair gan athrú ar bith.

Ní úsáideann sé an téarma nua-aoiseachas féin in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* ach tá a lán tagairtí do dhaoine mar Joyce, Beckett, Satre agus Kafka. Is léir go raibh an cur chuige nua-aoiseach de dhlúth agus d'inneach a dhearcaidh maidir le cúrsaí liteartha ag an am seo áfach agus tugann sé príomhaíocht do chíoradh an chomhfheasa. Deir sé: "An rud is tábhachtaí anois sa litríocht ar fad,

an intinn a léiriú, páirt den duine nach féidir an *camera* a dhíriú uirthi" (30). Cloistear macalla anseo den rud a dúirt Pádraic Ó Conaire faoin ábhar céanna: "Scrúdaítear an duine. Scrúdaítear a aigne. Déantar tréaniarracht ar na ceisteanna móra a bhaineas le hintinn an duine" (1978:47). Tagraíonn sé do Ó Conaire i gcomhthéacs Freud, duine nach bhfuil meas aige air mar eolaí ach go bhfeiceann sé an-éadáil ina chuid theoiricí do shaothar liteartha agus ealaíonta. Chreid sé gurbh í aigneolaíocht a bhí uireasach, thar aon rud eile, i scríbhneoireacht Gaeilge a linne ach gur "iontach an feabhas atá ar an gcaoi seo i bPádraig Ó Conaire thara's aon nua-dhéantús" (31). Is leathan an oidhreacht a fuair Máirtín Ó Cadhain ó scríbhneoirí an domhain, i dteangacha éagsúla. Ach i bprós nua-aimseartha na Gaeilge, féachaim go mór ar Phádraic Ó Conaire mar réamhtheachtaí aige.

Chreid an Cadhanach, mar sin, sa chur chuige nua-aoiseach ina raibh a bhéim ar léiriú an chomhfheasa. Is cur chuige é seo, de réir Brian McHale, a bhfuil príomhfhócas eipistéimeolaíoch aige a fhéachann le tuiscint a fháil ar an saol trí léiriú ar an gcomhfhios. Ní hé sin le rá, áfach, gurb é seo an t-aon fhócas amháin sa saothar nua-aoiseach agus go bhfuil scríbhneoirí nua-aoiseacha dall ar cheisteanna ointeolaíocha dá saothar – ceisteanna maidir le héadairbhe na tóra seo ar litríocht atá in ann comhfhios an duine a chuimsiú ina iomláine. Ghlac Ó Cadhain go mór le nua-aoiseachas agus roghnaigh sé a bheith dílis dó. Ach fós, thuig sé a theorainneacha go maith. Deir sé in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*: "Má d'fhéach Joyce le gach ar smaoinigh Leopold Bloom air an lá sin i mBaile Átha Cliath a chur i *Ulysses* is cinnte nach bhféadfadh a dheichiú cuid a bheith ann" (11). Thuig sé chomh maith go raibh cúrsaí liteartha ag athrú sa saol agus bhain cuid de na hathruithe seo le peirspictíochtaí ar stádas an údair. Thug an Cadhanach an léacht do Chumann Merriman a foilsíodh mar *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* timpeall an ama chéanna ar scríobh Roland Barthes a aiste cháiliúil "Death of the Author". Léiríonn Ó Cadhain cuid den mheon céanna ina shaothar féin is atá in aiste Barthes – cé nach dtéann sé chomh fada leis (nó

b'fhéidir, nach bhfuil sé chomh hiomarcach leis). In aiste Barthes, ionsaítear an tuiscint go bhfuil an t-údar mar bhun agus bharr an téacs. Dar leis, ní féidir le haon bhunúsacht a bheith i saothar údair toisc go bhfuil gach rud a scríobhann sé cruthaithe as iliomad nasc idirthéacsúil a bhí ann sa teanga sular tháinig ann dó féin. Ní féidir leis ach na míreanna teanga seo a chur le chéile in ord eile. Baineann sé an stádas absalóideach, mar sin, ón údar. Deir Ó Cadhain rud atá inchurtha leis seo:

> Tá sé ráite faoi úrscéalta móra an tsaoil a caitheadh gur thuig a gcuid údar go raibh ord bunaithe ar a gcúl, eagar ar fhéad sé a thabhairt de bhreith air gur rud maith nó gur rud dona a bhí ann, ach gur rud é a bhí ann ar aon nós. Ní staid sheasta mar sin atá inniu ann, staid a bhféadfadh an scríbhneoir glaca léi nó cur ina haghaidh. Is gotha sealadach atá ar chuile shórt fiú marthainn an duine féin.
>
> (*PBPB* :23)

Léiríonn sé a thuiscint anseo faoi ghuagacht ointeolaíoch atá ag an údar agus ag duine féin fiú. Mar a deir Declan Kiberd faoi *Cré na Cille*: "má tá magadh faoi Stoc na Cille i gceist sa leabhar, is féinmhagadh cúlánta é freisin, magadh faoin údar féin agus faoi fhallás an údair (nó, mar a scríobh Barthes, *the fallacy of authorship*)" (1993:254). Is é an ghuagacht seo bun agus barr an tsaothair iar-nua-aoisigh agus cé gur roghnaigh sé, don chuid is mó, a bheith dílis don bhaint atá ag nua-aoiseachas le comhfhios an duine, is léir gur thuig sé go raibh an dearcadh eile ann chomh maith.

Ní chreidim gur theastaigh uaidh an chéim seo a thógáil áfach. Féachann sé ag deireadh *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* ar cheisteanna a chuir Edmund Wilson i 1931 faoin rud a bhí i ndán don litríocht. Fiafraíonn Wilson an mbeidh cúrsaí liteartha ag éirí níos saindiamhaire ó shin i leith, ag deighilt ó chur chuige agus ó theanga chultúr an phobail, agus sa dóigh ina mbeidh teanga féin mar uirlis chun cur i gcéill a chruthú seachas mar uirlis chumarsáide. Deir Ó

Cadhain ansin go raibh Beckett ag iarraidh na ceisteanna seo a fhreagairt le húrscéalta agus le drámaí ach "anois tá na focla féin ligthe ar lár" (40). Caoineann sé anseo go bhfuil caillteanas ointeolaíoch tagtha ar theanga féin maidir lena cumhacht chun fírinne an tsaoil a léiriú. Feictear sa líne seo gur theastaigh uaidh a bheith dílis do stíl liteartha a léirigh muinín as an chumhacht sin. Deir sé faoin staid liteartha nua seo: "Níl fanta ach cineál mím, leathchúpla na healaíne neamhléiritítí sa litríocht. Níl fágtha d'infhoirfeacht an duine ach an gealla aimhreasach go bhfuil ré só chugainn agus nach mbeidh aon ghá le smaoiniú an uair sin'" (40).

Ní aontaím leis anseo ach tuigim an rud atá i gceist aige. Samhlaíonn sé cineál leisciúlachta anseo i leith chúrsaí liteartha – nó go saorfaí scríbhneoirí ó dhul i ngleic le fírinní an tsaoil mar gheall ar an tuiscint go mbeadh aon fhírinne absalóideach do-aimsithe. Ní hé sin atá i gceist le hiar-nua-aoiseachas áfach agus ní fhéachann an dearcadh iar-nua-aoiseach le haon 'ré só' a fháiltiú. Cé nach féidir aon rud a rá go habsalóideach, ní chiallaíonn sé sin 'nach mbeidh aon ghá le smaoiniú'. Ba í an teanga an chéad chloch ar a phaidrín riamh (an rud is teanga ann chomh maith leis an nGaeilge féin) agus níor theastaigh uaidh glacadh le haon dearcadh a cheisteodh príomhaíocht na teanga sin mar mhodh cumarsáide.

Ach ní foláir nó gur scríobh sé "Fuíoll Fuine" timpeall an ama chéanna ina shaol is a scríobh sé na tuairimí siúd in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca.* Léiríonn an scéal seo gur theastaigh uaidh dul i ngleic leis na fadhbanna ointeolaíocha seo ach greim fós a choimeád ar an saothar liteartha mar uirlis chun ciall éigin a bhaint ón saol. In *Cré na Cille*, scríobh sé saothar a bhí turgnamhach agus nua ach, ag an am céanna, a raibh tréithe dúchasacha agus dealramh chaint na ndaoine fite fuaite isteach ann. Cuireann an déscaradh seo go mór le cumhacht an úrscéil. Chomh maith leis sin, d'oibrigh na tréithe raibiléiseacha anseo go mór chun nua-aoiseachas a shaothair a threisiú.

Ins na leabhair gearrscéalta cathrach a scríobh sé níos déanaí, lean sé pátrún Uí Chonaire chun díriú ar intinn an duine agus léirigh

sé cineál eile nua-aoiseachais a raibh a bhéim ar chomhfhios an duine sa saol nua-aimseartha neamhphearsanta. Feictear tréithe in "Fuíoll Fuine" atá inshamhlaithe le saothar Beckett. Tá N. gan ról ar bith – ag fálróid timpeall na cathrach, ag lorg rud éigin nach bhfaighidh sé go deo. Tá cuma air mar dhuine lasmuigh d'aon tuiscint choitianta ar am agus ar áit. Cruthaítear éiginnteacht maidir leis an scéal agus go fiú úsáid na Gaeilge féin. Coimeádtar greim éigin ar an bhfócas eipistéimeolaíoch ach tá guagacht ointeolaíoch ag borradh sa scéal an t-am go léir agus fágtar é ar an tairseach idir nua-aoiseachas agus iar-nua-aoiseachas mar 'limit modernism'. Léirigh sé a thuiscint ar na ceisteanna ointeolaíocha a bhí ag borradh ina shaol comhaimseartha. D'oscail sé doras ointeolaíoch mar sin ar cheisteanna maidir le fírinne liteartha. Shéan sé aisling an réalachais chun fírinne an tsaoil a chur síos ar an leathanach ach chomh maith leis sin, shéan sé aisling na hAthbheochana le saothar liteartha a chruthú as caint na ndaoine amháin.

Ba scríbhneoir nua-aoiseach é, mar sin, i gcomhthéacs idirnáisiúnta agus i gcomhthéacs litríocht na Gaeilge araon. Bhí cineálacha éagsúla nua-aoiseachais aige ach uaireanta, lig sé dúinn sracfhéachaint a fháil ar cé chomh beagmhaitheasach atá an tóir ar fhírinne an tsaoil trí chomhfhios an duine. Ba mhór an gríosú a thug sé do scríbhneoirí iar-nua-aoiseacha a tháinig ina dhiaidh. Bhí sé chomh láidir mar scríbhneoir gur fhág sé paraidím do na scríbhneoirí seo agus mar sin, is féidir glacadh leis mar dhuine a raibh an-tionchar aige ar scéal an urscéil iar-nua-aoisigh i litríocht na Gaeilge.

4 L'Attaque

Foilsíodh *L'Attaque* le hEoghan Ó Tuairisc i 1962 agus is úrscéal é a bhaineann leis na heachtraí stairiúla timpeall Eirí Amach 1798, go háirithe iad sin a bhaineann leis na heachtraí díreach i ndiaidh teacht i dtír na bhfórsaí Francacha i gCill Ala, Contae Mhaigh Eo. Díríonn sé ar an gcarachtar Máirtín Dubh Caomhthánach atá ina fhear óg a théann leis na fórsaí Francacha chun troid i gcoinne na Sasanach. Is féidir téama frithchogaidh a fheiceáil ann lena léiriú ar an uafás a fheiceann an príomhcharachtar i rith na coinbhleachta seo. Úsáideann an t-úrscéal solúbthacht maidir le stíl, foirm agus reacaireacht a chruthaíonn guagacht sa scéalaíocht féin agus a bhaineann an bonn, mar sin, ó chur chuige an úrscéil staire mar a fheictear an seánra go traidisiúnta (nó mar a féachadh air i 1962 ar aon nós). Cuireann an ghuagacht seo go mór leis an léiriú san úrscéal ar an scrios a dhéanann cogadh ar intinn an phríomhcharachtair. Comhlíonann *L'Attaque* cur chuige an úrscéil staire thraidisiúnta ar dtús ach, diaidh ar ndiaidh, bristear rialacha an tseánra seo in iliomad slite agus úsáidtear stíleanna liteartha eile atá mí-oiriúnach don scéal mar a shamhlaítear é ag tosú an leabhair. Tugtar aird mar sin ar na rialacha stíle agus na coinbhinsiúin liteartha a bhaineann leis an úrscéal staire féin. Athraítear an t-úrscéal ó bhonn idir an tús agus an deireadh agus léiríonn sé seo an t-athrú a dhéanann cogadh ar dhuine. Leis sin, áfach, cuirtear béim ar thoisí ointeolaíocha an úrscéil féin agus ar ghníomh na húrscéalaíochta agus na léitheoireachta. Féachaim air, mar sin, mar shaothar iar-nua-aoiseach.

Tá an bonn teoiriciúil sa chaibidil seo mar sin ag baint go mór le teoiric Brian McHale agus an fócas ointeolaíoch a fhaightear sa saothar iar-nua-aoiseach. Tosaím le teoiric Georg Lukacs áfach chun léargas a thabhairt ar an úrscéal staire mar a thuigtear é go traidisiúnta. Ina dhiaidh sin, bainim áis as teoiric M.M. Bakhtin ar sheánraí cainte agus teoiric Linda Hutcheon mar gheall ar mheitificsean staireagrafaíoch. Féachaim chomh maith ar thuairimí

shochtheangeolaíocha de chuid Uí Thuairisc féin mar a léirigh sé iad ina aiste "The Psychic Partition" – áit ina bhfuil ráiteas pearsanta faoina thuiscint mar scríbhneoir ar an scoilt idir Gaeilge agus Béarla. Ansin, féachaim chomh maith sa chaibidil seo ar aistí eile le hAlan Titley, Micheál Mac Craith, Antain Mag Shamhráin agus Peadar Ó Flatharta.

In *An tÚrscéal Gaeilge* (403), thug Alan Titley aird ar an gconspóid a bhí ann faoi stádas an leabhair seo mar úrscéal staire agus fiú ar chóir úrscéal a thabhairt air ar chor ar bith. Bhí sé róghearr, le daichead míle focal, dar le Murchadh Mac Diarmada agus cheap sé nach raibh ann ach gearrscéal fada. Cheap Aindréis Ó Gallchóir nach raibh úrscéal ann ach ar chúiseanna a bhain le carachtract an scéil. Labhair Flann Mac an tSaoir faoi mar dhán próis. Ghlac Seán O hÉigeartaigh gur úrscéal staire a bhí ann ach cheap sé gur sampla neamhchoitianta den seánra ab ea é. Is léir ó na léirmheastóirí comhaimseartha seo gur ábhar iontais agus conspóide ab ea *L'Attaque* nuair a tháinig sé amach agus níor shuigh sé go compordach in aon rangú amháin. Tá coincheap níos leithne sa lá atá inniu ann ar an rud is úrscéal staire ann agus úsáidtear an seánra seo mar uirlis thábhachtach sa chur chuige liteartha iar-nua-aoiseach. Feictear é seo, mar shampla, le *Midnight's Children* le Salman Rushdie nó *Time's Arrow* le Martin Amis.

Foilsíodh aistriúchán Béarla de *The Historical Novel* le Georg Lukacs sa bhliain chéanna ar foilsíodh *L'Attaque.* Sa leabhar seo, pléann Lukacs tréithe an úrscéil staire go mion agus mar sin, léiríonn sé tuiscint chomhaimseartha ar an seánra. Nuair a chuirtear *L'Attaque* i gcomparáid leis an gcur síos seo, is féidir na slite a fheiceáil inar chloígh Ó Tuairisc leis, agus inar bhris sé ó na rialacha a bhain leis an tuiscint seo agus cé chomh turgnamhach agus forchéimnitheach a bhí *L'Attaque* mar úrscéal staire nuair a foilsíodh é.

Bhunaigh Lukacs a chuid anailíse ar thrácht ar shaothar Walter Scott, mar cheap sé gur léiriú foirfe ar thréithe an úrscéil staire ab ea é. Dúirt sé gur scríobh Scott leabhair ina raibh an t-am atá thart ann mar rud beo in ionad a bheith mar ornáid. Léirigh sé rialacha an

tseánra agus bhain ceann de na rialacha seo le fíordhaoine stairiúla. Ní fhéadfaidís, dar le Lukacs, a bheith ina bpríomhcharachtair sa scéal. Tagann siad isteach sa scéal réamhchruthaithe; is féidir go bhfuil a bpearsantacht ar leith acu, sa phíosa beag ina bhfuil siad, ach seasann siad in ionad gluaiseachta stairiúla agus imíonn siad go sciobtha. Ba chóir don phríomhcharachtar, áfach, a bheith ina ghnáthdhuine, dar le Lukacs: "The 'hero' of a Scott novel is always a more or less mediocre, average English gentleman" (33). Chreid sé chomh maith gur chóir gur léiríodh doimhneacht phearsanta sna carachtair seo san úrscéal staire:

> What matters therefore in the historical novel is not the re-telling of great historical events, but the poetic awakening of the people who figured in those events. What matters is that we should re-experience the social and human motives which led men to think, feel and act just as they did in historical reality.
>
> (42)

In *L'Attaque*, cloíonn Eoghan Ó Tuairisc le cuid de na pointí seo. Is 'poetic awakening' é den saol a bhí ag na daoine a mhair in Éirinn i 1798; is duine den chosmhuintir é Máirtín agus níl sa Ghinearál Humbert, an fíordhuine stairiúil, ach mioncharachtar forimeallach san úrscéal. Tá dealramh ar an gcéad pháirt den scéal, mar sin, gur gnáthúrscéal staire atá ann. Léirítear Máirtín agus Saidhbhín mar dhaoine dathúla atá lán le bochtanas, dínit agus grá. Tá stíl liteartha sa chéad chuid seo den úrscéal a shamhlófaí le réalachas lena chur síos ar ghnáthchúrsaí a saoil. D'fhéadfadh an léitheoir an t-úrscéal a shamhlú le stíl Tolstoy ag an bpointe seo. Feictear an-mhaoithneachas chomh maith a bhfuil cuma rómánsach air, mar shampla, leis an léiriú ar an ngrá neamhráite idir an lánúin agus Saidhbhín ag ullmhú a phíce agus a chuid éadaí do Mháirtín sula bhfágann sé chun an chatha. Is stíl inaitheanta é agus ligtear don léitheoir a réamhcheapadh féin a

chruthú maidir le dul chun cinn an scéil agus catagóir liteartha an úrscéil. De réir dealraimh ag an bpointe seo, is gnáthúrscéal staire é *L'Attaque* atá mar "poetic awakening of the people" a bhí beo in Éirinn le linn éirí amach 1798. Is féidir Máirtín a shamhlú mar laoch an scéil, mar a d'oirfeadh don idéalú a dhéantar ar an lánúin sna chéad leathanaigh seo.

In "Gnéithe Comparáideacha den Stair agus de Thraidisiún an Úrscéil Stairiúil i 'L'Attaque'", tá cur síos ag Peadar Ó Flatharta ar na slite ina gcloíonn Ó Tuairisc le múnla Walter Scott, cé go bhfeiceann sé éagsúlachtaí áirithe eatarthu. Léiríonn sé san aiste seo chomh maith go gcloíonn sé go dlúth lena fhoinsí stairiúla, go háirithe le saothar Richard Hayes *The Last Invasion of Ireland, When Connacht Rose* (1939). Feiceann sé éagsúlacht áfach idir an t-úrscéal seo agus múnla Scott sa tslí ina bhfuil an laoch in úrscéal staire Scott ag déanamh ar an mbaile ach go bhfuil Máirtín in *L'Attaque* ag gluaiseacht ón mbaile "agus ní bhíonn aon síocháin ná suaimhneas le brath i saol pearsanta an laoich ná i saol an náisiúin ag deireadh an úrscéil stairiúil Éireannaigh" (54).

In "L'Attaque*:* Úrscéal faoi Stiúir", tagraíonn Micheál Mac Craith chomh maith don éagsúlacht seo idir an t-úrscéal staire in Éirinn agus an seánra i dtíortha eile a scríobhtar de réir mhúnla Scott. Dar leis, ní fheictear an chríoch shona sa leagan Éireannach agus baineann sé seo le cúrsaí staire i gcás na hÉireann: "Lean úrscéalaithe na hÉireann lorg Scott chomh maith le cách ach amháin go raibh deacracht mhór amháin le sárú acu maidir leis an bpointe is tábhachtaí ar fad, cad is stair ann" (1985:16).

Dírítear aird an léitheora go minic in *L'Attaque* i dtreo thoisí idirthéacsúla an leabhair le tagairtí do shaothar liteartha eile agus d'abairtí seanbhunaithe i mbéal na ndaoine. Feictear tagairt do *Táin Bó Cuailinge* mar shampla (110) ina n-úsáidtear é le híoróin shearbhasach chun suarachas an chatha a léiriú. Ar thosach an scéil fiú, léirítear Máirtín agus Saidhbhín ina dteach féin agus "iad suite chun bia ag an gclaírín den déil bhogaigh a ghearr sé féin amach" (9). Is féidir é seo a léamh mar thagairt don dán *Caiseal Mumhan*: "i

gCaiseal Mumhan is gan de leaba fúinn ach clár bog déil". Tá tagairtí liteartha scaipthe ar fud an úrscéil seo, mar a léiríonn Mac Craith san aiste thuasluaite (1985:34), a thagraíonn do *Druimfhionn Donn Dílis, Ceo Draíochta, Rosc Catha na Mumhan, Cúirt an Mheán Oíche* agus iliomad eile nach iad. Is tréith mheitificseanúil í seo sa tslí ina léirítear an t-úrscéal don léitheoir mar shaothar atá báite ina thoisí idirthéacsúla agus go gcruthaítear é as ábhar an traidisiúin liteartha fhorleathain.

Ach tá tagairtí eile ann atá i bhfad níos meitificseanúla toisc go bhfuil cuma mhí-aimseartha orthu de réir shuíomh stairiúil an scéil. Ba dhóigh le Lukacs gur: "Without a felt relationship to the present, a portrayal of history is impossible. But this relationship, in the case of really great historical art, does not consist in alluding to contemporary events" (53). Tá an pointe seo an-tábhachtach i gcomhthéacs *L'Attaque*, leabhar atá lán le tagairtí mí-aimseartha, mar léiríonn sé an tslí a mbriseann an leabhar seo rialacha an tseánra mar a tuigeadh iad ag an am.

Feictear an scoilt mhí-aimseartha seo nuair a deirtear in áit amháin: "Ina ngiollaí tiomána a bhí siad. Na sárfhir" (109). Is féidir an focal 'sárfhir' a aithint ón dán *Cath Chéim an Fhia* le Máire Bhuidhe Ní Laoghaire: "Is mo chumha-sa na sáirfhir do fágadh fí bhróin" (55). Tráchtann an dán seo faoi eachtra laochais a tharla níos mó ná tríocha bliain ní ba dhéanaí ná an t-am ina bhfuil *L'Attaque* suite. Creidim go n-oibríonn an tagairt seo chun íoróin a léiriú sa chodarsnacht idir laochra Mháire Bhuidhe agus na 'giollaí' bochta in *L'Attaque*.

Feictear an mhí-aimsearthacht seo arís nuair a thráchtann Robert Craigie ina litir ar Ráthfearnáin agus deir gur trua nach raibh sé in ann dul ann "sular thug mé an ród seo orm" (58). Is féidir macalla a aithint anseo ó Phádraig Mac Piarais agus a dhán *Fornacht Do Chonac Thú*: "'S ar an ród seo romham / M'aghaidh do thugas" (35). Ba lag an nasc é seo idir an bheirt réabhlóidithe ina aonar ach feictear nasc eile leis an tagairt do Ráthfearnáin, an áit ina raibh Scoil Éanna an Phiarsaigh lonnaithe. Réabhlóidí briathrach eile ab ea an Piarsach.

Ina aiste "An tIonsaí a Roghnú", aithníonn Antain Mag Shamhráin tagairtí do stíl an Phiarsaigh sa ghuth uasal le híseal atá ag Robert Craigie, mar shampla, nuair a deir Craigie faoi na fir atá faoina cheannas go bhfuil "gníomh gonta agus doirte fola de dhíth orthu" (*L'Attaque*:60). Mar a léiríonn Mag Shamhráin: "Tá macalla an Phiarsaigh le cluinstin go soiléir sa chaint sin" (1993:64). Aithníonn Micheál Mac Craith (1985:34) nasc eile idir *Fornacht Do Chonac Thú* agus *L'Attaque* nuair a dhéanann Máirtín pearsantú ar Éirinn ina intinn "thabharfadh sé cuid mhaith ar a háille a fheiceáil fornocht" (*L'Attaque*:78). Is féidir a fheiceáil mar sin go gcruthaítear nasc díreach sa téacs idir 1798 agus 1916.

Feictear tagairt do *An Béal Bocht* le Myles na gCopaleen in áit eile. Úsáidtear an frása 'an béal bocht' faoi dhó sa téacs – an chéad uair le ginearál Humbert (86) agus an tarna huair le Máirtín (114). Dhá leathanach ina dhiaidh, áfach, tá cur síos ar shaighdiúir Francach atá ag cogaint tobac. Caitheann sé seile de agus aimsíonn sé "nóinín Gaelach" leis (116). Is tagairt d'aon ghnó í seo d'Uachtarán na feise in *An Béal Bocht* – an duine a thugann an óráid mhór sin faoi Ghaelachas. Mar úrscéal staire, mar sin, is díol suime go mbíonn na tagairtí liteartha sa leabhar seo ag iarraidh an léitheoir a tharraingt ar ais go dtí an lá atá inniu ann go minic.

Tá sé seo le feiceáil chomh maith sna frasaí a úsáidtear san úrscéal. Ag pointe amháin, tagraítear do na réabhlóidithe mar "óglaigh na hÉireann" (24). Cé nach bhfuil ceannlitir ar an bhfocal 'óglaigh' anseo, tá an frása seo inaitheanta don léitheoir mar théarma a bhaineann le réabhlóidithe Éireannacha ag tús an fichiú haois seachas iadsan in éirí amach 1798. I lár an chatha agus díreach i ndiaidh bombardaithe ó ghunnaí móra, tagraíonn Máirtín ina intinn don chath mar "an cogadh mór" (92). Arís, cé go gcailltear na ceannlitreacha, tá an téarma seo inaitheanta ó thús an fichiú haois agus an Chéad Chogadh Domhanda. I bpointe eile, tagraítear d'Arm na Breataine mar "an t-arm dearg" (39). Cé gur chaith Arm na Breataine culaith dhearg go traidisiúnta agus gur úsáideadh an téarma ina leith go fiú (Wolf: 90), d'aithneodh an léitheoir comhaimseartha

an téarma seo ón Arm Sóivéadach. Is pointe tábhachtach é nuair a smaoinítear go raibh an leabhar seo foilsithe i rith an Chogaidh Fhuair, sa bhliain chéanna agus a tharla géarchéim na ndiúracán Chúba. Cruthaítear guagacht sa leabhar mar sin maidir leis an teorainn idir am an scéil agus an lá atá inniu ann agus leis seo, bristear cealú an díchreidimh agus déantar meitificsean féin-chomhfhiosach den scéal.

Feictear mar sin, go bhfuil an scéal in *L'Attaque* fite fuaite go féin-chomhfhiosach le reacaireacht stairiúil agus chultúrtha eile. Oibríonn na tagairtí seo go siombalach sa téacs, rud atá an-tábhachtach do chur i láthair an scéil. Mar a léiríonn Peadar Ó Flatharta san aiste thuasluaite: "Baineann Ó Tuairisc an-úsáid as siombalachas mar theicnic faisnéise" (57). Luann sé, mar shampla, an úsáid a bhaineann sé as siombail an chrainn sa téacs – mar a fheictear maidir leis an bhfonn a sheinneann Taimí Mac Niallais ar an bhfeadóg, 'Cuirtear an Crann'. Tá dlúthcheangal idir siombail an chrainn agus siombail na Críostaíochta, dar leis: "Tá an 'liberty tree' luaite i go leor leor de bhailéid 1798 agus ceanglaítear suas é mar shiombail den Chrois Chéasta, An Céasadh agus an Aiséirí" (57). Leis an gcur chuige siombalach seo, lán le tagairtí liteartha agus stairiúla, feictear cruth fáthchiallach agus féin-chomhfhiosach sa tslí ina n-insítear an scéal.

Leanann Micheál Mac Craith ar aghaidh ina aiste thuasluaite le téama an tsiombalachais san úrscéal. Léiríonn sé an earraíocht a bhaineann Ó Tuairisc as miotaseolaíocht na Gaeilge, go háirithe miotas an fhlaithiúnais, agus an tábhacht atá le híomhá an bhandé sa leabhar. Áitíonn sé go n-ainmnítear Saidhbhín as Sadhbh, duine de bhandéithe an fhlaithiúnais i miotaseolaíocht na hÉireann. Féachann sé ar theidil na trí roinn den úrscéal: *An Gheas, An Tóraíocht* agus *An Leaba Dhearg* mar thagairt do *Tóraíocht Dhiarmada agus Gráinne*. Áitíonn sé anseo go bhfuil an rogha atá ag Diarmaid sa mhiotas idir a dhualgas d'Fhionn agus a gheasa féin inchurtha leis an rogha atá ag Máirtín san úrscéal idir a dhualgas don tír agus a dhualgas dá bhean chéile. Ach mar a deir sé: "Ní athinseacht lom ar an seanmhiotas a

dhéanann Ó Tuairisc, ach spíonann sé as an nua é chun léargas a thabhairt ní hamháin ar Éirí Amach 1798, ach ar an éirí amach i gcoitinne mar cheann de dhála na beatha, agus ar rún na beatha féin" (1985:24). Áitíonn sé go n-aistrítear bunchoimhlint anseo "ó réimse na miotaseolaíochta go réimse an eiseachais" (1985:19). Aontaím leis anseo agus d'áiteoinn féin gur talamh thorthúil é 'réimse an eiseachais' seo do thréithe iar-nua-aoiseacha san úrscéal.

Úsáidtear modhanna reacaireachta éagsúla san úrscéal chomh maith agus, cosúil leis na tagairtí mí-aimseartha atá ann, oibríonn na hathruithe ó mhodh reacaireachta amháin go modh eile mar uirlis mheitificseanúil. Is féidir a rá go mbaineann sé seo le hiarrachtaí an údair chun uafás an chatha a léiriú dúinn sa tslí ina bhfuil comhthreomhaireacht idir guagacht maidir le staid intinne Mháirtín agus an ghuagacht le modhanna reacaireachta an scéil. Tosaíonn an leabhar le guth an reacaire uilefheasaigh a insíonn an scéal dúinn go hoibiachtúil. Is cineál reacaireachta í seo a shamhlaítear leis an úrscéal réalaíoch. Feictear í go láidir sa chéad trian den úrscéal agus ní chaillltear í go hiomlán riamh – cé go lagaítear í go mór tríd an scéal. Baineann an stíl réalaíoch go láidir le heachtraí áirithe de chuid an chatha, mar shampla, sa léiriú ar an gcréacht a fuair an "Rangartach scaoilte d'ógánach sléibhe" (96). Tá cineál reacaireachta eile le fáil sna litreacha atá sa leabhar ó Robert Craigie chuig a bhean chéile agus ón bhFoghlaeir Flannagáin chuig a mháthair. Briseann na litreacha seo an reacaireacht i slí bheag ach fós ní briseadh é a bheadh as an ngnáth san úrscéal réalaíoch.

Ón tríú cuid den leabhar ar aghaidh áfach, tagann stíleanna reacaireachta eile chun cinn agus feictear malartú idir an reacaire uilefheasach seo agus reacaireacht atá níos suibiachtúla. Oibríonn sé seo mar cheap fócais sa tslí ina samhlaítear é mar mhonalóg inmheánach Mháirtín. Cé nach ndeirtear os aird gurb iad smaointe Mháirtín, feictear go bhfuil oibiachtúlacht an reacaire uilefheasaigh ag laghdú. Tá béim nua-aoiseach anseo ar chomhfhios an charachtair agus "aigne a chinn ag breathnú amach go deoranta ar thalamh iasachta, ar sholas aineoil" (100). Tá léiriú ann ar a chuid smaointe

nuair a fheiceann sé feithid droim fúithi ar an talamh agus é i lár an chatha. Tá sé ar tí í a mharú ach athraíonn sé a intinn, casann sé í timpeall ar a cosa agus ligeann sé saor í. Is féidir é seo a fheiceáil mar thagairt do *Deoraíocht* Phádraic Uí Chonaire nuair a dhéanann Micheál an rud céanna agus é i bpáirc i lár na hoíche (43). Is díol suime é seo mar thagairt toisc gur móimint chiúin phearsanta í ina bhfuil an carachtar in ann smacht agus trócaire a léiriú ina shaol, cé go bhfuil an saol seo ar tí iompú bunoscionn – (úsáideann Ó Conaire an mhóitíf seo trí huaire in *Deoraíocht*). In *L'Attaque*, tá na smaointe inmheánacha seo measctha le sleachta as amhráin a chanann duine de na saighdiúirí eile – "Buachaill an Chúil Dualaigh". Ní amhrán é seo, áfach, a shamhlófaí mar rud a bheadh oiriúnach d'fhir ag dul chun catha. Is amhrán de chuid an chailín thréighte é agus cruthaíonn a mhí-oiriúnacht sa chomhthéacs seo cuma osréalach sa chuid seo den scéal.

Feictear smaointe inmheánacha Mháirtín mar reacaireacht arís sa scéal: "A mairg nár fhan sa bhaile chun dul i mbun oibre an mhaidin bhreá Luain seo agus gan dul ar thóraíocht an ghadhair gan fios a dhatha, gan dul chun pléiseam a dhéanamh do ghunnadóirí na Breataine" (113). Déantar cineál shruth comhfheasa de go luath, áfach, atá mar liosta nathanna cainte agus frásaí measctha suas le horduithe agus guíonna:

> Go mbeannaí Dia duit, a dhuine uasail. Beidh lá eile ag an bPaorach. Toil Dé go ndéantar. Níor dhún Sé bearna riamh nár oscail Sé bearna eile. Tá leasú ag Ó Ceallaigh. Och Ochón. 'Brostaigí.' Tóg bog é. Ó leaba go gort, ó ghort go leaba tuí, ag soláthar a chíosa don tiarna. Och Ochón. 'Brostaigí'. Meilid muilte Dé go mall. Beidh na Francaigh ag teacht thar sáile. Lá éigin. Tabharfaimid féin an samhradh linn. Amach anseo. Tóg bog é. Ní hé lá na gaoithe lá na scolb. Beidh lá eile againn. Teacht an earraigh beidh an lá 'dul chun síneadh. Maidin éigin tar éis na Feil' Bríde. Tá Dia maith agus Máthair mhaith Aige. Tiocfaidh an lá b'fhéidir. Luan eile don éirí amach.

Is cur chuige liteartha é seo a shamhlaítear le sleachta áirithe as *Ulysses* Joyce. Léiríonn na habairtí scartha seo agus an bhéim ar chomhfhios an charachtair go bhfuil tréithe an réalachais ag teip san úrscéal agus tréithe nua-aoiseacha ag teacht chun cinn.

Is féidir a rá go bhfuil nua-aoiseachas ina chuid lárnach den úrscéal seo ach go dtiontaítear é isteach ina shaothar iar-nua-aoiseach tríd an éabhlóid fhéin-chomhfhiosach a tharlaíonn don reacaireacht agus do shuibiacht an phríomhcharachtair. In "An tIonsaí a Roghnú", pléann Antain Mag Shamhráin an t-úrscéal i gcomhthéacs tréithe a threisíonn an tuiscint seo air mar shaothar a bhfuil cur chuige nua-aoiseach aige. Cé nach dtagraíonn sé go díreach do nua-aoiseachas féin, díríonn sé go mór ar an léiriú atá san úrscéal ar intinn an duine nó 'an duine istigh ann' (*L'Attaque*: 33). Is minic a shamhlaítear nua-aoiseachas le dearcadh áirithe ar an saol nua tionsclaíoch – go háirithe mar a fheictear é ag tús an fichiú haois. Ní hí an tionsclaíocht nua-aimseartha inti féin atá i gceist leis an saothar nua-aoiseach áfach ach staid intinne an duine – duine atá caillte sa saol meicniúil nua seo. Ba thionchar mór é cogaíocht mheicniúil an Chéad Chogadh Domhanda – inar throid athair Uí Thuairisc féin – ar an meon ealaíonta nua-aoiseach seo.

Feictear tagairt don mheon céanna áfach i léamh Antain Mag Shamhráin anseo nuair a thagraíonn sé d'airm na nGael agus iad ag dul chun cogaidh: "spealanna, gunnaí foghlaeireachta, corráin, feacanna sluaistí agus rámhainní" (*L'Attaque:* 65) – gnáthuirlisí an tsaoil. Deir Mag Shamhráin: "As dálaí an ghnáthshaoil a eascraíonn an chogaíocht ach ní cuid ar bith den ghnáthshaol í. Má ghlacaimid ainchleachtadh Mháirtín ar an phíce agus an meascán sin uirlisí i dteannta a chéile comharthaíonn siad idir imeascadh an ghnáthshaoil agus na cogaíochta, agus an easpa leanúnachais araon" (1993:63). Mar sin, caillteár bonn siúráilte an tsaoil nuair a chuirtear gach rud as a riocht. Is féidir é seo a shamhlú mar shiombail de staid intinne an duine féin atá i mbun cogaíochta. Is féidir chomh maith áfach,

comhthreomhaireacht a fheiceáil idir na huirlisí seo a ndéantar úsáid mínádúrtha díobh agus na nathanna cainte atá roptha isteach sa téacs i reacaireacht atá mínádúrtha dóibh féin. Ar a lán slite, oibríonn *L'Attaque* mar úrscéal nua-aoiseach a d'eascair as an meon ealaíonta sin ag tús an fichiú haois. Mar a chreid mórán daoine i ndiaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda, bhí "lá an laochais phearsanta chomhair a bheith caite" agus "lá nua miotal-ghinte ar an saol" (*L'Attaque*:111).

Níos déanaí san úrscéal, athraíonn an reacaireacht go modh reacaireachta eile nach bhfuil ann ach staitisticí loma an duine mar rud a fhaightear i gcomhad nó i sreangscéal (120-124). Úsáidtear reacaireacht anseo atá inshamhlaithe don léitheoir mar theanga ár n-aoise féin agus is lagú mór arís í ar an nasc idir an léitheoir agus an t-ochtú aois déag. Cruthaítear mearbhall sa scéal sa tslí seo agus is díol spéise é go n-iompaíonn sé, díreach i ndiaidh seo, i dtreo an scigdhráma. Léimeann an ceap magaidh, Mr Ormsby, amach ar a ghearrán buí Beilgeach, é clúdaithe le draoib, agus ionsaíonn sé na Sasanaigh ina laoch mór. Ansin faightear fronsa *slapstick* le Máirtín ag dó a mhéar agus ag titim thar na caora ordanáis. Cruthaítear guagacht mhór sa reacaireacht leis na hathruithe stíle agus na modhanna reacaireachta difriúla seo.

Is rud daingean é coincheap an laoich sa chineál úrscéil staire a phléann Georg Lukacs in *The Historical Novel*. Scriosann *L'Attaque* an coincheap seo sa tríú páirt den leabhar áfach. Ag tosach an leabhair, is féidir leis an léitheoir Máirtín a shamhlú mar laoch an scéil ach ní hamhlaidh a chríochnaíonn sé. Tá móimint ann ag tosach an tríú cuid den leabhar, "An Leaba Dhearg", ina bhfuil cuma ar an scéal go bhfuil Máirtín ar tí an sean-namhad, Hely Hankins, a mharú. Go tobann áfach, tógann Lúcás Mistéil páirt an laoich seo nuair a scaoileann agus maraíonn sé féin é (93). Ach cailleann Lúcás cuma an laoich go tapaidh nuair a léirítear é féin mar mharfóir fanaiceach. Nuair a fhaigheann sé bás, leanann Máirtín ar aghaidh mar fhrithlaoch. Tríd an chuid is mó den úrscéal, ní mharaíonn sé éinne ach sa deireadh, maraíonn sé cúpla duine go fuilchraosach, duine

amháin acu atá gan arm agus a bhí ag iarraidh éalú uaidh. Tá an léiriú seo ar Mháirtín mar mharfóir mearchiallach glan in aghaidh a léiriú ag tosach an leabhair mar dhuine atá ciúin, stuama agus béasach. Oibríonn sé seo ar leibhéal amháin mar thráchtaireacht ar an gcogadh mar fhórsa a thruaillíonn carachtar an duine. Bhí athair an údair ag troid sa Chéad Chogadh Domhanda agus baineann mórán dá shaothar liteartha le téama an chogaidh agus, mar sin, le ceist an laochais. Mar athrú chomh radacach sin a thagann chomh déanach sa leabhar, áfach, is féidir é a fheiceáil mar cheistiú ar an gcarachtracht mhonailiteach mar a fheictear í sa chéad dá pháirt den úrscéal seo agus san úrscéal staire agus réalaíoch go ginearálta.

Is ceistiú ointeolaíoch é chomh maith áfach ar choincheap na suibiachta. Ar fud an úrscéil, léirítear intinn an charachtair seo – nó "an duine istigh ann" (33) go soiléir i gcur chuige nua-aoiseach. Léiríonn *L'Attaque* cé chomh leochaileach atá an tsuibiacht seo faoi bhrú na reacaireachta agus na meitireacaireachta as a gcruthaítear brí an tsaoil. Leis an oiread tagairtí liteartha agus cultúrtha sa téacs, mar sin, léirítear go bhfuilimid go léir faoi bhrú reacaireachta de shaghas éigin agus go gcruthaítear brí ointeolaíoch na suibiachtúlachta dúinn go léir as sin.

Faigheann Máirtín bás ag deireadh an úrscéil agus é ina luí ar charn truflaise i lána dorcha. Is frithbhuaic é an bás seo don fhicsean laochais a shamhlaítear ag tosach an úrscéil, go háirithe sa tslí ina dtagann sé go díreach i ndiaidh an mharaithe fhuilchraosaigh sin. Oibríonn sé seo mar thráchtaireacht ar éadairbhe an chogaidh agus ar choincheap an laochais. Nuair atá sé ag fáil bháis, samhlaíonn sé go gcloiseann sé na focail: "*Caillteargach cath*" (128) agus feiceann sé féileacáin ar foluain in aice leis – tagairt do dheireadh an scannáin *All Quiet on the Western Front* i 1930.

Faightear sliocht fada ornáideach tuairisciúil ag deireadh an úrscéil ansin ina bhfuil léiriú ar na cineálacha daoine difriúla atá ag éalú ón troid. Is amhlaidh gurb iad seo na rudaí deireanacha, an 'raon maidhme' (133) a fheiceann Máirtín agus é ag fáil bháis. Faighimid cur síos ar na daoine seo a oibríonn mar mhiontuairisc ar shaol na

beairice Sasanaí féin. Cé go bhfuil an cruinneas seo inaitheanta ón úrscéal réalaíoch, tá na coinbhinsiún liteartha maidir le scéalaíocht caillte anseo nuair a leanann an cruinneas seo ar aghaidh ar feadh cúig leathanach ag deireadh an úrscéil. Níl aithne ag an léitheoir ar an gcuid is mó de na daoine roimhe sin. Is titim chun áiféise í seo atá mí-oiriúnach i gcomhthéacs bhás an laoich nuair atá an scéal ag teacht chun críche. Tá cineál *slapstick* i gceist chomh maith leis na Sasanaigh ar a seacht ndícheall ag iarraidh éalú ó na Gaeil agus ó na Francaigh. Mar sin, léiríonn Ó Tuairisc bás rómánsach an laoich dúinn – fiú má tá sé ar charn truflaise – agus ansin scriosann sé é.

Is féidir slite eile a fheiceáil chomh maith ina n-úsáideann Ó Tuairisc rómánsachas chun coincheapa an laochais agus an úrscéil staire thraidisiúnta a cheistiú. Is téama mór é sa seánra seo an dílseacht agus an onóir idir an ceannaire agus na fir faoina cheannas. Ceistíonn *L'Attaque* an caidreamh idir na hUaisle agus an chosmhuntir ach déanann sé é seo i slite atá an-chaolchúiseach. Feictear tagairt do Shakespeare sa scéal nuair a chuireann Robert Craigie sliocht, aistrithe go Gaeilge, as an radharc deireanach de *The Merchant of Venice* sa litir a scríobhann sé go dtí a bhean:

> Nach Samh é suan na gealaí ar an mbruach.
> Suímis anseo agus ligimis do shéise ceoil
> Sní faoinár cluasa (59)
>
> How sweet the moonlight sleeps upon this bank!
> Here will we sit, and let the sounds of music
> Creep in our ears
> Act 5 Scene 1 Line 53

In *The Merchant of Venice*, deir Lorenzo an líne seo le Jessica, iníon an Ghiúdaigh Shylock, agus iad ina suí in aice na habhann. Úsáideann Robert Craigie é sa litir chun áilleacht na hoíche a léiriú dá bhean chéile. Is díol suime, áfach, go bhfuil leibhéal comhthreomhaireachta le feiceáil idir an dá théacs. Is fear uasal é Lorenzo ach éalaíonn sé le Jessica, cailín Giúdach agus mar sin, duine atá níos ísle ná eisean san

ord sóisialta. Is duine uasal é Robert Craigie chomh maith agus éalaíonn sé le dream a bhí níos ísle ná é san ord sóisialta Éireannach. Tá difríocht creidimh le feiceáil sa dá chás chomh maith. Ina litir, i ndiaidh an tsleachta seo, insíonn Craigie go bhfaca sé na hÉireannaigh ag guí. Téaltaíonn sé chucu agus fanann sé ag faire orthu faoi choim. Molann sé iad dá bhean sa litir ach labhraíonn sé fúthu mar leanaí agus iad "ag múscailt na Máthar lena nguí shimplí" (60). Deir sé: "Tá siad mar a bheadh leanaí scaipeacha a mhaireann ó lá go lá, gan cuimhneamh acu ar an todhchaí, gan taithí acu ar chúrsaí an tsaoil mhóir; tá siad éigríonna, a Isabelle, tá siad éidreorach" (60). Féachann Craigie ar shimplíocht agus nádúrthacht na nÉireannach go dea-mhéineach ach i slite atá inchurtha le rómánsachas agus a íslíonn a ndaonnacht. Ní dhéanann sé dearmad áfach, gurb é féin atá i gceannas.

Díreach i ndiaidh an tsleachta seo in *The Merchant of Venice,* tagann ceoltóirí chuig Lorenzo agus Jessica. Nuair a thosaíonn siad ag seinm ceoil, deir Jessica: "I am never merry when I hear sweet music" (5.1.68). Insíonn Lorenzo di le glór uasal le híseal gurb éard is cúis leis sin ná go bhfuil a spiorad rófheifeach: "The reason is your spirits are attentive" (5.1.69) agus labhraíonn sé faoi ainmhithe, tréad capall nó madraí, a bheadh geitiúil nuair a chloiseann siad fuaimeanna – "Which is the hot condition of their blood" (5.1.73). I ndiaidh na línte seo as *The Merchant of Venice* in *L'Attaque,* deir Robert Craigie gur chuala sé ceol chomh maith ach sa chás seo, is í an Choróin Mhuire a bhí ar siúl ag na fir. Smaoiníonn Craigie uirthi mar cheol binn, áfach, cé go bhfuil na fir seo ag guí roimh chath ina mbeidh seans go gcaillfear iad. Ní fheiceann Craigie ach an radharc rómánsach ina bhfuil na Caitliceacigh mar pháistí faoina choimirce. I ndeireadh na dála áfach, déantar 'an duine eile' den dá dhream – Jessica i gcás *TMOV* agus na Caitliceacigh i gcás *L'Attaque* agus íslítear iad le meon aigne ardnósach atá in ainm a bheith dea-mhéineach.

Is díol suime é go n-úsáideann Ó Tuairisc sliocht as *The Merchant of Venice* san úrscéal seo. Is dráma é a théann in aghaidh aon léimh shimplí a iarrann a léitheoir a chur air. Níl sé soiléir ar chor

ar bith an dráma frith-Sheimíteach é nó an amhlaidh atá sé i bhfabhar na nGiúdach. I dtéarmaí Bakhtin, is dráma dialógach é. Cuirtear iallach orainn ár machnamh féin a dhéanamh maidir leis an teachtaireacht dhíreach atá ann. Níl aon chlabhsúr compordach ann ach oiread i gcás Lorenzo agus Jessica. Tagraíonn siad do scéalta ghrá ó ré na litríochta clasaicí (5.1.3-14) ach is scéalta bróin tragóideacha iad go léir. Mar a deir Katherine Eisaman Maus: "this is a vision not of mutual tolerance but of assimilation" agus "Even as this beautiful, troubling play comes to a close, it pointedly emphasizes the distance between the final act's charmed fictional world and the intransigent real one" (1088). Críochnaíonn *TMOV* sa 'saol séanta ficseanúil' seo dhá chéad go leith líne i ndiaidh na líne sin atá aistrithe go Gaeilge in *L'Attaque.* Leanann úrscéal Uí Thuairisc ar aghaidh, áfach, agus léiríonn sé cad a tharlaíonn don saol rómánsach guagach sin nuair a dhúntar an bhearna idir an dá shaol.

Déantar díthógáil san úrscéal seo ar choincheap fhicsean an laochais, ar an úrscéal staire agus fiú ar an stair féin – nó ar na slite ina samhlaímid an t-am atá thart. Nuair a bhristear na rialacha atá i meitireacaireacht an úrscéil staire thraidisiúnta, tugtar aird ar conas a chruthaítear na rialacha seo agus, leis seo, cur chuige an fhicsin laochta ag tosach an scéil. Bhí tuiscint mhaith ag Eoghan Ó Tuairisc ar an rud is úrscéal staire ann agus thug sé foirm inaitheanta an tseánra dúinn ar dtús chun í a scriosadh céim ar chéim. Nuair a thugann an léitheoir faoi deara nach mbeidh Máirtín ina laoch traidisiúnta, ceistíonn sé na cúiseanna inar chreid sé i dtosach báire go mbeadh. Baineann na cúiseanna seo le réamhcheapadh an léitheora ach cruthaítear an réamhcheapadh seo le meitireacaireachtaí liteartha agus cultúrtha. Tugann Ó Tuairisc saol dúinn ag tosach *L'Attaque* atá éasca a réamhcheapadh toisc go gcomhlíonann sé na foirmlí maidir le scéalaíocht agus léitheoireacht. Nuair a scriosann sé na foirmlí seo, nochtann sé ár modhanna léitheoireachta féin dúinn – agus is ceist ointeolaíoch í seo.

Oibríonn an t-úrscéal chomh maith mar dhíthógáil ar na slite ina n-úsáidtear teanga chun réamhcheapadh mar seo a chruthú. Cuirtear

cineálacha reacaireachta le chéile san úrscéal seo nach dtagann lena chéile uaireanta. Feictear guth an reacaire uilefheasaigh; sruthanna comhfheasa lán le nathanna cainte agus fíricí lom ar shaolta na gcarachtar mar a fhaightear i gcomhad go léir in aon úrscéal amháin. Maidir leis seo, is áisiúil na teoiricí a scríobh M.M. Bakhtin faoi sheánraí cainte ina aiste "The Problem of Speech Genres". Labhraíonn sé faoi na seánraí cainte seo mar chineálacha sainiúla friotail agus deir sé: "Each separate utterance is individual, of course, but each sphere in which language is used develops its own *relatively stable types* of these utterances. These we may call *speech genres*" (1986:60). Léiríonn sé difríochtaí idir friotal (utterance) agus an abairt (sentence). Dar leis, is aonad teanga í an abairt ach is aonad cumarsáide é an friotal. Feiceann sé iliomad seánraí cainte sa saol: gnáthchaint idir cairde, gaolta nó comharsana; caint eolaíoch nó oifigiúil; caint faoi rudaí sainiúla – comhghairdeas nó beannachtaí. Foghlaimímid caint de réir na seánraí cainte agus is féidir le duine a bheith eolach ar an teanga féin ach aineolach ar an seánra cainte a bheadh oiriúnach d'áit nó do chomhrá áirithe. Tá an seánra cainte a úsáideann duine mar chuid den chumarsáid agus baineann sé seo le teanga labhartha agus scríofa araon. Mar a deir sé faoin saothar liteartha:

> The vast majority of literary genres are secondary, complex genres composed of various transformed primary genres (the rejoinder in dialogue, everyday stories, letters, diaries, minutes, and so forth). As a rule, these secondary genres of complex cultural communication play out various forms of primary speech communication. Here also is the source of all literary/conventional characters of authors, narrators, and addressees.
>
> (98)

Is féidir a rá, mar sin, go bhfuil gach úrscéal ina mheascán de sheánraí cainte difriúla. I gcás *L'Attaque* áfach, téann sé go leibhéal suntasach

leis sin. Tá an t-úrscéal ualaithe le seánraí cainte agus, mar sin, léirítear an rud is seánra cainte ann go soiléir. Is cur i láthair meitificseanúil é seo ina dtaispeántar innealra an tsaothair liteartha don léitheoir agus bristear cealú an díchreidimh – cé nach mbristear é go hiomlán.

Téann Ó Tuairisc trí sheánraí liteartha san úrscéal chomh maith. Tosaíonn sé le réalachas an úrscéil staire, de réir theoiric Lukacs; tiontaíonn sé go nua-aoiseachas ansin le reacaireacht bhriste a léiríonn smaointe inmheánacha Mháirtín mar shruth comhfheasa agus in áiteanna, feictear cineál rómánsachais le bás Mháirtín sa deireadh agus é ag féachaint ar na féileacáin, mar shampla. D'fhéadfaí saothar nua-aoiseach a thabhairt ar an dtríú cuid den úrscéal ina aonar ach de bharr go dtagann sé seo aniar aduaidh ar an léitheoir i ndiaidh an réalachais dhaingin sna codanna eile, cuirtear iallach ar an léitheoir an rud is cur i láthair ficseanúil ann a cheistiú – agus seo é an *dominant* ointeolaíoch is iar-nua-aoiseachas ann.

Bhí cogadh ina théama mór i saothar Uí Thuairisc agus is féidir téama frithchogaidh a fheiceáil in *L'Attaque*. Tá baint chasta ag an úrscéal áfach le coincheap an chogaidh agus ní féidir a rá go raibh Eoghan Ó Tuairisc ina shíochánaí amach is amach. Dúirt sé in agallamh leis an bhfoilseachán *Innti*: "Tá cúinsí áirithe ar fiú cogadh a dhéanamh fúthu ach caithfidh tú a bheith an-chúramach faoi do chuid luachanna" (36). Bhí sé féin fiú in Arm na hÉireann le linn an Dara Cogadh Domhanda. Ní féidir a rá, mar sin, go raibh sé i gcoinne Éirí Amach 1798 mar réabhlóid inti féin – mar a léiríonn sé san agallamh céanna san úsáid den teideal *L'Attaque* anseo:

> Tá a lán rudaí nach ndéanfainnse cogadh fúthu sa lá atá inniu ann, mé féin. Ach aithním go bhfuil sé de cheart ag duine eile a bhfuil sé de choinsias aige cogadh a dhéanamh agus an fód a sheasamh. Cosaint atá i gceist, ar ndóigh. Cosaint i gcoinne foréigin ón taobh amuigh, de shaghas éigin. Is é an t-ionsaí, *L'Attaque,* an chosaint is fearr dá ndearna duine ar bith riamh. Is ionann cosaint agus ionsaí. Níl deighilt eatarthu

(29)

Léiríonn an t-úrscéal seo uafás an chogaidh agus feictear comhthreomhaireacht ann idir an chíor thuathail in intinn an phríomhcharachtair tríd an gcath agus an chíor thuathail san úrscéal féin maidir lena chineálacha reacaireachta. In ionad a bheith mar theachtaireacht in aghaidh an chogaidh áfach, is féidir é a léamh mar úrscéal a phléann teanga mar uirlis a chruthaíonn na meitireacaireachtaí lena samhlaítear an rud is cogadh ann. Ní bhaineann sé seo le 1798 amháin ach, mar a léiríonn na tagairtí mí-aimseartha dúinn, le gach cogadh agus fiú lenár gcaidreamh féin ar an stair.

Tá comhrá san úrscéal idir Johnny Mistéil, an Sagart Mór Mistéil agus an máistir scoile Mánas go díreach i ndiaidh imeacht na bhfear eile chun catha. Léiríonn an Sagart Mór a thuairimí faoi theanga mar uirlis chun coincheapa a léiriú. Tá dearcadh ointeolaíoch aige maidir le staid an duine sa saol: "mairimidne Gaeil ar an sliabh seo, mar a bheadh caraictéirí i dtragóid fhileata" (42) agus léiríonn sé na slite ina n-úsáidtear teanga chun an staid sin a mhíniú: "canaimid an seanfhocal nach é lá na gaoithe lá na scolb, seans go mbeidh lá eile ag an bPaorach" (42) (nathanna a bheidh in intinn Mháirtín níos déanaí). Ansin deir sé: "Ach féach, 'Johnny, gur múnlaíodh an teanga dúinn den fhealsúnacht sin i slí is nach bhfuil focal ar bith i do bhéal agat do ghéarghá na maidine seo" (42). Ní ghlacann sé leis an téarma 'éirí amach' toisc gurb é atá ann ná: "focal fianaíochta, múnla mothaíochta a gineadh i samhlaíocht an fhile nó go mbeadh sé ina nathán cainte in agallamh na sean" (42) Tugann sé an focal 'L'attaque' ansin dóibh chun an géarghá seo a mhíniú. Mar sin, léiríonn sé peirspictíocht ar theanga mar fhórsa chun tuiscint ointeolaíoch maidir le staid an duine a léiriú agus a mhúnlú. Glacann sé leis go mbeidh an mhaidin sin mar ábhar seanchais sna blianta amach rompu agus is féidir mar sin an píosa seo den úrscéal a léamh mar thráchtaireacht ar conas a chruthaítear reacaireachtaí (agus meitireacaireachtaí) um sheanchas agus stair.

Mar úrscéal staire a cheistíonn an rud is reacaireacht ann, cuireann sé iallach ar an léitheoir a thabhairt faoi deara gur cineál reacaireachta í an stair féin. Mar dhisciplín, tá an stair bunaithe ar eolas agus ar réasún ach, i ndeireadh na dála, is bailiúchán scéalta atá inti agus níl cead isteach againn san am atá thart seo ach trí mheán na scéalta seo. In *L'Attaque*, léiríonn Eoghan Ó Tuairisc é seo don léitheoir mar cheistiú ar mheitireacaireachtaí a fheiceann sé sa stair féin. Is cineál saothair iar-nua-aoisigh é seo a dtugann Linda Hutcheon meitificsean staireagrafaíoch (historiographic metafiction) air in *A Poetics of Postmodernism*. Sa chineál úrscéil staire a phléann Georg Lukacs, ní cheistítear an stair féin ar chor ar bith. Féachtar uirthi mar rud absalóideach nó mar thalamh daingean ar a bhfuil an scéal suite. Ní hamhlaidh an cás áfach maidir le meitificsean staireagrafaíoch. Ceistítear an stair féin anseo mar scéal eile i measc na scéalta go léir agus glactar leis nach bhfuil aon teagmháil againn leis an am atá thart ach amháin trí fhoirm na reacaireachta atá sa stair. Ní hé sin le rá go gcaithfidh saothar den chineál seo na heachtraí stairiúla féin a cheistiú, ach go bhféachtar ar an leagan sin den scéal mar leagan amháin agus glactar leis nach féidir a bheith oibiachtúil ina leith go hiomlán riamh.

Is iad na tréithe a bhaineann le meitificsean staireagrafaíoch, dar le Linda Hutcheon, ná: "issues such as those of narrative form, of intertextuality, of strategies of representation, of the role of language, of the relation between historical fact and experiential event, and, in general, of the epistemological and ontological consequences of the act of rendering problematic that which was once taken for granted by historiography – and literature*"* (1988:xii). Pléann *L'Attaque* na ceisteanna seo go mion lena athruithe maidir le seánraí cainte agus liteartha; lena thagairtí mí-aimseartha fite fuaite tríd an scéal agus leis na dúshláin a thugtar don léitheoir maidir lena réamhcheapadh léitheoireachta agus scéalaíochta. Dúirt Eoghan Ó Tuairisc san agallamh thuasluaite: "tá suim agam féin sa stair, ní mar staraí mar ní staraí mé ar chor ar bith, ach de bhrí gur saghas miotais é an scéal stairiúil don lá atá inniu ann" (27). San úsáid seo den fhocal 'miotas' i

gcomhthéacs na staire, feictear gur shamhlaigh sé tábhacht mhór le ceistiú ar na meitireacaireachtaí inár dtimpeall.

Mar scríbhneoir agus saineolaí liteartha agus teangeolaíoch, bhí Eoghan Ó Tuairisc an-tuisceanach ar na fórsaí a mhúnlaíonn coincheapa an tsaoil. In *L'Attaque*, diúltaíonn sé don úrscéal staire traidisiúnta ar mhaithe le húrscéal a nochtann na fórsaí seo. Léiríonn sé ár réamhcheapadh agus ár gcoinbhinsiúin maidir le léitheoireacht, scéalaíocht, teanga agus stair ach ní thugann an t-úrscéal aon fhreagraí i leith na rudaí seo. Tugann sé le tuiscint dúinn go bhfuil brí sa saol déanta as iliomad coincheapa réamhcheaptha. Bhí Ó Tuairisc sáite idir dhá thraidisiún liteartha in Éirinn – traidisiún na Gaeilge agus traidisiún an Bhéarla. Scríobh sé sa dá theanga ach bhí sé meabhrach gur staid idir eatarthu é sin nach raibh aon réiteach ann.

Pléann sé an staid sin in "The Psychic Partition: The Storm and Stress of the Divided Mind", aiste a scríobh sé i 1975. Deir sé: "The writer in modern Ireland is faced with the problem of the two cultures – the rich Gaelic culture with over a thousand years of literary endeavour in its texture, and the very rich but very different English culture which lies behind what has become the spoken speech over most of the island". Tugann sé "cultural schizophrenia" ar an staid seo agus léiríonn sé a chás féin i leith an 'dual personality' seo –'Eoghan Ó Tuairisc' don Ghaeilge agus 'Eugene Watters' don Bhéarla. Faoi dheireadh, bhí air pearsantacht amháin a roghnú agus thug sé an lámh in uachtar, ar feadh tamaill, don Ghaeilge: "I had at length to make the decision: which was to be the dominant in my psychic genes? Which of the two personae, 'Eugene Watters' or 'Eoghan Ó Tuairisc,' was to be the living artist and which the spectre haunting the twilight of the imagination, and enriching the work from its own secret sources?".

Léiríonn sé, áfach, nach bhfaca sé aon réiteach ar an scoilt seo. Is féidir í a fheiceáil mar an t-aon scoilt a bhraith Joyce agus Ó Conaire agus atá pléite i gCaibidil a haon anseo. Scríobh Ó Tuairisc 'The Psychic Partition' ag pointe áirithe ina shaol agus is ráiteas pearsanta é ach creidim go bhfuil an ghuagacht seo i leith teanga le feiceáil ina

shaothar ar fad. Feictear tuiscint ointeolaíoch in *L'Attaque* ar theanga agus ar a modh oibre agus is féidir a áiteamh go n-eascraíonn an tuiscint seo as na mothúcháin a léireodh an t-údar níos déanaí san aiste thuasluaite – as tuiscint go mbeadh an dá theanga 'familiar' agus 'foreign' go deo.

Ach feictear go bhfuil cosúlachtaí eile idir *L'Attaque* agus saothar Joyce agus Uí Chonaire chomh maith. Feictear an staid idir dhá thine Bhealtaine a luaitear i gCaibidil a haon i leith a gcuid carachtar agus an rud céanna a tharlaíonn in *L'Attaque* i gcás Mháirtín. Tá rogha aige ag tús an leabhair pé acu a ghlacann sé le haisling na saoirse a tharraingeoidh é isteach san eirí amach nó an nglacann sé le daoirse a shaoil mar atá sé faoi réim na Breataine. Le fírinne áfach, tá an rogha seo cosúil leis na roghanna a dhéanann carachtair Joyce agus Uí Chonaire toisc gur cuma cén bealach a thógann Máirtín anseo, beidh sé damnaithe pé scéal é. Mar a deir Micheál Mac Craith faoi: "foghlaimíonn sé sa deireadh nach dán don duine saoirse iomlán a bhaint amach sa saol neamhfhoirfe seo, ach nach féidir leis loiceadh san iarracht ach chomh beag" (1985:22). Cuirtear é i staid atá idir dhá thine Bhealtaine ach cuirtear iallach air troid in aghaidh na staide seo. Sa deireadh, áfach, is eisean a bheidh thíos leis, pé rogha a dhéanann sé. Mar sin, feictear go dtagann an t-úrscéal seo in oidhreacht ar charachtar atá daortha agus sáinnithe i staid nach bhfuil éalú as, atá meallta ag aisling nach gcomhlíonfar go deo – go díreach mar a léirítear é i saothar Joyce agus Uí Chonaire.

Comhlíonann *L'Attaque* tuiscint thraidisiúnta chomhaimseartha ar an úrscéal staire go pointe áirithe agus ansin scriosann sé é go féin-chomhfhiosach. Feictear tagairtí liteartha agus cultúrtha a oibríonn go siombalach in insint an scéal. Cruthaítear guagacht mheitificseanúil maidir leis an teorainn idir am an scéil agus an lá atá inniu ann. Úsáidtear modhanna reacaireachta éagsúla – seánraí cainte a chruthaíonn feasacht fhéin-chomhfhiosach ar an rud is reacaireacht ann. Lena cheistiú ar reacaireacht, dírítear an léitheoir i dtreo ceistithe ar reacaireacht na staire féin agus feictear sampla mar sin de meitificsean staireagrafaíoch. Tá an cur chuige nua-aoiseach an-

tábhachtach san úrscéal seo sa tslí ina léiríonn sé staid intinne an duine atá caillte i saol atá athraithe ó bhonn. Ar a lán slite, is féidir an leabhar seo a léamh mar shaothar nua-aoiseach chomh maith. Ach léiríonn *L'Attaque* mímhuinín as an rud is reacaireacht agus suibiachtúlacht ann agus tugann sé aitheantas don tslí ina gcruthaítear coincheapa cumhachtacha sa saol trí chur i bhfeidhm na reacaireachta seo. Cruthaítear guagacht sa scéalaíocht a chuireann iallach ar an léitheoir a chuid léitheoireachta féin a cheistiú agus leis sin, ceisteanna a chur maidir lenár réamhcheapadh faoi litríocht, stair agus na meitireacaireachtaí go léir inár dtimpeall – tréithe iar-nua-aoiseacha ar fad.

5 Cuaifeach Mo Londubh Buí

Féachadh ar *Cuaifeach Mo Londubh Buí* le Séamas Mac Annaidh mar réabhlóid i gcúrsaí liteartha na Gaeilge nuair a foilsíodh é i 1983. Is saothar meitificseanúil é a nochtann an próiseas reacaireachta don léitheoir agus a imríonn le seánraí agus foirmeacha chun manglam liteartha a chruthú. Ní haon scéal amháin atá ann ach sraitheanna scéalta a thagann le chéile go míchruinn sa deireadh. Ní ligtear seans don léitheoir a bheith compordach in aon sraith amháin ach cuirtear é ó thor go tom ar fud an leabhair. Deirtear go minic fiú gur 'cuma faoin scéal' agus tugtar béim ar phróiseas na scéalaíochta féin. Tá a lán Béarla san úrscéal chomh maith agus, mar sin, tugtar aird ar an nGaeilge féin mar rogha theanga sa phróiseas cumadóireachta. Is leabhar é a bhfuil ceisteanna ointeolaíocha maidir le cumadóireacht liteartha, teanga agus féiniúlacht go smior ann agus mar sin is féidir féachaint air mar chéim eile i bprós iar-nua-aoiseach na Gaeilge. Feictear an fhéith chéanna ann agus atá sna húrscéalta eile a phléitear anseo ach amháin go bhfuil sí níos soiléire agus níos dána i gcás *Cuaifeach Mo Londubh Buí*. Seo í an chúis inar féachadh air mar réabhlóid i gcúrsaí liteartha na Gaeilge ach bheadh sé níos oiriúnaí, b'fhéidir, féachaint air mar chéim thábhachtach i ngluaiseacht liteartha a bhí ar siúl an t-am go léir. Cuirtear ceist na Gaeilge mar mheán i lár baill agus féachaim air mar phlé ar an gceist seo.

Tá an bonn teoiriciúil sa chaibidil seo ag baint arís le teoiric Brian McHale agus ar fhócas ointeolaíoch an úrscéil. Chomh maith leis sin, féachaim ar an tslí ina léiríonn an leabhar seo a thoisí idirthéacsúla go soiléir. Tagraím anseo d'aiste Roland Barthes "Death of the Author" tríd an léirmheas a dhéanann Caoimhín Mac Giolla Léith ar an úrscéal. Tagraím chomh maith do pheirspictíocht Mháirtín Uí Cadhain ar an ábhar céanna seo agus 'staid sheasta' an údair – mar a léiríonn sé in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*. Bainim úsáid as an struchtúr a léiríonn Damien Ó Múirí sa téacs agus léirím an bhaint idir an t-úrscéal seo agus tuairimí Eoghain Uí Thuairisc mar a

fheictear iad ina aiste “The Psychic Partition”. Féachaim ar an úrscéal chomh maith i gcomhthéacs léargas Mháirín Nic Eoin ar phrós uirbeach sa Ghaeilge mar rud a bhíonn go minic ina ‘réaltacht fhíorúil’.

Tá cur síos cuimsitheach ar struchtúr an úrscéil seo maidir lena shraitheanna éagsúla déanta ag Damien Ó Muirí in “An tÚrscéal Turgnamhach” agus tá sé seo an-áisiúil chun an saothar a thuiscint agus a phlé. Aithníonn Ó Muirí cúig shnáithe éagsúla sa leabhar, ceithre shnáithe atá mar scéalta ann (snáitheanna 1-4) agus snáithe ina labhraíonn an t-údar go díreach leis an léitheoir (snáithe 0). B’fhiú anseo na snáitheanna seo a leagadh amach arís.

Níl aon scéal i snáithe 0 ach ‘eadarlúideanna samhlaíochta’, mar a dtugann Ó Muirí orthu (86). Tugtar le fios dúinn gurb é seo guth an údair seo agus briseann sé isteach ar na reacaireachtaí eile ar fud an leabhair chun labhairt go díreach leis an léitheoir. Mar sin, is snáithe an-mheitificseanúil é. Luaitear bailte áirithe chun díolachán an leabhair a spreagadh sna háiteanna sin agus deirtear go ndearna an cat a mhún ar an gclóscríobhán. Is minic a luaitear frásaí áirithe mar ‘is cuma faoin scéal’ nó ‘amharc sna súile agam’ agus úsáidtear a lán Béarla sna sleachta seo. In áit amháin, labhraíonn an guth seo go díreach le duine atá inaitheanta mar charachtar sna sraitheanna eile: “just in case you're reading this, Mickey, though I very much doubt it, I'll put in a few more lines in English to give your dog-eared dictionary a rest” (61). Más é seo guth an údair mar sin, bíonn sé fite fuaite in eachtraí na sraitheanna eile sa leabhar chomh maith.

Baineann snáithe 1 le heachtraí aon lae amháin agus insítear dúinn i dtús báire gurb é an 28/7/82 atá ann. Is féidir príomhcharachtar an tsnáithe seo a aithint mar an t-údar chomh maith agus tugtar Séamas Caoimhín Mícheál Mac Anna air – ainm cosúil le hainm an údair ach déanta chomh maith le hainmneacha na gcarachtar i snáithe 4 (na carachtair nach bhfaigheann bás sa deireadh). Tugtar an t-ainm Inis Caillí ar an mbaile cé go bhfuil sé inaitheanta mar Inis Ceithleann – an baile inar tógadh an t-údar. Caitheann sé an lá ag siúl timpeall an bhaile, ag smaoineamh dó féin agus ag labhairt le daoine

eile. Sna comhráite seo, labhraíonn sé mar ghealt go minic. Tomhaistear an snáithe seo go cruinn leis an am ag tús gach sleachta de. Feictear é seo go dtí timpeall a trí a chloig nuair a thosaíonn an snáithe seo ag teacht le chéile le snáitheanna eile.

Feictear leagan eile den údar i snáithe 2 ach tugtar le fios dúinn go dtarlaíonn na heachtraí seo tamall roimh na heachtraí i snáithe 1. Tá Séamas sa snáithe seo ag obair i gcoláiste Gaeilge sa Ghaeltacht agus baineann na heachtraí le coimhlint idir é agus buachaill óg, Mícheál, a dhiúltaíonn Gaeilge a labhairt, cé gur féidir leis Gaeilge a thuiscint go maith, de réir dealraimh. Éiríonn an choimhlint seo ina iomaíocht phearsanta leis an mbeirt acu ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar an duine eile os comhair an tsaoil. Is buachaill achrannach é Mícheál agus bíonn sé an-deacair do Shéamas deighleáil leis. Léirítear Séamas féin áfach mar dhuine ait chomh maith agus uair amháin i lár na hoíche, dúisíonn sé Mícheál agus é ag cogar "Blackbirds of the world unite" (70) ina chluas. Éiríonn an choimhlint go fisiciúil in áit eile sa scéal agus buaileann sé é. Is féidir linn Mícheál a aithint anseo, áfach, mar 'Mickey' i snáithe 0.

I snáithe 3, insítear scéal Ghiolgamais, an scéal is ársa dá bhfuil ann sa saol. Baineann an bhunmhiotas seo le rí sa Mheaspatáim atá ag iarraidh an bheatha shíoraí a bhaint amach. Ar dtús, insíonn Mac Annaidh é go coinbhinsiúnach ach faoi dheireadh an úrscéil, éiríonn an insint seo ina scigaithris, lán le háiféis agus tagairtí mí-aimseartha. Ag deireadh shaol Ghiolgamais fiú, feictear go bhfuil mac óg aige darb ainm Mícheál. Seo buachaill a labhraíonn Béarla an t-am go léir agus a thagraíonn do dhuine darb ainm Séamas agus fiú don choimhlint in snáithe 2: "'Isn't that what Séamas called me?' arsa sé lena mháthair" (214). Mar sin, ní hamháin go dtruaillíonn an t-údar an bunmhiotas le reacaireacht atá mí-oiriúnach dó ach athscríobhann sé é chun go mbeadh baint aige leis na snáitheanna eile.

Is scéal fantaiseach é snáithe 4 agus baineann sé le haistriú inchinne ó sheanfhear darb ainm Patrick Ó hUltánaigh go corp buachalla óig. Ansin, maireann an 'buachaill' seo, Gilly, mar mhac altrama an dochtúra a rinne an obráid. Tarlaíonn an chuid is mó de na

heachtraí i mBaile Átha Cliath nuair a cuireadh Gilly chun scoile cónaithe sa chathair. Bíonn séansanna ag na buachaillí sa scoil agus labhraíonn siad leis na mairbh – ina measc, Pádraig Mac Piarais agus an tAthair Pádraig Ó Duinnín. Tá Gilly i dteagmháil ansin le bean a bhí sé mór leis nuair a bhí sé óg ina chéad saol, Sally Holme. Arís, feictear go bhfuil carachtar achrannach darb ainm Mícheál sa scéal seo chomh maith. Tá baint mhór ag an scéal seo le miotas Giolgamais, ní hamháin de bharr go mbaineann sé le téama na beatha síoraí ach toisc go dtagann cuid de na hainmneacha ón miotas féin – is leasainm é Gilly don ainm Giolgamais.

Seo iad na cúig shnáithe mar atá siad liostaithe ag Damien Ó Muirí. Ní féidir a rá, áfach, go bhfuil comhionannas ann fiú laistigh de na snáitheanna féin. Mar shampla, tá reacaire uilefheasach sa tríú pearsa sa chuid is mó de shnáithe 4 ach nuair a thosaíonn an snáithe seo, insíonn Patrick Ó hUltánaigh féin faoina shaol sa chéad phearsa. In áit amháin, tagraíonn guth an údair i snáithe 0 dó féin sa tríú pearsa: "Agus scéalta eile. Arna gcur as a riocht ag Séamas Mac a'Bhancaire, smoked salmon scríbhneoir. Tá sé bródúil as a B.A. chéanna. Ach ní dhearna sé dada ar son na cúise. Scríobh sé an leabhar seo. Aidhe, agus tá nios mó dochar ná maitheasa istigh ann" (71). Ba bhainisteoir bainc é athair Shéamais Mhic Annaidh in Inis Ceithleann.

Ach mar sin féin, oibríonn na snáitheanna le chéile chomh maith. Tá snáithe 1 agus snáithe 2 suite sa saol céanna agus is é an Séamas céanna atá mar phríomhcharachtar iontu, de réir dealraimh. Tá snáithe 4 ina mhacalla de shnáithe 3 ó thaobh théama na beatha síoraí, athúsáid na n-ainmneacha agus fiú eachtraí an scéil. Leagtar crainn Humbaba sa dá scéal, mar shampla, agus feictear comhthreomhaireacht chomh maith idir bás Enkidú agus bás Fhánaí. Méadaítear an áiféis, an Béarla agus na tagairtí mí-aimseartha i snáithe 3 go dtí go bhfuil sé cosúil le snáithe 0. Tá Mícheál éigin i ngach snáithe den úrscéal agus is é an t-aon chineál duine atá i gceist i ngach cás sa tslí nach labhraíonn sé Gaeilge am ar bith. Mar sin, in ainneoin cé chomh scartha atá na snáitheanna óna chéile, oibríonn

siad mar aonad amháin i gcomhthéacs an leabhair go léir chomh maith.

Mar shaothar iar-nua-aoiseach, pléann *Cuaifeach Mo Londubh Buí* a chuid toisí ointeolaíocha féin agus tá a chur chuige meitificseanuil an-éifeachtach ina leith seo. Scriostar cealú an díchreidimh san úrscéal arís agus arís eile, go háirithe sna sleachta ina mbriseann guth an údair i snáithe 0 isteach ar na scéalta sa snáitheanna eile. Tagann sé seo aniar aduaidh ar an léitheoir go minic sa tslí ina n-athraítear an reacaireacht ó shnáithe go snáithe go tapaidh agus gan foláireamh. Tugtar aird ar an údar féin mar dhuine i mbun scríbhneoireachta seachas mar chruthaitheoir dofheicthe a léiríonn saol a chuid samhlaíochta dúinn gan baint ar bith leis féin ina scéal. Tugann sé ordú don léitheoir ó thús go deireadh: "amharc sna súile agam" agus "déanaimis teagmháil" agus cuirtear dúshlán ar an léitheoir glacadh leis go bhfuil sé ann. Déantar iarrachtaí chun go mbeadh an léitheoir in ann é a shamhlú : "Amharc sna súile agam. Is cuma faoim scéal. Gorm atá siad agus tuirse le brath orthu. Sin a bhfuil. Deargshreanga sna cúinní mar a bheadh bile i súile an fhile" (8). In áit amháin, ofrálann sé duileasc dúinn amhail dá mbeadh sé in ann é a bhrú tríd an leathanach: "Seo, bíodh giota eile duilisc agat" (69).

Tá tagairtí ar fud an leabhair agus i ngach snáithe do 'fhaisistithe' ó Bhéal Feirste. Is íomhá í seo d'fhórsaí coimeádachais sa phobal agus luaitear iad san úrscéal go híorónta mar "Lucht cosanta chultúr na tíre Ghaelaí" (14). Is féidir gur cheap Mac Annaidh go nglacfaí go diúltach lena shaothar nuair a foilsíodh é toisc go bhféachfaí air mar shaothar neamhGhaelach – rud nár tharla i gcás na coda is mó dá léitheoirí. Ach briseann an cheist seo maidir leis an tslí go dtéann an t-úrscéal i bhfeidhm ar an bpobal léitheoireachta isteach ar théacs an leabhair féin agus cuireann sé seo go mór lena cháilíocht mheitificseanúil. Cuirtear iallach ar an léitheoir na heilimintí forchéimnitheacha san úrscéal a mheas laistigh de chomhthéacs an fháiltithe a chuirfear roimis sa saol seachliteartha. In áit amháin i ndiaidh dó aithris mhagúil a dhéanamh ar bhlas Bhéal Feirste, deir

guth an údair i snáithe 0: “Go ‘way. Shoo, shoo, yis are ruinin’ me concentration. Tá mórshaothar Gaeilge bhur linne anseo idir lámha agam agus níl sibh ag tabhairt cuidiú dá laghad domh le bhur gcuid rámhaille agus gearán faoin chraic seo atá ar bun agam. Éistigí anois, leigí an leabhar, bainigí sult agus tairbhe as agus ná bígí diúltach a thuilleadh” (172). Níl anseo ach magadh spraíúil atá mar chuid de ghreann an úrscéil ach is gné mheitificseanúil den téacs é chomh maith a tharraingíonn an saol seachliteartha isteach sa saothar liteartha.

Feictear é seo arís nuair a luann guth an údair i snáithe 0 go mbeadh a mháthair ag dul ag siopadóireacht i gContae an Chabháín ionas go spreagfadh an tagairt sin daoine chun an leabhar a cheannach i mbailte an chontae agus go fiú na daoine a bheadh ar an mbus ó Bhaile Átha Cliath nuair a stopann sé ar an tslí: “ós ag iarraidh leabhair a dhíol atá mé ní miste an Uaimh agus Ceanannas a lua. Luafainn Virginia chomh maith ach amháin go bhfuil dearmad déanta ar an ainm cheart atá air. Oh, that’s easy, deir tú, it’s Achadh an Iúir” (209).

Feictear go bhfuil Séamas Mac Annaidh ag déanamh an ruda chéanna anseo a rinne Tomás Ó Criomhthain in *An tOileánach* nuair a scríobh sé: “Do chuir leabhar chúm, *Seadna* – ní hé, mo dhearúd, ach *Niamh*” (296). Sa dá chás, tá an t-údar ag iarraidh go féin-chomhfhiosach an t-imprisean a chruthú go bhfuil sé ag labhairt go díreach leis an léitheoir i bhfoirm chainte seachas i bhfoirm liteartha. Cé go bhfuil guth an údair i snáithe 0 ag briseadh cealú an díchreidimh maidir le scéalaíocht an leabhair, ní mór dúinn glacadh leis go bhfuil sé ag cruthú cealú díchreidimh eile – go bhfuil an guth féin ina léiriú ar réaltacht éigin sa saol seachas mar léiriú ar charachtar eile sa leabhar. I ndeireadh na dála, ní féidir guth an údair a chloisint ach amháin nuair atá tú i do sheasamh os comhair an údair féin. Cruthaíonn snáithe 0 paradacsa ointeolaíoch mar sin ina bhfuil an guth ag scriosadh foirm amháin de chealú an díchreidimh amháin agus ag cruthú cinn eile.

Pléann Caoimhín Mac Giolla Léith neamhchinnteacht ointeolaíoch i leith an údair in *Cuaifeach Mo Londubh Buí* agus luann sé "Death of the Author" Roland Barthes i dtaca leis seo. Deir sé: "Níl teacht againne léitheoirí, mar sin, ar an údar, níl againn ach a c(h)uid scríbhneoireachta. Níl fáil níos mó ar fhoinse an ghutha; níl fágtha ach an scéal a d'aithris an guth sin. Ach is é seo go díreach an rud a shéantar anseo .i. tábhacht (nó b'fhéidir fiú bailíocht) an scéil – 'Is cuma faoin scéal'" (8). Mar sin, má cheistíonn an guth i snáithe 0 bailíocht an scéil, ní foláir dúinn chomh maith bailíocht an ghutha sin a cheistiú. Níl fágtha ansin ach an ghuagacht ointeolaíoch atá i lár an úrscéil seo.

Tá tagairtí liteartha scaipthe ar fud an leabhair chomh maith agus cuireann sé seo go mór le meitificsean an úrscéil sa tslí ina léirítear é mar shaothar i measc a lán saothar liteartha eile. Cuirtear a thoisí idirthéacsúla os comhair an léitheora go soiléir sa tslí seo agus feictear an leabhar mar dhéantúsán cultúrtha atá dofhuascailte óna fhoinsí féin. Tá tagairtí sa leabhar do scríbhneoirí mar Sheán Ó Ríordáin, Mháirtín Ó Direáin, Mháirtín Ó Cadhain, Phádraig Mac Piarais, Oscar Wilde agus mórán eile nach iad. Measctar foinsí liteartha chomh maith, mar a fheictear sa tslí ina mbriseann Oisín isteach ar scéal Ghiolgamais i snáithe 3. Léiríonn na tagairtí seo an bhaint atá ag an leabhar le réim idirthéacsúil na teanga agus na litríochta. Leis sin, taispeántar go bhfuil gach saothar liteartha ag feidhmiú laistigh de phróiseas aitheantais a nascann é le hiliomad saothar eile.

Tá cuid mhaith de na tagairtí liteartha agus cultúrtha sa téacs dírithe ar an traidisiún Ultach mar chuid de thoise idirthéacsúil an úrscéil. Cuirtear litir ó Sheosamh Mac Grianna go dtí an t-údar ag tosach an leabhair i ndiaidh an leathanaigh theidil. Tá baint mhór ag an teideal féin le traidisiún amhránaíochta Chúige Uladh chomh maith. Tagraíonn sé don amhrán "Cuach mo Lonndubh Buí" agus feictear go bhfuil baint ag an amhrán seo le hábhar an scéil chomh maith. San amhrán seo, buaileann fear agus a bhean chéile le fear eile, 'Gruagach an Óir Bhuí', ar an mbóthar. Molann an 'Gruagach' seo

don fhear go dtógfadh sé a bhean leis féin – rud a tharlaíonn agus fágadh an fear seo faoi bhrón. Tá défhiús mór ag baint leis an amhrán seo áfach agus, mar sin, tá sé oiriúnach don úrscéal seo. Deir Énrí Ó Muirgheasa faoi: "This satire on the unstability (sic) of the female heart was known all over Ulster" (250). Níl sé chomh soiléir leis sin áfach toisc go bhfuil bagairt foréigin i gceist leis an 'moladh' seo san amhrán: "Mur ndéanfaidh mé sin leat, dhéanfaidh an cóir leat" (ibid: 89). Tá géilleadh éigin i gceist leis an bhfear don 'mhargadh' seo chomh maith.

Tá comhthreomhaireacht le feiceáil idir an t-amhrán agus an t-úrscéal sa tslí ina bhfuil siad araon ag deighleáil le cailliúint – cailliúint maidir le grá idir fear agus a bhean i gcás an amhráin agus cailliúint maidir le coibhneas idir muintir na tíre agus a dteanga dhúchasach i gcás an úrscéil. Tá an coibhneas briste atá idir an fear agus an bhean nuair a thagann sí ar ais chuige le feiceáil chomh maith san úrscéal sa choibhneas briste idir an tír agus an teanga – rud atá curtha i lár baill san úrscéal. Is meafar maith é an t-amhrán don cheist seo mar sin. Tá an triantán idir an fear, an bhean agus an gruagach léirithe sa triantán idir an tír, an Ghaeilge agus an Béarla. Tá éiginnteacht, défhiús agus cailliúint le feiceáil sa dá shaothar seo – idir amhrán agus úrscéal. Ach léirítear iad san úrscéal trí mheán an tranglaim liteartha agus, dá réir sin, athraítear 'cuach' go 'cuaifeach'.

Tá tagairtí eile sa leabhar do thraidisiún, stair agus chultúr Chúige Uladh chomh maith. Tagraítear do Shéamas in áiteanna mar 'Shéamas a' Chaca' – tagairt do Rí Séamas II Shasana agus an pháirt a d'imir sé in Éirinn i gCath na Bóinne. Feictear défhiús arís anseo sa tslí ina raibh Séamas II in ainm a bheith ina chosantóir don reiligiún Caitliceach in Éirinn ach le fírinne a bhí ina mheatachán a thréig an cath agus an tír go luath. Feictear défhiús agus codarsnacht i gcás Shéamais in *Cuaifeach mo Londubh Buí* chomh maith. Mar mhúinteoir Gaeilge, is cosantóir de chuid na teanga é ach fós, téann sé i mbun coimhlint le buachaill óg faoina chúram. Tá an défhiús seo mar chuid den défhiús ginearálta a fheictear síos tríd an úrscéal maidir

le ceist na teanga agus is féidir é a léamh mar thráchtaireacht ar cé chomh casta atá an cheist seo.

Tá tagairtí ar fud an leabhair do shaothar Bhrian Uí Nualláin, scríbhneoir Ultach eile, agus tá sé seo an-suimiúil i gcomhthéacs an úrscéil mar shaothar iar-nua-aoiseach. Tá a lán tagairtí do *An Béal Bocht* ann agus luaitear rudaí a bhaineann le 'Corca Dhorcha' go minic. Mar shampla, deirtear faoi Sally Holme: "bhí bríste á chaitheamh aici faoin chóta a bhíodh corca ach a bhí anois dorcha" (232). Tá athrá ann chomh maith de chiúta a dúirt an Seanduine Liath i rith na feise nuair a smaoiníonn Sally faoina deartháir nach maireann: "Ní bheadh saoirse gan Seoirse" (239).

Tá tréithe liteartha in *Cuaifeach Mo Londubh Buí*, áfach, a chuirfeadh *At Swim-Two-Birds* i gcuimhne don léitheoir níos mó ná *An Béal Bocht* agus pléann Damien Ó Muirí an nasc seo idir an dá leabhar ina aiste "An tÚrscéal Turgnamhach". Maraon le *At Swim-Two-Birds*, feictear snáithe difriúla i saothar Mhic Annaidh atá fite fuaite ina chéile. Comhlíonann *Cuaifeach Mo Londubh Buí* an riail atá ag tosach *At Swim-Two-Birds*: "One beginning and one ending for a book was a thing I did not agree with. A good book may have three openings entirely dissimilar and inter-related only in the prescience of the author, or for that matter one hundred times as many endings" (5). Chomh maith leis sin, imríonn Mac Annaidh le coincheap shaorthoil na gcarachtar ó údarás an údair i slí atá inchurtha le *At Swim-Two-Birds.* I snáithe 3, deir Utnapáistim le Giolgamais: "Fógróidh mé rún na ndéithe ó tá mé ag déanamh go bhfuil an áit seo 'bugged' ag an údar cibé ar bith" (174).

Feictear comhthreomhaireacht idir an dá leabhar sa tslí ina léirítear caidreamh iarbhír idir údar agus a chuid carachtar ficseanúil. Sa dá chaibidil dheireanach, tagann snáithe 1 agus snáithe 4 le chéile agus labhraíonn an leagan de Shéamas seo, atá in ainm a bheith mar údar, le Gilly agus na carachtair eile. Níl aon chumhacht aige orthu áfach agus ní féidir leis ach a bheith ag maíomh go bhfuil eolas aige orthu. Tugtar le fios anseo go bhfuil smaointe rómánsacha ag Séamas anseo i leith Anna, duine atá in ainm a bheith mar charachtar a

shaothair fhicseanúil féin: “Bhí Anna glic, coimir, fiáin. Dhéanfadh sé í a chomóradh ‘na bhaile i ndiaidh an damhsa anocht” (228). Is macalla é seo den tslí ina bhfuil caidreamh collaí idir Dermot Trellis agus a charachtar ficseanúil féin, Sheila Lamont in *At Swim-Two-Birds*.

Tá difríocht ann idir an dá chás áfach de bharr gur carachtar ficseanúil é Dermot Trellis é féin i saothar an mhic léinn. Ar fud *Cuaifeach Mo Londubh Buí*, cuirtear ina luí ar an léitheoir gur leagan den údar féin é an Séamas seo i snáithe 1. Tugann snáithe 0 agus snáithe 2 tacaíocht don tuairim sin. Cuireann an dá chaibidil dheireanacha den úrscéal iallach ar an léitheoir a réamhcheapadh féin a aithint maidir le reacaireacht agus a bailíocht mar ghuth an údair. Cruthaíonn an t-úrscéal an réamhcheapadh seo go bhfuil fáil ar ghuth an údair ann le gach ‘amharc sna súile agam’ agus gach ‘déanaimis teagmháil’. Níl anseo ach cur i gcéill áfach agus, le fírinne, níl in aon leagan de Shéamas san úrscéal ach carachtar ficseanúil – fiú ‘guth an údair’ i snáithe 0. Meabhraítear dúinn an clásal séanta ag tosach *At Swim-Two-Birds*: “All characters represented in this book, including the first person singular, are entirely fictitious and bear no relation to any person living or dead”.

Níl aon chlásal séanta san úrscéal seo, áfach, agus murab ionann is Dermot Trellis in *At Swim-Two-Birds*, cuirtear ina luí ar an léitheoir gur leagan den údar féin é Séamas – go háirithe i snáithe 0. Fágann an t-úrscéal an difear idir an saol iarbhír agus an saol ficseanúil doiléir agus cuireann sé sin ceisteanna ointeolaíocha maidir leis an bpróiseas scríbhneoireachta agus léitheoireachta. Mar sin, téann *Cuaifeach Mo Londubh Buí* níos faide ná *At Swim-Two-Birds* maidir le doiléiriú na teorann seo idir ficsean agus fírinne. Feictear a lán cosúlachtaí eatarthu áfach ó thaobh a gcur chuige meitificseanúil agus an stíl sin ina measctar scéalta agus tagairtí cultúrtha eile le chéile in aon mhanglam amháin.

Tá níos mó in *Cuaifeach Mo Londubh Buí* ná scrúdú ar an bpróiseas liteartha amháin áfach agus feictear go gcuirtear ceisteanna maidir leis an nGaeilge féin i gcroílár an leabhair. Tá leagan den

charachtar Mícheál i ngach snáithe den úrscéal, rud nach féidir a rá fiú maidir le Séamas. Is carachtar achrannach é a chuireann isteach ar na carachtair eile sa chuid is mó den leabhar. Chomh maith leis sin, áfach, is í an tsaintréith is mó a bhaineann leis ná nach labhraíonn sé Gaeilge ar chor ar bith. Ar fud an leabhair, labhraíonn na carachtair eile leis i nGaeilge agus freagraíonn sé iad i mBéarla. Tá sé seo an-suimiúil toisc go bhfuil sé soiléir go dtuigeann sé gach rud a deirtear leis. Tugtar aird mar sin ar an teanga mar ábhar conspóideach. Feictear tagairt do chás na Gaeilge arís san amhrán a chumann Gilly agus an teideal "Negation through Delay" a bhí mar theideal páipéir le Colmán Ó hUallachtáin ar fhaillí an rialtais i dtaobh na Gaeilge. Tugtar le fios chomh maith go bhfuil comhthreomhaireacht d'aon ghnó ann idir an saol nua a thugtar do Phatrick Ó hUltánaigh – duine a bhí ag fáil bháis – agus saol nua a thugtar don Ghaeilge féin atá ag fáil bháis (de réir an mheafair seo). Nuair a choimeádann Siamais aghaidh Dhéagláin Uí Mhaoldúin chun í a thabhairt do Ghilly níos déanaí, deirtear: "Istigh i gcuisneoir Mhic Gréine, áfach, bhí aghaidh dhaonna ag fanacht le hAthbheochan" (22). Léiríonn an cheannlitir A anseo gur meafar atá i gceist anseo agus tagairt d'Athbheochan na Gaeilge.

Tá an Béarla féin ina eilimint thábhachtach den úrscéal chomh maith. Úsáidtear é ar fud an leabhair agus ní hamháin i gcás Mhichíl. Feictear a lán Béarla i snáithe 0 agus in áit amháin, tá leathleathanach ann ina bhfuil guth an údair ag insint píosa de scéal snáithe 2 i mBéarla (164). Tá a lán Béarla fite fuaite sa Ghaeilge chomh maith, mar shampla, feictear "jumpyáilte" (66), "madly i ngrá léi" (79), "assimilatáil" (81) agus "What the fathach!" (92). Fiú sa chéad líne den leabhar, léirítear an cineál Gaeilge atá le teacht: "Bhí an oíche the clósálta thart faoi dheireadh" (7). Tá feidhm mheitificseanúil ag úsáid an Bhéarla sa tslí ina mbristear cealú an díchreidimh san úrscéal Gaeilge seo ach thairis sin, cuireann an dátheangachas seo an bhaint idir an Ghaeilge agus an Béarla i gcroílár an úrscéil.

Tá slí chaolchúiseach eile ina dtugtar aird ar an gceist seo faoin mbaint idir an Ghaeilge agus an Béarla agus feictear í sa bhaint idir na

snáitheanna féin agus a mbaint faoi seach le réalachas nó le fantaisíocht. Sa chuid is mó den leabhar, tá difríochtaí móra idir na snáitheanna. Tugtar le fios gurb é an saol céanna atá i snáithe 1 agus snáithe 2 ach tá difríochtaí móra idir an saol seo agus an saol i snáithe 4, cé go bhfuil siad go léir suite in Éirinn agus in aon aimsir lena chéile. Is saol réalaíoch atá i snáitheanna 1 agus 2. Níl aon fhantaisíocht, draíocht nó ficsean eolaíochta i gceist leo. I snáithe 4 áfach, feictear nódú inchinne agus spioraid na marbh ag comhrá leis na beo. Tagann an dá shaol le chéile ag deireadh an leabhair ach go dtí sin, is saolta difriúla glan iad.

Tá difríochtaí móra ann chomh maith ó thaobh na bainte atá ag na saolta seo faoi seach le húsáid na Gaeilge. I snáitheanna 1 agus 2, cé go labhraíonn Séamas agus an corrdhuine eile Gaeilge, is léir gurb é an Béarla an teanga a labhraíonn an chuid is mó de na daoine sa tír. Nuair a labhraíonn sé le buachaillí Protastúnacha i snáithe 1, mar shampla, is Béarla a úsáideann siad. I snáithe 2, cé go bhfuil cuid mhaith de na gasúir ag labhairt Gaeilge, is léir go bhfuil siad sa Ghaeltacht chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus go mbeidís ag labhairt Béarla arís nuair a rachaidís abhaile. Scéal eile is ea snáithe 4, áfach. Is duine ón Meánoirthear é Siamais ach labhraíonn sé Gaeilge amháin chomh luath agus a thagann sé go hÉirinn. Ní luaitear sa scéal go dtugtar aon aird air seo mar ghaisce suntasach. Is féidir leis an léitheoir a shamhlú ag an bpointe seo gur scéal é seo a insítear i nGaeilge ach a léiríonn eachtraí a bheadh ar siúl i mBéarla. Scriosann an snáithe seo aon earráid maidir leis seo áfach nuair a théann Siamais go hoifig Bhord Fáilte agus tá míthuiscint ann idir na habairtí ‘is mó staire’ agus ‘is mó staighre’ (14).

Tá Gaeilge líofa ag an ‘maighdean oíche’ a chastar ar Ghilly agus Fhánaí chomh maith, mar atá le feiceáil sa bhleaist eascainí a bhéiceann sí ina ndiaidh: “Go n-ithe cuileoga móra na leapacha cibé fearúlacht atá ionaibhse! Lobhadh leibide oraibh! Bainfidh mé na súile as bhur gcloigeann má fhaighimse greim oraibh...” (143). Oibríonn na heachtraí seo chun a léiriú go soiléir gur leagan d’Éirinn é seo ina bhfuil Gaeilge líofa ag gach éinne. Mar shampla, ní haon

iontas, is dealraitheach, go bhfuil Gaeilge líofa ag Sally Holme, cé gur bean Angla-Éireannach í as Contae na Mí a chaith cuid mhaith dá saol mar dhíthreabhach. Is féidir é seo a fheiceáil mar 'réaltacht fhíorúil', téarma a úsáideann Máirín Nic Eoin don chineál phrós Gaeilge atá suite i suíomh uirbeach in Éirinn ach a léiríonn an suíomh seo mar áit ina labhraíonn gach éinne Gaeilge. Deir sí maidir le húrscéalta na Gaeilge "gurb ionann go minic an saothar a luafaí an réalachas liteartha go traidisiúnta leis agus sampla cruthanta den réaltacht fhíorúil nó den fhantaisíocht" (2005:428).

Is féidir a rá go bpléann *Cuaifeach mo Londubh Buí* an cheist seo. Má fhéachtar ar an gcúig shnáithe faoi seach, feictear go bhfuil úsáid na réaltachta fíorúla seo i gcomhréir le húsáid na fantaisíochta san úrscéal. Níl aon fhantaisíocht sna snáitheanna 0-2 agus is léir chomh maith go bhfuil siad ag cur síos ar shaol ina n-úsáidtear Béarla go forleathan in Éirinn. Sna snáitheanna 3 agus 4 áfach, feictear scéalta fantaisíochta agus miotais ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga. Is féidir é seo a léamh mar phlé ar réalachas uirbeach i bhficsean na Gaeilge. Bhí conspóid ann ó thaobh na ceiste seo níos déanaí nuair a scríobh Proinsias Ó Drisceoil léirmheas ar *Sionnach ar mo Dhuán* le Breandán Ó hEithir agus cháin sé é toisc nár chreid sé go raibh réalachas uirbeach i nGaeilge indéanta ar chor ar bith. Molann Ó Drisceoil *Cuaifeach mo Londubh Buí* sa léirmheas céanna agus deir sé: "The novelist in Irish must, like Mac Annaidh, look to genres which make a strength of what appear to be disabilities" (*Irish Times* 14/1/1989).

Is deacair glacadh le tuairim Uí Dhrisceoil anseo, go háirithe nuair a áitíonn sé faoi chainteoirí Gaeilge uirbeacha: "the only urban speakers being the revivalists so successfully satirised by Myles na gCopaleen in *An Béal Bocht*" (ibid). Is fíor áfach go mbíonn fadhbanna áirithe ann uaireanta chun réalachas inchreidte a scríobh i nGaeilge nuair atá sé suite in áiteanna sa tír ina labhraíonn an chuid is mó de na daoine Béarla amháin. Braitheann sé ar cé acu a theastaíonn ón údar a léiriú go labhraítear Gaeilge go forleathan sna háiteanna seo nó nach dteastaíonn. Ach is fíor chomh maith go n-oibríonn na

deacrachtaí seo i leith an úrscéil réalaíoch mar lámh chúnta i leith an úrscéil iar-nua-aoisigh.

Ní féidir a rá, áfach, go léiríonn *Cuaifeach mo Londubh Buí* aon tuairim ar an ábhar. Ní dhéanann an t-úrscéal ach an cheist féin a thabhairt i dtreis ach is féidir a rá fiú, nach gá don úrscéal iar-nua-aoiseach réiteach na faidhbe a aimsiú. Tá an carachtar uirbeach sa saothar próis Gaeilge ina thaisce ointeolaíoch don saothar. Tá rogha le déanamh faoi cé acu a fhéachann an t-údar lena chur ina luí go labhraíonn gach éinne sa suíomh uirbeach seo Gaeilge nó nach bhféachann. Má fhéachann sé len é seo a dhéanamh, cruthaítear scoilt i gcealú an díchreidimh a scriosann an saothar réalaíoch ach atá suimiúil i leith ficsin atá nua-aoiseach nó iar-nua-aoiseach. In *Cuaifeach mo Londubh Buí*, leagtar amach cúig shnáithe ina bpléitear an cheist seo i bpeirspictíochtaí difriúla ach ní thugtar aon bhreithiúnas ar an ábhar. Is féidir a áiteamh, áfach, gur thug sé spreagadh do thuairimí agus conspóidí i leith na ceiste seo – mar a fheictear i gcás alt Uí Dhrisceoil anseo.

Ach tá ceist na teanga níos casta fós san úrscéal, go háirithe ó thaobh snáithe 4. Is féidir ‘réaltacht fhíorúil’ a thabhairt air mar gheall ar an tslí ina gcuireann sé ina luí orainn go labhraíonn gach éinne i mBaile Átha Cliath Gaeilge. Ach scriosann an t-úrscéal an cur chuige seo fiú agus cuirtear iallach ar an léitheoir a cheistiú cé acu a labhraítear Gaeilge go forleathan nó nach labhraítear. Feictear sa scéal go bhfuil a lán Béarla fite fuaite sa Ghaeilge a labhraíonn Gilly agus a chuid chairde. Seo é mar a shamhlaítear Gaeilge na ndéagóirí sa lá atá inniu ann agus ní thugann sé aon suntas orainn. Is suntasach é, áfach, nuair a chuimhnítear gur Baile Átha Cliath eile é seo – cathair ina labhraíonn gach éinne Gaeilge. Más fíor é seo, ní foláir ceisteanna a chur faoi na cúiseanna ina labhraíonn siad an *argot* seo agus ní thugtar aon chúis sa leabhar.

In áit amháin sa scéal, deirtear go bhfuil tuirse ar Humbaba agus ní deir sé na paidreacha i gceart: “d’éirigh sé measctha sna moltaí diaga, ag déanamh glandearmaid de Joseph her most chaste spouse” (128). Tugann sé seo le fios dúinn go ndeir Humbaba na paidreacha i

mBéarla de ghnáth. Arís, tá ceist neamhfhreagraithe ann cén fáth a ndéanfadh sé é seo nuair is í an Ghaeilge gnáththeanga na cathrach. Feictear tagairt eile d'úsáid an Bhéarla nuair a scríobhann 'ábhar múinteora' a 'thuarascáil oifigiúil rúnda' faoi Fhánaí i mBéarla: "This boy is in need of psyiatric (sic) investigation" (136) (is leis an údar an *sic* seo). Léirítear anseo go bhfuil feidhm oifigiúil éigin leis an mBéarla sa saol seo ina bhfuil snáithe 4 suite cé go bhfuil labhairt agus tuiscint na Gaeilge ag gach éinne. Níl an snáithe seo ag feidhmiú de réir a chuid rialacha féin agus cruthaíonn sé seo débhríocht agus éiginnteacht sa scéal.

Tá cineál sóilipseachais ag baint le smaointe Ghilly i snáithe 4 nuair nach raibh a fhios aige an bhfuil an saol ina thimpeall iarbhír nó an amhlaidh go bhfuil sé in ifreann. Bíonn géarchéim eiseach air ag amanna nuair a cheistíonn sé an saol ina maireann sé agus é féin mar neach ann: "Chaithfeadh sé a bheith beo gan iad, gan spreagadh ón tsaol neamhréalach thart air, gan ainm, gan pearsantacht shóisialta mar thaca nó ní bheadh anam aige. Tháinig eagla air nach raibh anam aige" (81). I gcomhthéacs leabhair atá an-mheitificseanúil cheana féin, nuair a cheistíonn carachtar ficseanúil an bhfuil sé ann ar chor ar bith, cuireann sé go mór le cur chuige meitificseanúil an úrscéil.

Tá éiginnteacht ointeolaíoch ann chomh maith i leith choincheap na pearsantachta, go háirithe pearsantacht Gilly i snáithe 4 nuair a léirítear gur duine an-difriúil é ó Phatrick Ó hUltánaigh. Ba dhuine ciúin, neamhbhríoch é Patrick. Ag tosach a chuid reacaireachta, deir sé: "Bhí grá amháin agam agus theip mé uirthi. Easpa misnigh. Sally Holme. Chaith mé saol gan fhiúntas, gan tairbhe. Blianta in oifig" (24). De réir dealraimh, is é an t-aon rud suntasach a tharla ina shaol ná go raibh sé ag an gComhdháil Eocairisteach sa bhliain 1932 agus chuala sé John McCormack ag canadh ann. D'ól sé puins nuair a bhíodh pianta aingíne air sna maidineacha fuara geimhridh ach ní raibh sé riamh ólta ina shaol. Tosaíonn sé ag insint scéil faoin "rud is fearúla dá ndearna mé riamh" (24) dar leis, nuair a chaith sé cloch le buidéil bhainne a bhí taobh amuigh de dhoras éigin. Ach faighimid amach ansin gur leis féin an doras agus na buidéil bhainne agus bhris

sé iad as cantal i ndiaidh dó é féin a ghlasáil amach as a theach. Ritheann sé ón sruth bainne agus nuair a fheiceann sé garda, insíonn sé dó gur bhuachaillí a bhris iad.

Tá difríochtaí móra idir Patrick agus Gilly áfach. Is duine cróga agus dúshlánach é Gilly ina shaol. Níl eagla ar bith air roimh oíche ag spraoithiomáint le Fánaí nó roimh chrainn Humbaba a leagadh. Seinneann sé i mbanna rac-cheoil agus siúlann sé amach le hAnna gan oiread na fríde den easpa misnigh a chur isteach air ina chéad saol nuair a theastaigh uaidh siúl amach le Sally. Tá dúil aige san ól, chomh maith, murab ionann is Patrick. Tá ardmheas ag na mic léinn eile sa scoil air agus is cosúil le taoiseach neamhoifigiúil é dóibh. In áit amháin, feicimid é mar Íosa "ina shuí ar chnocán ar chúl na scoile ag labhairt le gasúir eile" (155). Is sainchomhartha ar a charachtar an chrógacht dhána seo, a oiread céanna is atá an easpa misnigh agus an neamhbhrí ina sainchomhartha ar Phatrick.

Cuirtear fócas san úrscéal mar sin ar an rud is pearsantacht ann agus is ceist mhór ointeolaíoch í seo. Baineann sí le hiniúchadh ar cén chuid de phearsantacht an duine atá iarbhír, buan agus do-athraithe, a fhéachtar uirthi mar anam an duine, agus cén chuid atá cruthaithe as timpeallacht an duine ina shaol. Tagraíonn Gilly do dhaoine:

> creatúir bhochta . . . nár chreid go raibh siad ann nuair a chaill siad a ghairm, a stádas, a gcuid éadaigh agus na híomhánna sóisialta uilig. Fir a bhí iontu a chum pearsantachtaí dóibh féin, fir a mhúchadh toitíní ar bhos na lámh acu féin le cur in iúl dóibh féin go raibh siad ann. Ach ní raibh. Ní raibh rud ar bith ann a thuileadh. B'fhéidir nach raibh riamh ann ach mascanna gainimh a thit as a chéile i ndiaidh tamaill . . .
>
> (76)

Tá móimintí aige ina shaol nua nuair a cheistíonn sé a mharthain féin ach is féidir leis fós a aithint go raibh rud éigin neamhathraitheach ann. Deirtear: "Ní raibh ainm, na cuimhní ná fiú a chorp féin ceadaithe aige, ach mar sin féin bhí sé ann. Ba mhór an gar é. An

dtabharfadh sé anam air féin? Nárbh é sin go díreach an rud a bhí anois ann? Ní raibh an duine teibí ann a thuilleadh. Lomnochtán ba ea é gan tús ná deireadh, é mar an gcéanna droim ar ais, ach é iomlán ann féin" (75/76). Pé athrú a tharlaíonn dá phearsantacht, mar sin, glacann sé leis go bhfuil eithne chomhfheasa ann.

Tráchtann Máirtín Ó Cadhain in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* ar chailliúint an mhuinín i 'staid sheasta' an údair agus fiú 'marthain an duine'. Cuireann sé síos ar an athrú atá tagtha ar an úrscéal ó thaobh chailliúint deimhneachta ointeolaíche agus tugann sé seo léargas dúinn ar *Cuaifeach mo Londubh Buí*:

> Ní staid sheasta mar sin atá inniu ann, staid a bhféadfadh an scríbhneoir glaca léi nó cur ina haghaidh. Is gotha sealadach atá ar chuile shórt fiú marthainn an duine féin. Tá chuile rud éiginnte, ar bís, mar go mba cinniúnach teagmhaiseach a bheadh sé agus gan é ar acmhainn an duine aonraic tada a dhéanamh in a thimpeall. Mar sin féin bíonn caitheamh mór i ndiaidh cineál eicínt buaineadais ag an duine. Seo é faoi deara do na húrscéalaithe comhtháthú a chur san úrscéal nach bhfuil sa saol.
>
> (*PBPB* 23/24)

Tá an 'comhtháthú' seo 'nach bhfuil sa saol' le feiceáil go mór in *Cuaifeach mo Londubh Buí* – le seánraí, stíleanna reacaireachta, peirspictíochtaí ointeolaíocha agus mórán eile. Feictear an caitheamh i ndiaidh 'cineál éicint buaineadais' chomh maith sa tslí ina nglacann Gilly le buaine inmheánach éigin ar a dtugann sé 'anam', pé athruithe atá tagtha ar a shaol seachtrach. Bíodh sin mar atá, áfach, ba scríbhneoir nua-aoiseach é Máirtín Ó Cadhain agus tá an caitheamh i ndiaidh buaine – is cuma cé chomh dothadhaill atá sé – mar chuid den chur chuige sin. Coimeádann an scríbhneoir nua-aoiseach muinín as comhfhios an duine i gcónaí.

Is scríbhneoir difriúil é Séamas Mac Annaidh áfach agus cé go nglacann Gilly le heithne bhuan de chomhfhios ann féin, is deacair don léitheoir é féin agus Patrick a fheiceáil mar an duine céanna. Is

cúnamh é, i dtaca leis seo, go bhfuil athrú reacaireachta idir an chuid de shnáithe 4 faoi shaol Phatrick (an chuid atá sa chéad phearsa) agus an chuid eile de atá sa tríú pearsa. Feictear Gilly mar charachtar eile fiú ón nóiméad a dhúisíonn sé san ospidéal agus labhraíonn sé go dúshlánach agus go ceanndána le Siamais agus An tSiúr Bonaventura Ní Eodhasa. Ba dheacair a shamhlú go ndéarfadh Gilly: "níor mhaith liomsa a bheith i mo scríbhneoir, ná a bheith cáiliúil ná a bheith ar aon dóigh seachas an dóigh a bhfuil mé anois" (26) mar a smaoinigh Patrick. Fágtar sinn ansin le saothar ina bhfuil fócas ar phearsantacht ach a léiríonn éiginnteacht agus débhríocht maidir leis an rud atá ann go díreach – nó fiú pé acu atá rud ar bith ann seachas na 'mascanna gainimh' seo nó nach bhfuil.

Tá an éiginnteacht ointeolaíoch seo curtha chun cinn trí fhoirm an úrscéil chomh maith. Tá feidhm ag na cúig shnáithe agus oibríonn siad go neamhspleách ar a chéile, cé go bhfuil siad nasctha lena chéile ó thaobh téamaí, carachtar agus eachtraí. Ag deireadh an leabhair, áfach, scriostar an fhoirm seo agus tagann comhtháthú idir na snáitheanna. Tarlaíonn an scriosadh seo go luath i snáithe 3 nuair a thiteann foirm na heipice as a chéile le tagairtí mí-aimseartha, focail Bhéarla agus fiú tugtar an carachtar Mícheál isteach ann. As sin amach, tá cosúlacht ar an scéal miotaseolaíoch seo gur mó de reacaireacht snáithe 0 atá ann ná an scéal is ársa ar domhan. Mar a dúirt Bakhtin faoi scriosadh seánra na heipice: "Basically this is uncrowning, that is, the removal of an object from the distanced plane, the destruction of epic distance" (1994:23). Sa dá chaibidil dheireanacha áfach, tosaíonn na snáitheanna eile ag comhtháthú agus tagann snáitheanna 1,2 agus 4 le chéile in aon snáithe fantaisíochta amháin. Buaileann Séamas as snáithe 1 le Mícheál as snáithe 2. Ní haon scoilt mhór í seo ó thaobh struchtúr an leabhair mar níl ach scoilt ama idir an dá shaol seo. Ansin, áfach, buaileann sé le Gilly agus a chairde agus tagann Sally Holme, Humbaba agus Siamais isteach chuig snáithe 4 chomh maith. Feictear na carachtair osnádúrtha as an stair agus an gcultúr, an Piarsach, an Caisideach Bán

agus Sid Vicious, in Inis Caillí agus scriostar snáithe 1 mar scéal réalaíoch.

Ach ní thagann na snáitheanna le chéile go néata ach oiread. Sula dtarlaíonn an comhtháthú seo idir na snáitheanna, deirtear faoin saol a bheidh i ndán do Shéamas i snáithe 1: "Bheadh sé in mhúinteoir ar an bhliain seo chugainn, Séamas a'Chaca" (212). Seo é an teideal atá ar an múinteoir Gaeilge sa scoil ar a bhfreastalaíonn Gilly agus a chairde i snáithe 4. Is féidir é seo a léamh mar chomhtharlú ach deir an múinteoir seo: "Bhí mé mar bhall de phunkghrúpa a raibh 'Aiseag Te' mar ainm air" (167). I snáithe 2, áfach, fiafraíonn Mícheál de Shéamas: "Séamas, did you really did play in a punk group called 'Hot Vomit?'" (60). Mar sin, is é Séamas i snáitheanna 1 agus 2 an t-aon duine atá ina mhúinteoir, Séamas a chaca, i scoil Ghilly. Ach scriosann sé seo amlíne an scéil. Nuair a bhuaileann Séamas le Gilly agus a chairde in Inis Caillí, níl aithne acu ar a chéile, cé gurb é an t-aon duine a mhúineann Gaeilge dóibh sa scoil. Baineann siadsan leis an am atá le teacht maidir leis siúd agus baineann seisean leis an am atá caite maidir leosan – cé nach bhfuil aithne acu air, de réir dealraimh. Is cur chuige an-iar-nua-aoiseach é seo sa tslí ina dtugtar aird ar an bpróiseas scéalaíochta agus é ag titim as a chéile.

Sa tslí chéanna ina bhfuil comhtháthú idir na snáitheanna, feictear comhtháthú idir na carachtair chomh maith. Tá comhthreomhaireacht ann sa leabhar nuair a bhuaileann Humbaba Gilly (119) agus buaileann Séamas Mícheál (122) cúpla leathanach óna chéile. Ní shamhlófaí go bhfuil cosúlacht dá laghad eatarthu ach tá comhthreomhaireacht eatarthu anseo. Nuair a stánann Séamas isteach i súile Ghilly in Inis Caillí, deirtear gur: "Chuimhnigh Gilly ar an scáthán taobh leis an chiothlann. Bhí na súile mar an gcéanna" (224). Feictear comhtháthú idir na carachtair arís nuair a thógann Séamas ról Shiamais ag deireadh an leabhair agus deir sé "Is mise Séamas, nó Siamais mar a deirtear in áiteanna éagsúla sa tír bheag achrannach seo" (224) agus tugann sé "bronntóir na beatha" air féin (227).

Baineann coincheap an loin dhuibh go mór le Séamas féin i snáithe 2 agus deir sé fiú: "Ah no, a Mhícheáil, ní thuigeann tú cén

sórt duine atá ionam. Is lon dubh mé" (60). I snáithe 3, áfach, nuair atá Utnapaistím ag lorg talaimh thirim, caitheann sé éin difriúla amach ar a lorg. Deir sé ina scéal: "chaith mé an lon dubh amach ach níor tháinig sé ar ais, buíochas do na déithe. Bhí sé thar am domhsa gníomhú ar an dóigh sin ó bhí an lon dubh céanna ag cur isteach ar gach aon duine a bhí ar bord an *Traonach* ó bhí tús an turais ann" (187). Tá an cur síos ar an lon dubh anseo cosúil le rud éigin a déarfaí faoi Mhícheál. Ach féachann Séamas ar an lon dubh "mar shiombail den rud fhileata ghreannmhar a bhí istigh ann féin, an spioraid aerach sin nach raibh aon srian air" (71). Nuair a chuirtear tréithe Mhíchíl i leith an loin dhuibh anseo, áfach, diamhraíonn sé seo coincheap an loin dhuibh sa leabhar agus níl sé soiléir cad atá i gceist leis a thuilleadh.

Tá níos mó ar siúl anseo áfach ná imeartas ointeolaíoch agus léirítear ag an deireadh go bhfuil feidhm éigin ag comhtháthú seo na gcarachtar. Nuair a fhágann Séamas Gilly agus a chairde i lár Inis Caillí, smaoiníonn sé fúthu: "Ba léir dó go raibh siad uilig cosúil leis ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile" (226). Ag fíordheireadh an leabhair, deirtear: "D'éirigh Séamas as a leaba, d'oscail Caoimhín na cuirtíní, chuir Mícheál a chuid éadaigh air, nigh Anna a haghaidh agus chuaigh siad ceathrar síos an staighre, agus nuair a d'ól siad an caife gliondrach ba é an t-aon bhéal amháin a shlog é" (255). Mar sin, is é atá i gceist maidir leis na carachtair sa leabhar ná go bhfuil siad go léir ina leaganacha den údar féin. Is féidir féachaint air seo i gcomhthéacs an rud a dúirt Dick Higgins faoin 'postcognitive question' agus an úsáid a bhain Brian McHale as chun léiriú ar an rud is saothar iar-nua-aoiseach ann: "Which world is this? What is to be done in it? Which of my selves is to do it?" (McHale 1992:146).

Ach tá coimhlint mhór in *Cuaifeach mo Londubh Buí* agus tá an Ghaeilge féin i lár baill na coimhlinte sin. Ní hamháin sin, ach faigheann Mícheál an lámh in uachtar i gceann amháin de na deirí agus caillteár Séamas sa troid. Is é atá i gceist san úrscéal, mar sin, ná coimhlint inmheánach an údair maidir leis an teanga féin. Is féidir é seo a chur i gcomparáid leis an rud a dúirt Eoghan Ó Tuairisc ocht

mbliana roimhe sin in “The Psychic Partition”. Feictear an “cultural schizophrenia” agus an “dual personality” go mór ann. Aithníonn an t-úrscéal an scoilt shíceach seo agus imríonn sé léi. Is féidir a áiteamh fiú, go léiríonn sé go bhfuil meon an Bhéarla a dhiúltaíonn don Ghaeilge agus meon na Gaeilge a dhiúltaíonn don Bhéarla ‘mar an gcéanna droim ar ais’.

Úsáideann an t-úrscéal a lán uirlisí chun an t-imeartas ointeolaíoch, a léiríonn an scoilt shíceach seo, a chur i bhfeidhm. Is saothar meitificseanúil é a scriosann cealú an díchreidimh in a lán slite. Úsáideann sé cineálacha éagsúla reacaireachta measctha le chéile in aon tranglam amháin. Ceistítear ár réamhthuairimí maidir leis an údar, an reacaire, an léitheoir agus an bhficsean féin. Osclaítear ceisteanna maidir le húsáid na Gaeilge sa saothar liteartha – go háirithe i gcomhthéacs an phróis uirbigh. Tugtar aird ar nádúr na suibiachta agus na pearsantachta, fiú go leibhéal an sóilipseachais. Déantar na rudaí seo go léir chun an iliomad sraitheanna dár dtuiscint ar staid na Gaeilge a phlé. Feictear réalachas, nua-aoiseachas, miotaseolaíocht agus fantaisíocht ann. Sa deireadh, áfach, déantar fantaisíocht iomlán de. Labhraíonn Brian McHale faoi ról na fantaisíochta i gcomhthéacs straitéise iar-nua-aoisí: “in the context of postmodernism the fantastic has been co-opted as one of a number of strategies of an ontological poetics that pluralises the ‘real’ and thus problematizes representation (1987:75).

Ach i ndeireadh na dála, is úrscéal Gaeilge é agus mar sin, cé go léiríonn sé “cultural schizophrenia”, roghnaíonn sé an Ghaeilge mar mheán chun é a léiriú. Is úrscéal tábhachtach é i gcomhthéacs na n-úrscéalta go léir a phléitear anseo. Úsáideann sé cur chuige agus cur i láthair ina bhfuil imeartas ointeolaíoch agus straitéis iar-nua-aoiseach curtha chun cinn chomh mór sin go bhfuil a stádas, mar shaothar iar-nua-aoiseach, fógartha go ceannasach agus go dodhiúltaithe.

6 Kinderszenen

Is leabhar beag é *Kinderszenen* le Robert Schumann ach tá scéal ann faoi cheithre ghlúin d'aon teaghlach amháin. Tá an scéal suite ar an Mór-roinn agus in áiteanna difriúla in Éirinn. Is úrscéal é a bhfuil adhaltranas, grá agus dearchaoineadh ann. Léirítear brionglóidí ealaíonta na gcarachtar agus a n-éadóchas nuair a theipeann ar na brionglóidí sin. Feictear alcólachas, gealtacht, ceol agus scríbhneoireacht, óige, fírinne agus cuimhne, foréigean ar pháistí, tréigean, cailliúint, ciontacht agus aiféala ann. Shamhlófaí ón gcur síos seo gur eipic mhór é ach ní hea. Tá an t-úrscéal scríofa i bhfoirm ina bhfuil ailt éagsúla scartha óna chéile. Ní thagann na hailt seo lena chéile toisc nach aon reacaire amháin atá i mbun na hinsinte ach triúr agus measctar a gcuntais, sliocht i ndiaidh sleachta, ar fud an leabhair. Tá cosúlachtaí móra idir na reacairí seo agus cuirtear a gcuid scéalta agus a smaointe le chéile sa tslí go bhfeictear leanúnachas áirithe sa chuntas. Ní fíorleanúnachas é áfach toisc nach dtagann siad le chéile i gceart riamh. Is é atá ann, mar sin, ná reacaireacht bhriste le tréithe brionglóideacha nó gealtacha. Anuas air sin, níl a fhios againn cé a scríobh é toisc nár chuir an t-údar é féin in iúl riamh. Ba chumadóir ceoil ón nGearmáin é Robert Schumann sa 19ú haois agus bhí *Kinderszenen* mar theideal ar shraith píosaí beaga ceoil a chum sé.

Tá uirlis na teoirice agus na fealsúnachta an-tábhachtach sa chaibidil seo toisc go bhfuil tagairt dhíreach ar chlúdach an leabhair do "Death of the Author", aiste theoiriciúil le Roland Barthes maidir le staid an údair sa téacs. Chuige sin, bainim úsáid chomh maith as tuairimí Graham Allen ar an aiste seo le Barthes. Tá rómánsachas ina théama tábhachtach sa leabhar seo agus féachaim ar thuiscint áirithe ina leith sin maidir le 'ceol absalóideach'. Féachaim chomh maith ar fhealsúnacht Ludwig Wittgenstein agus Friedrich Nietzsche chun léargas a fháil ar an úrscéal agus bainim úsáid as dearcadh léirmheastóirí eile – Alan Titley, Pádraig Ó Cíobháin, Máire Ní Annracháin agus Antain Mag Shamhráin.

Ní deirtear go díreach go bhfuil triúr reacairí ann go dtí deireadh an leabhair cé go samhlaítear don léitheoir go bhfuil ciúta liteartha éigin sa treis agus is léir go bhfuil guthanna difriúla i mbun reacaireachta. Sa chaibidil dheireanach, deir duine amháin de na reacairí, fear óg darb ainm Bob, gur chuir sé féin na trí reacaireacht le chéile sa tslí sin. Fuair a athair, Babaí, bás sa ghealtlann agus nuair atá Bob ag dul trína chuid giuirléidí faigheann sé cóipleabhar a scríobh sé faoi eachtraí áirithe ina shaol. Tugtar le fios gurbh é a dhochtúir sa ghealtlann a d'iarr air é seo a scríobh. Tá an chuid is mó den dírbheathaisnéis seo bunaithe ar eachtraí a tharla dó nuair a bhí sé ina bhuachaill óg sa Bhruiséil, timpeall 1949. Tagraíonn Babaí ina leabhar do leabhar eile de chuid a athar féin, fear darbh ainm Roibeard, a bhí ina thaidhleoir Éireannach sa Bhruiséil. Faigheann Bob an leabhar seo agus is é atá ann ná cuntas ar a óige féin i gCill Chainnigh agus ar na heachtraí a bhíonn ar siúl ina shaol nuair a bhíonn sé á scríobh – arís sa Bhruiséil i 1949. Labhraíonn Bob go díreach leis an léitheoir agus insíonn sé faoina scéim chun leabhar amháin a chur le chéile ina mbeadh sleachta de chuid a athar agus a sheanathar curtha lena chuid tuairimí féin orthu siúd: "go mbeadh dhá théacs ghníomhacha ann .... agus téacs frithghníomhach, is é seo mo chuidse mar a bheadh mil i gceapaire, saol idir lúibíní" (136). Seo í foirm an leabhair agus insítear dúinn go bhfuil rialacha ann lena chur le chéile – "nár ceart go mbeadh aon dá phíosa as an leabhar céanna le hais a chéile is gur chóir go leanfaí trí na leabhair de réir mar a bhí siad scríofa" (136).

Ar an tarna léamh, mar sin, cheapfaí go mbeadh sé i bhfad níos soiléire ach tá an triúr acu chomh cosúil lena chéile gur deacair go minic a dhéanamh amach cé atá ag caint. Chomh maith leis sin, tá an leabhar lán le móitífeanna a úsáideann na reacairí go léir. Tá noda ann a thugann cabhair éigin don léitheoir – na pillíní a thógann Babaí sa ghealtlann mar shampla – ach fós tá an scéal doiléir in áiteanna. Ní chreidim féin gur féidir a bheith cinnte ar fad cé atá ag caint i ngach cás sa leabhar agus, mar sin, tá ar an léitheoir a mhachnamh féin a dhéanamh faoin rud atá ar siúl sa scéal. Is próiseas gníomhach é

léitheoireacht an leabhair seo, mar sin. Insíonn Bob é seo go díreach don léitheoir ina ráitis mheitificseanúla: “Tusa a dhéanann an ceangal, a léitheoir chóir. Nach tú?” (81).

Más amhlaidh atá páirt ag an léitheoir i gcruthú an scéil, tugtar nod dúinn anseo go bhfuil baint ag an úrscéal leis an teoiric ‘Death of the Author’ le Roland Barthes. Tá an ceangal sin pléite cheana féin ag Alan Titley (*An tÚrscéal Gaeilge*:584) agus Antain Mag Shamhráin (1992) agus is léir gurb é sin atá i gceist, go háirithe nuair a fhógraítear ar an gclúdach cúil go bhfuil “údar an leabhair seo marbh”. Dar le teoiric Barthes tá gach téacs déanta d’aonaid teanga, teilgean cainte agus focail a bhí ann roimh ré. I bhfarraige fhairsing na teanga, de réir na teoirice seo, faightear caidreamh idir na h-aonaid seo atá “entering into mutual relations of dialogue” (1977:148). Tá ar an údar iad seo a chur le chéile ina shlí féin ach ní féidir gurb é bun agus barr an téacs toisc gurb éard atá sa téacs ná rud a bhí ann sular tháinig ann dó féin. Ní hé an t-údar a labhraíonn ach an teanga. Tógann Barthes an stádas absalóideach seo ón údar agus tugann sé é don léitheoir. Is sa léitheoireacht ghníomhach a chruthaítear brí sa téacs, dar leis. Ach cé go bhfuil baint mhór ag an úrscéal le teoiric seo Barthes, ní dóigh liom gurb é bun agus barr an scéil é.

Ní leabhar é *Kinderszenen* atá éasca a léamh. Cruthaíonn comhtháthú na dtéacsanna seo deacrachtaí don léitheoir. Ní mór a thuiscint conas a fheidhmíonn eachtraí an scéil le chéile in ord croineolaíoch ar dtús sula bpléitear na himpleachtaí critice a bhaineann leo. Chuige sin, áitím an scéal a atógáil sula dtosaím ar a dhíthógáil agus, i dtéarmaí foirmiúlaíocha, an *fabula* (na rudaí a tharlaíonn) a leagadh amach sula bpléim na slite a n-oibríonn an *sujet* (an modh a léirítear é). Ach ní hé go bhfuilim ag maíomh léimh struchtúraíoch ar an scéal iar-nua-aoiseach seo ach go gcreidim go bhfuil tuiscint chruinn ar phlota an úrscéil chasta seo tábhachtach sula dtosaítear ar léiriú ar na slite ina gcuireann na tréithe iar-nua-aoiseacha guagacht i bhfeidhm sna struchtúir seo.

Is leabhar é *Kinderszenen* chomh maith ina bhfuil an-bhéim ar struchtúr. Tugtar ainmneacha na bpíosaí ceoil i *Kinderszenen* Robert

Schumann ar na caibidlí (cé nach gcuirtear san ord ceart iad). Tá a lán móitífeanna sa leabhar freisin, mar shampla: sionnaigh, dronuilleoga, an dath marúin, crainn maoildeirge, clapsholas agus iliomad eile nach iad. Ní foláir na struchtúir seo agus a ról san úrscéal a thuiscint ar dtús sula bpléitear a thoisí iar-nua-aoiseacha. De bharr nach féidir a bheith cinnte cé atá ag caint i ngach cás sa leabhar, leagfaidh mé amach an scéal mar a léigh mé féin é de réir rialacha Bhob agus loighic an scéil.

B'fhiú mar sin, *fabula* an scéil a leagan amach in ord cróineolaíoch. Sa scéal seo, tá príomhreacaire ann darb ainm Bob a chuireann dhá reacaireacht eile agus a chuid reacaireachta féin le chéile in aon mheascán amháin. Is fear óg pósta é ach níl ainm a mhná céile ar eolas againn. Babaí is ainm dá athair, a fuair bás sa ghealtlann agus Áine, ainm a mháthar. Bhí Babaí ina chónaí sa Bhruiséil nuair a bhí sé óg. Roibeard is ainm dá athair siúd, seanathair Bhob. Is as Cill Chainnigh ó dhúchas eisean ach bhí sé ag obair sa Bhruiséil mar thaidhleoir sna daichidí. Is é Máire ainm a mhná céile féin agus scaradar óna chéile sa Bhruiséil. Babaí arís is ainm d'athair Roibeaird féin – sin-seanathair Bhob. Cé go bhfuil a gcuntas féin ann ag Bob, Babaí Óg agus Roibeaird, ní fhaighimid trácht ar Bhabaí Mór seo ach ó chuntais eile, go háirithe ó chuntas a mhic féin, Roibeard. Is fear tuaithe é a oibríonn le comhlacht árachais. Níl ainm a mhná céile ar eolas againn.

Tosaímis mar sin i gCill Chainnigh le Babaí Mór. Tá cur síos i ndialann Roibeaird faoi: "Fear tuaithe, éadan dearg agus lámha troma garbha" (69). Is é a deir Bob faoi ná "fear borb tuaithe ar bheag a thuiscint don cheol fírinneach – agus dhéanadh sé gach arbh fhéidir leis chun bac a chur leis an gcumadóir óg" (69). Tá dúil mhór sa cheol ag Roibeard ach is beag meas a athar air. Féachann sé ar rudaí cultúrtha mar éirí in airde agus cuireann sé ardnós i leith a mhná céile toisc go dteastaíonn uaithi Roibeard a chur chuig ceachtanna pianó (50). Oibríonn an teaghlach go léir sa ghairdín gach Satharn agus insíonn sé go searbhasach do Roibeard gurb é sin a íocann as a cheachtanna pianó (44). Tá cuntas ann ar dhinnéar sa teach nuair a bhuaileann Babaí Mór a mhac toisc nach féidir leis a chuid cabáiste a

ithe (68). Ach chomh maith leis sin, feictear Babaí Mór seo mar fhear a mhothaíonn go bhfuil a shaol á chaitheamh amú aige mar ‘chléireach áireacháin’ i gcomhlacht árachais (65). Ní fhaightear a chuid smaointe féin sa leabhar ach machnaíonn Roibeard air sin ina chuntas: “Cé na smaointe a bhíodh á ndó san fhoirnéis intinne sin?...Ní bhfuair mé amach riamh” (69).

Ní luaitear ainm mháthair Roibeaird san úrscéal ach tá cur síos uirthi. B’ealaíontóir í ina hóige ach níor dhíol sí pictiúr ó phós sí agus chaill sí a cuid cairde ealaíne. Deir Roibeard fúithi: “Tharlódh sé gur dhírigh sí a fuinneamh ar fad ar thógáil páistí. Ach ní raibh sí go maith chuige sin ach an oiread” (32). Cuireann sé “peataireacht agus neamart” (32) ina leith sa tslí gur duine bog í ach ag amanna eile níor thug sí aire mhaith dó. Luaitear scéal faoi Roibeard nuair a bhí sé ina naíonán nuabheirthe agus fágadh é ag caoineadh ina aonar. Ritheann a mháthair isteach chuige ach deir Bob níos déanaí nuair atá sé ag cur ceiste go díreach ar an léitheoir: “Nach raibh máthair mar sin agatsa? A ligeadh duit caoineadh fad a bhí sí ag caint lena cara, a chniotálfadh scaif duit a raibh gach dath sa bhogha ceatha inti agus ansin a chaillfeadh ort í” (108/9). Tá sé ag tagairt dá shin-seanmháthair anseo cé go bhfuil an scéal mícheart aige. De réir Roibeaird, is mitíní seachas scaif “ar chuir sí gach dath sa bhogha ceatha isteach iontu agus ansin gur chaill sí orm iad” (32). Deir Roibeard ansin fúithi: “Bean thiarnúil ba ea mo mháthair.... D’fhéadfadh sí a bheith cruálach amanna freisin. Ba ise a bhí i bhfabhar na gceachtanna ceoil” (81). Is é an pictiúr atá ann di, áfach, ná bean ar theip ar a brionglóidí ealaíonta féin ina saol agus gur theastaigh uaithi go mbeadh saol ealaíonta ag a mac.

Feictear Roibeard mar bhuachaill íogair san úrscéal. Deir sé “Ní thaitnínnse le daoine” (55) agus “Bhí mé dáiríre mar pháiste. An chéad pháiste. Scoláire. Leochaileach” (70). Léirítear go bhfuil dúil mhór aige sa cheol clasaiceach agus is é an rud ab ansa leis ar domhan ná a bheith ina phianódóir nó ina chumadóir cáiliúil. Téann sé chuig an eaglais chun a iarraidh ar Dhia cumadóir cáiliúil a dhéanamh de ach ní iarrann sé air é sa deireadh de bharr easpa féinmhuiníne (77).

Ní fheictear sa scéal áfach go bhfuil ábhar ceoltóra cháiliúil ann agus goilleann sé air páistí eile a fheiceáil atá níos fearr ná é féin (85). Dá mhéad a chuid díograise i leith an phianó mar sin, teipeann air a bheith ina phianódóir cáiliúil ach coimeádann sé a ghrá don cheol.

Nuair a fhásann sé aníos, faigheann sé post maith mar thaidhleoir in Ambasáid na hÉireann sa Bhruiséil. Caitheann sé dhá bhliain ann lena bhean chéile Máire agus a mhac Babaí atá thart ar an aois a dhéantar an Chéad Chomaoineach. Tarlaíonn na heachtraí sa Bhruiséil "tríocha éigin bliain" (86) i ndiaidh eachtraí a óige. Tá airgead agus saol maith acu anseo. Tá féith ealaíonta fós ann agus oibríonn sé ar shaothar liteartha go rialta. Teastaíonn uaidh cáil a bhaint amach ar fud na hEorpa lena aistriúcháin go Gaeilge d'fhilíocht Fraincise leithéidí Ronsard agus Baudelaire (131). Scríobhann sé saothar liteartha dá chuid féin – dánta grá agus drámaí – agus deir sé: "Má d'fhéad Denis Devlin é a dhéanamh i mBéarla, d'fhéadfainnse é a dhéanamh i nGaeilge" (129). Tá súil aige go nglacfadh amharclann i mBaile Átha Cliath nó i Londain lena dhráma ach ní ghlactar riamh leis (37). Ceannaíonn sé pianó dá árasán agus tagann múinteoirí chun ceachtanna a thabhairt dá mhac Babaí agus dá bhean chéile. Tá dúil sa cheol ag Babaí chomh maith agus feictear an fhéith rómánsach chéanna ann.

Dá mhéad a chuid díograise, teipeann ar a iarrachtaí ealaíonta agus tugann sé "file *manqué*" air féin ina dhialann (9). Anuas air sin, is alcólach é chomh maith. Is minic a tharraingíonn sé Babaí amach óna leaba i lár na hoíche chun an pianó a sheinm dó agus é ar meisce. Ní foláir do Bhabaí ansin seinm dó go dtí go dtiteann sé ina chodladh. Lá amháin, faigheann Babaí nóta in aice leis an bpianó. Is nóta grá é óna mhúinteoir pianó dá mháthair. Tamall ina dhiaidh nuair atá air an pianó a sheinm arís i lár na hoíche, tugann sé an nóta dá athair. Éiríonn raic idir Roibeard agus Máire ansin agus imíonn sí leis an múinteoir pianó go dtí an Róimh (102).

Is duine ealaíonta í Máire (132), chomh maith. Nuair atá Roibeard ag cur síos ar 'shaol an cheoil fhírinigh' agus an cumas sa cheol atá ag daoine áirithe, deir sé: "Bhí sé ag do mháthair. Nach mar

sin a tarraingíodh chuici mé" (21). Léiríonn a mac, Babaí, í mar bhean atá: "Caitliceach carthanach agus peacach. Ach níos mó ná sin. Bean chumasach uaillmhianach mhodhúil shaor cheolmhar" (52). Feictear í tríd an leabhar mar dhuine galánta. Téann sí ag siopadóireacht i siopaí costasacha i mBoulavard Anspach (59) sa Bhruiséil. Nuair a théann Babaí ar ais chuici ar turas, blianta i ndiaidh an scartha, tá sí ina cónaí in Ixelles (37), ceantar rathúil sa Bhruiséil. Níl an fhéith rómánsach chéanna inti áfach agus atá ina fear céile agus ina mac. Deir Babaí: "Ainneoin a cumais féin ní raibh aon tuiscint aici don cheol fírinneach . . . theastaigh uaithi dáiríre go mbeinn i mo mháinlia" (62).Téann sí go dtí an Róimh leis an múinteoir pianó i ndiaidh an scartha ach ní raibh sé i gceist aici gan teacht ar ais chuig a mac. Nuair a tháinig sí, áfach, bhí sé féin agus a athair imithe (110).

Téann Roibeard agus Bob ar ais go hÉirinn ach sula n-imíonn siad, tagann deirfiúr Roibeaird, Méabh, anall chun cabhrú leo. Is carachtar tábhachtach eile í sa scéal. Tá défhiús áirithe sa tslí a léirítear í san úrscéal. Ar thaobh amháin de, is duine cineálta í a thaistealaíonn i bhfad nuair a chloiseann sí faoin anacair seo atá ar a deartháir agus ar a nia. Tugann sí Babaí go dtí an carnabhal agus ceannaíonn sí flas candaí dó (45). Bíonn a cuid trioblóidí aici féin níos déanaí ina saol nuair a theipeann ar a pósadh i ndiaidh dá fear céile, Peadar, iompú ina alcólach (46). Feictear í mar bhean ghalánta agus mar dhuine atá eolach ar litríocht agus ar chúrsaí reatha. Piocann Roibeard suas í ag an stáisiún traenach agus cuireann sé síos uirthi ina dhialann: "Cóta caol corcra agus fionnadh sionnaigh ar an mbóna. Ní cheapfá go raibh oiread sin faisin in Éirinn. Agus leabhar nua Kate O'Brien léi pé áit a bhfuair sí é" (90). Bhí cuid mhaith de shaothar Kate O'Brien toirmiscthe in Éirinn ag an am.

Tá áiteanna áirithe áfach ina bhfeictear an bhaint dhiúltach atá ag Méabh leis an scéal. Is féidir a áiteamh go léiríonn sí nach bhfuil mórán cáiréise ag baint léi nuair atá sí ag canadh "Marie Marie Mariechen" (107) os ard sa teach go díreach i ndiaidh do bhean a deartháir, Máire, éalú lena múinteoir pianó. Ceapann Roibeard gurb é *Widmung*, píosa ceoil eile le Schumann, a chanann sí ach ní hea.

Ceannaíonn sí an capaillín maide mar bhronntanas do Bhabaí níos déanaí agus tugann sí dó é le nóta ina dtugann sí Maoldearg air. Is móitíf thábhachtach sa leabhar an crann maoildeirge ach chomh maith leis sin, seo é 'le Mûrier' (105), an áit a bhfuil Máire le bualadh lena leannán sa nóta a thugann Babaí dá athair. Insíonn sí eachtra do Bhabaí faoi am ar fágadh é ag caoineadh ina aonar nuair a bhí sé ina naíonán (33). Ach seo é an t-aon scéal a insíonn Roibeaird faoi féin nuair a bhí sé óg. Tá sonraí áirithe sa leagan seo atá difriúil leis an leagan eile áfach. Tá an mháthair sa scéal seo ag cur cairéad seachas cabáistí. Ní ghlanann máthair Roibeaird an chréafóg dá lámha (30) ach i gcás scéal Mhéabh, ní bhaineann sí a lámhainní gairneoireachta di. Is díol spéise gur chaill sí na lámhainní seo i leagan Mhéabh – sa tslí chéanna ar chaill máthair Roibeaird na mitíní a chniotáil sí dó. Tá cuma ar an scéal go bhfuil Méabh ag insint scéal a athar dó agus ag ligean uirthi gur tharla sé dósan – ach de réir Bhob, tá an eachtra seo ina léiriú ar neamairt mháthair Roibeaird (109). Is féidir é seo a fheiceáil mar fhianaise go bhfuil Méabh ag iarraidh droch-chlú a tharraingt ar Mháire in intinn a mic.

Tá Roibeaird an-bhuíoch de Mhéabh gur tháinig sí agus gur thug sí cabhair dóibh ach is léir go nglacann sí ceannas nuair a thagann sí. Dar ndóigh, ní foláir nó bhí droch-chaoi ar Roibeaird idir imeacht Mháire agus teacht Mhéabh. Bíonn sé ag screadach go ciúin san oíche "Tar ar ais. Ní raibh mé ag iarraidh go n-imeofá. Tá mé liom féin" (59). Tarraingíonn sé Babaí amach as a leaba arís agus léann sé Íobairt Íosác dó ón mBíobla (42). Ag labhairt go díreach lena mhac ina dhialann, deir sé: "Tá aiféala orm faoin oíche eile. Anois agus Méabh anseo, ba chóir go mbeadh deireadh le hócáidí den saghas sin" (108). Ach is léir chomh maith go dtógann sí smacht iomlán ar chúrsaí an tí sa Bhruiséil. Deir sé: "Tá sé ar fheabhas gur tháinig sí. Níl a fhios agam cad a dhéanfaimis gan í. A bhuíochas léise go bhfuil cinneadh déanta" (107). Is féidir an cinneadh seo a léamh mar an cinneadh chun dul ar ais go hÉirinn. Is í Méabh a shocraíonn go dtiocfaidh Babaí chuig ranganna pianó le Liam Ó hIfearnáin (130) agus go dtí an scoil leis na Bráithre i gCearnóg Parnell (135). Is léise

atá sé chomh maith nuair a dhréachtaíonn sé a uacht mar a bhfágann gach rud ag Babaí (142) – is é sin le rá, chun Máire a fhágáil amach aisti.

Nuair a scríobhann Roibeard go héadóchasach níos luaithe san úrscéal go bhfuil sé ródhéanach dó, freagraíonn sliocht le Bob dó: "Ach an mbíonn sé riamh ródhéanach? Nach féidir i gcónaí na píosaí a chur le chéile arís, ní chun an seanrud a athchruthú ach chun rud nua a chur ar fáil" (24). Bhí Roibeard agus Babaí imithe nuair a tháinig Máire ar ais agus is féidir a áiteamh gurbh í Méabh a chuidíonn leis socrú air sin. Maireann Roibeard, Babaí agus Méabh i mBaile Átha Cliath ansin agus fanann Máire sa Bhruiséil. Téann Babaí chuig ceachtanna pianó le Liam Ó hIfearnáin ach éiríonn sé as an gceol agus é ina dhéagóir nuair a fheiceann sé nach bhfuil ábhar pianódóra cháiliúil ann (69).

Insíonn Babaí dúinn go raibh sé dhá bhliain is fiche nuair a phós sé cailín darbh ainm Áine a bhí bliain níos óige ná é. Ní deirtear mórán sa leabhar fúithi: "Bean bheag, aghaidh chomh cruinn leis an ngealach lán ... tá sí tar éis dul tríd go leor" (140). Nuair atá sé ag cur síos ar a mhac, Bob, deir sé "Aghaidh cosúil lena mháthair, an bheocht chéanna, an dúil oscailte chéanna i rudaí simplí an tsaoil" (140). Léirítear Babaí dúinn i sleachta Bhob mar fhear neirbhíseach (88/9). Admhaíonn sé féin gur bhuail sé a pháistí: "Má bhuail d'athair tusa, buailfidh tusa do mhac" (69) agus "Bhí mé sách dona. Bhuail mé go dona iad" (70). Tugann Bob "cráiteachán bocht de thaistealaí comhlachta" air ach deir sé chomh maith "gur íoc sé an múinteoir ceoil ab fhearr a bhí ar fáil le ceol a mhúineadh don mhac achrannach seo nach raibh nóta ina cheann" (120). Teipeann ar a néaróga ag tosach na seachtóidí. Bhí Áine agus Bob, a bhí aon bhliain déag d'aois ag an am, amuigh ag siopadóireacht agus tosaíonn sé ag seinm an phianó. De réir a chuntais féin, is é Bob a d'iarr air níos luaithe rud éigin a sheinm. Seinneann sé *Kinderszenen* Robert Schumann, an ceol a thug a mhúinteoir pianó dó sa Bhruiséil sular éalaigh sé lena mháthair. Ansin téann sé chuig an gcófra agus faigheann sé dialann a athar féin agus léann sé í don chéad uair. Baineann sé preab uafásach

as nuair a fheiceann sé cé chomh cosúil atá siad lena chéile. Faoin am a dtagann Áine agus Bob ar ais, tá sé as a mheabhair. Cuireadh sa ghealtlann é agus is ansin a cailleadh é timpeall deich mbliana níos déanaí. Nuair a bhí sé ann, d'iarr a dhochtúir air a dhírbheathaisnéis a scríobh agus seo é an cóipleabhar a fhaigheann Bob.

Deir Bob faoi féin: "Is fear sona pósta mé i dtús na bhfichidí" (17). Níl ainm a mhná céile ar eolas againn ach is file é féin agus tá cuid dá shaothar foilsithe in *Icarus* (130). Tá oideachas ollscoile air agus bhí sé ag cur isteach ar phost múinteoireachta agus ag smaoineamh ar theach a cheannach lena bhean chéile nuair a cailleadh a athair (131). Téann sé chuig teach saoire ina aonar chun a leabhar a scríobh agus labhraíonn sé go díreach leis an léitheoir, ag tabhairt "a léitheoir chóir" air go minic. Is é a scríobhann na cuntais teicniúla ar an gceol tríd an leabhar agus cé go dtugann sé "téacs frithghníomhach" (136) ar a shleachta féin – sleachta atá ann mar fhreagraí ar an dá reacaire eile – cuireann sé cuid mhaith dá chuimhní agus dá smaointe féin sa leabhar. Bíonn na smaointe seo achrannach go leor áfach. Is é Bob amháin atá ag labhairt sa chaibidil Teidí Buí. Is leisean chomh maith an scéal faoin gcuairt ar Aintín Máire agus an babhla sneachta (83). Is féidir a áiteamh, cé go bhfuil sé deacair a bheith cinnte in áiteanna, gur leisean na sleachta ina bhfuil tagairt don bhuachaill Freainc.

Óna reacaireacht féin, is léir go bhfuil an fhéith rómánsach agus an mearbhall intinne céanna ag baint le Bob agus atá lena athair agus a sheanathair. Feictear é mar bhuachaill óg ar turas go dtí an Blascaod Mór lena athair. Cuireann sé síos ar a smaointe sa bhád i dtéarmaí rómánsacha agus fileata: "Bhí an fharraige ina léinseach triacaile, agus muid ag treabhadh tríthi go réidh mar a bheadh meaisín fuála ag réabadh éadach neamhuaimnithe na hoíche" (89). Deir sé go raibh an t-eispéireas cosúil le 'sionfóin sonais' agus ainmníonn sé *Navarraise* le Massenet, cé nach 'sionfóin' é sin ach ceoldráma. Feictear an t-éadóchas agus an fhéintrua chomh maith: "Theip mé ar mo thuismitheoirí, theip mé ar mo mhúinteoirí, theip mé orm féin. Faoi láthair tá mé ag teip ar mo bhean, agus tá faitíos orm, sula mbeidh an

leabhar seo istigh, go mbeidh teipthe agam ortsa chomh maith, a léitheoir chóir" (110).

Seo é an *fabula* nó na heachtraí a tharlaíonn sa leabhar chomh maith leis na príomhcarachtair atá ann. Ní mar sin a insítear an scéal áfach. Labhraíonn an triúr acu ag an am céanna agus tá cosúlachtaí móra eatarthu ó thaobh a meonta. Cheapfaí gur aon duine amháin atá ag caint go minic agus cruthaíonn sé seo dealramh an leanúnachais, mar atá sé, sa leabhar. Tá tionchar mór aige sin ar choincheap na suibiachtúlachta áfach – go háirithe sa tslí ina bhfuil an t-ainm céanna ag an triúr acu. Oibríonn ainm carachtair de ghnáth mar uirlis chun a shuibiacht a chinntiú ach, mar a dúirt Máire Ní Annracháin: "Is í an íoróin ghéar í go bhfuil ainm an athar slán ó ghlúin go glúin, ach tá sé chomh slán sin nach bhfuil teorainn shlán shoiléir idir na baill den teaghlach a bhfuil an t-ainm céanna orthu" (1994:19).

Chomh maith leis sin, is leabhar an-mheitificseanúil é. Labhraíonn Bob go díreach leis an léitheoir go minic agus ceistíonn sé fírinne an úrscéil. Bíonn Babaí ag caint lena 'lia cóir' tríd síos freisin agus ní hé amháin go gcuireann sé fírinne a chuntais féin amháin i gceist, insíonn sé bréaga dá dhochtúir. Feictear rámhaille óltacha agus gealtacha ann; tá sleachta ann atá cosúil le haithris bhrionglóide; in áiteanna tiontaíonn Babaí isteach sa tríú pearsa agus insíonn Bob scéal Bhabaí dúinn sa chéad phearsa. Tugann Bob "míreanna mearaí…as boscaí éagsúla" (106) ar an tranglam.

Scriosann an *sujet* insint an *fabula* mar sin. Scriosann an modh ina n-insítear an scéal aon chur chuige traidisiúnta a shamhlófaí maidir le reacaireacht. Ach tugtar le tuiscint ag an am céanna go bhfuil fírinne ann más féidir leis an léitheoir í a léamh i gceart. Feictear é seo maidir le húsáid móitífeanna sa leabhar. Arís is arís eile tríd an úrscéal, tagann na focail chéanna chun cinn, is cuma cé atá ag caint. Shamhlófaí mar sin go bhfuil rún eile le léiriú ag na móitífeanna seo agus in áiteanna, tá. Feictear é seo arís sa tslí ina bhfuil an t-úrscéal ceangailte leis an tsraith cheoil *Kinderszenen* le

Robert Schumann. Tugtar teidil na bpíosaí ceoil seo ar theidil na gcaibidlí. Tríd an leabhar, insíonn Bob dúinn i dteanga theicniúil an cheoil, conas a bhaineann na píosaí ceoil atá i gceist leis na rudaí atá ar siúl sa scéal ag an bpointe sin.

Tugtar le tuiscint mar sin go bhfuil brí áirithe ann, rún diamhair a cheanglaíonn gach rud le chéile. Is é an rud atá ann maidir le húsáid na móitífeanna seo áfach, agus maidir leis an gceangal seo le ceol Schumann, ná cleas liteartha. Cruthaítear an tuiscint in intinn an léitheora go bhfuil fírinne agus brí taobh thiar de shiombalachas na moitífeanna agus an cheoil. Tá an cleas seo ag feidhmiú ar an léitheoir i gcomhthéacs théama an rómánsachais, rud atá an-tábhachtach sa leabhar. Ba chumadóir rómánsach é Schumann agus bhí sé páirteach sa ghluaiseacht ceoil sin sa 19ú haois. Anuas air sin, tá an triúr príomhcharachtar báite i meon aigne an rómánsachais. Tugtar le tuiscint don léitheoir go bhfuil brí dhiamhair ann nach féidir leis a fheiceáil agus feidhmíonn sé seo i gcomhthreo leis an gcineál diamhrachta a shamhlófaí le séansún an rómánsachais.

I gcomhthéacs na móitífeanna, mar sin, feictear an-chuid focal agus ciútaí á n-úsáid ar fud an leabhair ag an triúr reacairí. Feictear sionnach, dronuilleog, maoildearg, marún, silín, veilbhit, clapsholas agus rudaí a tharlaíonn ar an Satharn. Mhaithfí don léitheoir cleas seo an údair a fheiceáil mar chineál cóid. Ní foláir mar sin féachaint ar chuid acu chun fáil amach cén fhírinne atá sna móitífeanna seo.

Ar dtús, úsáidtear an sionnach go minic. Is siombail é seo san úrscéal d'urchóid nó aon rud a mbeadh eagla ar an duine roimhe. Tagraítear dó nuair atá Maois agus Teidí Buí i mbaol. Fiú i leith scálaí deacra ar an bpianó, deirtear "Tá sionnaigh sna cnocáin sin, ar imeall na bpáirceanna, sionnaigh chaola ghlice, béarfaidh siad ort, is tabharfaidh siad leo tú, suas ar na sléibhte, le tú a alpadh" (26). Is é Bob an duine is mó a thagraíonn go díreach don sionnach agus feictear é go mór sa chaibidil *Fürchtenmachen* atá mar thromluí. Is díol spéise áfach go bhfuil fionnadh sionnaigh ar bhóna Mhéabh nuair a thagann sé anall.

Is móitíf é an mhaoildearg a chiallaíonn éalú agus eachtra. Tá crann maoildeirge ar chúl an tí sa Bhruiséil. Is féidir dul amach tríd an ngeata ar chúl an ghairdín faoi scáth an chrainn seo, mar a dhéanann Babaí (50). Tá sé le feiceáil ó fhuinneog na leabharlainne nuair atá Roibeard ann ina aonar ag scríobh. Tugann Méabh Maoldearg ar an gcapaillín maide a thugann sí do Bhabaí. Sa nóta a fhaigheann Babaí ón múinteoir pianó dá mháthair, deir sé: "Demain, ma perle sauvage, le Mûrier, L'amour t'attend" (105) – Amárach, mo phéarla fiánta, an Mhaoildearg, Tá an grá ag fanacht leat.

Feictear an focal dronuilleog go minic ar fud an leabhair. Go minic, tagraíonn sé d'fhuinneoga, bhoird, leabhair, leathanaigh, bhoscaí nó gach rud den chruth seo. In áit amháin áfach, tagraíonn sé don rud is tábhachtaí atá ann – an nóta (64). Is féidir mar sin, tábhacht speisialta a shamhlú leis an gcruth seo i gcomhthéacs an scéil.

Tá tagairt sa leabhar d'amanna ina bhfuil íobairt éigin i gceist. Nuair a scarann Roibeard agus Máire, dúisíonn Roibeard Babaí i lár na hoíche agus léann sé sliocht mar gheall ar íobairt Íosác dó (42). Tagraítear d'íobairt go minic i gcomhthéacs an phianó – atá mar altóir le haghaidh na híobartha: "réidh chun an íobairt a dhéanamh. É ar fad a ghéilleadh ar an altóir dhubh seo leis an mbrollach néamhainn" (16). Nuair a théann Babaí chuig *A Midsummer Night's Dream,* teastaíonn uaidh a "shaol a íobairt ar mhaithe leis an áilleacht seo" (94). Baineann an mhóitíf seo le téama na brionglóide caillte agus an tslí a n-íobraíonn tuismitheoirí a bpáistí san úrscéal ar son a dteipeanna féin.

Baineann cuid de na móitífeanna le ham. Shamhlófaí go dtarlaíonn gach rud in *Kinderszenen* sa chlapsholas nuair atá an ghrian ag dul síos. Is féidir é seo a léamh mar iarracht chun atmaisféar a chruthú ach úsáidtear é chomh minic go bhfuil cuma ann go bhfuil tábhacht ag baint leis. Chomh maith leis sin, tarlaíonn eachtraí móra go minic ar an Satharn – Ní foláir do Roibeard garraíodóireacht a dhéanamh ar an Satharn, is é sin an lá a fhágtar é ina aonar sa chliabhán, teipeann ar néaróga Bhabaí ar an Satharn agus tugann Bob agus Áine cuairt air sa ghealtlann gach Satharn.

Tá go leor samplaí eile de mhóitífeanna san úrscéal agus is féidir ciall a bhaint as cuid acu. Tá cuid eile agus níl iontu ach focail a thagann isteach arís is arís eile. Cuireann an t-athrá seo ina luí ar an léitheoir go bhfuil eochair ar fáil don téacs achrannach seo, go bhfuil freagra éigin ann sna siombailí atá ag ciorclú an scéil.

Feidhmíonn ceol Robert Schumann sa tslí chéanna. Samhlaítear don léitheoir go bhfuil freagra sa cheol a léireodh an téacs casta seo. Is féidir a fheiceáil go dtéann an teideal atá ar phíosaí ceoil áirithe agus na heachtraí atá i gcaibidil a bhfuil an t-ainm sin uirthi le chéile. Mar shampla, in Am Kamin / Cois Tine, feictear scéal ina bhfuil páiste in aice leis an tine. In Ritter von Steckenpferd / Ridire an Chapaill Maide, faigheann Babaí capall maide. Is léir, áfach, go dtarlaíonn níos mó sna caibidlí sin ná mar a d'fháiscfí as na teidil mhaola seo. Ó thaobh na dteideal de amháin, níl aon rud iontu a thabharfadh cabhair dúinn agus a chaithfeadh solas ar an téacs. Tá sleachta ann tríd an úrscéal ina bhfuil cur síos teicniúil ar an gceol féin. Is le Bob na sleachta seo go léir, ach amháin sleachta le Babaí nach dtagraíonn do phíosa na caibidle (34). Insíonn Bob go díreach don léitheoir áfach "nach bhfuil ann ach ciúta, cleas scríbhneoireachta. . . Chun fráma nó foirm éigin a chur ar an rud nach bhfuil aon fhráma nó foirm air" (105).

Tá baint theicniúil éigin idir an téacs agus an ceol agus feictear é sin nuair a deir sé "Réidh? Lámh dheas, lámh chlé. Ní chun tú a chur amú atá mé á malartú ar a chéile mar seo ach chun a thaispeáint duit gurb ionann iad" (11) agus arís nuair a deir sé go bhfuil leabhar Roibeaird ar oscailt ar a uillinn chlé (35). Is cosúil go bhfuil sé ina shuí agus an dá leabhar os a chomhair – faoi mar a bheadh sé á seinm mar phianó – a sheanathair ar a láimh chlé agus a athair ar a lámh dheas. Tá amanna ann nuair is féidir a fheiceáil go bhfuil an téacs agus an ceol ag teacht le chéile. Mar shampla, sa chaibidil Am Kamin, deir sé go: "dtéann an dá ordóg thar a chéile go spraoiúil. Seinntear cuid mhór den lámh chlé ar na línte leger, is é sin sa tribil" (28). Seo é an tslí ina seinneann an lámh chlé san áit ar an méarchlár atá curtha in áirithe don láimh dheas ar an mbileog cheoil. Feictear sa

téacs go bhfuil sé níos deacra a fheiceáil cé atá ag caint agus gurb é seo an áit a n-insíonn Méabh do Bhabaí gur tharla an scéal faoin naíonán tréigthe, scéal a athar, dó féin. Tá comhthreomhaireacht mar sin sa tslí ina bhfuil an dá lámh/fhear in aice a chéile agus go bhfuil scéal an tseanathar ag bogadh isteach i saol an athar.

Sa chéad phíosa eile, Bittendes Kind, deir sé: "Is ag an bpointe seo a thosaíonn an dá lámh ag scaradh óna chéile. Is féidir a bheith cruinn faoi, cosúil le nóta dátaithe i ndialann mo sheanathair. Anseo sa seachtú barra, tosaíonn an *ritardando* i gceart. Faoin naoú barra tá siad scartha ar fad óna chéile" (40). Tosaíonn an píosa seo leis an lámh chlé fós ard ar an méarchlár in áit na láimhe deise ach athraíonn sé agus téann sé síos go dtí a háit féin. Tá comhthreomhaireacht le feiceáil arís sa tslí ina dtosaíonn an chaibidil le caidreamh idir athair agus mac, le Roibeard ag tabhairt "[m]o chara beag" (36) ar Bhabaí, ach titeann sé as a chéile i rith na caibidle. Nuair a chuirtear an dá chaibidil seo le chéile sa tslí seo, mar atá siad sa leabhar seachas mar atá siad in ord cheol Schumann, feictear an leanúnachas. Is díol spéise é, áfach, nuair a deir sé: "Is féidir a bheith cruinn faoi, cosúil le nóta dátaithe i ndialann mo sheanathar". Níl dátaí ar bith i ndialann Roibeaird, mar a deir sé níos déanaí faoi na rudaí atá scríofa ann: "níl dáta luaite le haon cheann acu" (135).

Is léir áfach, nuair a théitear trí na tagairtí don cheol go léir, go bhfuil an bhaint idir an ceol agus an téacs lag agus fáthchiallach go leor. Tá áit amháin fiú ina bhfuil sí mícheart go hiomlán. Insíonn sé dúinn faoi Wichtige Begebenheit gurb é "an píosa is deacra sa leabhar é, dáiríre. Seinntear é ar fad beagnach ar na nótaí dúbha. Tá an t-am aisteach freisin – dhá chamán sa bharra" (71). Tá sé ag caint anseo faoi Fast Zu Earnst, an píosa roimhe seo (de réir ord an leabhair). Ach faoi dheireadh na caibidle, tá an cur síos ceart aige ar dheireadh Wichtige Begebenheit, "críochnaíonn an píosa seo, go fírinneach, gan deacracht dá laghad, le ceithre chorda aiceanta sa mhórghléas – lán dóchais agus grá" (80). Is féidir é seo a léamh mar léiriú ar mhearbhall intinne Bhob.

Nuair a thagann tiúnadóir dall chuig an árasán sa Bhruiséil chun an pianó a thiúnadh, seinneann sé na nótaí C E A D i bhfoirm chorda. Is féidir an focal ‘cead’ a aithint anseo ach chomh maith leis sin, is tagairt é do *Carnaval*, saothar ceoil le Schumann don phianó a fheidhmíonn mar phuzal ina litríonn nótaí na bhfonn focal áirithe agus ní mór do na héisteoirí ansin na focail a thomhas. *Sphinxes* agus *Papillons* is ainm do dhá ghluaiseacht de *Carnaval* agus feictear go dtagann na focail sfioncs, peidhleacán agus leamhan isteach sa téacs go minic. Shamhlófaí go bhfeidhmíonn an téacs mar phuzal mar sin ach níl aon fhianaise san úrscéal go bhfuil aon rud ach cur i gcéill anseo.

Cosúil leis na móitífeanna, mar sin, úsáidtear ceol Schumann anseo chun a chur ina luí ar an léitheoir go bhfuil brí rúnda sa téacs. Baineann na móitífeanna agus na píosaí ceoil sách minic le heachtraí an scéil ionas go dtugtar le tuiscint go bhfuil cód nó fírinne intuigthe ann. Le fírinne, ní insíonn na móitífeanna agus na píosaí ceoil aon rud nach bhfuil ar eolas ag an léitheoir cheana féin ach cruthaíonn siad atmaisféar mistéireach timpeall an scéil ina samhlófaí go bhfuil an fhírinne taobh thiar d’fhial siombalachais agus osréalachais ina bhfuil an scéal suite. Ach chomh fada agus a chruthaítear an t-imprisean go bhfuil cuardach eipistéimeolaíoch ar bun, oibríonn an t-úrscéal mar scéal bleachtaireachta ina gcuirtear iallach ar an léitheoir ciall a bhaint as an tranglam trí na leideanna seo. Féachann Brian McHale ar an scéal bleachtaireachta mar fhoirm liteartha atá an-oiriúnach don saothar nua-aoiseach mar gheall ar an gcur chuige eipistéimeolaíoch seo. Is é ceann de na slite ina dtiontaítear an t-úrscéal seo ina shaothar iar-nua-aoiseach áfach ná an tslí seo ina dteipeann ar an gcuardach eipistéimeolaíoch seo agus ina léirítear é mar chur i gcéill. Cuirtear an bhéim ansin ar thoisí ointeolaíocha an úrscéil.

Ach baineann an cleas liteartha seo le téama an rómánsachais sa leabhar chomh maith. Féachann rómánsachas le haeistéitic a chruthú ina léirítear an paisean in anam an ealaíontóra. Cruthaítear comhthreomhaireacht anseo idir diamhracht an chuir chuige liteartha agus muinín na gcarachtar as an aeistéitic dhiamhair a shamhlófaí le

paisean an cheoil rómánsaigh. Luaitear rudaí mar ‘cheol fírinne’ go minic. Is féidir é seo a léamh mar ‘cheol absalóideach’, coincheap rómánsach a tháinig chun cinn sa 19ú haois luath ina bhféachtar ar cheol áirithe mar rud nach gá dó aon bhrí shainiúil a bheith aige toisc gur cineál ealaíne é a tharchéimníonn brí chun leibhéal spioradálta a bhaint amach. Ealaíon ar son ealaíne is ea é nach gá – is nach cóir dó – brí oibiachtúil a chur in iúl. Tagraíonn an téarma do cheol uirlise gan focail de bharr nach cóir go dtiocfadh brí na bhfocal idir an ceol agus eispéireas an éisteora. Samhlaítear cuid mhaith de cheol Beethoven a bheith mar léiriú foirfe air seo. Tá baint aige chomh maith le fealsúnacht Kant. Is caidreamh spioradálta leis an gceol atá ann.

Seo é an chúis a bhfuil téama na fírinne chomh láidir san úrscéal. Is é atá sa leabhar seo ná coimhlint idir cineálacha difriúla fírinne – fírinne rómánsach agus fírinne iar-nua-aoiseach. Nuair a chuireann Bob na trí reacaireacht le chéile, cruthaíonn sé tranglam a bhfuil impleachtaí ointeolaíocha móra ag baint leis – maidir le ceisteanna faoi fhicseanúlacht, fhéiniúlacht agus mórán nach iad. Cruthaíonn sé an tranglam ointeolaíoch seo, áfach, dá ainneoin féin toisc gurb é a dteastaíonn uaidh ná eipeafáine phearsanta agus féachann sé ar an meascán seo mar theip. Oibríonn an choimhlint idir rómánsachas agus iar-nua-aoiseachas ar leibhéil difriúla sa leabhar.

Tá an triúr reacaire i mbun na coimhlinte seo agus cé go molann siad an dearcadh rómánsach go minic, cuireann na rudaí a deir agus a dhéanann siad an-éiginnteacht sa scéal chomh maith. Mar dhuine atá báúil leis an gceol absalóideach, deir Roibeard “b’fhearr leis an gceoltóir fírinneach a bheith ag scríobh nótaí ná litreacha na haibítre” (112). Mar rómánsaí ceart, deir Bob: “Tá mé ag iarraidh bealach éigin a aimsiú chun an scéal a insint duit ionas go gcloisfeá, le do chluasa féin, fíorcheoil uaigneach mo chroí” (97). Feictear Babaí ag lasadh na gcoinnle sula dtosaíonn sé ag cleachtadh pianó faoi mar a bheadh deasghnáth reiligiúnach ar bun aige. Cuireann sé síos ar a mhothúcháin nuair a sheinneann sé: “m’anam iomlán ag borradh le

háilleacht an cheoil, ag snámh is ag eitilt in aon soicind amháin fuaime" (118).

Má bhíonn na reacairí ag moladh fírinne spioradálta an cheoil, is minic a bhaineann siad den fhírinne ina dtéacs féin. Insíonn Babaí dá dhochtúir go bhfuil sé ag insint bréag dó: "An ndéanann sé aon difear? Don fháthmheas? Gur bréagadóir mé. Bréagnaím mé féin. Is bréag é seo. Níl anseo ach bréag" (123). Baineann Bob dá cuntas féin chomh maith "Cá bhfuil an fhírinne? An bhfuil aon fhírinne ann?... An féidir liomsa mar scríbhneoir a rá leatsa mar léitheoir: na rudaí a bhfuil cur síos déanta agam anseo orthu tharla siad" (138/9).

Cruthaítear neamhchinnteacht i leith fhírinne an scéil in áiteanna eile chomh maith. De réir dealraimh, tagann an scéal faoi Aintín Máire agus an babhla sneachta (82-86) as reacaireacht Bhob féin. Deir sé roimhe sin nach bhfuil aon sliocht sa chaibidil sin ó chóipleabhar a athar agus ní foláir do na sleachta eile a bheith óna sheanathair de réir chomhthéacs an scéil. Deir sé chomh maith: "Inseoidh mé scéal eile duit. Scéal de mo chuid féin. B'fhéidir gur brionglóid é. Cén dochar" (82). Sa scéal seo, tá Aintín Máire agus triúr buachaillí ann – Niall, Barra agus Cian. Is mic comharsa léi na buachaillí seo – Bean Mhic an tSionnaigh mar a dtugann Bob uirthi. Ach ag deireadh chuntas Bhabaí, tugtar cuntas iarbháis a mhúinteoir pianó dúinn: "Fágann a bhean Máire agus beirt mhac, Niall agus Barra" (139). Is comhtharlú é seo nach féidir a réiteach agus cruthaíonn sé sin éiginnteacht sa scéal.

Feictear eilimintí eile sna trí reacaireacht a chuireann a n-iontaofacht in iúl chomh maith. Deir Bob gur thug sé *Si le grain ne meurt* le hAndré Gide dá athair cúpla seachtain sular cailleadh é (132). Is bildungsroman é seo cosúil le *Kinderszenen* ach feictear cosúlachtaí eile ann chomh maith. Caitheann athair Gide tamall fada leis féin ina leabharlann (11), cosúil le Roibeard. Tugann sé "son petit ami" (14) ar a mhac go díreach mar a thugann Roibeard "[m]o chara beag" (36) ar Bhabaí – de réir chuntas Bhabaí féin (cé go n-athraíonn sé é seo go '[m]o ghearrcach beag' [41] níos déanaí). Tá duine darb ainm Mlle. Fleur ag múineadh Gide agus Babaí araon, cé nach

múinteoir pianó í i gcás Gide. Labhraíonn Roibeard faoi Mlle. Fleur ina chuntas féin ach tugann sé 'Bláithín' uirthi (10). Feictear go bhfuil tagairtí d'úrscéal Gide sna trí reacaireacht agus shamhlófaí mar sin gur féidir *Kinderszenen* a léamh mar chuntas an aon ghealtaigh amháin. Mar a léiríonn Antain Mag Shamhráin nuair a thagraíonn don cheist ar chlúdach cúil an leabhair, 'cé mhéad de seo atá fíor?', deir sé "Sin cheist a osclaíonn doras eile in áras an tsaothair" (1992:88). Is meitificsean caolchúiseach é seo a mheabhraíonn don léitheoir nach bhfuil ach údar amháin ann le fírinne, cé nach bhfuil a ainm ar eolas againn.

Mar sin, is deacair a bheith cinnte faoi rud ar bith san úrscéal seo ina bhfuil fírinne ina téama tábhachtach. Taobh amuigh de na deacrachtaí a chruthaítear don léitheoir ó thaobh na foirme seo, ina bhfuil trí reacaireacht ag labhairt go comhuaineach as a chéile, cuireann na cuntais neamhiontaofacht ina leith féin agus ní heol don léitheoir an bhfuil triúr reacaire ann ar chor ar bith nó nach bhfuil. Nuair a cheistíonn an léitheoir na fírinní seo, meabhraítear dó nach bhfuil aon rud anseo fíor ach go háirithe. Mar a deir Bob, ní féidir leis an scríbhneoir a shaol a chruthú ach trí mheán na bréagadóireachta (107) agus, le fírinne, is bréag í gach saothar ficsin. Is cur chuige an-iar-nua-aoiseach in aon saothar ficsin é seo a chur in iúl don léitheoir.

Ach má ghlactar leis an scéal mar atá sé – gur meascán trí reacaireacht é – ba dheacair fós gan a bheith amhrasach faoi chur chuige Bhob. Is léir go bhfuil na fadhbanna intinne céanna aige agus a bhí ag a athair agus a sheanathair. Feictear a choimhlint inmheánach agus é sa tóir ar fhírinne éigin sa mheascán seo. Ag tosach an leabhair, deir sé: "Sílim go n-aontófá liom go bhfuil rudaí níos tábhachtaí le déanamh againn anseo seachas a bheith inár rómánsaithe seanfhaiseanta ag cur is ag cúiteamh faoin rud is ceol fírinneach ann" (7). Ach ag deireadh an leabhair, tá sé ag rámhaille faoi Cheolsiansa an Earraigh Robert Schumann mar rómánsaí mór – nó mar ghealt.

Mar charachtar, is léir gur duine corraithe é. Is leisean amháin an chaibidil faoin teidí buí. Deir sé "Tá mé liom féin. Is píosa dorcha é. Creathnaím nuair a smaoiním air" (96). Ach má tá an léitheoir ag súil

le scéal dorcha nó ‘eipic’, ní fhaigheann sé a leithéid ach scéal faoi bhuachaill óg a fhaigheann teidí sa pháirc agus roghnaíonn sé gan é a choimeád. Ach insíonn sé an scéal leamh seo ansin le hardrómánsachas. Is “íomhá m’anama” dó é agus feictear an crá croí truamhéalach gur fhág sé é ina dhiaidh: “Tá mé tar éis é a thabhairt timpeall liom i mo chroí le os cionn fiche bliain” (101). Is ait an rud é i gcomhthéacs an scéil áfach toisc gur le reacaireacht Bhabaí a bhaineann an teidí. Feictear é nuair atá sé sé bliana d’aois agus téann sé amach ina aonar ag leanúint ceol an bhanna phráis. Sciobtar an teidí as a láimh nuair a bheireann a mháthair air (52). Is leis an teidí, chomh maith, a theastaíonn uaidh éalú as an teach lena chuid éadaí i gclúdach piliúir i ndiaidh scaradh a thuismitheoirí. Is díol spéise é maidir le reacaireacht Bhob ar an teidí áfach, cé go bhfuil sé ag reacaireacht ina aonar anseo, go gcoimeádann sé an fhoirm sin ina bhfuil na hailt scartha óna chéile. Is léiriú é seo ar a mhearbhall intinne. Feictear é seo chomh maith nuair a deir sé nach bhfuil aon chuimhne aige ar an lá a theip ar intinn a athar (129) ach tá sé in ann cur síos cruinn a dhéanamh air in áit eile ina chuntas (106).

Tá an reacaireacht i gcaibidil an teidí bhuí lán leis an gcineál crá croí a shamhlaítear maidir le paisean an rómánsachais. Ach ina dhiaidh, feictear an choimhlint ar siúl in intinn Bhob arís nuair nach nglacann sé le haisling an rómánsachais agus deir sé nach raibh an ceart aige ‘eipic’ a thabhairt ar eachtra an teidí bhuí: “Ní bhíonn aon scéal mór le hinsint ag an gcuimhne. Scéalta beaga amháin a bhíonn aici. Eipeasóidí, radhairc bheaga, scènes, eipeafáiní gan aon dia” (112). Ansin sa chéad sliocht eile (atá le Bob arís de réir éadach seicear plaisteach an bhoird cistine), labhraíonn sé faoi chuimhne (trí mheafar seanphriontaí): “comharthaíonn siad uile an rud céanna is a chomharthaíonn na nótaí seo, an t-aon rud fírinneach amháin, an neamhláithreacht” (113).

Is téama mór é an neamhláithreacht seo sa scéal ach ní deirtear riamh cad é go díreach atá as láthair. I gcomhthéacs an scéil go léir áfach, is féidir a áiteamh gur cailliúint féiniúlachta an rud atá ag cur as dó anseo. Deir Roibeard chomh maith go mbíonn “achar an fholúis

riamh idir muid agus an rud gléineach, an rud álainn" (14). Líonann an rómánsachas an folús agus an neamhláithreacht seo leis an tuiscint go bhfuil nasc spioradálta idir féiniúlacht an duine agus an ealaín. Tá an rogha mar sin idir glacadh le tuiscint seo an rómánsachais nó le nihileachas an iar-nua-aoiseachais.

In áit amháin, feidhmíonn tagairt do 'neamhláithreacht' san úrscéal mar uirlis mheitificseanúil chun scoilt ama a oscailt idir an reacaire agus an léitheoir. Tagraíonn Bob do neamhláithreacht liteartha i dtéarmaí meitifisiciúla: "Tá mise anseo ar saoire faoin tuath, ag scríobh. Níl tusa anseo. Tá tusa anseo, ag léamh. Tá mise in áit éigin eile ar fad" (82). Is éacht meitificseanúil é an léiriú go bhfuil scoilt ama ann idir scríbhneoireacht agus léamh. Ach feidhmíonn an meitificsean i slí eile anseo chomh maith toisc go bhfuil a fhios ag an léitheoir nach bhfuil údar *Kinderszenen* 'ar saoire faoin tuath, ag scríobh'. Is é Bob, carachtar ficseanúil, atá ag caint anseo. Mar sin, oibríonn neamhláithreacht chun scoilteanna difriúla ointeolaíocha a oscailt idir an reacaire agus an léitheoir agus idir an t-údar agus an léitheoir.

Ach ag deireadh an leabhair, tá Bob gafa leis an meon aigne rómánsach arís. Sa sliocht céanna ina bhfuil sé ag rámhaille agus é ag éisteacht le Ceolsiansa an Earraigh, deir sé: "Seinntear an ceol ar shruth an ama. Ní féidir seasamh sa sruth seo faoi dhó. Ní féidir seasamh. Ní féidir" (142). Is ait an abairt seo i gcomhthéacs an úrscéil seo. Léirítear tríd síos gurb é an t-aon rud amháin atá ag tarlú don triúr acu – cé go bhfuil siad i suíomhanna difriúla. Tá an t-aon fhéith rómánsach iontu go léir chomh maith leis na haislingí, laigí, faitís agus fiú amháin an t-ainm céanna. Is ráiteas é seo, go háirithe as béal carachtair atá chomh neamhiontaofa le Bob, a thugann aird ar an gceist maidir le féiniúlacht an duine. Ní hé amháin gur féidir le duine seasamh sa sruth céanna faoi dhó, ach de réir an scéil seo, ní foláir dó. Is léir ón athrá ar an abairt 'ní féidir' thuas áfach chomh maith, gurb air féin is mó atá sé ag iarraidh an diúltú sin a chur ina luí.

In áit amháin, tosaíonn Bob ag caoineadh agus é ag scríobh: "Titeann na deora anuas ar an bpáipéar...Nach dubhach duairc

cumhach an saol é. Folamh. Seo é mo scéal" (95). Ach feictear gurb iad na cosúlachtaí idir na glúine atá ag cur isteach air. Díreach roimhe seo, deir sé: "Nuair a fheicim an dúblú seo, an t-athfhilleadh seo. Sin é an rud a scanraíonn mé" (94).

Meabhraítear *eternal recurrence* dúinn anseo, teoiric ar labhair Friedrich Nietzche faoi ina bhfuil staid hipitéiseach ina n-atarlaíonn an cheathairchruinne go deo sa tslí cheannann chéanna dhíreach gach uair. Foilsíodh *The Unbearable Lightness of Being* le Milan Kundera ina bhfuil trácht air seo cúpla bliain roimh *Kinderszenen*. Is é dearcadh Nietzsche air go gcuireann sé ceist faoi cad a dhéanfadh duine dá mba rud é go bhfuair sé amach go bhfuil an *eternal recurrence* fíor – pé acu a d'fhéadfadh sé glacadh leis nó nach bhféadfadh. Más féidir leis, is é seo an dearbhú is dearfaí atá ann den saol, de réir Nietzsche: "My formula for human greatness is *amor fati*: that one wants nothing to be different, not in the future, not in the past, not for all eternity. Not only to endure what is necessary, still less conceal it – all idealism is falseness in the face of necessity –, but to *love* it" (2004:39). Is féidir an 'idealism' agus fiú an 'falseness' seo a fheiceáil sa rómánsachas agus is díol suime nach bhfuil na carachtair in *Kinderszenen*, atá báite sa rómánsachas, in ann deighleáil leis na cosúlachtaí eatarthu. Ní hamháin go gcuireann sé seo isteach ar Bhob, ach nuair a léann Babaí leabhar a athar don chéad uair, teipeann ar a néaróga go hiomlán agus cuirtear é sa ghealtlann: "Níor thaitin an t-eispéireas liom ar chor ar bith. Ar feadh nóiméid bhí mé istigh ina chraiceann, ag breathnú amach trína shúile seisean. Bhí sé faoi mar a bheadh na nótaí leamha seo scríofa agam féin. Bhí mé ró-ghar dó" (92). Is coincheap lárnach é uathúlacht spiorad an duine sa dearcadh rómánsach ach seo í an rud atá caillte anseo, de réir Bhob agus Bhabaí.

Ach is leabhar iar-nua-aoiseach é *Kinderszenen* in ainneoin iarrachtaí Bhob – atá in ainm a bheith mar údar/thiomsaitheoir dó de réir an scéil. Tá coincheapa casta sa leabhar seo a bhaineann le stádas an údair, an léitheora agus na gcaractar. Is scrúdú iar-nua-aoiseach dílis é ar an rud is ficseanúlacht ann ach, leis sin, tá páirt mhór le

himirt ag an údar féin nó, ba chóir a rá, neamhláithreacht an údair. Is úrscéal meitificseanúil é ina labhraíonn carachtar amháin – Bob – go díreach leis an léitheoir faoin leabhar clóbhuailte féin (81), na deacrachtaí lena léamh agus roghanna léitheoireachta an léitheora féin atá páirteach i gcruthú na fírinne liteartha atá ann (81). Ach ní foláir ceistiú anois faoin leibhéal ar a bhfuil an meitificsean ag feidhmiú. Cruthaítear an meafar 'an balla bán' don leathanach idir an léitheoir agus Bob, an té atá ag caint leis sa téacs. Cásaíonn sé nach mbaineann sé le coinbhinsiún na scríbhneoireachta deochanna a thairiscint don léitheoir trí scoilteanna idir na línte (59). Tá an-chosúlachtaí idir é seo agus Séamas in *Cuaifeach mo Londubh Buí* nuair a ofrálann sé duileasc don léitheoir (69).

Deir Bob: "Ba chóir dúinn a bheith buíoch is dócha a leithéid de bhalla a bheith ann nó murach é níorbh ann do cheachtar againn. Bímis buíoch mar sin fiú más éard a chiallaíonn an balla lena ghraifití éigiallta an neamhláithreacht. Rianaíonn na focail an rud, comharthaíonn a neamhláithreacht" (82). Is cineál ait meitificsin é seo. Tugtar aird don léitheoir go bhfuil sé ag léamh agus bristear cealú an díchreidimh. Léirítear an scoilt ama idir scríobh agus léamh. Ach cruthaítear coibhneas ficseanúil ag an am céanna idir an scríbhneoir agus an léitheoir ina moltar go n-ólfaidís le chéile. Sa tslí seo, cruthaítear léitheoir ficseanúil sa téacs agus moltar don duine atá á léamh ionannú leis.

In "An Treasruathar Turgnamhach: Féinspléachadh Údair ar a Ionchur i bPróslitríocht a Linne", déanann Pádraig Ó Cíobháin cur síos ar theicnic a shaothair féin. Baineann sé úsáid as teoiric Umberto Eco maidir leis an "model reader" atá cosúil leis an "implied reader" a phléigh Wolfgang Iser. Deir Ó Cíobháin anseo "go gcruthaítear léitheoir ficseanach i ngach téacs .i. an sórt léitheora ar a bhfuil an téacs dírithe ó thús . . . Trí ainilís a dhéanamh ar an dtéacs aimsítear an léitheoir taibhsiúil seo atá ag análú ar chúl na bhfocal. Ciallaíonn so gur construáil de chuid an reacaire féin an modhléitheoir síofrúil" (74). Tógann Kinderszenen an bunsmaoineamh seo agus léiríonn sé é go drámata. Feictear anseo gurb iad na reacairí, go háirithe Bob, a

chruthaíonn an léitheoir ficseanúil seo don téacs. Más rud é an "model reader" seo atá uileláithreach ach neamhluaite i ngach téacs, soiléiríonn an t-úrscéal seo é go neamhbhalbh mar fhíric ointeolaíoch.

Labhraíonn Bob leis an léitheoir sa tslí ina labhraítear le duine ar leith. Deir sé "Is cairde muid anois, nach ea?" (119) agus "B'fhéidir go raibh tusa sona mar pháiste" (70). Iarrann sé ar an léitheoir cabhrú leis: "Caithfidh tú cabhrú liom" (63). Ag tosach na caibidle faoin teidí buí, deir sé: "Má insím duit é b'fhéidir go leigheasfaí sinn" (96) mar a bheadh an léitheoir ina dhuine ar leith atá ag fulaingt na bhfadhbanna céanna atá aigesean. Deir Bob: "Am éigin b'fhéidir, éireoidh linn an balla a bhriseadh – balla bhán an bhalbháin" (59) agus is féidir 'an balbhán' seo a léamh mar an léitheoir, an duine a fhanann go ciúin taobh thiar den scéal. Arís, is carachtracht fhicseanúil den léitheoir é. Feictear tagairt eile do dhuine a éisteann go ciúin ag deireadh an leabhair nuair a fhaightear an sliocht as dán le Friedrich Schlegel a d'úsáid Schumann mar bhrollach de Fantasie i C Mór.

Durch alle Töne tönet	Athfhuaimniú trí na nótaí go léir
Im bunten Erdentraum	I dtaibhreamh ildathach an domhain
Ein leiser Ton gezogen	Tarraingítear ton íseal
Für den, der heimlich lauschet.	Don té a éisteann fé rún

Feictear ceangal mar sin idir rómánsachas de chuid Schlegel agus Schumann agus coincheap an léitheora sa leabhar seo. Cruthaítear carachtar ficseanúil ar a dtugtar 'léitheoir', carachtar a éisteann go ciúin agus a thuigeann gach rud. Is féidir nasc a fheiceáil mar sin idir an balbhán iar-nua-aoiseach seo agus an té rómánsach a éisteann fé rún. Is díol spéise é go dtéann sé seo go maith le tuairimí áirithe mar gheall ar 'Death of the Author' le Barthes. Cáintear go minic an tslí ar thóg Barthes údarásacht ón údar chun é a thabhairt ina hiomláine don léitheoir. Mar a dúirt Graham Allen: "does not Barthes here merely replace one figure of mythical authority with another? If the author dies as an authority for meaning because s/he cannot control the

meaning s/he unleashes in the act of writing, then how can the reader be said to 'hold together' all the traces which make up the text?" (Allen:75). Is féidir a áiteamh mar sin, go léiríonn *Kinderszenen* comhthreomhaireacht idir coincheap an léitheora nó an éisteora rómánsaigh agus an léitheoir i dteoiric Barthes. Cruthaítear carachtar ficseanúil in *Kinderszenen* agus tugtar léitheoir air ach léiríonn sé sin go ndearna Barthes rud den chineál céanna in 'Death of the Author'.

Tá neamhláithreacht an údair mar chuid den scéal agus feidhmíonn sí anseo laistigh den leibhéal meitificseanúil seo ní hamháin chun comhartha a thabhairt dúinn go bhfuil baint ag an scéal le teoiric Barthes ach chun páirt a ghlacadh sa dráma meitificseanúil. De réir an scéil, is é Bob údar an leabhair. Ardaítear a stádas mar údar de bharr nach bhfuil aon fhíordhuine ann chun an pháirt seo a ghlacadh. I slí éigin, tá stádas an údair san úrscéal cosúil leis an stádas atá ag an léitheoir. Sa tslí chéanna, cruthaítear údar ficseanúil sa téacs agus moltar don léitheoir glacadh leis. Ní hé amháin nach bhfuil a fhios againn cé hé an t-údar, ainmnítear é ó fhíordhuine stairiúil, duine a bhfuil baint mhór aige le scéal *Kinderszenen.* Ach tagann ainm an údair ó théacs an scéil sa tslí, mar dhea, ina mbeadh Bob, an carachtar ficseanúil, ina fhíordhuine ag tabhairt Robert Schumann air féin ar nós a athar roimhe agus é ag foilsiú an leabhair. Ar leibhéal eile áfach, tá a fhios againn go bhfuil údar ann, cé nach dtugann sé a ainm dúinn agus nach labhraíonn sé linn. Mar sin, cruthaítear áit san úrscéal seo atá tairseachúil i leith an údair, an léitheora agus carachtair fhicseanúil amháin.

Ach tá difríocht ann idir an chúis a gcruthaíonn Bob a leabhar agus cúis údar *Kinderszenen*. Tá an difríocht seo mar chuid den tranglam iltaobhach ointeolaíoch sin atá san úrscéal seo. Tugtar níos mó údaráis do Bhob toisc nach bhfuil fíórdhuine ainmnithe mar údar agus diamhraíonn sé sin an chúis ina gcruthaítear an t-úrscéal sa tslí seo. Ach áitím gur féidir difríocht a fheiceáil idir an leabhar a scríobh Bob agus an leabhar a scríobh an fíorúdar – cé nach bhfuil focal amháin de dhifear eatarthu. I ndeireadh na dála, is éacht iar-nua-aoiseach é *Kinderszenen*.

Ag deireadh an leabhair, cáineann Bob reacaireacht a sheanathar toisc go "bhféachann sé le bheith chomh fíreannach agus is féidir" (138). Deir sé:

> Ní bhíonn i dtéacs ar bith atá fíreannach ach nótaí fánacha, giotaí gan aird nach bhfuil de cheangal eatarthu ach neas-suíomh na leathanach. Cuir in ord iad agus tá bréag ar bun agat. Is fearr an t-anord fíreannach ná an t-ord bréige. Ach tá sé ródhéanach anois le bheith ag cur is ag cúiteamh faoin rud is anord fíreannach ann.
>
> (138)

Is féidir é seo a fheiceáil mar shliocht atá i gcoinne réalachais agus i bhfabhar cur chuige atá níos nua-aoisí nó iar-nua-aoisí. Ní mór dúinn a cheistiú áfach cad é 'an t-anord fírinneach', mar a thuigtear do Bhob é. Teastaíonn uaidh leabhar a chruthú ina bhfuil na trí reacaireacht ag feidhmiú mar théada mórphianó atá "crosáilte ar a chéile sa chaoi is nuair a bhuailfí ceann amháin...go dtosódh iliomad téad eile ag sondáil i d'inchinn" (109). Is féidir é seo a léamh mar mheafar d'idirthéacsúlacht ach féachann Bob ar a leabhar mar theip de bharr nár tharla aon rud: "an easpa eipiféine, an easpa eachtraíochta. Níor tharla tada" (109). Nuair a deir sé gur "bocht suarach an gléas é an peann dúigh is é ag iarraidh coinneáil suas . . . le harmóin mhíorúilteach chaidéinseach na milliún deora fuaime" (142), is é atá á lorg aige ná eipeafáine nó léiriú liteartha atá chomh tarchéimniúil le ceol absalóideach – "leabhar draíochta. Leabhar a chuirfeadh an t-am ar cheal" (137). Deir sé: "bíonn brionglóid ag gach duine, píosa ceoil, lasair. Bíonn a leabhar draíochta féin aige . . . leabhar nach féidir leis a fháil, leabhar nach féidir leis a léamh" (107/8). Cé gur féidir é seo agus meafar an mhórphianó a léamh chomh maith mar ráiteas faoi aeistéitic nua-aoiseach an chomhfheasa, ní dóigh liom gurb amhlaidh an scéal toisc go bhféachann sé ar an meascán mar theip. Ní theipfeadh ar an tranglam seo ach i gcomhthéacs an rómánsachais. Ní bheadh eagla ar bith ar aeistéitic nua-aoiseach roimh "Eipeasóidí, radhairc bheaga, scènes, eipeafáiní gan aon dia" (112) ach seo í an

fhadhb, dar le Bob. Tá súil aige go dtiocfaidh fírinne spioradálta as an anord sa mheascán téacsanna seo. Is é úrscéal a anama a theastaíonn uaidh – rud tarchéimniúil agus rómánsach. Ní bhíonn ann, áfach, ach úrscéal iar-nua-aoiseach. Cé go bhfuil cur chuige iar-nua-aoiseach aige, is é an rómánsachas a chionsiocair is a cheann scríbe.

Is féidir nasc a fheiceáil anseo arís le "Death of the Author" Barthes. Is í an aisling a shantaíonn Bob ná slí chun saothar ealaíonta a chomhcheangal go hiomlán le hintinn duine – mar a léiríonn sé le meafar an mhórphianó anseo. Ach feictear an rud céanna in aiste Barthes nuair a shamhlaíonn sé an léitheoir mar dhuine atá in ann glacadh leis an téacs liteartha ina iomláine: "The reader is the space on which all the quotations that make up a writing are inscribed without any of them being lost" (1977:148). Is í an fhéith rómánsach atá i gceist le Bob anseo áfach. Is féidir an chomhthreomhaireacht seo a fheiceáil, mar sin, mar thráchtaireacht san úrscéal mar gheall ar cháilíochtaí rómánsacha in "Death of the Author". Ach b'fhéidir go bhfuil an ceart ag an údar agus gur chóir dúinn anois athmheasúnú a dhéanamh ar theoiric Barthes ina leith seo. I ndeireadh na dála, is féidir Barthes a fheiceáil – lena theanga ina phluc aige – ag ainmniú na haiste seo (La Mort de l'Auteur) as ceann de na príomhscéalta rómánsacha i litríocht an domhain (Le Morte d'Arthur).

Ach goilleann a aisling rómánsach go mór ar Bhob. Creideann sé gur sa litríocht seachas sa cheol a fhaightear an fhadhb seo maidir leis an bhfírinne: "Is éard a chuireann an ceoltóir roimhe saol a chruthú. Agus an scríbhneoir mar a chéile. Ach cén bealach atá ag an scríbhneoir len é a dhéanamh ach bréaga a insint. Bíonn sé ag iarraidh ceangal a dhéanamh áit nach bhfuil aon cheangal ann. Mar sin, ní bhíonn aon rud fíor ach fiar" (107). Tugtar aitheantas iar-nua-aoiseach anseo do shaorgacht gach ráitis liteartha taobh istigh de chóras séimeolaíoch. Ach ní thaitníonn sé seo le Bob agus b'fhearr leis an eipeafáine a fhaigheann sé sa cheol absalóideach – coincheap ealaíonta a fheiceann brí agus fírinne inbheirthe sa cheol féin nach gá di í féin a mhíniú go hoibiachtúil. Dar le Bob, seo rud nach bhfuil fáil air maidir le saothar liteartha. Samhlaíonn sé go bhfuil scoilt ann idir

brí oibiachtúil an tsaothair liteartha agus suibiachtúlacht rómánsach an cheoil agus ní fheiceann sé go bhfuil saorgacht ag baint le gach foirm chumarsáide ealaíonta.

Feictear ceangal anseo le fealsúnacht Ludwig Wittgenstein – duine a bhí ina réamhtheachtaí d'fhealsúnacht iar-nua-aoiseach. D'fhéach Wittgenstein ar an saol inmheánach in intinn an duine agus na slite a bhain sé seo le teanga. Chreid sé go ndeachaigh fealsúnacht amú nuair a d'fhéach sí le brí eisintiúil mheitifisiciúil a mhúnlú as teanga – rud nach bhfuil eisint inti. Deir sé: "Philosophy is a battle against the bewitchment of our intelligence by means of language" (*Philosophical Investigations*: 47 – alt 109).

Chreid sé gur éacht gramadaí é staidéar fealsúnachta a fhéachann le míthuiscintí a dhíbirt trí mheán teanga. Ach bíonn cuma ar an staidéar ansin gur tóraíocht é i ndiaidh brí eisintiúil sa teanga féin – foirm chríochnaithe den teanga atá in ann fírinne a léiriú dúinn. Deir sé: "we eliminate misunderstandings by making our expressions more exact; but now it may look as if we were moving towards a particular state, a state of complete exactness; and as if this were the real goal of our investigation" (43 – alt 91). Oibríonn fealsúnacht mar sin chun eisint na teanga féin a aimsiú – amhail is gur rud é atá i bhfolach uainn. Ach chreid sé dá mbeadh úsáid le baint as focail ar nós 'teanga', 'eispéireas' nó 'saol' gur chóir dóibh a bheith chomh umhal le focail ar nós 'bord', 'lampa' nó 'doras'. Deir sé: "For our forms of expression prevent us in all sorts of ways from seeing that nothing out of the ordinary is involved, by sending us in pursuit of chimeras" (44 – alt 94).

Feictear comhthreomhaireacht idir fealsúnacht Wittgenstein agus *Kinderszenen*. Is léir go bhfuil an triúr reacairí "in pursuit of chimeras". Ach i gcomhthéacs Bhob, tá sé ag súil go dtiocfaidh brí thábhachtach spioradálta as meascán na dtrí reacaireacht sa tslí ina ndriogfaí eisint a dteachtaireachtaí ón teanga féin. Tá súil aige go n-eascraíonn fírinne éigin, i bhfoirm liteartha, as an meascán seo a bheadh mar "a state of complete exactness". Ach ní bhfaigheann sé aon rud ó na cuimhní seo ach: "Eipeasóidí, radhairc bheaga, scènes,

eipeafáiní gan aon dia" (112) – nó i bhfocal Wittgenstein: "nothing out of the ordinary". Bíonn sé ag lorg ciméara, rud nach bhfuil ann ar chor ar bith – agus seo é an fabht a chuireann Wittgenstein i leith fealsúna eile.

Deir Bob go bhfuil rud éigin in intinn gach duine atá mar "leabhar nach féidir leis a fháil, leabhar nach féidir leis a léamh" (108). Is féidir é seo a fheiceáil mar rud a dtagraíonn Wittgenstein dó mar 'theanga phríobháideach'. Is coincheap é seo faoi theanga in intinn duine nach féidir a úsáid os comhair an tsaoil nó a aistriú go teanga eile go deo. Ach ní fheiceann Wittgenstein aon mhaitheas sa choincheap toisc nach bhfuil slat tomhais ar bith ann chun a bheith cinnte go mbaineann an mothú céanna sa tslí chéanna i gcónaí in intinn an duine leis an teanga choincheapúil seo. Dar leis, is uirlis shóisialta í an teanga.

Ach ní hé sin an rud atá á lorg ag Bob. Nuair a fheiceann sé nach féidir leis an eisint seo a fháil ón teanga, casann sé i dtreo an cheoil chun í a aimsiú agus creideann sé ansin, faoi dheireadh an leabhair gur "bocht suarach an gléas é an peann dúigh" (142). Féachann sé anseo ar an gceol mar rud atá níos iomasaí ná an litríocht. Is fíor go bhfuil tionchar áirithe ag armóin agus ag rithim ar an duine. Ní foláir don duine teanga agus léamh a fhoghlaim sula dtéann sé i ngleic le litríocht ach ní gá d'éinne aon rud a dhéanamh ionas gur féidir leis éisteacht le ceol. Mar sin, is féidir le rómánsaithe mar Bhob féachaint ar an gceol mar ealaín atá níos iomasaí don duine agus é a shamhlú mar rud a bhfuil eochair aige do chroílár spioradálta an duine. Is dóigh leis nach féidir leis an litríocht ceangal a dhéanamh idir an croílár seo agus scéal ficseanúil atá ainfhíor, nó "ceangal a dhéanamh áit nach bhfuil aon cheangal ann" (107).

Ach tá orainn an dearcadh seo a cheistiú. Nuair a chruthaíonn píosa ceoil mothú in intinn duine, cruthaíonn sé mothú *dó féin*. Ansin smaoiníonn an duine faoin gceol seo i gcomhthéacs an mhothaithe seo. Is córas ciorclach é. Níl aon bhaint ann le croílár spioradálta an duine ach an bhaint a shamhlaíonn an duine – agus seo é an rud a dhéanann Bob.

Tugtar faoi deara chomh maith go bhfuil comharthaí eile in *Kinderszenen* a thagraíonn do Wittgenstein. Ar dtús, tá leabhair Wittgenstein scríofa i bhfoirm shleachta uimhrithe agus mar sin feictear comhthreomhaireacht idir é seo agus foirm *Kinderszenen*. Ach chomh maith leis sin, labhraíonn Babaí ina reacaireacht go díreach lena dhochtúir agus tagraíonn sé dó mar 'a Lia cóir'. De réir an scéil, bhí Babaí ina othar in Ospidéal Meabharghalair Naomh Pádraig i rith na 70í. Ag an am, ba é Maurice O'Connor (Con) Drury an síciatraí san ospidéal sin. Ba mhac léinn agus chara le Wittgenstein é agus scríobh sé féin leabhar mar gheall ar fhealsúnacht Wittgenstein – *The Danger of Words and Writings on Wittgenstein*. Cailleadh é i 1976 áfach agus de réir an scéil, scríobhann Babaí a chuntas sna 80í luath. Is comhtharlú mór é fós áfach go bhfuil carachtar i leabhar mar seo ina bhfuil baint mhór aige le fealsúnacht Wittgenstein, ag aitheasc a scéil dá dhochtúir ficseanúil nuair a bhí fíordhochtúir ag obair san ospidéal céanna timpeall an ama sin agus gur dhuine é de na saineolaithe is mó ar fhealsúnacht Wittgenstein in Éirinn ag an am.

Léiríonn *Kinderszenen* doimhneacht critice agus fealsúnachta ar fud an leabhair. Luaitear teoiric Barthes go minic leis ach níl sé seo ach amháin mar pháirt de. Is leabhar ilchasta é a chuireann iallach ar an léitheoir brí a bhaint as na móitífeanna, na tagairtí ceoil agus an fhoirm achrannach seo go léir. Ach ní thugann na gnéithe seo eochair ar bith don téacs. Tugtar le tuiscint go bhfuil freagraí eipistéimeolaíocha sa téacs ach nuair a theipeann ar an obair bleachtaireachta seo, cuirtear iallach ar an léitheoir aire a thabhairt do cheisteanna ointeolaíocha san úrscéal. Tá ceisteanna eiseacha ann maidir le hindibhidiúlacht agus chomhfhios sa tslí ina bhfuil reacaireacht na dtrí charachtar fite fuaite ina chéile agus nach féidir iad a aithint óna chéile go minic. Tá ceisteanna móra ann maidir le ficseanúlacht chomh maith. Scriostar cealú an díchreidimh ach oibríonn an meitificsean seo ar leibhéal an reacaire amháin. Cruthaítear leibhéil éagsúla ar a bhfeidhmíonn coincheapa an údair, an reacaire, na gcarachtar agus an léitheora féin.

Is staidéar ointeolaíoch é ar an rud is leabhar ann mar sin. Cabhraíonn an fhíric nár chuir an t-údar é féin in iúl riamh leis an staidéar seo toisc go léirítear dhá théacs dúinn in aon téacs amháin – an leabhar a scríobh an fíorúdar agus an leabhar a scríobh an reacaire Bob. Cuirtear aitheantas iar-nua-aoiseach an fhíorúdair do chúrsaí ointeolaíocha agus eisíocha i gcoimhlint san úrscéal le peirspictíocht rómánsach Bob a mhaíonn go bhfuil eisint spioradálta san ealaín. Tá an choimhlint seo idir creideamh agus nihileachas – idir an dearcadh go bhfuil fírinne dho-ionsaithe taobh thiar den ealaín agus an dearcadh go gcruthaímid ár bhfírinní go léir. Ní féidir a rá, áfach, go n-oibríonn an t-úrscéal mar ionsaí ar rómánsachas toisc go léiríonn sé meas ar áilleacht ealaíonta na gluaiseachta. Ach fós, is léamh cruinn é ar a chur chuige agus a mheon agus fágtar sinn le leabhar atá iar-nua-aoiseach agus nihilíoch go smior. Mar shaothar iar-nua-aoiseach, is suimiúil agus is cuid thábhachtach don úrscéal é nár chuir an t-údar é féin in iúl riamh agus b'fhéidir, ar mhaithe leis an úrscéal, gur chóir go gcoimeádfaí an rún sin go deo.

7 An Fear Dána

Insíonn *An Fear Dána*, le hAlan Titley, scéal Mhuireadhaigh Albanaigh Uí Dhálaigh, file Éireannach ón 13ú haois a mharaigh feidhmeannach a thaoisigh agus a d'éalaigh uaidh go hAlbain agus, ina dhiaidh sin, go dtí an Meánoirthear le linn an Cúigiú Crosáid. Is féidir féachaint air mar úrscéal staire ach, ar fud an scéil, scriostar an cur i láthair is iondúil don seánra sin le tagairtí liteartha mí-aimseartha. Tá na tagairtí seo chomh líonmhar go bhfuil feidhm acu fiú mar chuid den scéal. Is úrscéal é, mar sin, a bhfuil cúrsaí liteartha mar ábhar agus mar mhodh insinte araon aige. Is cur chuige meitificseanúil é seo a scriosann go hiomlán rialacha an tseánra mar a cheap Georg Lukacs iad in *The Historical Novel*. Ach fós, is úrscéal bríomhar spreagthach é a bhfuil dealramh na heachtraíochta ag baint go mór leis. Is saothar é mar sin, atá ina staidéar féin-chomhfhiosach meitificseanúil ar an rud is litríocht ann agus, ag an am céanna, ina scéal eachtrúil a chruthaíonn pictiúr corraitheach de shaol an 13ú haois.

Tá bonn teoiriciúil na caibidle seo ag baint go mór le toisí idirthéacsúla an úrscéil. Baineann sé seo chomh maith áfach le fócas ointeolaíoch an leabhair agus leis an gcur chuige meitificseanúil a chruthaítear tríd an nochtadh seo dá thoisí idirthéacsúla. Is téama mór é coincheap na fírinne ealaíonta san úrscéal agus, ina leith sin, tagraíonn an leabhar féin don aiste a scríobh Seán Ó Ríordáin mar réamhrá lena leabhar filíochta *Eireaball Spideoige*. Tagraím anseo chomh maith do thuairimí Pablo Picasso ar ábhar na healaíne agus luaim "Death of the Author" le Roland Barthes arís toisc go bhfuil sé inaitheanta mar thagairt sa téacs féin.

Mar úrscéal staire, braitheann *An Fear Dána* ar dhánta Mhuireadhach Uí Dhálaigh féin agus ar shliocht beag in *Annála Ríoghachta Éireann* (1213.8). Taobh amuigh de sin, níl mórán eolais againn ar an bhfile agus ní foláir don údar na bearnaí a líonadh chun an scéal a insint agus an carachtar ficseanúil a chruthú. Le fírinne, ní

bhaineann scéal gearr na gCeithre Máistrí ach amháin leis an gcéad chaibidil agus leis an gcaibidil dheireanach agus cé go gcloíonn an leabhar leis an mbunscéal féin, cuireann sé leis i slite a chuireann inchreidteacht stairiúil i gceist in áiteanna. Tá miondifríochtaí ann, mar shampla, sa tslí gurb é Ailís seachas Riocard a sheolann Muireadhach chuig Donncha Cairbreach, agus gurb é Luimneach seachas Tuaidhmumhan an áit a dtéann siad. Ach ní féidir a rá go bhfuil na Ceithre Máistrí féin iontaofa sa chás seo ach oiread, mar a deir Brian Ó Cúiv i leith na coda sin den sliocht a bhaineann le Baile Átha Cliath: "Is deocair, áfach, a chreidiúint gur tháinig Domhnall Ó Domhnaill go Baile Átha Cliath sa bhliain 1213 agus gur chuir sé d'fhiachaibh ar mhuintir na cathrach so an file dhíbirt go hAlbain, mar ba dhóigh le duine go raibh na Gaill daingean go maith anso tar éis cuaird Rí Shasana ar Éirinn sa bhliain 1210" (57).

Tá cur síos ina chuid nótaí ag Alan Titley ar na deacrachtaí atá ann i leith aon fhianaise láidir ar Mhuireadhach mar dhuine stairiúil agus luann sé tuairim Katherine Simms faoi mar "semi-legendary poet" (141). Deir sé: "Tá amhras éigin i dtaobh a leithéid de dhuine a bheith ann in aon chor, nó ar an gcuid is fearr de gur cumadóireacht is mó a bhfuil ar eolas anois againn faoi" (141). Mar úrscéal, glactar leis go bhfuil ceadúnas ealaíonta éigin bronnta air chun scéal bríomhar a chur ar phár agus úsáideann Titley an ceadúnas seo in áiteanna – mar shampla, nuair a tharraingítear Donncha Cairbreach agus a dheartháir, Muircheartach, trí na sráideanna i mBaile Átha Cliath agus iad ceangailte le heireabaill capall. Níl tagairt ar bith ag na Ceithre Maistrí don eachtra seo, cé gur daoine uaisle iad. Tá sé dochreidte, chomh maith, go dtabharfadh Ó Dónaill beirt thiarnaí eile go Baile Átha Cliath, áit nach raibh mórán cumhachta aige, chun pionós a chur orthu toisc gur thug siad cabhair d'fhile. Cuireann sé seo leis an úrscéal mar scéal eachtrúil ach léiríonn sé dúinn chomh maith gur léiriú cruthaitheach ar shaol an fhile é agus, i gcomhthéacs an scéil ar fad, cabhraíonn sé leis an gcur chuige meitificseanúil.

Ach is móide an chabhair ina leith seo na tagairtí liteartha atá fite fuaite ar fud an leabhair atá mí-aimseartha i gcomhthéacs úrscéil

staire, suite sa 13ú haois. Ar an turas trasna na Meánmhara, buaileann Muireadhach agus a chomhluadar le Giúdach ar an mbád. Deirtear faoi go raibh sé "ag iarraidh a phunt feola a thuilleamh ar an taobh eile den loch" (76). Is tagairt é seo do *The Merchant of Venice* le Shakespeare a scríobhadh beagnach ceithre chéad bliain i ndiaidh na n-eachtraí in *An Fear Dána*. Sa tslí chéanna, deir Muireadhach faoin am a bhí sé san Éigipt: "Fear atá ag dul in aois nach suarach an cás é mura bhfuil aisling aige a thugann air bosa a anama a bhualadh agus canadh go hard" (95). Is tagairt í seo do *Sailing to Byzantium* le William Butler Yeats: "An aged man is but a paltry thing, / A tattered coat upon a stick, unless / Soul clap its hands and sing, and louder sing". Baineann an sliocht seo le háit sa scéal ina bhfuil Muireadhach bréan den suarachas agus den truaillíocht san Éigipt agus leathnaítear an scéal leis an tagairt liteartha seo nuair a chuimhnítear go dtosaíonn an dán sin le "That is no country for old men. The young / In one another's arms, birds in the trees".

Nuair a labhraíonn sé faoin am a raibh sé i bpríosún Uí Dhomhnaill ag fanacht le bás, deir sé: "An spiorad sin, nach raibh meas air sa saol seo, bhí ag iarraidh éirí in airde go dtí an domhan uachtarach agus fanacht ann ina chónaí i dteannta Dé agus na n-aingeal agus mo shinsear faoi raibh mo shean roimh éag do Chríost" (131). Is tagairt é seo do "Cabhair Ní Ghairfead" le hAogán Ó Rathaille: "rachad 'na bhfasc le searc na laoch don chill, / na flatha fá raibh mo shean roimh éag do Chríost" (166). Léiríonn dímheas Uí Rathaille ar a thiarna Vailintín Brún anseo, dímheas Uí Dhálaigh ar a thiarna féin, Domhnall Ó Dónaill. Mar sin, feictear an tslí ina bhfuil feidhm ghníomhach ag na tagairtí liteartha in insint an scéil sa leabhar seo.

Tá tagairtí mí-aimseartha mar sin le feiceáil ar fud an leabhair agus athraíonn siad fócas an úrscéil go mór. Is scéal é seo a insítear sa chéad phearsa trí reacaireacht Mhuireadhaigh féin – fear ón tríú haois déag. Ach nuair a chuirtear focail de chuid Shakespeare, Yeats nó Uí Rathaille ina bhéal, tá sé níos deacra iad a fheiceáil mar fhocail an charachtair féin a thuilleadh agus déantar nasc díreach díobh idir an t-

údar agus an léitheoir, rud a chuireann béim ar cheisteanna ointeolaíocha maidir le scéalaíocht féin. Bristear cealú an díchreidimh leis na noda seo don eolach agus déantar saothar féin-chomhfhiosach meitificseanúil de.

Úsáidtear modh na reacaireachta chomh maith chun dearcadh meitificseanúil a chruthú. Insítear an scéal seo i bhfoirm comhrá aontaobhaigh ina bhfuil Muireadhach ag cur síos ar a eachtraí do bhráthair eaglasta i mainistir Easa Rua. Ní luaitear comhthéacs an chomhrá seo go díreach san úrscéal cé go dtagraítear dó uaireanta mar fhaoistin. Cé gur leabhar é, mar sin, atá lán le mionsonraí i leith an scéil féin, fágtar comhthéacs a insinte ar lár. Ag tosach an úrscéil, deir Muireadhach: “Olc liom go gcaithfidh mé seo a dhéanamh anois ar choinníoll m’fhuascailte” (9) agus ag an deireadh, deir sé: “Buíoch atáim gur anseo a chuir Ó Dónaill mé ag déanamh m’anama leatsa, a bhráthair liom” (137). Is féidir a rá gur faoistin í ach tá ceisteanna maidir leis an gcaidreamh idir Muireadhach agus an bráthair seo agus cé chomh toilteanach atá sé a fhaoistin a dhéanamh. Deir sé ag tosach an scéil: “Is í an fhaoistin an soc slán a osclaíos an fód folláin ach ní faoistin í seo. Mó de bhearradh craoibhe í. Mó de choisceadh fola í. Mó de chur amach í cor ar chor” (10). Cuirtear iallach orainn, mar sin, eachtraí an scéil a cheistiú nuair atá toilteanas an reacaire lena insint i gceist. In alt tosaigh an leabhair, deir sé: “Cad is áil liom a rá, arsa tusa. Ní liomsa is áil tada” (9).

Ní fhaigheann an léitheoir caint an bhráthar féin ach ar athláimh i gcaint dhíreach Mhuireadhaigh leis: “B’fhearr leat go staonfainn den rámhailleacht is go n-abróinn mo chuid amach chomh díreach le saighead ar eite” (10). Tá an bráthair seo ina chuid den leabhar ach ba dheacair fós fiú ‘carachtar’ a thabhairt air de bharr na héiginnteachta agus an easpa eolais ina thaobh. Má fhéachtar ar thionchar na cainte dírí seo i gcomhthéacs an úrscéil mar shaothar meitificseanúil, cruthaítear an t-imprisean go bhfuil an chaint seo dírithe ar an léitheoir féin agus cuireann sé seo go mór le guagacht ointeolaíoch san úrscéal.

Gné eile d'*An Fear Dána* is ea struchtúr an leabhair. Tá seacht gcaibidil ann agus seacht bpáirt i ngach caibidil – an seachtú páirt i bhfoirm véarsaíochta. Tá an chéad líne sna páirteanna 2-6 ina athrá ón líne dheireanach den pháirt roimpi. Tarlaíonn sé seo tríd an leabhar ar fad taobh amuigh d'uair amháin nuair a dhaortar Muireadhach chun báis (126). Tá an t-athrá seo cosúil le conchlann – téarma meadarachta ó ré na Gaeilge clasaicí. Bhí Muireadhach Ó Dálaigh ina fhile sa ré inar scríobhadh dánta de réir na rialacha seo agus ar thaobh amháin de, is féidir leis an léitheoir an fhoirm a ghlacadh mar ghné den stíl liteartha seo. Is féidir a shamhlú, mar sin, gurb é seo an t-úrscéal a scríobhfadh Muireadhach féin, dá mba rud é gur úrscéalaí ab ea é. Ar thaobh eile, áfach, tugann an fhoirm aird ar an bhfíric nach raibh sé ina úrscéalaí riamh agus nach téacs i nGaeilge chlasaiceach é seo ach úrscéal nua-aimseartha. Is struchtúr é, mar sin, a bheadh oiriúnach d'fhilíocht Mhuireadhaigh féin ach atá mí-oiriúnach don úrscéal staire, toisc go léiríonn sé – go híorónta – nua-aimsearthacht an scéil. Dá bhrí sin, feictear feidhm mheitificseanúil ag an struchtúr chomh maith. Léiríonn sé sin, fiú, cé chomh mínádúrtha atá an stíl seo i gcomhthéacs comhrá nó faoistine.

Tá ceistiú eile ar fhírinne liteartha sa leabhar a bhaineann le reacaireacht Mhuireadhaigh féin. Ní reacaire iontaofa é agus, mar sin, is deacair don léitheoir glacadh le haon rud a deir sé mar fhírinne. Is duine ardnósach sotalach é atá ag iarraidh é féin a mhóradh an t-am go léir. Mar fhile ó ré na Gaeilge clasaicí, ba é an post a bhí aige ná a thaoiseach a mhóradh le plámás agus luaitear go minic sa scéal nach bhfuil fírinne ar bith sa bhfilíocht – mar a deir Cathal Crobhdearg: "níl san éigse ach éide" (113). Tá an chuma ar an reacaireacht go bhfuil Muireadhach ag iarraidh an móradh céanna a dhéanamh ar a shaol féin. Nuair a labhraíonn sé faoina dhíbirt go hAlbain, labhraíonn sé i dtéarmaí laochra a rinne an turas céanna, mar shampla, Naomh Colm Cille, Mic Uisleann agus Fergus Mór Mac Eirc. Cuireann sé é féin i gcomparáid le Críost go minic chomh maith: "Ar nós Críost ar a chroch bhí tairní arís trí mo lámha" (110) agus

“Mhothaigh mé pian im chliabh ón bhuille san áit ar ghoin an saighdiúir ár Slánaitheoir” (135).

Tá tréithe den fhinscéal le feiceáil chomh maith sa reacaireacht agus cuireann sé cuma dhraíochtúil ar eachtraí a scéil. Nuair a thagann siad chuig teach Alúin Leamhna tá an áit an-chiúin. Díríonn an giolla cranda iad trí sheomra suarach a bhfuil an chuma air go bhfuil sé tréighthe le fada. Tagann siad go tobann, áfach, ar halla mór fairsing galánta atá lán le daoine uaisle agus féile mhór ar siúl. Tá cuma an fhinscéil air seo agus léiríonn sé go bhfuil Muireadhach ag úsáid a scileanna mar fhear liteartha proifisiúnta agus, mar sin, nach bhfuil sna rudaí a deir sé ach leaganacha den fhírinne.

Ní hamháin nach bhfuil Muireadhach ina reacaire iontaofa ach, mar charachtar, ba dheacair don léitheoir a rá gur duine taitneamhach é ach oiread. De ghnáth, féachann úrscéalaí le príomhcharachtar a chruthú a mbeadh an léitheoir báúil leis ach duine toirtéiseach sotalach is ea an Muireadhach seo. Deir sé faoin am a chaith sé i Luimneach: “Ní gá dhom a rá ach gur agam a bhí an chraobh. Cé an file is fearr in Éirinn, in Albain agus i gcríocha oirthear domhain, agus cén fáth gur mise é? Ní cuimhin liom anois an dán adúirt an oíche sin mar is amach as fágála dánta eile a shníos é. Cár chuma ach gur fhág mé ionathair na bhfilí eile ag sileadh leo” (20). Is duine ardnósach é nach bhfuil aon mheas aige ar dhaoine bochta ach oiread: “Daoine a raibh súile muc acu ina gcónaí laistigh. Caint choillte gan chuibheas acu i gcanúint chaca” (22). Feictear go bhfuil áthas mór air nuair a fheiceann sé an léirscrios i gcathair Dhaiméid: “Leanaí óga ina smóla dóite ar fud póirsí is áirsí. Páistí ar bior faoi spéartha Dé agus gan aon chuma air go raibh Alá ábalta ar iad a chosaint” (92). Is féidir féachaint air mar dhuine dá aois féin ach nuair a smaoinítear go bhfuil an t-údar ag déanamh a dhíchill chun an leabhar seo a scriosadh mar úrscéal staire, feictear chomh maith go bhfuil droch-charachtar Mhuireadhaigh mar chuid den iarracht sin chun an léitheoir a chur ar thalamh guagach. Dar ndóigh, cé nach duine deas é Muireadhach, ní hé nach carachtar iltoiseach cumhachtach é a thiomáineann an scéal.

Ach ní hé amháin nach duine deas é agus gur bladhmaire mór é, tá dealramh ar an scéal nach dtuigeann sé i gceart an saol ina thimpeall. Amadán ceart is ea Muiríoch MacAlúin a thugann ar a chuid aíonna luchóga le hithe mar spórt dó féin. Tugann sé ceann duine mar bhronntanas do Mhuireadhach agus is é féin a mholann gur chóir dóibh an Giúdach a chaitheamh san fharraige. Ach deir Muireadhach: "ba chuma nó naomh é" (89). Mar sin, ní hamháin nach bhfuil sé iontaofa chun an fhírinne a insint mar a fheiceann sé féin í, tá an chuma sa scéal nach n-aithneodh sé an fhírinne fiú dá mbeadh sé toilteanach í a insint.

Seo mar atá an scéal nuair a fhéachtar ar an insint dhíreach sa leabhar, ach nuair a chuirtear an fo-leibhéal den scéal – na tagairtí liteartha a insíonn a scéal féin – san áireamh, feictear i bhfad níos mó. Mar atá luaite ag Micheál Mac Craith in "Titley agus Treallchogaíocht in Aghaidh na Critice", tá tagairt sa scéal do *Cúirt an Mheán Oíche* i ndiaidh do bhreith Chathal – mac Mhuireadhaigh a bheirtear in Albain. Tá Muireadheach lán le bród agus le hiontas ar bhreith an mhic seo. Deir sé: "Míle moladh le Solas na Soilse" agus "Ní fhéadfainn a rá go bhfaca mé Cairbre nó Anluan ann ach is cinnte go ndúirt an comhluadar go bhfaca siad a athair ina sheasamh ina cheadfaí" (46).

Baineann na línte seo le heachtra ghreannmhar in *Cúirt an Mheán Oíche* ina saolaítear leanbh do bhean oíche a bainise féin gan fhios ag an simpleoir a phósann í fiú go raibh a nuachar nua torrach cheana féin. Buaileann aíonna na bainise bob ar an bhfear bocht ag ligean orthu gur leis féin an leanbh cé go raibh a fhios acu go léir nárbh ea.

> Míle moladh le Solas na Soilse,
> Bíodh nách baileach a d'aibigh an chré seo;
> Chímse an t-athair 'na sheasamh 'na chéadfa.
> (542-44 : lch 33)

Féachann Micheál Mac Craith ar an tagairt liteartha seo mar iarracht Titley "chun brí dhromchlach an tsuímh a chur go huile is go hiomlán

as a riocht agus mugadh magadh a dhéanamh den ómós agus den iontas" (1996:37). Feiceann sé go bhfuil Titley cosúil le Séamas Mac Annaidh anseo sa tslí ina bhfuil sé ag iarraidh "rudaí a chur as a riocht ar mhaithe le héifeacht" (1996:37). Cé go n-aontaím leis gurb é sin an rud a tharlaíonn sa sliocht, creidim go bhfuil níos mó ar siúl anseo ná éifeacht amháin.

Is féidir go bhfuil an tagairt seo ann ní hamháin chun rudaí a chur as a riocht ach chun nod a thabhairt don léitheoir nach le Muireadhach an leanbh ar chor ar bith ach le fear eile. Ar fud an leabhair, feictear Mac Tíre ag suirí le mná i ngach áit a dtéann sé. Feictear noda, áfach, go bhfuil adhaltranas ar siúl idir é féin agus Maol Mheá chomh maith. Luaitear lá a mharaíonn Muireadhach Fionn Ó Brolcháin, go bhfuil Maol Mheá ar cuairt ag cara léi agus nach bhfuil a fhios ag Muireadhach cén áit ina bhfuil Mac Tíre. Ceapann sé go bhfuil sé ag déanamh rud éigin soineanta cosúil le bheith "ag iniúchadh lí na farraige" (12). Deirtear chomh maith gur thug Maol Mheá a mac, Eolgarg, léi ag an lá sin agus luann Muireadhach níos déanaí faoin mhac seo gur buachaill ciúin é agus gur "dóigh le daoine go bhfuil dubhrún éigin aige á cheilt ach ní fíor é" (44).

Níl áthas ar Mhuireadhach nuair atá sé i mBaile Átha Cliath i measc an tslua mhóir agus tugann sé faoi deara go bhfuil gruaim ar Mhaol Mheá chomh maith. Deir sé: "Mac Tíre ag déanamh toil a mheanmna agus a aigne le bancharaid Lochlannach éigin. An rath a scar lem chroí ag goilleadh go mór ar Mhaol Mheá ach is beag a dúirt ina thaobh" (25). Féachann sé ar ghruaim Mhaol Mheá mar léiriú ar a comhbhá dó féin ach is féidir an dá abairt seo, curtha taobh le taobh, a fheiceáil mar leid dúinn go bhfuil éad uirthi mar gheall ar Mhac Tíre agus a 'bhancharaid Lochlannach'. Ligtear don léitheoir a mhachnamh a dhéanamh pé acu atá uisce faoi thalamh ann nó nach bhfuil. Tá tagairtí liteartha ann a insíonn an scéal céanna, mar shampla, nuair atá Muireadhach agus Mac Tíre ag dul go tír Uí Dhomhnaill, téann siad tríd Leacht na Muice – "áit ar mharaigh an mhuc Diarmuid ó Duibhne" (121). Tagraíonn sé seo do *Thoraíocht Diarmuid agus Gráinne* a bhaineann, arís, le hadhaltranas.

Mhíneodh an t-adhaltranas seo an fuath mór atá ag Mac Tíre ar Mhuireadhach. Tá an fuath seo le feiceáil go mór ag deireadh an scéil ach ní deirtear go soiléir cad is cúis lena athrú intinne. Nuair a shaolaítear an leanbh seo, cuireann sé glaoch air chun teacht agus deir sé "Tá snaidhm a fulaing sroichte aici" (45). Úsáideann sé an frása céanna nuair atá Alún Leamhna ag fáil bháis ach tagraíonn sé do Chaoineadh Niall Garbh Uí Dhomhnaill: "Bean do lámhaigeadh leith Cuinn / ráinig sí snaidhm a fulaing / fuair Banbha senmóir re seal / ó shen-róimh garma Gaoidheal" (Walsh:29). Sa dán polaitiúil seo, moltar Niall Garbh Ó Domhnaill cé gurbh é féin an duine ba chúis leis an léirscrios. Mar a dúirt Paul Walsh in *Gleanings from Irish Manuscripts*:

> The Elegy of Niall Garbh is a good example of the charity of the Irish bards when celebrating the virtues of the dead. Niall Garbh was possessed of great personal valour, but that was the only quality that one could admire in him. He was the most hated man in the North of Ireland when he broke away from the anti-Elizabethan party. He was treacherous to an abominable degree, and no one was sorry for him when the English, having compassed their aims by his assistance, arrested him, sent him over to a London prison and let him die there (1626). Yet the unknown bard who sang his praises after his death pretends to see nothing in him but virtue, and lauds him as the defender of the North when in reality he was the main cause of its downfall.
>
> (28)

Má léiríonn an dán seo dílseacht do dhrochdhuine, is féidir a áiteamh go bhfuil Mac Tíre ag déanamh an rud céanna san úrscéal seo agus ag ligean air go bhfeiceann sé suáilcí Mhuireadhaigh – go dtí an pointe sin nuair a léiríonn sé a dhearg-ghráin dó. Carachtar an-suimiúil is ea Mac Tíre. Deir Muireadhach go raibh sé ag smaoineamh faoi dhán a scríobhfadh sé dó ach ní dhearna sé é toisc

gur cheap sé nach dtuigfeadh sé é. I rith an scéil, áfach, is duine cliste é Mac Tíre. Mar shampla, tuigeann sé: "Dá gcuirfí gach a bhfuil de mhíreanna den chroch naofa in aon charn amháin is baolach go sroichfeadh sé tríocha troigh d'airde" (93). Is duine cróga é chomh maith mar a fheictear nuair a shábhálann sé cailín ón mathún. Ní fhaightear mórán eolais faoi, áfach, toisc nach bhfeiceann Muireadhach tábhacht ar bith in éinne seachas na hUaisle.

Is lú an t-eolas a fhaightear faoi Mhaol Mheá sa scéal agus níl a guth féin le fáil ann ach uair amháin nuair a deir sí véarsa fáistineach dá cuid féin. Deir Muireadhach fúithi gur "bean chrua" agus "bean mo dhiongbhála" í (15) ach ní deirtear mórán eile ina thaobh seo. Arís, áfach, tá leideanna sna tagairtí liteartha a bhaineann léi a leathnaíonn an scéal. Mar shampla, tugann Muireadhach "bean a bhainfeadh soir as siar" uirthi (15). Tagraíonn an líne seo don amhrán Dónall Óg: "Do bhainis soir díom is do bhainis siar díom". In áit eile, deir sé: "Ní hé gur cuimhin liom an chéad lá dá bhfaca mé í nó gur thug mo chroí taitneamh di ar dtús" (51) – líne a thagraíonn do Caoineadh Airt Uí Laoghaire: "Lá dá bhfaca thú / ag ceann tí an mhargaidh, / thug mo shúil aire dhuit, / thug mo chroí taitneamh duit". Ag tagairt don gcleamhnas eatarthu, deir sé gur tháinig a athair chuige agus dúirt sé: "Tóg suas do cheann, tá bean agam duit" (52) atá ina mhacalla ó chleamhnas Pheig Sayers nuair a tháinig a hathair chuici agus dúirt: "'Tóg suas do cheann!' ar seisean 'An raghaidh tú 'on Oileán?'" (131). Baineann na tagairtí seo le grá agus cleamhnas ach is é an rud is suimiúla leo ná go mbaineann siad go léir le guth na mban. Má thógann Muireadhach an guth seo, léiríonn sé caidreamh eatarthu atá neamhráite sa chuntas a chruthaíonn sé ina reacaireacht féin. Ní hé go dtugann na noda seo aon eolas dearfa dúinn faoin scéal, ach léiríonn siad scéal eile nach n-insítear. Ní féidir a rá go dearfach, mar shampla, go bhfuil adhaltranas ann idir Maol Mheá agus Mac Tíre agus go bhfuil íoróin mhór dhrámata mar sin sa scéal. Ach cuirtear an léitheoir ag lorg fírinne an scéil – fírinne atá i gcónaí as réimse uainn.

Is díol suime é go ndéantar é seo in úrscéal a bhfuil coincheap na fírinne liteartha mar théama mór ann. Pléann Muireadhach an téama seo ar fud an leabhair agus tagann sé ar thuairimí difriúla maidir leis. Tosaíonn sé a reacaireacht le dearcadh ciniciúil ar fhilíocht féin agus féachann sé uirthi mar acmhainn chun taoiseach a mhealladh agus a chuid maoine a thuilleamh. Deir sé: "Cad deirinn, adeir tú? Ní ansa. Bhí mo mhála agam agus uair ar bith go mbíodh ocras orm chuirinn mo lámh isteach ann agus thugainn aníos a raibh uaim" (31). Tá tagairt anseo do *Séadna* leis an Athair Peadar Ua Laoghaire ar féidir a fheiceáil sa tslí ina bhfuil an phátrúnacht seo mar mhargadh leis an diabhal. Pléann sé na modhanna a bhí aige chun an taoiseach a bhladar le tagairtí dá mhuintir, dá éachtaí nó dá chathanna. Sin mar a bhí post an fhile ag an am áfach. Mar a deir Osborn Bergin: "the Irish *file* or *bard* was not necessarily an inspired poet . . . He was, in fact, a professor of literature and a man of letters, highly trained in the use of a polished literary medium . . . He discharged . . the functions of the modern journalist. He was not a songwriter" (4).

Seo í an fheidhm phroifisiúnta atá ag Muireadhach agus féachann sé ar fhilíocht mar rud a bhfuil feidhm phraiticiúil aici i saol na ndaoine – go háirithe dó féin. Aithníonn sé gurb é gnó an fhile moladh ainfhíor maidir lena thaoiseach a chruthú agus deir sé: "Ach nárbh shin é ár ngnó? Cad eile atá sa dán ach bréag?" (9). Ceistíonn sé an rud is fírinne ann fiú i gcomhthéacs a fhaoistine leis an mbráthair ina gcuirtear iallach air an fhírinne a insint: "Dá gcuirfí trí huaire mé faoi chlais na tine nó go ndéanfaí luaith agus mín díom ní mé an bhféadfainn déanamh suas leis an fhírinne seo agat. Idir na ranna atá an fhírinne an té a loirgeodh é" (9). Ní hé nach bhfuil meas aige ar an bhfilíocht ach tuigeann sé gurb é nádúr na filíochta le bheith ag cruthú saolta neamhréalaíocha eile. Is suimiúil go bhfuil sé seo cosúil lena bhfuil ráite ag Pablo Picasso ar an ábhar: "We all know that Art is not truth. Art is a lie that makes us realize truth, at least the truth that is given us to understand. The artist must know the manner whereby to convince others of the truthfulness of his lies" (264).

Pléitear fírinne liteartha i gcomhthéacs inspioráid an fhile sa chomhrá idir Muireadhach agus duine dá mhic léinn a deir leis: “an rud a cheapaim bíonn sé ceaptha cheana” (54). Is í an fhadhb atá ag an mac léinn seo ná go bhfeiceann sé macallaí i ngach rud a scríobhann sé de rudaí a bhí scríofa cheana féin. Is tagairt é seo do “Death of the Author” le Roland Barthes. D’áitigh Barthes chomh maith nach foinse an tsaothair é an t-údar toisc go bhfuil gach saothar déanta de réim idirthéacsúil a bhí ceaptha cheana féin. Má aithníonn an mac léinn é seo, áfach, ní thaitníonn sé leis agus teastaíonn uaidh go bhfaigheadh sé “deoch neamhshaolta” (54) nó tuiscint spioradálta ar an bhfilíocht – dearcadh ealaíonta a shamhlófaí le rómánsachas. Thugann Muireadhach comhairle dó, ag díriú ar cheird na filíochta, agus cé go n-aontaíonn sé leis gur deoch neamhshaolta is ea an fhilíocht, deir sé: “Ní anuas a thagann filíocht . . . ach aníos” (54).

Is minic san úrscéal seo a phléitear cúrsaí liteartha trí choincheapa a bhfuil cuma nua-aimseartha orthu. Is féidir é seo a fheiceáil mar chuid de mheitificsean an úrscéil. Is féidir a rá chomh maith áfach, sa tslí seo ina gcuireann sé teoiric iarstruchtúraíoch Barthes i mbéal bhuachaill óg na meánaoiseanna, go bhfuil Titley ag áiteamh nach smaointe úrnua iad na teoiricí seo. Mar a dúirt sé faoi theoiricí iarstruchtúraíoch eile: “Ní dóigh liom gur fionnachtain úr é go bhfuil mórán fírinní ann, *la vérité est plurielle* mar a d’fhógair Jacques Derrida ar nós gasúir a ngealfadh sé air don chéad uair nach raibh Santa Claus ann” (*An tÚrscéal Gaeilge*:587).

Athraíonn Muireadhach a intinn maidir le cúrsaí liteartha, áfach, agus téann sé ag lorg na spioradáltachta ealaíonta seo nuair a thiteann a shaol as a riocht in Albain. Seolann Alún Leamhna é chuig Neimheadh Dubh, díthreabhach agus file atá ina chónaí i mboth uaigneach i bhfad ó aon chaidreamh le daoine eile. In ionad an dearcaidh sin ar fhilíocht ar a mbunaíonn Muireadhach a shaol – dearcadh ina bhfuil feidhm shóisialta ag baint leis an bhfilíocht – féachann Neimheadh Dubh uirthi mar rud príobháideach a thuirlingíonn chuige ina aislingí. Tá Neimheadh Dubh an-siúráilte as féin agus a chuid tuairimí ach, i ndeireadh na dála, níl faic le rá aige

ach bailiúchán *cliché* agus seamsánacht dhothuigthe. Glacann Muireadhach lena bhfuil le rá aige, áfach, toisc go n-insíonn sé rud éigin dó a thaitníonn leis – tugann sé fáistine dó go mbeadh cáil air agus ar a shíol go ceann céadta. Creideann sé an fháistine seo agus is í seo a chuireann iallach air a chlann a thréigean agus é féin a chur ar oilithreacht mar phalmaire go dtí an Meánoirthear. Deir sé níos déanaí faoi chomhrá atá aige le Giolla Bríde: "an bhfuil aon rud faoin saol níos baoithe ná beirt fhilí ag plé nádúr na filíochta?" (98) ach ní smaoiníonn sé gurb é sin go díreach a sheol é go dtí an Éigipt ar dtús.

Feiceann sé Naomh Proinsias nuair atá sé san Éigipt ach ní chreideann sé agus ní thaitníonn leis a chuid teagaisc. Labhraíonn Naomh Proinsias faoi spioradáltacht shimplí gan aon chuid den bhaothchaint a fhaightear sna scoileanna léinn. Baineann a chuid teagaisc leis an gcoincheap go bhfuil fírinne idéalach ann agus, cé go gcreideann Muireadhach féin go bhfuil an fhírinne idéalach seo – nó an 'deoch neamhshaolta' – ann, ní féidir leis í a ghlacadh gan an leibhéal oibre a théann le ceird na filíochta mar a d'fhoghlaim sé í.

Ní mór a thaitníonn tuairimí Ghiolla Bríde leis ach oiread. Cruthaíonn an bheirt fhile meafair ar an rud is filíocht ann, mar a fheiceann siad í. Smaoiníonn Giolla Bríde faoi mar stail mhór dhubh a chonaic sé – an t-uabhar ina súile, gile láidir a cuid fiacla, bearradh na feola ar a cóta, fiántas na fola ina sprid. Smaoiníonn Muireadhach ar fhilíocht, áfach, i gcomhthéacs cheardaithe loinge a chonaic sé – agus iad ag cleachtadh a gceird go heolach, ag gearradh agus ag ceapadh an adhmaid le healaín fhoghlamtha. Mar sin, cruthaítear déscaradh idir dhá pheirspictíocht ar fhilíocht – ceann amháin a fhéachann uirthi mar rud a thagann as tinfeadh atá beagnach spioradálta, mar a samhlaítear le rómánsachas; ceann eile a fhéachann uirthi mar rud a thagann as ceird chrua fhoghlamtha.

Is suimiúil go n-úsáideann Giolla Bríde meafar na staile don fhilíocht toisc gur tagairt é seo do theoiric liteartha de chuid Sheáin Uí Ríordáin mar a leag sé amach é i réamhrá a leabhar filíochta *Eireaball Spideoige*. Féachann Ó Ríordáin ar fhilíocht mar iarracht teagmháil le heisint – nó 'paidir' – ruda. Tugann sé cur síos ar athair agus leanbh,

agus an brath difriúil atá acu ar chapall agus é ag dul síos an bhóthair thar a dteach. Ní thuigeann an t-athair eisint an chapaill ach féachann sé air de réir a chuid cáilíochtaí – cé leis é, mar shampla. Tuigeann an leanbh a eisint, áfach. Deir sé go "Maireann an leanbh fé ghné chapaill. Abair gur múnla anam linbh. Caithfidh dul nó dúchas an mhúnla a bheith ar gach rud a thiocfaidh as....Tá an t-anam nó an múnla sin le fáil i gcapall agus i dteanga agus i ngach rud eile" (9). Tagann Titley ar ais chuig Ó Ríordáin níos déanaí, ach i nguth Mhuireadhaigh an t-am seo. Tosaíonn réamhrá Uí Ríordáin leis an abairt "Cad is filíocht ann" (9). Is é a deir Muireadhach ná:

> Cad is paidir ann? Foirfeacht filíochta? Cuireann tú do ghathanna díot isteach san doircheacht agus n'fheadair aon duine cá sroichfidh siad. Sireann tú lámh nach dteagmhaíonn choíche leat. Tá an fhoirfeacht agus an ciúnas chomh dothadhaill sin go bhfuil siad i gcónaí fad urchair uait.
>
> (118)

Cé gur úsáid Ó Ríordáin an focal 'paidir' ina réamhrá chun cur síos a dhéanamh ar fhilíocht, mar a chonaic sé í, ní raibh rud ar bith reiligiúnach ag baint leis an téarma. Ní raibh aon chuid den spioradáltacht ealaíonta a fheictear sa chur chuige rómánsach ann ach oiread. Is é an rud a bhí i gceist ag Ó Ríordáin anseo ná staid intinne, nó comhfhios an duine, a bhfuil an fhilíocht in ann teagmháil leis. Mar sin, feictear meon nua-aoiseach ina pheirspictíocht. Nuair a athraíonn Titley an cheist ó 'cad is filíocht ann' go 'cad is paidir ann', athraíonn sé an fócas ó nua-aoiseachas go hiar-nua-aoiseachas. Tá muinín fós ag nua-aoiseachas as comhfhios an duine, nó 'Foirfeacht filíochta'. Ní ghlacann an dearcadh iar-nua-aoiseach le tuiscint chomh habsalóideach leis sin. Tá fírinne fhilíochta 'i gcónaí fad urchair uait'; is rud 'dothadaill' é.

Cuirtear i gcuimhne dúinn anseo, tuairim Jean-François Lyotard maidir le rud 'doléirithe' sa saothar (iar)-nua-aoiseach: "I shall call modern the art which devotes it's 'little technical expertise'....to

present the fact that the unpresentable exists" (78). Glacann ráiteas Uí Ríordáin agus ráiteas Titley araon leis go bhfuil rud doléirithe ann ach feiceann peirspictíocht Uí Ríordáin gur féidir teagmháil a dhéanamh leis an rud doléirithe trí 'paidir' na filíochta; ní ghlacann ráiteas Titley le haon fhírinne absalóideach ar féidir linn dul i ngleic léi. Níl fírinne ann, mar sin, ach fírinne an tsaothair féin, mar a deir Muireadhach: "Cruthaíonn an rud a deirtear a chuid fírinne féin. Saol ann féin an rud a deirtear. Tá fírinne na héigse sa ráiteas beo. I ndealbhadh an dáin is ea an gníomh. I ndeireadh an lae is é fírinne na healaíne fírinne an scéil" (32).

Tá doimhneacht scolártha san úrscéal mar sin a phléann ceisteanna móra ointeolaíocha. In *Titley agus Treallchogaíocht in Aghaidh na Critice*, áitíonn Micheál Mac Craith go bhfuil *An Fear Dána* ag múscailt ceisteanna ar cad is filíocht, critic nó fiú, réaltacht ann. Mar a deir sé, i dtéarmaí atá an-iar-nua-aoiseach: "Cén bhaint atá ag an bhfocal leis an ní a dtagrann sé dó . . . An bhfuil a leithéid de rud ann agus an réaltacht?" (1996:38).

Is leabhar ilchasta é *An Fear Dána*. Insíonn an reacaireacht scéal amháin faoi dhuine a mhair sna Meánaoiseanna. Ach tá tagairtí liteartha mí-aimseartha fite fuaite ar fud an leabhair a bhréagnaíonn an reacaireacht dhíreach seo agus a chuireann iallach ar an léitheoir an scéal a mheas go meitificseanúil laistigh de chomhthéacs liteartha an lá atá inniu ann. Ansin tagraíonn na tagairtí seo do scéal eile atá neamhráite i reacaireacht Mhuireadhaigh féin – duine atá neamhiontaofa mar reacaire go leor cheana féin. Oibríonn an reacaireacht ar leibhéil éagsúla – ráiteas díreach an reacaire agus ráiteas indíreach na dtagairtí liteartha. Mar sin, cruthaítear feasacht ointeolaíoch sa scéal ar na slite a dtéann toisí idirthéacsúla an téacs seo – agus gach téacs eile – i bhfeidhm ar an léitheoir. Ag an am céanna, áfach, is scéal bríomhar eachtrúil é atá lán le híomhánna mórthaibhseacha a léiríonn saol na meánaoiseanna go gléineach dúinn. Oibríonn an dá thaobh den leabhar mar sin – an taobh ficseanúil agus an taobh meitificseanúil – taobh le chéile.

Ach cuirtear an cheist faoi fhírinne liteartha i gcroílár an úrscéil. Is ceist ollmhór í seo i stair liteartha agus ealaíonta an tsaoil agus sainmhínítear na gluaiseachtaí móra lena bhfreagraí ar an gceist seo. D'fhéach siadsan a bhí sáite sa rómánsachas ar fhírinne ealaíonta mar eipeafáine spioradálta; chonaic na réalaithe a fhírinne sa saol iarbhír; cheap na nua-aoisigh gurb í fírinne na hintinne fírinne na healaíne. Mar shaothar iar-nua-aoiseach, ní thugann an t-úrscéal seo aon fhreagra críochnúil ar an gceist ach, in ionad é sin, insítear an scéal sa tslí ina bhfuil mórán fírinní éagsúla ag coimhlint lena chéile. Tá fírinne na reacaireachta in aghaidh fhírinne na dtagairtí liteartha; nó fírinne an úrscéil staire in aghaidh fhírinne an mheitificsin; nó fiú na fírinní difriúla a phléitear go díreach sna comhráite idir na carachtair. Séanann an t-úrscéal seo aon fhírinne chríochnúil amháin agus glacann sé leis an dearcadh iar-nua-aoiseach a mhaíonn iolrachas na fírinne. Ach má ghlactar leis an dearcadh, ní ghlactar leis an tuiscint gur dearcadh úrnua é a tháinig ar an saol le linn na n-iarstruchtúraithe. Oibríonn comhthéacs stairiúil an úrscéil chun an tuiscint seo a bhréagnú sa tslí ina léirítear go raibh na ceisteanna seo i gcónaí ann. Féachaim air seo mar mhíniú éigin ar an gcontrárthacht is cosúil atá idir saothar iar-nua-aoiseach Titley agus a thuairimí faoi theoiric liteartha áirithe – mar a fheictear sa ráiteas thuasluaite faoi Derrida. In *An Fear Dána*, tugtar iolrachas iar-nua-aoiseach na fírinne dúinn, ní trí fheidhm na dteoiricí iarstruchtúraíocha ach trí iolrachas liteartha féin. Is suimiúil go bhfeictear an-chomhtreomhaireacht idir an t-úrscéal seo agus tuairim N.J.A. Williams ó thaobh *Pairlement Chloinne Tomáis*: "one can legitimately regard PCT I, among other things, as his personal gloss on the entire Irish literary tradition down to his own day" (lx).

8 An Dochtúir Áthas

Insíonn *An Dochtúir Áthas* le Liam Mac Cóil scéal faoi fhear atá ag freastal ar shíocanailísí. Ní luaitear ainm an fhir seo san úrscéal nó ní thugtar mórán eolais faoi seachas roinnt mionrudaí, mar shampla, gur fear cuíosach óg é a oibríonn in oifig. Tosaíonn an leabhar le brollach ina bhfuil cur síos ar chomhrá idir an reacaire seo agus a ghnáthdhochtúir. Cuireann an dochtúir seo é chuig an síocanailísí, Dochtúir Áthas, toisc go bhfuil galar air "nach bhfuil aon ainm air. Ná níl aon airí ag gabháil leis". Ní fhaightear eolas ach oiread faoina fhadhb shíciatrach nuair a théann sé chuig an Dr Áthas ach gur 'cás clasaiceach' é agus go raibh sé á shéanadh, ag éalú ón admháil go bhfuil aon rud air. Ar feadh na ndeich seisiún ag a bhfreastalaíonn an reacaire ar an Dr Áthas, ní chuirtear aon cheist air faoina chuid mothúchán nó a chuid fadhbanna. Ní lorgaíonn an dochtúir eolas ar bith uaidh faoina shaol. Ina ionad sin, áfach, tugann sé scéalta dó agus seinneann sé ceol. Cé nach bhfuil mórán ráite sa leabhar faoin ngalar intinne seo atá ar an reacaire, feictear go hindíreach go bhfuil a chuid fadhbanna síciatracha ag Dochtúir Áthas féin. Tugtar leideanna don léitheoir ar fud an leabhair faoi shaol Áthas agus faoi na cúiseanna a bhfuil fadhbanna aige ach ní deirtear é os aird riamh. Is scéal é, mar sin, atá leathinste ag reacaire gan ainm agus atá curtha le chéile le tagairtí liteartha agus ceoil.

Mar úrscéal a bhfuil saol Sigmund Freud mar ábhar aige, luaitear teoiric Fhreudach féin go minic sa chaibidil seo. Is é an bonn teoiriciúil is tábhachtaí anseo áfach ná teoiric Brian McHale maidir leis an tslí ina dtiontaíonn saothar liteartha ó fhócas eipistéimeolaíoch go fócas ointeolaíoch – nó ó shaothar nua-aoiseach go saothar iar-nua-aoiseach. Tagraím do shaothar critice de chuid Liam Mhic Cóil féin ar theoiric Freudach chomh maith anseo.

Baineann cuid de na rudaí a deir an Dochtúir sna seisiúin síciteiripe le teoiric Sigmund Freud agus spreagtar suim an reacaire as sin le níos mó eolais a fháil ar a shaothar agus a shaol. Iarrann an

dochtúir air nótaí a choimeád faoi na seisiúin chun cúnamh a thabhairt dó ina chuid oibre féin agus faoi dheireadh an leabhair, tagann an reacaire, le cúnamh Áthas, ar theoiric a oibríonn mar dhíthógáil iomlán ar shíocanailís Fhreudach. De réir dealraimh, bíonn Áthas ag treorú an reacaire lena scéalta agus a roghanna ceoil i dtreo na tuisceana seo. Sa tslí seo, oibríonn an leabhar seo mar scéal bleachtaireachta agus de bharr na hoibre a dhéanann sé ina aonar agus ag na seisiúin ina scaoiltear eolas chugainn píosa ar phíosa, i slite doiléire, feictear go bhfuil an scéal ag druidim le nochtadh éigin. Mar aon leis an reacaire, ní foláir don léitheoir dul trí thagairtí do shaothair liteartha, ealaíonta agus fealsúnach chun teacht ar an tuiscint seo.

Ní hí an tuiscint seo bun agus barr an scéil, áfach. Níl ansin ach leid do scéal eile nach bhfuil ráite go soiléir ar chor ar bith. Is é an nochtadh a dhéanann an Dr Áthas faoi dheireadh an leabhair ná go raibh claonta homaighnéasacha ag Freud, go raibh sé i ngrá le dochtúir eile, Wilhelm Fleiss, agus go raibh a chuid teoiricí go léir bunaithe ar an mbrú faoi chois a cuireadh ar a chuid mothúchán ag an am sin. Tá leideanna sa leabhar do scéal eile in óige Áthas féin nach n-insítear i gceart riamh san úrscéal. Ach is féidir leis an léitheoir an scéal seo a chur le chéile as na leideanna seo agus tríd an iliomad tagairtí liteartha agus ceoil.

Nochtar scéal leathinste faoi mhothúcháin homaighnéasacha an Dochtúir Áthas féin i leith a chara Liam ina óige. Is mioncharachtar sa leabhar é Liam ach tá tionchar mór aige ar an scéal. Feictear mar sin gur bhrúigh an Dr Áthas a ghrá homaighnéasach faoi chois agus gur lean an brú faoi chois seo ar feadh a shaoil go léir. Ach tugtar le fios go bhfuil sé ag iarraidh deighleáil leis an bhfadhb seo, go neamh-chomhfhiosach, tríd an teoiric bhréagacadúil seo ar Freud agus Fleiss. Ní deirtear é go soiléir riamh ach treoraítear an léitheoir chun na tuisceana go bhfuil díláithriú (*displacement*) Freudach de mhothúcháin atá brúite faoi chois ar siúl agus go gcruthaíonn an Dr Áthas teoiric faoi Freud agus Fleiss atá bunaithe ar a chuid mothúchán inmheánach pearsanta. Feidhmíonn an Dr Áthas féin mar othar sa leabhar agus feidhmíonn an reacaire, gan fhios dó féin, mar

shíocanailísí. Ní léiríonn an reacaire go dtuigeann sé cad atá ar bun sna seisiúin síciatracha agus faoi dheireadh an úrscéil, ceapann sé fós gurb é féin an t-othar. Tá íoróin dhrámata ann sa tslí nach bhfuil a fhios ag na carachtair cad atá ar bun – go comhfhiosach ar aon nós.

Tá ionadh ar an Dr Áthas sa seisiún deireanach nuair a cheistíonn an reacaire é cé acu atá sé féin tinn nó nach bhfuil: "Tinn? Tusa? Níl. Níl tú tinn. Is é sin níl tú níos tinne ná aon duine eile" (193). Sa chéad seisiún, áfach, tá an Dr Áthas ag dearbhú dó go raibh galar intinne air, go raibh sé á shéanadh agus á bhrú faoi chois, agus gur chóir dó é sin a admháil. Ní hé gur fhoghlaim Áthas tríd an leabhar nach raibh galar intinne ar an reacaire; deir sé sa seisiún deireanach go bpiocfadh sé an chéad seisiún mar cheann a thaitin leis: "Phiocas féin an ceann inar chuir tú féin chomh láidir sin i gcoinne na hadmhála" (189). Is léiriú é seo ar an tslí ina raibh Áthas ag iarraidh a admháil dó féin go raibh fadhb aige agus go raibh rud éigin brúite faoi chois aige. Ní féidir leis é sin a dhéanamh go comhfhiosach, áfach, agus teilgeann sé a chás féin ar a othar. D'admhaigh sé é níos déanaí go hindíreach, áfach, agus é ag caint faoi Freud ag déanamh an ruda chéanna – ag teilgean a chuid fadhbanna féin ar a othar: "Faoistin an anailíseora leis an othar faoi scáth na hanailíse ar an othar" (180).

Tugann rúnaí Áthas scéal don reacaire agus é ag fágáil an chéad seisiúin seo. Is é seo "Ríocht Rücken", scéal a oibríonn mar mheafar do shaol agus do theoiricí Freud. Sa ríocht seo, labhraíonn gach éinne i gceol agus tá gléasanna áirithe ann atá oiriúnach do dhaoine áirithe. Tá ceoleolaí ann, tagairt do Freud féin, a fhaigheann slite nua le féachaint ar an gceol nuair a "thosaigh sé ag éisteacht leis féin" (41) – tagairt do shíocanailís. Feictear tagairt do Wilhelm Fleiss anseo chomh maith mar "an dluthchara seo ar leis ba mhó a dhéanadh sé comhcheol, agus a bhí sé siúd ag déanamh staidéir ar na rithimí" (41) – tagairt do staidéar Fleiss ar thréimhsiúlacht. I ndiaidh tamaill, áfach: "D'éirigh idir é féin agus a dhlúthchara" (42) – mar a tharla idir Freud agus Fleiss. Tá tagairt do ghnéithe collaí de theoiric Freud le himirt ar na focail 'gléas' agus 'gnéas' agus deirtear sa scéal gur: "Rugadh gach duine ilghléasach" (42) atá cosúil le teoiricí Freud ar

homaighnéasacht. Is é seo an chéad scéal a thugann Áthas don reacaire agus is suimiúil go bhfuil sé leagtha amach go soiléir mar thráchtaireacht ar shaol agus ar smaointe Freud. Mar sin, is céim sa bhreis deighilte ó shaol Áthas é – murab ionann is na scéalta eile a oibríonn go maith mar léiriú ar shaol Áthas féin. Is rud suimiúil é teideal an scéil seo freisin. Seo é an teideal a bhaist Mozart óg ar ríocht fantaisíochta ina ndéantaí gach rud droim ar ais. Níl aon rud a bhaineann leis an scéal féin droim ar ais, áfach, seachas go bhfuil síocanailísí, atá ag feidhmiú mar othar, á thabhairt dá othar, atá ag feidhmiú mar shíocanailísí.

Sa tarna seisiún, tá fearg ar Áthas agus labhair sé leis an reacaire go tarcaisniúil, beagnach ag béiceadh: "Tá tú ar do mhíle dícheall ag iarraidh a bheith buartha" (28). Tugann sé uisce dó a dtugann sé Van Roon air nó 'uisce na fírinne'. Is féidir a fheiceáil anseo go bhfuil Áthas ag iarraidh é féin a spreagadh go neamh-comhfhiosach chun a fhírinne féin a admháil agus ag troid ina aghaidh féin faoin admháil sin. Tugann sé dán don reacaire bocht ansin, nach bhfuil a fhios aige cad ba chóir dó a rá, agus deir sé gur aistriúchán dá chuid féin é ar dhán a scríobh Oscar Wilde do Lily Langtry. Scríobh Wilde dán darb ainm *The New Helen* (1881) do Lily Langtry inar labhair sé fúithi mar Héilín na Traí. Is suntasach, áfach, gur dán difriúil é sin. Ní hé an dán céanna é a thugann an Dr Áthas don reacaire. Baineann dán Áthas le leannán tréigthe a bhfuil cumha air i ndiaidh a ghrá. Is féidir a áiteamh gur dán é a scríobh an Dr Áthas féin agus go mbaineann an teideal 'Do L.L.' (a fhaigheann an reacaire amach sa seisiún deireanach) ní le Lily Langtry ach le Liam. Is féidir a fheiceáil chomh maith go bhfuil baint idir an líne: "Ná brisimid ár gcroí / mar an bhfile anallód" (31) agus an file sa scéal sa Leabhar Branach a fuair Liam ó dhuine dá mhuintir.

Tá cuma níos aeraí ar an tríú seisiún leis an Dr Áthas ag seinm píosa as *La Bohème* le Puccini don reacaire agus ag moladh dó: "Ná déan feall ar an gcroí" (48). Ag teacht ar ais go dtí téama na fírinne dó, deir sé: "más é an rud atá i gceist le fírinne an rud a aimsíonn an croí, dar liom go bhfuil na ráitis a dhéantar sa cheol chomh fíreannach

le haon rud dar dhúirt an duine riamh" (48). Tá móitíf an cheoil an-tábhachtach i saothar Mhic Cóil, go háirithe an cheoldrámaíocht. Is suntasach é i gcomhthéacs Áthas agus Liam go n-úsáideann sé *La Bohème* anseo. Cé go bhfuil caidreamh míshocair idir Rudolfo agus Mimi agus go bhfaigheann Mimi bás sa deireadh, is tábhachtach é i gcomhthéacs an scéil seo go bhfuil siad athaontaithe sa deireadh agus ag admháil a ngrá dá chéile os ard. Feictear tréimhsiúlacht ar siúl anseo nuair a chuirtear an scéal in *La Bohème* i gcomparáid leis an dán 'Do L.L.' – atá gan áthas ar bith – sa tarna seisiún. Ba í teoiric Fleiss go raibh drochthréimhsí agus tréimhsí maithe i saol an duine. Úsáideann Áthas é seo sa deireadh ina thuairim gurbh iad na seisiúin ar chorruimhir na tréimhsí maithe. Is díol spéise í an tréimhsiúlacht seo nuair a fheictear go bpiocann Áthas an chéad seisiún mar cheann maith cé nár bhain an reacaire sult ar bith as. Is léiriú é seo go bhfeidhmíonn na seisiúin seo ar mhaithe le mothúcháin Áthas amháin.

Feictear é seo chomh maith sa cheathrú seisiún nuair a insíonn an reacaire dó faoina bhrionglóidí. Ní thugann an Dr Áthas mórán aire dó, ag tagairt do rudaí neafaiseacha ina scéal, agus deir sé: "Céard déarfa dá ndéarfainn leat go bhfuil tú ag samhlú an ruda ar fad" (61). Leanann sé ar aghaidh ansin le scéal dá chuid féin, "Mam agus Feiniméan na Lasairín Gáis", a thagraíonn don scannán *Gaslight* (1940 agus 1944) ina bhfuil fear ag iarraidh a bhean a chur as a meabhair ar son a cuid airgid. Baineann scéal Áthas le bean a thugann faoi deara go bhfuil rudaí ina teach, ornáidí agus earraí eile, curtha in áiteanna míchearta. Níl aon chuimhne aici féin ar iad a bhogadh agus ceapann sí gurb í a hiníon a rinne é agus í ag iarraidh cumarsáid a dhéanamh léi, faoi thost, faoina mothúcháin i ndiaidh bhás a hathar. Ach ceapann a hiníon, de réir dealraimh, go raibh a máthair ag dul as a meabhair. Críochnaíonn an scéal leis an máthair san ospidéal agus leannán na hiníne, Gréagóir – ainmnithe as an bhfear in *Gaslight* – ina chónaí sa teach.

Baineann an scéal seo, cosúil leis na scéalta go léir sa leabhar, le cumarsáid idir daoine agus na comharthaí – folaithe agus follasach –

atá eatarthu. Feictear comhthreomhaireacht mar sin leis an easpa cumarsáide idir Freud agus Fleiss agus idir Áthas féin ina óige agus Liam. Is suimiúil gurb iad na rudaí a bhogtar sa teach ná cloigín airgid (am) agus dealramh cailín ard caol (óige) – meafair a bhaineann go mór leis an Dr Áthas agus é ag smaoineamh siar ar a shaol féin. Deir sé go bhfuil éiginnteacht ag baint leis an scéal sa tslí nach féidir a rá cé acu atá an iníon ag iarraidh a máthair a chur as a mheabhair nó nach bhfuil. De réir theideal an scéil agus ainm an charachtair Gréagóir, áfach, is léir nach bhfuil aon éiginnteacht ina intinn féin.

Sa scéal faoi na dlíodóirí a thugann Áthas don reacaire, feictear an chumarsáid éiginnte neamhráite arís ach anois tá Áthas ag teacht i dtreo théama na homaighnéasachta. I gcás cúirte, téann cáipéis thábhachtach de chuid dhlíodóir na cosanta isteach i mála dhlíodóir an chúisimh. Tugann Áthas dhá leagan den scéal: ceann amháin ina bhfuil dlíodóir an chúisimh ina bean, agus ceann eile ina bhfuil sé ina fhear. Tá an cur síos céanna, beagnach focal ar fhocal, sa dá leagan faoi dhlíodóir na cosanta: “Gruaig fhionn. É óg ach aibí go maith. Réidh le mo dhúshlán a thabhairt i rith ama. Ach cúpla uair bhreathnaigh sé orm trasna an bhoird” (75). Feiceann siad araon féidearthacht go bhfuil cúis chollaí ag baint leis an gcáipéis seo sa mhála ach deighleálann siad leis i slite difriúla. Glacann an bhean leis an seans go bhfuil collaíocht i gceist, úsáideann sí an cháipéis sa chúirt agus buann sí an cás. Ní ghlacann an fear leis go raibh aon rud ann ach timpiste shimplí, toisc nach dteastaíonn uaidh a fheiceáil go bhfuil cúis homaighnéasach ag baint leis. Cuireann sé as a chloigeann é agus seolann sé an cháipéis ar ais gan í a léamh. Úsáideann Áthas an scéal seo chun paranóia a léiriú ach ón eolas atá sa scéal maidir lena chaidreamh le Liam, is féidir a fheiceáil gur léiriú pearsanta é chomh maith.

Feictear an téama seo ar bhriseadh cumarsáide idir daoine sna scéalta agus amhráin go léir. Léirítear é mar chumarsáid ag teip i gcásanna ina bhfuil daoine ag séanadh comharthaí agus caidrimh – mar atá sa scéal faoi Wellington agus atá sa chomhrá idir Cú Chulainn

agus Fear Dia (ar thaobh Fear Dia ar aon nós). Léirítear é chomh maith le daoine a bhfuil cumha orthu agus iad ag iarraidh cumarsáid atá briste a athbhunú – mar atá sna hamhráin as *The Marriage of Figaro* le Mozart, *Voi che sapete che cosa é amor* (amhrán Cherubino) agus *Dove sono i bei momenti* (amhrán na Cuntaoise). Is féidir an dá thaobh seo a fheiceáil mar léiriú ní ar an gcaidreamh idir Freud agus Fleiss amháin, agus ní ar an gcaidreamh idir an Dr Áthas agus Liam amháin ach idir dhá thaobh de phearsantacht Áthas atá ag séanadh is ag glacadh leis go raibh sé i ngrá le Liam.

Ní luaitear Liam go minic sa téacs ach tá a thionchar le feiceáil ar fud an leabhair. Ní luaitear a ainm go díreach ach uair amháin agus is é seo scéal Áthas faoi agus faoin Leabhar Branach a thugtar dó. Is léir, áfach, gurb é an t-aon duine ar labhair Wully Melon faoi ag an gcóisir nuair atá sé ag insint scéal óige Áthas. Cuirtear Wully ag smaoineamh faoi i ndiaidh dó a chloisteáil go ndathaíonn Áthas a chuid gruaige agus a fhéasóg. Éiríonn sé tostach go tobann agus ansin deir sé: "Bhí cara aige. Ní cuimhin liom a ainm. Scoláire Gaeilge. Chuaigh seisean go Vín freisin. Sula ndeachaigh Áthas ann. Aimsir an chogaidh nó go luath ina dhiaidh" (82). Is féidir a fheiceáil sa tslí ina n-éiríonn an fear suairc seo ina thost go tobann, go bhfuil sé ag cuimhneamh ar rud éigin a chuireann as dó, agus go mbaineann an rud seo leis an ngníomh péacógach gothach seo – Áthas ag dathú a fhéasóige. Tá ceangal éigin in intinn Wully Melon idir an gníomh seo agus duine a shamhlaítear le Liam ach fágtar faoin léitheoir a fhiafraí an é an homaighnéasacht a dhéanfadh an nasc sin.

Is féidir a fheiceáil go bhfuil rud éigin neamhráite sa scéal a insíonn Áthas faoi Liam chomh maith. Tá leisce éigin ar Liam labhairt le hÁthas an lá sin, é ag casadh a phionta i gciorcal beag ar an gcuntar sula n-insíonn sé a nuacht dó. Shamhlófaí do dhuine ar bith go mbeadh sceitimíní air nuacht a fhionnachtana seo a scaoileadh lena chara, ach níl. Chomh maith leis sin, is díol suime é gurb é seo an rud a gcuimhníonn Áthas air beagnach caoga bliain níos déanaí. Tá dealramh ar an scéal go bhfuil rud eile nach luaitear ar bun anseo.

Tá léiriú níos soiléire ar ar tharla eatarthu nuair atá an reacaire ag cúléisteacht sa bheár i gClub Chonradh na Gaeilge. Chuaigh Liam go dtí an Ostair chun lámhscríbhinn Naomh Fhearghail a aimsiú. Cheap Áthas gur theastaigh ó Liam go rachadh sé féin leis ach ní dheachaigh sé toisc nach ndúirt Liam glan amach gurbh shin a theastaigh uaidh. Bhí Áthas ann sna caogaidí ach ní deirtear go raibh Liam fós ann ag an am sin. Labhraíonn Áthas faoi anseo i dteanga ghrámhar:

> Chomh fada is a bhaineann sé liomsa, ní raibh ann ach é. Íosa Chríost, cad chuige nár labhair sé? Cén faitíos a bhí air?
> – Tá a fhios agat go maith, a Shéamais, cén faitíos a bhí air.
> – Ach liomsa, a Tom, liomsa?
> – Bhí súil aige go dtuigfeá, b'fhéidir.
> – Tá a fhios agam. Comharthaí. Comharthaí an t-am uile.
> Thuig mé. Thuig mé. Nuair a bhí sé ródheireanach. I gcónaí nuair a bhí sé ródheireanach.
>
> (147/8)

An lá dár gcionn, nuair a thagann an reacaire chuig an seisiún, feiceann sé go bhfuil "cuma na domheanmnachta agus tinneas póite" (150) ar an dochtúir. Tá sé i riocht uafásach agus titeann sé ina chodladh faoi dhó. Is é an seisiún seo, áfach, agus an ceann a leanann é, ina léirítear cad atá ar bun sa teiripe fholaitheach neamhráite seo ar Áthas.

Sa seisiún seo, uimhir a hocht, teastaíonn ón reacaire cloisteáil faoin tslí inar thosaigh an tsíocanailís, faoi Freud sna nóchaidí, mar gheall ar rud a dúirt Áthas i gClub Chonradh na Gaeilge faoin gcuid is fearr dá léacht a d'fhág sé ar lár. Ní féidir le hÁthas dul tríd, áfach, agus titeann sé ina chodladh. Nuair a dhúisíonn an reacaire é le ceol, iarrann Áthas air suí síos ina chathaoir féin. Is siombail é seo a léiríonn an tslí ina raibh an reacaire féin ag feidhmiú mar dhochtúir an t-am go léir. Labhraíonn Áthas ansin faoi Freud agus an tslí ina raibh sé "ag iarraidh an réaltacht shíceach aige féin a dhearbhú trí eispéireas daoine eile" (157). Is é seo gur theilg Freud a chuid fadhbanna pearsanta ar dhaoine eile agus chreid sé go raibh na rudaí céanna a bhí

cearr leis féin ag buaireamh orthu chomh maith. Luaitear Leonardo da Vinci anseo, duine a ndearna sé staidéar síocanailíseach air trí théacs a scríobh sé. Ansin, titeann sé ina chodladh arís agus críochnaítear an seisiún.

Idir é seo agus an chéad seisiún eile, áfach, léann an reacaire comhfhreagras ó Freud go Fleiss. Feictear comhthreomhaireacht ann idir an comhfhreagras briste seo agus scéalta Áthas faoi fhadhbanna cumarsáide agus comharthaí doiléire. Is féidir a áiteamh, mar sin, go raibh Áthas ag treorú na seisiúin go léir de réir a thuisceana radacaí nua ar theoiric Fhreudach. Is í seo go raibh claonta homaighnéasacha ag Freud, go raibh sé i ngrá le Fleiss, go raibh na claonta céanna ag Fleiss ach nárbh fhéidir leis glacadh leo, gur éirigh eatarthu agus bhrúigh siad na mothúcháin is na claonta sin faoi chois agus – faoi dheireadh – gur ceapadh na teoiricí Freudacha chun déighleáil leis an mbrú faoi chois seo. Tá sé seo mar eipeafáine don reacaire agus, mar scéal bleachtaireachta, feictear nochtadh ann a mhíníonn an cur chuige aisteach a úsáideann Áthas ina sheisiúin. Cruthaítear comhthreomhaireacht eile, áfach, idir saol Freud agus óige Áthas féin sa tslí ina dtugtar 'Liam' ar Wilhelm Fleiss sna haistriúcháin Gaeilge de na litreacha seo. Is cosúil, chomh maith, go bhfuil sé dearmadta ag an reacaire nárbh é cúrsa i stair na síciteiripe a chuir chuig an Dr Áthas ar dtús é ach mar gheall ar a chuid fadhbanna síciatracha féin.

Nuair a thagann an reacaire chuig an chéad seisiún eile, uimhir a naoi, insíonn sé faoina fhionnachtain d'Áthas. Tá an-áthas ar an dochtúir leis seo agus is cosúil go bhfuil caidreamh eatarthu atá níos cosúla le caidreamh idir múinteoir agus mac léinn ná caidreamh idir dochtúir agus othar. Deir sé leis fiú: "Bhuel, bhuel, bhuel. Dalta an-mhaith tú. A1" (174). Tosaíonn Áthas ansin ag dul tríd an teoiric seo faoi Freud agus Fleiss i stíl dheas óráideach ach i ndiaidh tamaill, feictear don reacaire go bhfuil sé ag cur síos air: "sa chaoi is nach bhféadfainn gan ceapadh gur faoi féin a bhí sé ag caint, dáiríre" (177). Deir sé nach bhfuil paranóia Fhreudach ina rud ginearálta amach is amach ach go bhfuil sí ag baint le beirt fhear nach féidir leo a gclaonta homaighnéasacha agus an cion atá acu dá chéile a admháil

toisc nach bhfuil a saol laistigh, a n-aigne, in ann teacht leis a saol lasmuigh, nó an saol sóisialta. Nuair a thugann sé leaganacha dá chuid scéalta don reacaire ag an deireadh, deir sé: "Dar liom, míníonn siad chuile shórt. Agus míníonn siad mise" (191).

Ní thugtar a dhóthain eolais don léitheoir san úrscéal chun scéal Áthas a bhraith ina iomláine. Trí leideanna doiléire, áfach, dírítear é chuig tuairim mheáite a áitíonn go bhfuil Áthas ag déanamh an teilgin cheannann chéanna ar shaol Freud agus a rinne Freud ar dhaoine eile. Teilgeann sé a bhrú faoi chois faoina ghrá do Liam, lena raibh sé ag maireachtáil ar feadh caoga bliain, ar an scéal seo faoi Freud agus Fleiss. Ní féidir leis déighleáil leis na mothúcháin seo ach go hindíreach, ar athláimh, trí eispéireas daoine eile agus díríonn sé an reacaire go dtí go bhfaigheann sé an teoiric seo amach ar a chonlán féin. Oibríonn an próiseas seo mar theiripe d'Áthas gan dul i ngleic le fréamh na faidhbe féin.

Mar a scríobhann an reacaire faoi Freud, bhí sé: "ag iarraidh an rud a mhothaigh sé a aistriú isteach ina chóras agus ní raibh sé láidir go leor le réasúnaíocht iomlán an chórais a leanúint go bun an angair" (184). Feictear gurb é seo an chúis nach léann sé an píosa sin den léacht a bhaineann leis an teoiric seo ná toisc go bhfuil sé róphearsanta dó agus ní féidir leis é a rá ach os comhair a dhochtúra féin – an reacaire. Deir sé leis: "Tá aiféala orm faoi a bheith ag léachtóireacht mar seo, ach tá a oiread sin le rá agam agus mura ndeirim leatsa é ní dhéarfaidh mé le duine ar bith é" (178). Seo é an caidreamh idir an dochtúir agus an t-othar, ach is é Áthas an t-othar. Insíonn sé don reacaire faoi bhrionglóid a bhí aige: "Bhí an bheirt againn ar aon leaba. An mhaidin a bhí ann. B'álainn ar fad an tuiscint a bhí eadrainn" (181). Ní insíonn sé cé a bhí i gceist le 'againn' ach leanann sé ar aghaidh: "Bhí sé de cheart agam labhairt amach ag an am, oiread sin blianta ó shin....Ach níor labhair. Bíonn rún i gcroí gach duine. B'in é mo rúnsa agus bhí mo rún i bhfad i gcéin. Claonadh homaighnéasach. Níl a leithéid de rud ann. Níl ann ach Earós. Íosa Críost. Cén smacht atá ag aon duine againn ar an áit a

thuirlingeos na saigheada sin!" (181). Tá sé ag iarraidh an scéal a admháil anseo ach níl sé réidh go fóill.

Sa seisiún deireanach, insíonn sé don reacaire go dteastaíonn uaidh go bhfoilseofar a chuid nótaí go léir. Ceistíonn an reacaire é faoina thinneas intinne féin, é fós ag smaoineamh gurb é féin an t-othar. Deir Áthas nach bhfuil sé tinn ach go bhfuil: "Fadhb bheag léitheoireachta agat. Iarracht bheag den rud a dtugtar siondróm de Clerambault – ach bíonn sin orainn uile" (194). Seo téarma a thagraíonn do chineál sheachrán intinne nuair a cheapann duine go bhfuil duine eile i ngrá leis/léi. Feiceann an fulangaí comharthaí sa duine eile seo agus creideann sé/sí gur comharthaí grá iad. Tá baint ag siondróm de Clerambault (nó *erotomania*) le scitsifréine. Cé nach léir ón leabhar cad a tharla go díreach idir Áthas agus Liam, is léir go bhfuil sé ag teilgean an tsiondróim seo ar an reacaire óna intinn féin. Is díol spéise gur féidir an siondróm a fheiceáil i gcuid de na scéalta sa leabhar – go háirithe scéal na ndlíodóirí agus scéal na bhfilí. Is féidir a áiteamh nach grá cómhalartach a bhí idir Áthas agus Liam. Pé rud atá i gceist anseo, níl Áthas toilteanach admháil cheart a dhéanamh fiú ag an deireadh. Deir sé: "Dúirt tusa an lá úd nach raibh aon duine slán. Bhí an ceart agat. Dá mbeinn sásta an admháil a dhéanamh an t-am sin d'aontóinn leat. Ní raibh. Agus mar is léir ón méid nach ndúirt mé sa léacht, is ar éigean atá mé in ann a dhéanamh anois féin. I Vín, b'fhéidir go n-éireoidh níos fearr liom" (196).

Leagtar teoiric Áthas amach san úrscéal go néata i staidéar an reacaire agus i gcur síos an dochtúra féin. Cuirtear sleachta fada de chomhfhreagras idir Freud agus Fleiss sa leabhar agus cruthaítear an tuiscint go bhfuil staidéar acadúil iarbhír ar bun anseo san úrscéal. Sa lá atá inniu ann, ní thugtar an meas céanna ar theoiricí agus ar chur chuige Freud is a tugadh san am atá thart – go háirithe ó thaobh a theoiricí i leith collaíochta. Is féidir a shamhlú mar sin go bhfuil bunús stairiúil leis an teoiric seo gur eascair teoiric Fhreudach as grá homaighnéasach gan chúiteamh idir Freud agus Fleiss. Ach cé nach féidir a áiteamh nár eascair, níl aon bhunús stairiúil leis an teoiric. I gcomhthéacs an úrscéil, áfach, tá feidhm shuimiúil ag an teoiric seo.

Tugann sé le fios go bhfuil staidéar eipistéimeolaíoch ar bun sa leabhar.

Cabhraíonn foirm an scéil bhleachtaireachta leis an tuiscint seo go mór agus féachann Brian McHale ar an scéal bleachtaireachta fiú mar an seánra is fearr don chur chuige nua-aoiseach mar gheall ar an mbéim eipistéimeolaíoch seo. Tá baint mhór ag nua-aoiseachas le comhfhios chomh maith agus mar úrscéal a bhfuil an tsíocanailís mar théama aige, dar ndóigh, tá an comhfhios i lár baill ann. Idir cur chuige an scéil bhleachtaireachta agus téama an chomhfheasa mar sin, is féidir a fheiceáil go bhfuil ábhar úrscéil nua-aoisigh anseo. Ach seo í go díreach an tslí ina ndéantar úrscéal iar-nua-aoiseach de toisc go gcuirtear cur i láthair eipistéimeolaíoch i lár baill san úrscéal agus ansin teipeann air go hiomlán. Pé acu atá aon fhírinne i dteoiric Áthas maidir le Freud agus Fleiss nó nach bhfuil, ní thugtar clabhsúr ar bith ar an scéal ina leith. Spreagtar an léitheoir chun a chuid síocanailíse féin a dhéanamh ar Áthas agus an chomhthreomhaireacht idir scéal Freud le Fleiss agus a bhfuil ar eolas againn maidir lena scéal féin le Liam a fheiceáil mar theilgean Áthas féin. Ach sa deireadh, ní thugtar aon sásamh do thuairimíocht an léitheora.

Ní deirtear mórán san úrscéal i leith an ghrá gan chúiteamh seo idir Áthas agus Liam. Níl sé ráite go díreach gur tharla sé ar chor ar bith. Ní foláir don léitheoir a thuiscint a chur le chéile idir na leideanna a thugtar sna scéalta, píosaí ceoil agus an obair bleachtaireachta a dhéanann an reacaire ar shaol Freud. Ní deirtear fiú go dtuigeann an reacaire féin impleachtaí na comhthreomhaireachta idir na snáitheanna difriúla den eolas atá aige. Ligtear don léitheoir an scéal a shamhlú dó féin as giotaí beaga eolais agus tagairtí liteartha agus ealaíonta ach ní thugtar clabhsúr ar bith dó sa deireadh. Is féidir a áiteamh fiú, nach raibh Liam riamh ann agus gur shamhlaigh Áthas, nó an reacaire, an rud go léir. Fágtar an léitheoir le teoiric neamhchruthaithe faoi shaol agus faoi theoiric Freud, agus le giotaí eolais nach dtagann le chéile go compordach riamh. Níl a fhios againn fiú, cén t-ainm atá ar an reacaire nó cén fáth ar sheol a dhochtúir féin é chuig an Dr Áthas. Ligtear an snáithe eolais sin dul le sruth agus is

cuma, faoi dheireadh an úrscéil, pé acu a bhí fadhbanna intinne aige nuair a tháinig sé ar dtús nó nach raibh. Tugtar neamhaird don cheist seo chomh maith leis an iliomad ceisteanna eile i leith an scéil féin. Mar sin, titeann an cur chuige eipistéimeolaíoch as a chéile agus cuirtear béim ar cheisteanna ointeolaíocha – mar shampla, cad is fírinne ann in úrscéal a bhfuil leath an scéil féin neamhinste agus fágtha faoi shamhlaíocht an léitheora.

Cuirtear éiginnteacht sa scéal chomh maith mar gheall ar na tagairtí liteartha atá ann – cé go samhlófaí go mbeadh léargas le fáil uathu siúd. Tá an teideal féin, *An Dochtúir Áthas* ag tagairt don úrscéal *Doctor Faustus* le Thomas Mann atá ina leagan den fhinscéal faoi dhuine a dhíolann a anam leis an diabhal. In úrscéal Thomas Mann, díolann cumadóir ceoil darb ainm Adrian Leverkühn a anam agus insíonn a sheanchara, Serenus Zeitblom, an scéal i ndiaidh a bháis. Tá cosúlachtaí idir *An Dochtúir Áthas* agus saothar Mann, go háirithe i gcomhthéacs an dá reacaire. Deir siad araon nach dteastaíonn uathu labhairt faoina saolta féin, cé go ndéanann siad é go minic. Tagraíonn an reacaire in *An Dochtúir Áthas* dó féin mar Zeitblom uaireanta chomh maith tríd a scéal. Mar shampla, ag labhairt faoina ról féin leis an Dr Áthas, deir sé: "Ba mise Serenus Zeitblom, beathaisnéiseoir dílis Adrian Leverkühn, sárcheolteoir agus laoch an leabhair. Ní fhaca Zeitblom gur ann dó féin ar chor ar bith ach amháin sa mhéid is go bhféadfadh sé cur síos a dhéanamh ar Leverkühn. Ba mar sin domsa" (79). Míníonn sé seo an easpa eolais san úrscéal faoin reacaire i slí amháin ach cuireann sé leis an liosta ceisteanna neamhfhreagraithe i slí eile. Mar shampla, an samhlaíonn sé go bhfuil na heachtraí in *An Dochtúir Áthas* inchurtha leis na heachtraí in *Doctor Faustus* agus má shamhlaíonn, cén fáth? Ní deirtear in aon áit go ndíolann Áthas a anam leis an diabhal. Is féidir leis an léitheoir a léamh meafarach féin a chruthú as sin ach arís, ní bheadh ansin ach léamh samhlaíoch an léitheora féin seachas rud iarbhír sa téacs.

Buaileann an reacaire le Wully Melon go díreach i ndiaidh dó Serenus Zeitblom a thabhairt air féin. Ach tá Wully ina reacaire féin ar scéal Áthas agus tá cosúlachtaí idir é féin agus Zeitblom chomh

maith. Deir sé: “fuair mise an rud a shíl mé a theastaigh uaim, cleachtas beag rathúil gar don áit a rugadh agus a tógadh mé” (82). Tá sé sin inchurtha le Zeitblom nuair a deir sé, faoi féin: “Returned from this journey, the twenty-five-year-old man found a position in the high school of his native town, where he had received his own education” (15). Tá an téarma Freudach ‘comhdhlúthú’ (*condensation*) áisiúil i gcás na tagairtí liteartha seo. Is téarma é seo a bhaineann le rud éigin i mbrionglóid a sheasann do mhórán naisc, daoine agus smaointe eile. Níl léargas ar bith ó thaobh thuiscint an scéil le fáil, áfach, ach cuirtear ina luí ar an léitheoir go bhfuil. Cruthaítear an tuiscint go bhfuil béim ar eipistéimeolaíocht san úrscéal ach níl inti sin ach cur i gcéill.

Tagraítear don oscailteacht agus don éiginnteacht liteartha seo san úrscéal. Luann Áthas *Doctor Faustus* nuair atá sé ag plé “Mam agus Feiniméan na Lasairín Gáis”. Deir sé go bhfuil cosúlachtaí eatarthu sa tslí nach féidir a bheith cinnte faoi eachtraí an scéil: “Cosúil leis an scéal mór máchailleach Thomas Mann, Doktor Faustus, níl a fhios againn an raibh conradh déanta ag Leverkühn leis an diabhal nó an amhlaidh go ndeachaigh sé as a mheabhair i ndeireadh a shaoil” (68). Is pointe suimiúil é seo toisc gur féidir an rud céanna a rá faoi *An Dochtúir Áthas* féin. Ar nós *Doctor Faustus*, fágtar eilimintí tábhachtacha den scéal faoi léamh an léitheora. Ligtear don léitheoir a chuid síocanailíse féin a dhéanamh ar an Dr Áthas trí phróiseas síciatrach Freudach, ag úsáid na leideanna a thugtar dó chun fírinne éigin a chruthú. Fágtar éiginnteacht áfach maidir le cé acu a bhí an caidreamh idir Áthas agus Liam go díreach mar a bhí an caidreamh idir Freud agus Fleiss nó ar shamhlaigh Áthas gach rud. Tá éiginnteacht ann chomh maith maidir leis an reacaireacht iontaofa seo agus cé mhéad di atá cruthaithe in intinn othair shíciatraigh. Ní foláir don léitheoir cinneadh a dhéanamh i leith na héiginnteachta seo, mar sin, chun clabhsúr a chur ar an scéal.

Tá comharthaí doiléire agus cumarsáid bhriste ina dtéamaí móra in *An Dochtúir Áthas* agus feictear iad ar fud an leabhair – sna scéalta a thugann Áthas don reacaire agus in eachtraí scéal óige Áthas féin.

Oibríonn siad ar leibhéal eile den úrscéal chomh maith sa tslí seo ina bhfuil scéal an leabhair féin neamhinste nó leathinste. Ní insítear an scéal trí reacaireacht dhíreach amháin ach faightear léargas trí thagairtí liteartha atá fite fuaite sa téacs. Tugtar leideanna doiléire don léitheoir ach níl freagraí le fáil ó na leideanna seo. Tugtar le fios go bhfuil rún éigin sa leabhar agus nach foláir don léitheoir a bheith ina bhleachtaire chun an fhírinne a fháil amach ach ní chuirtear an scéal ina iomláine in iúl don léitheoir riamh agus, mar sin, níl clabhsúr ann a bheadh oiriúnach do scéal bleachtaireachta.

Ní deirtear go dtugann an reacaire faoi deara go bhfuil an nasc seo idir scéal Freud agus Fleiss agus scéal Áthas agus Liam ann. Tuigeann sé faoi dheireadh an scéil, áfach, go bhfuil teorainn lena chuid eolais agus nach féidir leis teacht ar thuiscint iomlán ar an scéal go deo.

> Bhí rudaí chomh soiléir anois, shíl mé, is a d'fhéadfaidís a bheith. Ach bíodh is gur bhraith mé, mar a bhraith mé cheana, go raibh mé ag teacht an-ghar do Freud, ba léir achar áirithe idir eisean agus mise nach bhféadfainn a thrasnú. Idir tuairimí Áthas agus an t-eolas a bhí anois agam, bhraitheas gur thuig mé céard a bhí taobh thiar den tsíocanailís. Ach, ar an ábhar sin go díreach, bhíos níos faide uaidh anois ná mar a bhí mé riamh.
>
> (169/70)

Tugann an t-úrscéal le tuiscint don léitheoir go bhfuil eolas le fáil ann más féidir leis na leideanna a chur le chéile i gceart ach sa deireadh, ní foláir dó a aithint go bhfuil teorainn lena thuiscint chomh maith. Ina aiste "An Chritic Shíocanailíseach", pléann Liam Mac Cóil an ról atá ag teoiric fhreudach agus critic shiocanailíseach i gcúrsaí liteartha agus cuireann sé ceist faoi pheirspictíocht an chriticeora:

> cé acu an bhfuil [an criticeoir] ag obair i dtraidisiún Nietzschíoch a fheiceann an saol i dtéarmaí ciútaí reitrice, i saol téacsúil nach bhfuil ann ach comharthóirí

> ag comharthú comharthóirí eile; nó i dtraidisiún Nua-Kantach a fhéachann le focail a thagairt do nithe sa saol iarbhír; nó a bhfuil sí nó sé chun bealach anróiteach éigin a ghearradh amach idir léirstiní an dá fhoirceann sin.
>
> (108)

Mealltar an léitheoir chun dul ar an mbealach Nua-Kantach seo in *An Dochtúir Áthas*. Cruthaítear creatlach d'fhaisnéis a threoraíonn é i dtreo fócais eipistéimeolaíoch. Tá teoiric ann atá bunaithe ar fhaisnéis stairiúil, de réir dealraimh, ach níl ansin sa deireadh ach hipitéis dhoiléir. Tá cruth eolaíoch curtha ar an scéal mar gheall ar na seisiúin síciteiripe ach meabhraítear don léitheoir ansin go bhfuil sé sin bunaithe ar theoiric fhabhtach Freud. Insítear an scéal trí leideanna ach níl clabhsúr ceart ann a chomhlíonfadh an cur chuige sin. Tá an scéal leathinste trí thagairtí éiginntitheacha agus tá clabhsúr an scéil ag brath ar chritic shíocanailíseach an léitheora féin. Léirítear don léitheoir, mar sin, na slite ina gcruthaíonn léitheoirí a dtuiscint féin ar an saothar nuair a chuirtear a réasún agus a samhlaíocht i bhfeidhm air. Nuair a theipeann ar an bhfráma eipistéimeolaíoch, ní fágtha don léitheoir ach bealach Nietzschíoch, na 'ciútaí reitrice' sin agus an fheasacht ointeolaíoch gurb as a leithéid a chomhdhéantar eolas agus cumarsáid an tsaoil. Tá cumarsáid bhriste ina téama mór san úrscéal ach oibríonn an téama seo ar leibhéil éagsúla – ins na scéalta agus na hamhráin féin chomh maith leis an leabhar ina iomláine. Tá cumarsáid bhriste ann nuair a theipeann ar an bhfócas eipistéimeolaíoch agus baineann impleachtaí ointeolaíocha leis sin. Is as an mbriseadh seo a dhéantar úrscéal iar-nua-aoiseach de.

9 Con Trick “An Bhalla Bháin”

Tugadh an fotheideal “bhurscéal” ar *Con Trick “An Bhalla Bháin”* le Colm Breathanach agus ag féachaint air ar dtús, is deacair an teideal ‘úrscéal’ a chur ina leith. Tá cuma bhailiúchán gearrscéalta air ach ní leabhar gearrscéalta é in aon chor. Tá ceithre shraith scéalta ann agus a stíl faoi leith ag gach sraith díobh. Níl scéal leanúnach le fáil ach i gceann amháin de na sraitheanna seo ach oibríonn na ceithre shraith seo le chéile chun dul i ngleic le téamaí áirithe. Tá íoróin ag baint le fotheideal an leabhair chomh maith toisc gurb é ceann de na téamaí atá idir chamáin ná an caidreamh idir an léitheoir agus an scríbhneoir agus cé acu den bheirt ar leis an leabhar. Baineann *CTBB* go mór le teoiric Roland Barthes “Death of the Author” – aiste as a dtagann an sliocht lena dtosaíonn an leabhar. Is úrscéal ilchasta é *CTBB* ina bhfeidhmíonn na sraitheanna scéalta le chéile agus déantar pearsantú meitificseanúil ar an údar agus ar an léitheoir. Cé go bhfuil cuma achrannach ar na sraitheanna scéalta seo, feictear go bhfeidhmíonn siad le chéile chun téama áirithe a chur chun cinn – téama an dúchais agus an tionchar atá ag rudaí coimhthíocha air. Tá baint sa leabhar seo idir teoiric Barthes, na sraitheanna scéalta, na carachtair i sraith scéalta amháin agus pearsantú meitificseanúil an údair agus an léitheora. Is é a chruthaítear in *CTBB* mar sin ná dráma iar-nua-aoiseach atá bunaithe ar theoiric iarstruchtúraíoch.

Mar bhonn teoiriciúil, mar sin, tá teoiric Barthes fite fuaite san úrscéal agus sa chaibidil seo. Tá dearcadh liteartha Fernando Pessoa dofhuascailte ón leabhar chomh maith áfach. Leis sin, tá coincheap na hidirthéacsúlachta an-tábhachtach sa chaibidil seo. Scriosann an t-úrscéal cealú an díchreidimh agus tá cur chuige meitificseanúil ar fud an téacs mar sin. Léirítear toisí ointeolaíocha an údair, an léitheora agus an téacs mar sin, agus pléitear é anseo i gcomhthéacs an bhoinn theoiriciúil seo.

Tá dhá fhoinse ann do theideal an leabhair – *Kinderszenen* Robert Schumann agus *Cantaic an Bhalbháin*, an chéad leabhar filíochta de

chuid Choilm Bhreathnaigh féin. Pléann *Kinderszenen* an cheist seo faoi "Death of the Author" agus an coibhneas idir an t-údar agus an léitheoir. Feictear na meafair chéanna sin den bhalla bán le haghaidh leathanach leabhair agus den bhalbhán le haghaidh an léitheora: "Am éigin b'fhéidir, éireoidh linn an balla a bhriseadh – balla bán an bhalbháin" (*Kinderszenen*:59). Cé go bhfuil níos mó sa treis in *Kinderszenen* ná ráiteas ar "Death of the Author" amháin, glactar go coitianta leis mar thrácht air. In *CTBB*, tógtar na meafair seo agus úsáidtear iad sna slite céanna.

Foilsíodh *Cantaic an Bhalbháin* i 1991, ocht mbliana déag roimh *CTBB*, agus ar chlúdach an leabhair, tá pictiúr de bhuachaill óg ag féachaint amach trí fhuinneog i mballa bán. Sa tarna dán "Crosaire", tá tagairt ann do bhóthar roimh dhaoine:

> Bhí an bóthar díreach
> sínte rompu amach
> mar a bheadh lá samhraidh ann.
> Ceann cúrsa os a gcomhair
> chomh léir le gloine bhainne, cairéad nite.
> Tite ar a dtóin dóibh ag an gcrosaire
> ropaire gaoithe tháinig dá mealladh
> duine acu soir agus duine siar.

Tá sé seo an-chosúil leis an tarna chaibidil in *CTBB* a thosaíonn le: "Is cosúil go bhfuil an bóthar atá romham anois, is é sin an bóthar atá le gabháil agam, an dtuigeann tú, is cosúil go bhfuil sé díreach" (CTBB:17). Léirítear anseo go bhféachann an t-úrscéal i dtreo a thoisí idirthéacsúla lena thagairt don Phiarsach chomh maith le filíocht Choilm Bhreathnaigh féin. Is féidir a rá go bhfuil an balbhán in *CTBB* le haithint ón 'ropaire gaoithe' seo chomh maith agus a shúile "ag luascadh soir siar go mall" (23).

Sa dán "Bean" feictear cosúlachtaí le tús "Death of the Author". Cuirtear i gcomharthaí athfhriotail: "Is í seo an ní is bean ann" (39) agus ansin leanann an dán ar aghaidh le tréithe banúlachta. Tá sé sin inchurtha le Barthes nuair a thosaíonn sé "Death of the Author" le

sliocht as *Sarrasine* le Balzac: “This was Woman herself” (142) agus liosta tréithe banúlachta eile á leanúint.

Sa dán “Cbl.29 An Dréacht Déanach” feictear cosúlachtaí leis an gcaibidil dheireanach de *CTBB*. Sa dán, deirtear: ‘“Cailleadh scríbhneoir clúiteach/ Herr Buchmeister...’/ Is fágadh sinne / na príomhcharachtair aige / lasmuigh d’óstán cairtchláir / gan deireadh le haghaidh ár scéilne” agus “Shiúlamar caol díreach / amach as caibidil a fiche naoi, / an dréacht déanach, / gan chasadh, gan sméideadh” (51/52). Is é an rud is “Buchmeister” ann ná máistir leabhair – nó údar. Is díol suime é go bhfuil naoi gcaibidil is fiche in *CTBB* agus go dtosaíonn an chaibidil dheireanach le sliocht a mholann Long John Silver toisc gur éalaigh sé amach as *Treasure Island* le Robert Louis Stevenson – (agus a mholann don léitheoir *CTBB* an rud céanna a dhéanamh). Chomh maith leis sin, nuair a smeachann Dinny (atá mar ionadaí an léitheora) a mhéara agus imíonn sé as radharc in *CTBB*, samhlaíonn Aodh go bhfuil na foirgnimh go léir ina thimpeall déanta de chairtchlár (43).

Úsáidtear an téarma “cantaic an bhalbháin” sa dán “Macha” i slí nach gcuireann ceist seo an léitheora in iúl ach tá sé an-suimiúil fós go bhfuil an oiread sin cosúlachtaí idir an dá leabhar – a chéad leabhar filíochta agus a chéad leabhar próis – go háirithe nuair a smaoinítear go raibh ocht mbliana déag eatarthu. Is léiriú é go mbaineann na ceisteanna in *CTBB* le rudaí a bhí in intinn, agus i saothar, an scríbhneora le fada.

Tá tagairt liteartha eile in *CTBB* atá ríthábhachtach don úrscéal ar fad. Ag tús na chéad chaibidle den tsraith ina bhfuil scéal leanúnach le fáil, an tarna caibidil den leabhar, tá sliocht ann as *Livro do Desassossego* (*The Book of Disquiet)* leis an bhfile agus scríbhneoir Portaingéalach, Fernando Pessoa. Is saghas noid é seo don léitheoir faoin rud atá ar bun sa leabhar. Scríbhneoir ab ea Pessoa a d’úsáid a lán *hetronym,* teideal a chum sé féin, ina chuid scríbhneoireachta. Is ainm bréige é seo ach tá i bhfad níos mó i gceist ná teideal nó athrú simplí ainm. Chruthaigh Pessoa carachtair – níos mó ná céad díobh – agus scríobh sé saothair éagsúla i riocht na gcarachtar seo. Mar sin, ní

léiríonn a shaothar aontacht nó deimhneacht fiú maidir lena fhéiniúlacht féin mar scríbhneoir. Tugann an t-iolrachas seo aird ar nádúr cruthaithe na féiniúlachta agus ar mheitireacaireacht na dtéacsanna féin. Is scríbhneoir iar-nua-aoiseach é, mar sin, agus léiriú maith ar an rud a bhí i gceist ag Máirtín Ó Cadhain nuair a dúirt sé: "Ní staid sheasta mar sin atá inniu ann, staid a bhféadfadh an scríbhneoir glacadh léi nó cur ina haghaidh. Is gotha sealadach atá ar chuile shórt fiú marthainn an duine féin" (*PBPB* 23).

I gcás *CTBB*, tá an tagairt seo do Fernando Pessoa ina nod gurb é an rud atá sa treis leis na ceithre shraith de chaibidlí éagsúla, ná gur *hetronym* difriúil a scríobhann gach ceann acu agus úsáidtear iad chun téamaí áirithe a phlé. Níos mó ná sin, úsáidtear trí cinn de na *hetronym* seo mar charachtair sa tsraith sin ina bhfuil scéal leanúnach ar fáil. Díríonn na *hetronym* seo aird ar na meitireacaireachtaí atá taobh thiar dá stíleanna reacaireachta féin. Is é an rud is *hetronym* ann anseo, mar sin, ná an carachtar agus an mheitireacaireacht trína labhraíonn sé/sí. Cruthaítear saghas dráma sa téacs mar sin ina bhfuil ról ag meitireacaireachtaí na sraitheanna scéalta féin.

Luaitear Fernando Pessoa agus Roland Barthes le chéile go minic ach tá difríochtaí eatarthu. De réir "Death of the Author", tá féiniúlacht an údair caillte sa spás iltoiseach atá sa teanga. Ní féidir leis an údar aon rud bunúsach a chruthú toisc go bhfuil sé ag obair le hamhábhar atá ann cheana féin: "the writer can only imitate a gesture that is always anterior, never original" (1977:146). Dúirt Pessoa in *The Book of Disquiet*: "What can one recount that is interesting or useful? All that has happened to us, either has happened to everybody else, or to us alone; in the former case, it is not new, and, in the latter, it is incomprehensible. If I write about what I feel, it is because in doing so I diminish the fever of feeling" (5). Sa tslí seo, ghlac Pessoa leis go raibh sé dodhéanta aon bhunúsachas a chruthú ach níor shéan sé gur foinse den saothar é an t-údar. Léiríonn sé seo difríocht chaolchúiseach idir teoiric Barthes agus an stíl scríbhneoireachta Pessoa.

Cuirtear i gcoinne "Death of the Author" go mór ag deireadh *CTBB* agus is fíor go bhfuil fadhbanna móra ag baint leis mar theoiric. Foilsíodh é ("La Mort de l'Auteur") don chéad uair i 1968. Bliain thábhachtach ab ea é don Fhrainc toisc go raibh a lán stailceanna agus léirsithe poiblí ar siúl. Bhain na hagóideoirí seo leis an eite chlé agus is féidir a rá gur tháinig aiste Barthes faoi anáil na n-eachtraí seo. Tá dhá thaobh ar an teoiric seo – taobh liteartha agus taobh socheolaíoch. Oibríonn an taobh socheolaíoch de mar agóid i gcoinne chultas an údair – córas caipitlíoch ina raibh comhlachtaí foilseacháin ag cruthú íomhá áibhéalta den údar chun leabhair a dhíol. Chun troid i gcoinne na híomhá seo, chruthaigh Barthes íomhá eile a bhí chomh háibhéalach léi – íomhá an léitheora. Is aiste mheafarach agus fháthchiallach í agus tagann cuid mhaith dá cur chuige ón teannas a bhí ar shráideanna na Fraince ag an am.

Ach leis sin, tá a lán céille ag baint leis chomh maith. Ní gá dúinn beathaisnéis an údair a chomhshnaidhmeadh go hiomlán lena shaothar. Ní hann do bhunúlacht absalóideach i saol na healaíne. Ní féidir le haon scríbhneoir ach na hiarsmaí a tugadh dó a athchóiriú i slite nua. Is é an rud a rinne Barthes áfach ná gur thóg sé an chruthaitheacht fiú atá san athchóiriú sin ón údar agus thug sé don léitheoir í ina hiomláine. Ach ní hamháin sin, chruthaigh sé íomhá fháthchiallach den léitheoir agus de theanga idirthéacsúil a bhí chomh habsalóideach le haon rud a chruthaigh na comhlachtaí foilseacháin i leith an údair. Mar a deir sé: "The reader is the space on which all the quotations that make up a writing are inscribed without any of them being lost" (1977:148).

Cruthaítear *CTBB* mar sin leis an gcreatlach theoiriciúil seo de *hetronym* Pessoa agus "Death of the Author" Barthes. Úsáidtear an t-iolrachas reacaireachta chun aird a thabhairt ar staid ointeolaíoch an údair, an léitheora agus an fhicsin féin. Baineann an staid sin le teoiric Barthes agus pléitear í sa tranglam de reacaireacht atá le fáil sna sraitheanna scéalta den leabhar.

Is iad na ceithre shraith scéalta atá in *CTBB* mar sin ná: Scéalta Scéalaí, Seanchas Dinny, na Móimintí agus Caibidlí Ainmnithe. Tá a

stíl faoi leith ag gach ceann de na sraitheanna seo, na Caibidlí Ainmnithe fiú nach bhfuil teideal faoi leith acu. Baineann na Scéalta Scéalaí le coimhlint idir "ár laoch" agus "an namhaid" agus is léiriú meafarach é seo ar choimhlint idir an t-údar agus an léitheoir. Feictear nasc mar sin le teoiric Barthes. Is féidir a rá gur chruthaigh Barthes meafair de pheirspictíochtaí idé-eolaíocha i leith scríbhneoireachta sa teoiric seo maidir lena phearsantú ar an údar agus ar an léitheoir. Tógann *CTBB* an pearsantú meafarach seo agus cruthaíonn sé dráma iar-nua-aoiseach den choimhlint shamhlaíoch idir an dá phearsantú seo. Ach ní hé sin atá i gceist in "Death of the Author" féin áfach, ach tráchtas ar bhunúlacht agus bhailíocht an údair mar phríomhfhoinse an téacs i gcomhthéacs fharraige fhairsing idirthéacsúil na teanga. Sa dráma iar-nua-aoiseach is *CTBB* ann, áfach, tugtar coimhlint mheafarach dúinn ina samhlaítear an léitheoir mar ionadaí den teoiric seo.

Tá a lán noda teangeolaíocha sa leabhar a léiríonn conas a bhaineann na carachtair sna Scéalta Scéalaí leis na *hetronym* seo a scríobhann na sraitheanna scéalta éagsúla. Sa chaibidil dheireanach, leagtar iad go léir amach nuair atá an choimhlint críochnaithe agus glactar leo mar fhoirmeacha an údair. Tugtar na teidil Údar Á,B,C agus D orthu ansin. Tríd an leabhar, áfach, tá cur i gcéill áirithe ar siúl ina bhfuil beirt charachtar de na Scéalta Scéalaí (Leia Hoare agus Dinny) mar ionadaithe an léitheora agus carachtar amháin (Aodh de Ráth) mar ionadaí an scríbhneora. Is féidir féachaint ar na *hetronym* mar seo a leanas: Is é Aodh de Ráth (Údar Á) an *hetronym* a scríobhann na Caibidlí Ainmnithe; Is í an carachtar Leia Hoare (Údar B) an *hetronym* a scríobhann na Móimintí; is é Colm Breathnach (Údar C), nó foirm ficseanúil de, atá sa *hetronym* a scríobhann na Scéalta Scéalaí agus is é an carachtar Dinny (Údar D) an *hetronym* a scríobh an tsraith dar teideal Seanchas Dinny.

Feictear ionsaí ar an teoiric "Death of the Author" ag deireadh *CTBB* ach cuirtear dallamullóg ar an léitheoir ar fud an leabhair gurb é sin atá ar siúl. Tá noda ann áfach a léiríonn a cheann scríbe. Déanann *CTBB* rud nach ndéanann a lán leabhar eile. Bíonn iarracht

ar an léitheoir a mhealladh i slí éigin i mórán saothair ficsin chun go mbraithfeadh sé ionannas éigin le carachtar nó le rud éigin sa scéal. In *CTBB*, faigheann an léitheoir amach ag an deireadh go bhfuil bob buailte air agus nach raibh sna *hetronym* sin, a bhí mar fhoirmeacha an namhad, ach dallamullóg. Leaganacha den údar a bhí iontu go léir agus ba *tú féin*, an léitheoir, an namhaid an t-am go léir. Tá an chaibidil dheireanach den leabhar lán le huafás, go háirithe sa tslí go bhfuil an foréigean uafásach ann dírithe ar an léitheoir féin.

Tá impleachtaí ointeolaíocha móra ag baint leis an gcur chuige liteartha a úsáidtear san úrscéal seo. Tugtar aird ar an bpróiseas léitheoireachta agus nádúr cruthaithe an tsaothair liteartha nuair a tharraingítear an léitheoir féin – nó foirm fhicseanúil de – isteach sa téacs. Tá sé seo cosúil leis sin a fheictear in *Kinderszenen* ach tá sé i bhfad níos drámata anseo toisc go bhfuil léiriú iarbhír ar an léitheoir sa téacs. Níos mó ná sin, cáintear an léitheoir mar gheall ar a chuid tuairimí i leith theoiric iarstruchtúraíoch – má ghlactar leis go mbeadh léitheoir leabhair iar-nua-aoisigh báúil le "Death of the Author". Mar sin, tá tuairimí an léitheora páirteach sa dráma meitificseanúil seo. Tá impleachtaí móra ag baint le húsáid na *hetronym* chomh maith. Ba scríbhneoir iar-nua-aoiseach é Fernando Pessoa agus díríonn a chur chuige liteartha seo aird ar staid ointeolaíoch an reacaire agus a baint le staid ointeolaíoch an údair.

Úsáidtear an cur chuige seo in *CTBB* i slite atá an-suimiúil. Feictear na *hetronym* mar charachtair i sraith scéalta amháin den leabhar – na Scéalta Scéalaí. Ach níl sa léiriú drámata seo ach cuid amháin de chur i láthair na *hetronym*. Cruthaítear na *hetronym* seo, agus tugtar an chuid is mó den eolas ina leith, trí mheitireacaireacht a sraitheanna scéalta féin. Is léiriú iad ar chineál meitireacaireachta áirithe – an guth léannta, mar shampla, i leith Leia Hoare. Úsáidtear na meitireacaireachtaí mar charachtair sa dráma iar-nua-aoiseach seo. Éiríonn sé níos casta, áfach, nuair a fheictear nach bhfuil aon mheitireacaireacht amháin sa tsraith 'Scéalta Scéalaí' – arb é *hetronym* Choilm Bhreathnaigh féin a scríobh. Athraítear í de réir mar atá sé ag insint scéal Aodha nó ag labhairt go díreach leis an léitheoir

– agus athraítear í fiú i gcomhthéacs na dtrí chaibidil mheitificseanúla seo.

Is léiriú é, mar sin, ar staid ointeolaíoch an reacaire mar rud atá cruthaithe de réir próisis liteartha. Cruthaítear in *CTBB*, dráma a úsáideann leaganacha difriúla den staid ointeolaíoch seo, agus na meitireacaireachtaí a bhaineann leo, mar charachtair. Sa deireadh, tarraingítear staid ointeolaíoch an léitheora féin isteach sa dráma. De réir scéal an dráma, cáintear an léitheoir mar gheall ar an gcoimhlint theoiriciúil fhicseanúil seo idir é féin agus an t-údar. Ach níl sa cháineadh seo ach casadh sa scéal. Bunaítear an dráma ar na meafair seo den údar agus den léitheoir i dteoiric fháthchiallach Barthes. Ba dheacair áfach, an t-úrscéal iar-nua-aoiseach seo a fheiceáil ach amháin mar aighneas i gcoinne na teoirice seo. Tá a lán fadhbanna ag baint léi mar theoiric agus is féidir a chreidiúint go bhfuil cáineadh na teoirice seo san úrscéal bunaithe ar thuairimí Choilm Bhreathanaigh féin ina leith. Ach léiríonn *CTBB* an-tuiscint ar thoisí ointeolaíocha an tsaothair liteartha agus is deacair an t-úrscéal a fheiceáil mar dhiúltú den teoiric seo ina hiomláine. Le fírinne, ní phléitear an teoiric sa leabhar ar chor ar bith ach úsáidtear na heilimintí fáthchiallacha inti chun dráma a chruthú ina bpléitear toisí ointeolaíocha an tsaothair próis.

Ní foláir mar sin, na *hetronym* seo agus na meitireacaireachtaí a bhaineann leo a thuiscint go cruinn ar dtús. Is é Údar C, an *hetronym* a bhain le Colm Breathnach féin, an *hetronym* is ilchasta sa téacs agus b'fhearr tosú leis anseo. D'úsáid Fernando Pessoa *hetronym*, chomh maith, a bhí mar fhoirmeacha ficseanúla dá phearsa féin agus baistithe air féin. Déanann Colm Breathnach an rud céanna sna Scéalta Scéalaí in *CTBB* agus cé nach n-úsáidtear a ainm riamh iontu, is é Colm Breathnach, an *hetronym*, a scríobhann iad. In "Scéal Scéalaí – An Chaibidil Láir", deir an reacaire: "Fear is ea m'athairse agamsa ná fuaireas riamh deis suí síos ina theannta i dtábhairne chun go n-ólfaimis piont i bhfochair a chéile. Is é mo chreach, a deirim, i ndán liom, nach rabhas sna fearaibh sarar cailleadh m'athair" (77). Is tagairt é seo don dán "Oíche Mhaith, a Bhastaird" sa leabhar *An Fear*

Marbh le Colm Breathnach féin: “Is é mo lom / ná rabhas fásta suas in am, / sara bhfuairis bás, / le go mbeinn i láthair / ag oíche a reáchtáilis / os cionn shiopa Sheáinín / ar an mBuailtín”.

Tá na Scéalta Scéalaí roinnte idir an scéal leanúnach faoin scríbhneoir Aodh de Ráth, gearrtháin as nuachtáin a bhaineann leis an scéal seo agus trí chaibidil ina bhfuil reacaire ag labhairt go díreach leis an léitheoir – lasmuigh den scéal. Murab ionann is na sraitheanna caibidlí eile, tá an deighilt seo le fáil, i gcomhthéacs na reacaireachta, leis an tsraith seo. Is féidir é seo a fheiceáil mar shaghas paistíse agus iarracht fhéin-chomhfhiosach ar stíl iar-nua-aoiseach a chur le chéile. Maidir leis na caibidlí atá déanta de ghearrtháin nuachtán nó tuairisc raidió, is féidir iad seo a fheiceáil mar thréith de chuid Fernando Pessoa chomh maith. Scríobhadh seisean nuachtáin bréige dó féin, go háirithe ina óige. Chomh maith leis sin, scríobhann Aodh gearrthán nuachtáin bréige chun Dinny, carachtar (agus *hetronym*) eile a mharú.

I gcomhthéacs na dtrí chaibidil úd de na Scéalta Scéalaí ina bhfuil reacaire chéad phearsa ag labhairt go díreach leis an léitheoir, feicimid gurb iad “Caibidil a hAon”, “An Chaibidil Láir” agus “An Chaibidil Dheireanach” na háiteanna ina ndéantar é seo. Léiríonn na trí chaibidil seo peirspictíocht thábhachtach sa leabhar ar theoiric Barthes. Ach más é Colm Breathnach féin atá mar reacaire sna caibidlí seo, ní foláir an deighilt a aithint idir an t-údar féin agus a *hetronym*, an fhoirm fhicseanúil de. Is deacair glacadh leis go bhfuil guth an údair le fáil sa leabhar ar chor ar bith, fiú sa “Chaibidil Láir” ina bhfuil a lán cosúlachtaí idir an reacaire agus Colm Breathnach féin. I dtéacs mar seo ina bhfuil guthanna difriúla ar fud an leabhair agus ina dtugtar aird d’Fhernando Pessoa agus dá *hetronym*, cuirtear iallach orainn an rud is ‘guth an údair’ ann a cheistiú. Mar a fheictear i saothar Pessoa, scriostar deimhneacht i leith féiniúlachta uathúla – féiniúlacht an údair san áireamh. Is íorónta é go ndéantar é seo in úrscéal atá, de réir dealraimh, i mbun cáinte ar theoiric Barthes mar gheall ar a scriosadh féin ar íomhá absalóideach an údair.

Tá noda le fáil in *CTBB* go bhfuil teachtaireacht an leabhair glan i gcoinne theoiric Barthes. Feictear é seo sa chéad chaibidil de na

Scéalta Scéalaí. Tá sliocht réamhrá ag tús na gcaibidlí seo go léir agus sa chaibidil seo, deirtear gurb é an chéad uair ina gcastar "ár laoch" agus "an namhaid" ar a chéile. Feictear cur síos ar "an namhaid" ag deireadh na caibidle seo i bhfoirm an bhalbháin: "Níor fhan a shúile socair ina chloigeann, an dtuigeann tú, ach níor bhain sé a shúile díom ach an oiread. Is é an rud a bhí ann ná go raibh na súile ag luascadh soir siar go mall ar shlí a bhí chomh hait lena bhfaca riamh. Thosnaídís ag pointe thart ar mo ghualainn dheas agus bhogaidís go mall i dtreo mo ghuailne clé agus d'fhillidís ar ais de thapaigean chuig an ngualainn dheas an athuair agus thosnaídís ag bogadh ar chlé ansan arís." (23). Is í seo gluaiseacht shúile an léitheora agus léiríonn sí i dtús báire, go bhfuil an choimhlint sa leabhar seo idir an t-údar agus an léitheoir. Feictear gurb é an t-aon bhalbháin anseo a úsáidtear in *Kinderszenen* chun an léitheoir a léiriú. Nuair a deirtear: "cén duine is fearr lena scaoilfeá do rún ná le balbhán" (*CTBB*:22), cuimhnítear ar iarscríbhinn *Kinderszenen*: "Für den, der heimlich lauschet" (don té a éisteann fé rún) – de réir Friedrich Schlegel.

Tá cuma ar an gcaibidil láir de na scéalta scéalaí gur saghas nóta dialainne í de chuid an údair. Tá an reacaire ag iarraidh cur ina luí ar an léitheoir gurb é sin atá i gceist: "sliocht sosa is ea an sliocht seo. Ní gátar dom aon ní a áiteamh ná a chur abhaile ar éinne inniu" agus "cuma nó blúire as dialann an méid seo" (79). Tagann an chaibidil seo go díreach i ndiaidh don chaibidil ina maraítear Aodh (pearsantú an údair) agus tá an léitheoir le tuiscint ón gcaibidil seo go bhfuil an t-údar i ndiaidh teacht amach as an bhficsean chun labhairt leis go díreach. Is caibidil thábhachtach é toisc go leagtar amach ann go soiléir tuairimí áirithe atá lárnach don leabhar go léir. Deirtear: "Áit fhírinneach is ea é seo agus ní áit shamhalta í. Ní log aon scéil é ná ní aon ní mar sin é gur ghá dom cur síos mion a dhéanamh air d'fhonn is go gcreidfí ann" (79). Is file é reacaire na caibidle seo atá i lóiste scríbhneoireachta in áit éigin thar lear agus is anseo atá tagairt d'athair an fhile atá ina athrá ón dán "Oíche Mhaith, A Bhastaird". Is féidir, mar sin, an reacaire seo a aithint mar an t-údar, Colm Breathnach.

Tá stíleanna difriúla reacaireachta idir na trí chaibidil de na Scéalta Scéalaí a bhfuil caint dhíreach iontu – tús, lár agus deireadh – ach tá an ceann seo níos nádúrtha ná an dá cheann eile. Baineann an chaibidil le réaltacht an údair agus réaltacht an léitheora i gcomhthéacs an leabhair: "is cuid don saol fisiciúil timpeall orainn go léir is ea an leabhar seo anois freisin. Deirim anois ach tá dhá bhrí leis an bhfocal sin 'anois' anois" (80). Is é seo le rá go bhfuil "anois" an údair i mbun scríbhneoireachta agus "anois" an léitheora i mbun léitheoireachta difriúil lena chéile. Seo é an t-aon scoilt ama idir scríbhneoireacht agus léamh a fheictear in *Kinderszenen*: "Tá mise anseo ar saoire faoin tuath, ag scríobh. Níl tusa anseo. Tá tusa anseo, ag léamh. Tá mise in áit éigin eile ar fad" (82).

Féachann an chaibidil seo le teachtaireacht éigin a léiriú i leith cúrsaí liteartha. Tá cur síos ann ar na manaigh sa tseanré agus ar an tslí inar tháinig a bhféith dhúchasach chun cinn ina n-ealaín in ainneoin go raibh siad faoi anáil na Laidine. Áitítear go scríobhann daoine in Éirinn faoi láthair "chun sinn fhéin a chruthú chomh maith, mar is áin linn a bheith...Is é sin, go scríobhaimid chun go dtiocfadh dúchas as dúch arís mar a tharla cheana le linn fhorás na scríbhneoireachta ar an modh Laidineach ar an oileán seo in anallód" (82). Is pointe suimiúil é seo i leith theoiric Barthes agus a baint leis an leabhar seo. Glactar leis gur rud cruthaithe é féiniúlacht an údair agus go gcruthaítear í as na giotaí liteartha agus teanga inár dtimpeall – nó dúchas. Níl an coincheap seo den dúchas i bhfad ó choincheap na hidirthéacúlachta mar a fhaightear é sa teoiric iarstruchtúraíoch. Sa dá chás, cruthaítear saothar liteartha as taithí theangeolaíoch an údair.

Sa chaibidil seo, deirtear: "scríobhaimid . . . lenár réasúnú buile féin a bhualadh anuas an athuair ar an réasúnú iasachta buile atá á bhualadh anuas orainne" (82). I gcomhthéacs an leabhair ar fad, is féidir "réasúnú iasachta buile" a léamh mar thagairt do "Death of the Author" Barthes. Ach ní féidir a rá go bhfuil an chaibidil nó an leabhar seo i gcoinne teoirice iarstruchtúraíche go ginearálta. Nuair a deirtear: "lenár réasúnú buile féin" agus "Ár n-éitheach mór glórmhar féin a chur in áit na bréige isteach" (82), is léir go nglactar leis nach

bhfuil brí absalóideach le fáil sa dúchas ach oiread. Ionsaítear "Death of the Author" go mór sa 'scéal' atá in *CTBB* ach ní mór a chuimhneamh gur leabhar iar-nua-aoiseach é a théann i ngleic le ceisteanna ointeolaíocha casta maidir le staid an údair, an léitheora agus an fhicsin féin. Pléitear san úrscéal seo, slite chun deighleáil le teoiricí liteartha nua agus ár gcur chuige dúchasach a choimeád ag an am céanna.

Feictear é seo ina mheafar faoin damhán alla: "An damhán alla go ndéanfadh an ghaoth láidir an gréasán aige ar thor a réabadh, scaoileann sé téad as a bholg go mbéarfadh an ghaoth léi í agus seoltar an damhán alla ar aghaidh ar an tslí sin ag marcaíocht ar an dtéad do go ball níos fothainiúla b'fhéidir mar a sníomhann sé gréasán nua do féin de réir a dhúchais" (83). Féachann *CTBB* leis an gcaidreamh idir teoiricí nua-aimseartha allúracha agus scéalaíocht dhúchasach na hÉireann a iniúchadh. Baineann sé sin go mór leis na *hetronym* eile chomh maith de bharr go bhfuil a slí féin acu go léir chun deighleáil leis.

Feictear meafar eile sa chaibidil seo ina léirítear pointe tábhachtach faoi theoiric Barthes. Tá loch in aice leis an reacaire sa chaibidil seo agus é ag scríobh agus féachann sé air, agus ar na slite a mbaineann daoine éagsúla úsáid as, mar mheafar do chineálacha léitheoireachta difriúla. Is féidir é seo a fheiceáil mar thagairt do, agus mar cháineadh ar, "Death of the Author" sa tslí nach raibh ach aon léitheoir uilethuisceanach amháin in aigne Barthes: "the reader is without history, biography, psychology; he is simply that *someone* who holds together in a single field all the traces by which the written text is constituted" (1977:148).

Sna Scéalta Scéalaí eile, iad seo a oibríonn mar scéal leanúnach, feictear coimhlint idir Aodh de Ráth agus an bheirt naimhde, nó léitheoirí, atá ag iarraidh é a mharú. Castar Aodh agus Dinny ar a chéile ar an traein nuair a thosaíonn Aodh ag léamh na scéalta atá ar scáileán ríomhaire Dinny. Fear óg agus cuma mic léinn air is ea Dinny anseo ach níl aon eolas cé atá ann go dtí go ndeirtear i gceann de na scéalta seo: "Dinny, a bhuachaill, arsa mise liom féin" (34). Is

iad na scéalta céanna ar a ríomhaire seo, áfach, agus atá sna Caibidlí Ainmnithe – scéalta a dtagraítear dóibh sna Scéalta Scéalaí níos déanaí mar shaothar de chuid Aodha. Is leagan ficseanúil é seo den rud atá i gceist le "Death of the Author" – go n-athscríobhann an léitheoir saothar an údair. Déanann an fhoirm bhaineann den léitheoir, Leia Hoare, iarracht ar Aodh a chur chun báis chomh maith ach teipeann uirthi. Níos déanaí in "Caibidil Eile", labhraíonn Leia faoi chumhacht an údair agus faoin tslí ina bhfuil sé dodhéanta é a scriosadh: "An corp a fháil le gur féidir é a dhioscadh. É a bhaint as a chéile. A ghearradh suas ina ghiotaí beaga gur féidir iad a mheas ina gceann is ina gceann. Ach ní chuirfidh sé sin aon mhíniú ar fáil. Mar ná fuil aon mhíniú ann" (121).

Is féidir an "bhaint as a chéile" seo a léamh mar thagairt do léirmheas ach feictear go bhfuil cur chuige nihilíoch ann chomh maith maidir le "ná fuil aon mhíniú ann". Ní léiríonn an abairt seo dearcadh a bheadh i gcoinne "Death of the Author". Ní féidir taobhú leis an dearcadh traidisiúnta den údar – é sin a bhfuil Barthes ina choinne – muna bhfuil aon mhíniú ann i leith an údair i dtosach báire. Léiríonn sé seo nach coimhlint shimplí í atá faoi chaibidil anseo idir dhá pheirspictíocht dhaingne maidir le bailíocht iarstruchtúrachais.

Feictear meitireacaireacht atá an-difriúil i gcás an *hetronym* Údar D, nó Dinny. Is é an stíl is mó ab fhéidir a chur i leith na sraithe scéalta sin ar a dtugtar Seanchas Dinny, ná dinnseanchas – ceann amháin den iliomad imeartas focail atá sa leabhar. Is féidir an *hetronym* seo a fheiceáil mar léiriú ar thraidisiún scéalaíochta atá ag iarraidh a fhód a sheasamh sa saol nua-aimseartha agus feictear meitireacaireacht an scéalaí agus an tseanchaí ann. Cé go bhfuil cuma an bhéaloidis orthu, tá ceann amháin díobh atá ina scéal fhicsean eolaíochta. Tá líon na scéalta sa tsraith seo i bhfad níos lú, is é sin ceithre cinn, ná a bhfuil sna sraitheanna eile. Tá teidil orthu le huimhreacha rómhánacha I, IIX, XI agus XVII agus mar sin, samhlaítear don léitheoir go bhfuil cuid mhaith acu in easnamh agus in earráid. Níl ach leathleathanach ann sa cheann deireanach agus is scéal áiféiseach é le cuma seanchas bhréige air.

Tá cur síos ar an gcarachtar Dinny seo sna Scéalta Scéalaí, nuair atá sé ar an traein, mar mhac léinn óg le géineanna agus geansaí. Tá gotha sotalach air ag deireadh na caibidle nuair a deir sé le hAodh: "ní gá dom ach mo mhéireanta a smeachadh agus beidh deireadh leat arís" (42) Tagraíonn sé seo do "Death of the Author" mar go seasann Dinny an *hetronym* seo d'fhoirm an léitheora, mar dhea. I gcaibidil eile, tá Aodh ag labhairt faoi mar charachtar dá chuid féin agus déanann sé iarracht ar é a chur chun báis le sliocht de ghearrthán nuachtáin a chumann sé ina bhfuil tuairisc a bháis. Tugann sé Dinny Mac Seanchasáin nó Dinny de Lorean air anseo agus labhraíonn sé faoi mar bhéaloideasaí agus dinnseanchaí. Is duine é atá saghas áiféiseach sa sliocht seo agus deirtear go bhfuil "daoine ann fós a mheasann gur ag deighleáil le finscéalta a bhí sé" (62).

Feictear cur síos sa tsraith scéalta seo ar shanasaíocht logainmneacha agus ar bhéaloideas. Cruthaítear frásaí agus logainmneacha greannmhara de réir eachtraí na scéalta áfach agus feictear é seo chomh maith nuair a dhéanann Aodh iarracht ar é a chur chun báis le sliocht as nuachtán bréige ina ndeirtear gur duine é a bhíodh ag cumadh leaganacha Gaeilge do logainmneacha i gCeanada. Tá cuma béaloidis bhréagaigh ar na sleachta seo mar sin. Nuair a fhéachtar air seo i gcomhthéacs ina ndeirtear faoi scríbhneoirí sa chaibidil láir de na Scéalta Scéalaí: "chun sinn fhéin a chruthú ... mar is áin linn a bheith" (82) feictear go gcuireann sé leis an díospóireacht ar dhúchas agus tionchar ón iasacht atá lárnach sa leabhar seo. Is é sin, má chruthaíonn scríbhneoir téacs de réir a dhúchais, fágtar faoin scríbhneoir fós é a rá cad is dúchas ann. Leis sin, léirítear go mbraitheann gach scéal ar a chomhthéacs. I ndeireadh an lae, ní hann don seanchas *mar sheanchas* ach mar scéalta. Lasmuigh dá chomhthéacs nádúrtha áfach, déantar téacs féin-chomhfhiosach de sheanchas agus is ceist iar-nua-aoiseach í an féin-chomhfhios seo.

Tá cuma níos sofaisticiúla ar an tsraith scéalta úd ina bhfuil an focal "móimint" sa teideal acu. Is í an *hetronym* a scríobh an tsraith seo ná Leia Hoare (léitheoir), nó Údar B. Deirtear fúithi mar charachtar sna Scéalta Scéalaí gur "leabharbhách" agus

"leabharghealt" í (55). Úsáidtear teanga sa tsraith caibidlí seo atá níos achrannaí ná Seanchas Dinny. In áiteanna téann an reacaireacht thar fóir leis seo – mar a fheictear in "Móimint i bPáirc an Fhionnuisce 1757" ina bhfuil abairt le cúig líne dhéag ann (27). Baineann na scéalta le hiliomad ábhar difriúla agus tá meitireacaireacht léannta taobh thiar díobh, fiú muna bhfuil ábhar léannta á phlé iontu. Má fhéachtar ar an tsraith seo i gcomhthéacs an *hetronym* a scríobhann é, is léir go bhfuil suim aici i gcúrsaí éagsúla. Tá caibidlí ann a bhaineann le ceol, le litríocht agus le stair; tá scéalta fantaisíochta agus grá ann ach, chomh maith leis sin, tá foclóir magúil agus scéal grinn faoi chlár teilifíse. Is é an rud is sainiúla a bhaineann leis an tsraith seo scéalta ná go bhfuil peirspictíocht léannta ag baint leo go léir. Tá stíl reacaireachta i gcuid mhaith acu a fhéachann le coincheapa intleachtacha a chur chun tosaigh in ionad na n-eachtraí féin.

Feictear seo in "Móimint i bPáirc an Fhionnuisce 1757" nuair a phléitear an bhaint ealaíonta agus mhatamaiticiúil le comhraic aonair sa pháirc gan scéal na gcarachtar a insint i gceart fiú. Ceistítear stair oifigiúil ag an deireadh agus a bailíocht i gcomparáid le béaloideas: "cá bhfios nach foirfe an ealaín an béaloideas teaghlaigh agus é á sheoladh ó ghlúin go glúin ná aon stair a sheoltar ar phár tréigtheach" (28). Is féidir é seo agus an reacaireacht achrannach a bhaineann leis a léamh fiú, mar thréith de mheitificsean staireagrafaíoch.

In "Móimint i Stair Thraidisiúin nó Scéal Phíobaire an Éanphoirt", pléitear an bhaint idir traidisiún agus cruthaitheacht. Ceistítear an rud is traidisiún ann anseo agus an tslí ina dtiontaíonn stíleanna nua agus allúracha ina stíleanna formheasta go tapaidh, cé go bhféachtar ar cheol traidisiúnta go minic mar rud neamhathraitheach agus seasmhach. Mar sin, pléitear an cheist chéanna faoin gcoibhneas idir dúchas agus tionchar allúrach a fheictear in "Scéal Scéalaí – An Chaibidil Láir".

Tá foclóir magúil sa chaibidil "Móimint Mháinneála nó Sanasán Seachrán". Cuirtear síos ar an bhfoclóir seo trí reacaireacht sa chéad phearsa a labhraíonn go díreach leis an léitheoir. Is caibidil

mheitificseanúil í mar sin a thosaíonn le: “Anois agus sinn tagtha chomh fada leis seo i dteannta a chéile” (62). Molann an reacaire seo don léitheoir ‘sos beag’ a thógáil ón leabhar chun focail nua a cheapadh agus brí a chur leo. Cruthaítear foclóir ansin ina gcomhlíonann na focail rialacha litrithe na Gaeilge agus tugtar brí éigin dóibh. Moltar don léitheoir i gcás cuid acu a bhrí féin a chruthú. Cé go bhfuil bealach réchúiseach ag an reacaireacht anseo, tá baint theoiriciúil ann chomh maith sa tslí nach bhfuil aon cheangal idir brí na bhfocal agus an tsraith litreacha as a ndéantar iad. Is léiriú é, mar sin, ar theoiric Ferdinand Saussure agus an bhaint threallach idir focal agus a bhrí. Is léiriú é chomh maith mar sin ar theanga féin mar rud nach bhfuil brí absalóideach ar bith ag baint léi agus – i gcomhthéacs na reacaireachta meitificseanúla seo – dírítear aird an léitheora i dtreo leibhéal ointeolaíoch an téacs. Úsáidtear cuid de na focail nuachumtha seo arís i gcaibidlí eile chomh maith.

Tá an pheirspictíocht acadúil ag baint le gach ceann de na caibidlí seo, fiú sa scéal áiféisigh “Móimint ar an dTeilifís nó *‘Mian Leat a Bheith id Mhilliúnaí?’*” atá ina léiriú ar an bpaistís idir rudaí traidisiúnta agus rudaí as cultúr pop – meascán atá ina thréith iar-nua-aoiseach. Déanann na Móimintí seo go léir léirmheas ar rud éigin. Díríonn siad ar fhócas intleachtach go minic agus fiú má tá ábhar an scéil neafaiseach, músclaíonn sé ceisteanna teoiriciúla. Sa chaibidil dheireanach den leabhar, deirtear faoi Leia Hoare: “d’fhéadfá chomh maith céanna Údar B a thabhairt orm mar tá an Bhé liom. Í sin a thugann an chumhacht dom seachrán a chur orthu siúd a bhíonn ag iarraidh mé a chur de dhroim an tsaoil” (146). Mar sin, cruthaítear dealramh sna Móimintí seo, lena gcur chuige acadúil, go bhfuil an leabhar seo báúil le teoiricí mar “Death of the Author”, ach sa deireadh, níl.

Is féidir Aodh de Ráth, nó Údar Á, a fheiceáil mar an *hetronym* a scríobh na Scéalta Ainmnithe. Deirtear go díreach sna Scéalta Scéalaí gurb eisean a scríobh an scéal “An Falla Bán” agus ina litir don nuachtán *Tobar*, deir sé: “Táim ag obair ar shraith de scéalta ó áiteanna éagsúla ar fuaid an domhain” (51) – an rud ceannann céanna

atá sna Scéalta Ainmnithe. Deirtear chomh maith in "Scéal Scéalaí (iv)" gurb é an fhoghraíocht a d'úsáid a thuismitheoirí dá ainm ná Ú-Do-Ráth (55) nó Údar Á mar atá sé sa chaibidil dheireanach: "Tabhair Aodh de Ráth orm más maith leat, nó díreach Údar Á" (146).

Tá stíl shainiúil ag baint leis na scéalta sa tslí ina bhfuil an dealramh ar an gcuid is mó díobh gur athinsint iad ar seanscéalta ó thraidisiún béil ó thíortha ar an gcoigríoch. Tá meitireacaireacht a bhaineann le stíl liteartha nua-aimseartha le feiceáil leo áfach, murab ionann le stíl an scéalaí a fheictear le hÚdar D. Tá baint mheitificseanúil leo chomh maith, mar shampla, in "An Falla Bán", luaitear áiteanna de leithéid 'Clearnaí' (Cill Airne), 'Ceann na Tuirce' (Ceann Toirc) agus 'Cíl Dá Ara' (Cill Dara) chomh maith le trácht ar an mbéar bán ag an mol sneachtúil thuaidh – ainmneacha agus ainmhí nár chualathas faoi san am agus san áit sin ina bhfuil an scéal suite.

Baineann an scéal seo leis an toirmeasc atá in ealaín Ioslamach le híomhá de neach beo a léiriú i bhfoirm phictiúrtha. Feictear é seo mar íoladhradh sa traidisiún seo agus thosaigh an toirmeasc mar fhrithghníomh i gcoinne reiligiúin phágánta ina raibh íoladhradh ar siúl. Sa tslí chéanna, d'fhéach Barthes ar chultas an údair mar íoladhradh – nó creideamh san "Author-God" (1977:146). Ní féidir leis an ealaíontóir sa scéal aon neach beo a léiriú ar an mballa toisc gurbh íoladhradh é sin. Sa tslí chéanna, ní féidir linn – de réir teoiric Barthes – glacadh leis go bhfuil an neach beo seo atá san údar taobh thiar de shaothar liteartha ach go n-eascraíonn sé as idirthéacsúlacht neamhphearsanta an teanga. Is féidir fiú, an tsraith línte geoiméadracha a dhéanann an t-ealaíontóir a fheiceáil mar mheafar don saol idirthéacsúil seo.

Ach ar eagla go mbeadh aon íoladhradh ann, péinteálann siad an balla. Is rud é an balla bán ná spás atá oscailte do scríbhneoireacht eile, cosúil leis an tslí ina scríobhann an léitheoir a bhrí féin lena léitheoireacht. Mar a deir Barthes: "The reader is the space on which all of the quotations that make up a writing are inscribed without any of them being lost" (1977:148). Is éard atá sa bhalla bán seo ná an tuiscint go bhfuil gníomh na léitheoireachta ina ghníomh atá

neamhspleách ar gach rud ach amháin an teanga idirthéacsúil. Is féidir an breithiúnas a thugann an Sabhdán a léamh mar thrácht agus mar cháineadh ar dhíograis Barthes i leith a cháinte féin ar an tuiscint go raibh baint ag an údar leis an saothar. Mar a deir an Sabhdán: "ar an láimh iarsma a ngníonn sí; ar an tsúil iarsma a gcíonn sí" (16). Is é sin, daortar éinne a scríobhann nó a léann de réir a chreidimh san "Author-God".

Sna Scéalta Scéalaí, baineann an chonspóid idir Aodh agus an iris *Meitheal* leis an scéal seo, "An Falla Bán". Creideann an iris gur saothar dá chuid cumadóireachta féin é ach tá Aodh ag áiteamh nach ea. Tá sé seo bunoscionn leis an tslí a samhlófaí an saghas aighnis seo ag dul. De ghnáth, bíonn scríbhneoirí ag iarraidh bhunúsacht a gcuid saothar a dhearbhú. Is léiriú greannmhar é seo ar stádas an údair sa pheirspictíocht iarstruchtúraíoch. In "Scéal Scéalaí – Caibidil as Áit", i ndiaidh do Dhinny dul ar ceal, ní féidir le hAodh, mar ionadaí an údair, a chreidiúint go bhfuil sé ina neach beo go dtí go bhfeiceann sé a aghaidh féin sa phictiúr seachas an balla bán atá mar chúlra den bhoth ghrianghraif sa stáisiún.

Tá na Scéalta Ainmnithe in *CTBB* an-suimiúil toisc go bhfeictear 'con trick' Aodha ann. Deir Aodh ina litir go bhfuil sé ag obair ar "shraith de scéalta ó áiteanna éagsúla ar fuaid an domhain" (51) agus ní theastaíonn uaidh go mbeadh aon amhras fúthu i measc an luchta léite. Shamhlófaí as seo, i ndiaidh don chás cúirte, gurb aistriúcháin iad na scéalta seo chomh maith. Leis sin, tá cuma ar an gcuid is mó díobh gur as foinsí ón traidisiún béil iad, ó áiteanna timpeall an domhain. Is cosúil go bhfuil scéalta na hAfraice agus na Meiriceánach Dúchasach ina measc, mar shampla.

Tá dhá scéal ann, áfach, a léiríonn go bhfuil fadhbanna ag baint leis an rangú seo de na scéalta mar aistriúcháin amháin – "Sna Fearaibh" agus "Don Diabhal Duine". I gcás an chéad chinn acu, is léir gur scéal nua-aimseartha atá suite in Éirinn é agus nach bhfuil aon bhaint aige le seanchas.Tá cosúlachtaí ann chomh maith le teideal an úrscéil *Sna Fir* le Micheál Ó Conghaile. Mar atá i saothar Uí Chonghaile, baineann sé le fear óg agus le daoine atá

homaighnéasach. Thairis sin agus an teideal, áfach, níl a lán cosúlachtaí idir an dá scéal. I gcás an tarna scéal, "Don Diabhal Duine", baineann sé leis an diabhal agus é ag iarraidh slí a aimsiú chun an cine daonna a mhealladh. Teipeann air é seo a dhéanamh agus éiríonn sé chun imeacht ón gcaife ina bhfuil sé. Ag fágáil dó, áfach, titeann bonn airgid óna lámh agus téann sé isteach faoin gcathaoir – rud a thugann air gáire beag a dhéanamh. Is tagairt é seo do *Séadna* leis an Athair Peadar Ua Laoghaire. Feictear chomh maith go dtéann an draíodóir chuig a leaba, cosúil le Séadna, i ndiaidh dó a bheith i gcomhrá leis an diabhal. Thar rudaí beaga mar seo, áfach, is scéal difriúil é.

Tá an dá scéal seo bunaithe ar scéalta Éireannacha. Ach más ea go bhfuil Aodh de Ráth ag áitiú go bhfuil sé i mbun aistriúcháin nó leaganacha de scéalta traidisiúnta, is léir ón dá scéal seo go bhfuil sé ag insint bréag. Tá sé ag cruthú scéalta bunúsacha le gráinne beag de scéalta eile iontu, agus ag ligean air féin gur aistriúcháin nó leaganacha de na scéalta sin iad. Seo í cúis an aighnis idir é agus an iris *Meitheal* sa chás cúirte. Níl a fhios ag an léitheoir an mbaineann Scéal Éan an Mheán Lae le scéal "de chuid threibh na hÚhúipíoch" (127) nó nach mbaineann. I gcás "Sna Fearaibh" agus "Don Diabhal Duine", áfach, tá noda ann don rud atá ar bun aige. Leis sin, is féidir a áiteamh go bhfuil "An Falla Bán" bunaithe ar "Ná Lig Sin i gCathú" agus "Teatrarc na Gaillí" le Padraic Ó Conaire nó fiú go bhfuil "An Nathair Nimhe agus na Cosa" bunaithe ar scéal Geinisis. Mar *hetronym*, is carachtar cliste agus caolchúiseach é Aodh. Tá sé ag ligean air féin an t-am go léir go bhfuil sé ag imirt an chluiche sin is "Death of the Author" ann – ach níl.

Tá an cur i gcéill seo, áfach, ar fud an leabhair. Is cur i gcéill é, mar shampla, gur foirmeacha éagsúla den namhaid, nó den léitheoir, iad Leia Hoare agus Dinny de Lorean. Mar a fheictear sa chaibidil dheireanach, tá na *hetronym* go léir sa leabhar ina leaganacha éagsúla den údar féin. Sa sliocht sin ina luaitear na leaganacha seo (146), feictear an rud a bhí i gceist: Is é Aodh de Ráth, Údar Á, "do chéile comhraic" atá ag troid go dian ina Scéalta Ainmnithe. Is í Leia Hoare

Údar B a chuireann "seachrán" ar naimhde an údair, ag ligean uirthi go raibh an leabhar i bhfabhar "Death of the Author" lena caibidlí teoiriciúla. Is é an hetronym atá in Údar C ná Colm Breathnach – "mar nach eol duit i ndáiríre cé mise" (nach bhfuil a ainm ar chlúdach an leabhair). Agus is é Údar D ná Dinny "a chruthaigh an domhan go bhfuil tú anois ann" – a thagraíonn don dinnseanchas agus, leis sin, do thraidisiún liteartha as a n-eascraíonn aon saothar liteartha.

Cé go bhfuil a lán cur i gcéill ann, tá an iliomad nod ann chomh maith tríd an leabhar. Feictear é seo ón tosach leis an mbalbhán 'ag léamh' nó sa chaibidil de na Móimintí, "Móimint idir Dhá Nóta nó '*Come As You Are"*', faoin amhrán úd le Nirvana. Deirtear anseo: "Nach ait an rud é go ndéanfadh cumadóir amhrán iarracht ar éisteoir a mhealladh isteach ina shaothar chun é a mharú" (130). Ach sin é go díreach an rud a ndéantar in *CTBB*. Sa chaibidil dheireanach, is é an léitheoir féin an namhaid agus treascraítear é (nó sinn) sa deireadh scáfar seo, a mhóimintí deireanacha de chomhfhios mar cheann dícheannta, mar thaispeáint os comhair slua fhuafair – agus Roland Barthes (nó Rólann de Beart mar a thugtar air) in aice leis ar an ardán. Tá cuma bhagrach mhagúil ag an reacaireacht sa chaibidil seo chomh maith: "...é a thamhnadh don gcolainn, más ceadmhach dom focal chomh neamhchoitianta leis sin a úsáid ag an bpointe seo agus gan aga agat foclóir a cheadú" (149). Ní foláir nó go nglactar ag an bpointe, áfach, gurb é Colm Breathnach an *hetronym* seachas Colm Breathnach an t-údar atá ag caint.

Mar sin, cuirtear na *hetronym* go léir le chéile sa chaibidil dheireanach seo mar leaganacha den údar. Cuirtear an chaibidil dheireanach de *Cuaifeach mo Londubh Buí* i gcuimhne dúinn anseo chomh maith agus an tslí ina dtarlaíonn an rud céanna ansin. Téann sé seo go maith le rud a deir Darlene J. Sadlier faoi na *hetronym* de chuid Fernando Pessoa: "the differences between Campos and the other hetronyms, or among the hetronyms themselves, are ultimately less important than the structural similaritiies among them, which allow Pessoa to work variations on two or three basic themes" (117). I gcomhthéacs *CTBB* agus na *hetronym* atá ann, feictear go bhfuil

comhchosúlacht thábhachtach acu i leith a mbaint éagsúil leis an gcaidreamh idir traidisiún dúchasach agus stíleanna nua allúracha.

Mar shampla, bailíonn Dinny béaloideas ach tá sé greamaithe laistigh den chur chuige sin an t-am ar fad. Is léiriú é ar dhúchas neamhathraitheach atá i mbaol. Tá saoldearcadh an-sofaisticiúil ag Leia agus is hetronym tuisceanach í. Tá suim aici in a lán ábhair dhúchasaigh – ceol traidisiúnta, stair na tíre agus cúrsaí liteartha ina measc – agus faigheann sí peirspictíocht an-léannta agus an-fhoirmiúil orthu. Féachann Aodh air féin mar dhuine a bhailíonn saothar ó thraidisiúin dhifriúla agus úsáideann sé tréithe traidisiúnta ina shaothar. Athraíonn sé an traidisiún seo, áfach, i slite caolchúiseacha agus léiríonn sé cruthaitheacht indibhidiúil laistigh den dúchas. In ainneoin na n-éagsúlachtaí maidir le reacaireacht, léiríonn an *hetronym* Colm Breathnach tuairimí láidir i leith dúchais. Dar leis, is cuma cén t-athrú a thagann ar an saol, is féidir leis an dúchas dul in oiriúint dó agus athmhúnlaítear an t-athrú féin de réir an dúchais. Feictear ceithre chur chuige mar sin atá mar staidéar ar an dúchas – ar a staid neamhathraitheach agus ar a chumas éabhlóideach.

Críochnaíonn an t-úrscéal le caibidil ina gcuirtear leaganacha ficseanúla den léitheoir agus de Roland Barthes chun báis. Leis seo agus téama an dúchais, is féidir a shamhlú go bhfuil teachtaireacht an úrscéil i gcoinne foirmeacha teoiriciúla nua agus rudaí neamhdhúchasach – mar "Death of the Author". Ach ní féidir glacadh leis sin go néata ach oiread agus fágtar paradacsa ina leith toisc nach úrscéal traidisiúnta é *CTBB* ar chor ar bith. Is úrscéal achrannach iar-nua-aoiseach é go smior. Pléitear téama an dúchais agus feictear scéalta ann atá mar scigaithris ar scéalta dúchasacha – ach tá foirm an úrscéil féin, lena tranglam reacaireachta seo, neamhtraidisiúnta ar fad. Is paradacsa é seo agus ní thugtar aon fhreagra soiléir air. Má shamhlaítear go bhfuil an t-úrscéal i gcoinne theoiric Barthes toisc gur teoiric neamhdhúchasach allúrach é, ní foláir a cheistiú ansin, cén fáth a scríobhtar an t-ionsaí seo ar theoiric iarstruchtúraíoch i bhfoirm úrscéil iar-nua-aoisigh. Má tá teachtaireacht an úrscéil i bhfabhar

peirspictíochta traidisiúnta ar an údar, scriostar é leis an gcur chuige liteartha seo a chuireann toisí ointeolaíocha an údair in iúl.

Is féidir a áiteamh nach bhfuil an t-úrscéal i gcoinne theoiric Barthes ar chor ar bith ach go bhfuil sé ag úsáid mheafair na teoirice, i leith an údair agus an léitheora, chun dráma a chruthú – go ndéanann sé scéal as an teoiric seo agus nach foláir dó deireadh drámata a chur leis. Cén deireadh a bheadh níos drámata ná go gcuirfeadh duine de na céilí comhraic – údar nó léitheoir – an duine eile chun báis. Ach sa chaibidil dheireanach, tá gach cuma ar an scéal go bhfuil sé glan in aghaidh na teoirice seo – a oiread agus go ndícheanntar an léitheoir sa seó uafáis seo. Is féidir a rá, mar sin, go bhfuil an t-údar (an t-údar iarbhír) i gcoinne na teoirice seo – i slí éigin ach go háirithe – ach ní réitíonn sé sin leis an úrscéal mar shaothar iar-nua-aoiseach. Feictear paradacsa sa leabhar mar sin.

Léiríonn *CTBB* a lán de na sainthréithe a shamhlaítear le ficsean iar-nua-aoiseach. Feictear paistís, meitificsean agus guagacht maidir le nádúr na suibiachtúlachta, mar shampla. Leiríonn sé a thoisí idirthéacúla sa tslí ina bhfuil sé fite fuaite le saothair eile. Úsáidtear an t-iolrachas reacaireachta a fhaightear ar iasacht ó shaothar Pessoa chun aird a thabhairt ar staid ointeolaíoch an údair, an léitheora agus an fhicsin féin. Tá na *hetronym* seo ina léiriú ar mheitireacaireachtaí áirithe agus, mar sin, ar phróiseas saorga na reacaireachta. Ansin, úsáidtear an cur chuige liteartha seo chun ceisteanna mar gheall ar an gcoibhneas idir dúchas agus smaointe nua a phlé.

Ach ní thugtar freagraí néata ar an bparadacsa seo san úrscéal – an paradacsa go bhfuil sé ina shaothar iar-nua-aoiseach atá glan in aghaidh theoiric na critice. Is féidir a áiteamh, áfach, go bhfuil aithint tugtha san úrscéal seo – le téama an dúchais chomh mór sin ann – don smaoineamh go bhfuil rud éigin dúchasach ag baint le hiar-nua-aoiseachas na Gaeilge agus gur féidir le scríbhneoir Gaeilge saothar iar-nua-aoiseach a scríobh gan comaoin ar bith ar theoiric iarstruchtúraíoch ó thíortha eile. Is smaoineamh é seo a nascann na húrscéalta a bpléitear sa tráchtas seo go léir le chéile.

Clabhsúr

D'fhéach mé sa tráchtas seo le haitheantas a thabhairt don úrscéal iar-nua-aoiseach sa Ghaeilge. Roghnaigh mé na húrscéalta seo mar gheall ar an leanúnachas atá le fáil san ord croineolaíoch seo agus toisc go bhfeictear cosúlachtaí eatarthu chomh maith le hilghnéitheacht i gcomhthéacs an iar-nua-aoiseachais. Creidim go léiríonn siad rud ar leith i dtaobh litríocht na Gaeilge – rud atá sainiúil sa tír agus i gcúrsaí liteartha. Áitím go n-eascraíonn an cur chuige iar-nua-aoiseach atá léirithe agam sna húrscéalta seo as cúinsí sochtheangeolaíocha na tíre agus gur rud é a bhaineann go mór le staid na Gaeilge mar mhionteanga in Éirinn.

D'fhéach mé mar sin le cúlra an úrscéil iar-nua-aoisigh sa Ghaeilge a rianú i stair shocheolaíoch agus theangeolaíoch na tíre – i nGaeilge agus i mBéarla. Cé go bhfuil an staidéar seo bunaithe ar litríocht na Gaeilge, ní chreidim go mbeadh an scéal ar fad ann muna mbeadh léiriú sa tráchtas seo ar an mbaint atá aici le comhthéacs dátheangach na tíre. Is dóigh liom gur bhraith daoine áirithe in Éirinn ag deireadh an naoú haois déag agus ag tosach an fichiú haois go raibh fadhbanna móra sa tír ó thaobh féiniúlachta náisiúnta de. Creidim gur chruthaigh sé seo tuiscint ar ghuagacht ointeolaíoch maidir le suibiachtúlacht agus teanga agus gur eascair meon liteartha nua as an nguagacht sin. Chuir an meon seo tús agus fuinneamh i litríocht (iar)-nua-aoiseach na hÉireann – i mBéarla agus i nGaeilge – agus tá an fuinneamh seo le feiceáil go fóill san úrscéal Gaeilge.

Ní luaitear iar-nua-aoiseachas go minic i gcomhthéacs scríbhneoirí na Gaeilge agus, mar sin, theastaigh uaim aghaidh a thabhairt ar dtús ar aon réamhthuairim a bheadh ar an léitheoir maidir leis seo – mar shampla, gur rud allúrach é an t-iar-nua-aoiseachas a tháinig isteach i litríocht na Gaeilge (má tá sé ann ar chor ar bith) mar rud a fhaightear ar iasacht ó thíortha eile. Bhí orm mar sin, sa chéad dul síos, an tuairim sin a cheistiú agus a léiriú ní hamháin go bhfuil

baint ag litríocht na Gaeilge le hiar-nua-aoiseachas ach go bhfuil stair na Gaeilge fite fuaite le stair an iar-nua-aoiseachais chomh maith.

Sa chéad leath den fhichiú haois, bhí scríbhneoirí Béarla na hÉireann ina gceannródaithe liteartha a chruthaigh dul chun cinn ollmhór i litríocht an domhain. Ní chreidim gur eascair an t-éacht liteartha seo de thaisme ach go raibh sé múnlaithe ag fórsaí sochtheangeolaíocha agus cultúrtha in Éirinn sa ghlúin sin agus sa ghlúin roimhe sin. Pé meath a tháinig ar úsáid na Gaeilge sna céadta roimh an nGorta Mór, is léir go raibh an meath a tháinig ina dhiaidh níos tobainne agus níos creathnaí. Creidim gur chruthaigh an meath sin tuiscint ar fholús i sícé na tíre agus go bhfeictear an tuiscint seo sin i litríocht na glúine sin. Bhí an ghlúin sin tiomanta chun athghabháil chultúrtha, liteartha agus pholaitiúil a chur ar bun. Is é m'áiteamh anseo ná go raibh cuid acu ag díriú ar an bhfolús a líonadh, agus cuid eile acu ag iarraidh a léiriú go raibh sé ann. Pé maitheas a bhí ag muintir an *Celtic Revival* agus iadsan a bhí i mbun na hAthbheochana, ní chreidim gur léirigh siad bunúdar na faidhbe – gur chruthaigh meath na Gaeilge folús cultúrtha in Éirinn a bhí dolíonta toisc nach féidir an stair chaillte sin a fháil ar ais go deo. Tá saothar Joyce agus Uí Chonaire lán leis an tuiscint seo áfach. Léiríonn siad staid idir eatarthu i bhféiniúlacht a gcuid carachtar. Feictear feasacht go bhfuil deoraíocht ina staid intinne ach seo deoraíocht inmheánach na tíre coilínithe. Daortar carachtair chun troid in aghaidh na deoraíochta seo – cé gur saothar in aisce é sin. Bíonn siad i gcónaí ar an tairseach idir an aisling agus a gcinniúint dhorcha. Scríobh Joyce go minic ina shaothar critice gurbh é a bhí ar bun aige ná troid i gcoinne na 'pairilise' spioradálta seo – nó chun greim a fháil ar 'the spiritual liberation of my country' (Letters: 63).

Bhí tionchar ollmhór ag scríbhneoirí Éireannacha ar litríocht an domhain – Joyce go háirithe – agus bhí siad páirteach in éabhlóid an iar-nua-aoiseachais. Is é m'áiteamh anseo go raibh lámh ag stair shochtheangeolaíoch na tíre san éabhlóid seo. Áitím anseo gur bhraith daoine áirithe, scríbhneoirí agus ealaíontóirí, go raibh folús i sícé na tíre. Ní hé sin le rá, áfach, gurbh amhlaidh a bhí folús ann le fírinne i

meabhair chomhchoiteann na ndaoine. Gan dabht, is fíor go bhfuil peirspictíochtaí áirithe sa saol a nglacann greim ar shamhlaíocht an phobail. Is deacair, áfach, glacadh le coincheap na meabhrach comhchoitinne a áitíonn go bhfuil sícé amháin ann a mhúnlaíonn an pobal go léir. Ní hé sin an rud atá i gceist agam anseo. Áitím gur cruthaíodh reacaireacht i measc an phobail a bhí múnlaithe ag cúrsaí stairiúla agus sochtheangeolaíocha na tíre. Ní gá anseo a bheith ag brath ar thuairim faoi thráma nó folús sa mheabhair chomhchoiteann ach a rá gurbh é sin mar a thuig na scríbhneoirí is cumhachtaí in Éirinn an scéal lena linn seo agus go léirítear é go mór ina gcuid scríbhneoireachta.

Ach ní áitím gurb é an fheasacht seo ar fholús nó 'psychic partition' bun agus barr an úrscéil iar-nua-aoisigh sa Ghaeilge. Áitím áfach go bhfuil tionchar mór aige in éabhlóid an (iar)-nua-aoiseachais in Éirinn agus go hidirnáisiúnta agus go bhfuil an tionchar seo le feiceáil go fóill i litríocht na Gaeilge – go háirithe sa tslí ina ndeighleálann an t-úrscéal iar-nua-aoiseach le stádas na Gaeilge mar mhionteanga. Ach tá an scéal i bhfad níos ilghnéithí ná sin. Léiríonn na húrscéalta seo go bhfuil siad in ann deighleáil le réim leathan ó thaobh a dtuiscintí ar an rud is iar-nua-aoiseachas ann agus na slite éagsúla chun an ceistiú ointeolaíoch agus eisíoch seo a chur chun cinn.

Feictear go bhfuil tionchar mór ag an tseanlitríocht ar an úrscéal iar-nua-aoiseach chomh maith. Is tábhachtach é go dtosaíonn caibidil a dó le h*Aislinge Meic Conglinne* agus *Pairlement Chloinne Tomáis*. Áitíonn mórán daoine, mar Brian McHale, go dtagann iar-nua-aoiseachas in oidhreacht ar an aoir mhenippíoch. Tá an cur chuige ceisteach magúil seo oiriúnach d'iar-nua-aoiseachas. Tá stair fhada ag an aoir i litríocht na Gaeilge agus feictear go gcuireann tionchar an traidisiúin seo go mór leis an gcur chuige iar-nua-aoiseach sa Ghaeilge. Is aoir é *An Béal Bocht* laistigh den traidisiún seo ach téann sé níos faide ná sin, ag ceistiú nádúr na féiniúlachta, na suibiachtúlachta agus na teanga. Is cur síos cruinn é ar Éirinn sáinnithe idir dhá chultúr, mar a léiríonn Declan Kiberd. Mar shaothar

Gaeilge a cheistigh bailíocht chultúrtha na hAthbheochana ag an am, chruthaigh sé staid idir eatarthu dó féin ón tús agus, mar sin, samhlaíodh é 'idir dhá chultúr' ó shin i leith. Léiríonn sé na slite ina n-úsáidtear teanga go monalógach agus go gcaillteár gach brí ach amháin an mheitireacaireacht mhaol atá mar chuid d'idé-eolaíocht áirithe. Tá coimhlint san úrscéal áfach idir an cur i láthair monalógach agus an áiféis dhialógach a scriosann é. Tugtar aird ar cheisteanna eisíocha agus ar an tslí a gcumtar brí trí idé-eolaíocht, mheitireacaireacht, choincheapa na féiniúlachta agus theanga. Léiríonn an t-úrscéal seo gur ceist ointeolaíoch í an teanga. Is é sin, go gcruthaíonn teanga brí sa saol trí dhoilbheadh na reitrice agus go samhlaítear eiseadh tríd an mbrí seo. I ndeireadh na dála, áfach, níl aon bhrí absalóideach san eiseadh sin toisc go bhfuil sé dofhuascailte ón reitric a chruthaigh é – sin ceist ointeolaíoch.

Ach dá thurgnamhaí a bhí Brian Ó Nualláin in *An Béal Bocht*, níor fhéach cuid mhaith dá lucht léitheoireachta ar an úrscéal seo ach mar aoir amháin. I gcás Mháirtín Uí Chadhain áfach, chuir sé roimhe d'aon ghnó agus go neamhbhalbh scríbhneoir den *avant-garde* a dhéanamh de féin. In *Cré na Cille*, feictear na tréithe raibiléiseacha céanna a thagann ó dhúchas liteartha na Gaeilge. Is samhlaoid fhoirfe é ar an tslí ina dtagann saothar (iar)-nua-aoiseach in oidhreacht ar an gcur chuige seo. Ní léirítear doimhneacht maidir le comhfhios na gcarachtar áfach, mar a shamhlaítear in úrscéal nua-aoiseach, ach téann an tranglam teanga i bhfeidhm ar chomhfhios an léitheora agus déantar saothar nua-aoiseach de sa tslí seo. Is saothar é ina léimeann guthanna isteach gan cuireadh ná treorú reacaire agus samhlaítear é mar sin le sruth comhfheasa an *avant-garde.* Ach fós, is Gaeilge den scoth í a thagann as 'caint na ndaoine'. Mar sin, ar thaobh amháin de, tá 'caint na ndaoine' ann – an chéad chloch ar phaidrín na hAthbheochana. Ar an taobh eile, tá téacs ann a bhfuil cosúlachtaí aige le sruth comhfheasa – an chéad chloch ar phaidrín an *avant-garde* nua-aoisigh. Nuair a chruthaítear déscaradh mar seo i saothar liteartha, cuirtear ceisteanna ar an léitheoir faoin gcaoi ab fhearr chun deighleáil leis agus conas a tharraingeofaí iad le chéile. Níl aon

fhreagra ann ar na ceisteanna sin. Ní féidir linn ‘caint na ndaoine’ nó an sruth comhfheasa a mheas ina n-aonar ach gach ceann acu a mheas i gcomhthéacs an chinn eile.

Feictear cur chuige eile i saothar Uí Chadhain níos déanaí nuair a foilsíodh a thriológ de leabhair ghearrscéalta cathrach. In “Fuíoll Fuine”, léiríonn sé scéal nua-aoiseach atá ar tí tiontú isteach ina shaothar iar-nua-aoiseach. Ba rogha chomhfhiosach í áfach go gcloífeadh sé, den chuid is mó, le nua-aoiseachas ach réitigh sé an cosán do na scríbhneoirí a lean é chun saothar turgnamhach a scríobh ach fós, ina mbeadh traidisiún liteartha na Gaeilge fite fuaite. Is cuid den iar-nua-aoiseachas é go gcoimeádtar traidisiún, go gceiliúrfadh é, fiú dá ndéanfaí é seo go híorónta. Scaoil Máirtín Ó Cadhain an ghlúin a lean é chun é sin a dhéanamh.

Bhí Eoghan Ó Tuairisc ar dhuine de na scríbhneoirí sin a lean Máirtín Ó Cadhain agus feictear an tsolúbthacht chéanna maidir le reacaireacht in *L’Attaque.* Cruthaíonn Ó Tuairisc feasacht in intinn an léitheora san úrscéal seo a chuireann air na coinbhinsiúin liteartha, sóisialta agus cultúrtha a cheistiú. Léiríonn an t-úrscéal seo conas a théann reacaireacht liteartha agus sóisialta i bhfeidhm ar an bpobal sa tslí ina dtiteann an rud a bhfuil an léitheoir ag súil leis sa saothar seo as a chéile. Creidim go raibh teoiric Bakhtin áisiúil sa chás seo chun an tsolúbthacht liteartha san úrscéal seo a shamhlú i dtéarmaí ‘sheánraí cainte’. Meascann Ó Tuairisc na seánraí seo go dtí go gcailleann siad brí i slite atá inchurtha lena bhfuil le feiceáil in *An Béal Bocht*. Tá impleachtaí ag cailliúint na brí inaitheanta seo maidir le reacaireacht agus teanga ní hamháin don saothar liteartha ach don saol seachliteartha chomh maith. Ceistítear an rud is stair ann agus léirítear í mar scéal i measc scéalta eile – cur chuige a dtagraíonn an criticeoir iar-nua-aoiseach Linda Hutcheon dó mar mheitificsean staireagrafaíoch. Léirigh Eoghan Ó Tuairisc ina aiste “The Psychic Partition” gur mhothaigh sé an staid ‘idir dhá chultúr’ go géar. Cé nach féidir linn an aiste seo a fheiceáil mar eochair dá shaothar ar fad, creidim go bhfuil sé suimiúil gurb iad na mothúcháin chéanna a

léiríonn James Joyce leathchéad roimhe sin in *Portrait of the Artist as a Young Man*.

Tá an staid idir eatarthu – idir dhá chultúr – léirithe dúinn go teann agus go diongbháilte in *Cuaifeach mo Londubh Buí*. Is úrscéal é a chuireann an coibhneas seo idir an dá theanga agus an dá chultúr i lár baill. Má tá an cur i láthair a úsáidtear san úrscéal ina mhogall liteartha de reacaireacht agus scéalaíocht, is comhthreomhaireacht fhoirfe é sin den teachtaireacht atá aige maidir leis an gcoibhneas míchompordach seo idir an dá theanga. Oibríonn na sraitheanna éagsúla sa reacaireacht agus an meitificsean atá ann chun guagacht ointeolaíoch a chruthú maidir le suibiachtúlacht agus féiniúlacht ach, i ndeireadh na dála, is é an folús a chruthaítear idir an dá theanga atá i lár baill an t-am go léir. Mar a fheictear in *An Béal Bocht*, is í an Ghaeilge féin ábhar an úrscéil. Léirítear coimhlint idir an dá staid – staid na Gaeilge agus staid an Bhéarla – mar chur i láthair drámata. Is féidir patrún a fheiceáil, mar sin, san fheasacht seo ar an scoilt idir na teangacha.

Ach ní fheictear an fheasacht seo chomh mór sin in *Kinderszenen*. Léiríonn an t-úrscéal seo na slite ina gcruthaítear féiniúlacht agus suibiachtúlacht trí mheán na healaíona. Mar sin, feictear nach bhfuil an t-úrscéal iar-nua-aoiseach sa Ghaeilge bunaithe ina iomláine ar cheist seo na teanga. Pléann *Kinderszenen* staid ointeolaíoch na scríbhneoireachta agus na féiniúlachta indibhidiúla. Is féidir a rá nach mbaineann sé seo go sainiúil le litríocht na Gaeilge amháin ach le hiar-nua-aoiseachas go ginearálta. Ach fiú muna dtagraítear do cheist na Gaeilge chomh soiléir agus a dhéantar é in *Cuaifeach mo Londubh Buí*, feictear go bhfuil ceist na teanga fós ann. Bhí an teanga mar fhórsa a théann i bhfeidhm ar fhealsúnacht agus ar intinn an duine mar chuid d'fhealsúnacht Wittgenstein. Léiríonn an t-úrscéal seo conas a chomhdhéantar fírinní móra an tsaoil mar a shamhlaítear iad a bheith. Baineann sé go mór leis an tslí ina mbraitear an ealaín mar rud spioradálta ach cruthaítear coimhlint ansin idir an brath seo agus cur chuige an úrscéil féin atá ina shaothar iar-nua-aoiseach a dhiúltaíonn don mheon rómánsach.

Ní féidir a rá go léirítear feasacht ar staid idir eatarthu maidir le ceist na Gaeilge go soiléir in *An Féar Dána* ach oiread. Níl an teanga féin ann mar ábhar sa tslí chéanna ina bhfeictear í in *An Béal Bocht* nó *Cuaifeach mo Londubh Buí*. Ach cé nach bhfuil an fheasacht seo chomh soiléir, ní hé sin le rá nach bhfuil sí ann. Tá an leabhar seo lán le tagairtí liteartha. Cruthaítear agus athinsítear an scéal fiú trí na tagairtí seo. Tagann siad as réim leathan i litríocht an domhain – i mBéarla agus i nGaeilge. Is féidir é seo a léamh mar ráiteas ar litríocht na Gaeilge – go bhfuil stair an Bhéarla in Éirinn dofhuascailte ó chúrsaí liteartha na Gaeilge agus, mar sin, go mbíonn an córas dénártha briste – 'familiar' agus 'foreign' – i ndán dúinn i gcónaí. Léiríonn an t-úrscéal seo, áfach, slí eile chun an córas seo a úsáid. Chomh maith leis seo, is *tour de force* é de litríocht féin-chomhfhiosach a ghlacann lena thoisí idirthéacsúla agus a bhaineann úsáid astu chun leibhéal scéalaíochta eile a chruthú. Is scríbhneoir an-tábhachtach é Alan Titley i gcomhthéacs an tráchtais seo toisc gur scríbhneoir ficsin iar-nua-aoisigh é a dhiúltaíonn go hiomlán do theoiric iarstruchtúraíoch ina shaothar critice féin. Áitím go léiríonn sé seo tuiscint ar iar-nua-aoiseachas nach gá dó brath ar na teoiricí seo.

Tá cineál eile iar-nua-aoiseachais le feiceáil in *An Dochtúir Áthas* áfach. Cosúil le *Kinderszenen*, níl aon chuid den fheasacht seo ar staid idir eatarthu nó 'psychic partition'. Léiríonn sé a chuid tréithe iar-nua-aoiseacha tríd an scéalaíocht bhriste a dhiúltaíonn d'aon chríochnú sásúil a chur ar an scéal. Leathinsítear eachtraí an úrscéil dúinn go fáthchiallach trí mheán na scéalta agus na dtagairtí ceoil a úsáideann an Dochtúir Áthas ina chuid seisiún. Cruthaítear an tuiscint in intinn an léitheora go bhfuil staidéar eipistéimeolaíoch ar bun ar stair na síocanailíse ach faoi dheireadh, titeann an tóin as an gcur chuige seo agus fágtar an léitheoir le tuiscint eile – tuiscint ointeolaíoch – ar nádúr na scéalaíochta. Tá comhthreomhaireacht ann idir cur i láthair an scéil agus ábhar an scéil a dheighleálann le cur faoi chois Freudach agus teachtaireachtaí briste. Tá próiseas casta ann a oibríonn chun eolas absalóideach ar an scéal a dhiúltú don léitheoir ach a léiríonn dó

ag an am céanna go bhfuil an leath-thuiscint féin a thugtar dó ag cur iallach air an ‘scéal’, mar a thuigeann sé é, a chruthú as a stuaim féin. Mar sin, tá feasacht an léitheora ar phróiseas gníomhach na léitheoireachta sa leabhar seo lárnach dá chur chuige iar-nua-aoiseach.

Is leabhar an-difriúil arís é *Con Trick “An Bhalla Bháin”*. Tá sé bunaithe ar theoiric na critice agus tá a struchtúr cruthaithe as reacairí éagsúla – *hetronym* de chuid Fernando Pessoa. Níl leisce ar an údar cealú an díchreidimh a scriosadh ach oiread. Léirítear scéalaíocht mar phróiseas atá bunaithe ar mheitireacaireachtaí an reacaire. Is leabhar é ina gcuirtear feasacht ointeolaíoch ar a staid liteartha féin i lár baill. Mar sin, tá meon scolártha fite fuaite san úrscéal seo. Oibríonn sé mar dhráma ina bpléitear agus ina gcáintear teoiric Barthes ach is deacair glacadh leis an dearcadh simplí sin ar an gcás. Feictear an paradacsa céanna anseo is a fheictear i gcás shaothar Alan Titley – scríbhneoir iar-nua-aoiseach a dhiúltaíonn do theoiric iarstruchtúraíoch. Áitím arís anseo gurb í an fheasacht sin ar bhunús an chuir chuige iar-nua-aoisigh i litríocht na Gaeilge atá níos sine ná iarstruchtúrachas. Léirítear é seo chomh maith sa tslí ina bhfuil téama an dúchais curtha i lár baill.

Ní léiríonn *Con Trick “An Bhalla Bháin”* feasacht ar staid idir eatarthu ó thaobh na teanga mar a fheictear í i gcás saothair eile a phléitear anseo. Áitím áfach go bhfuil an fheasacht mar bhonn le scríbhneoireacht i dteanga mhionlaigh mar an Ghaeilge. Nuair a chruthaítear feasacht ointeolaíoch maidir leis an teanga féin, ní féidir éalú ón bhfeasacht ansin sa téacs liteartha.

Mar a fheictear anseo, tá mórán slite ann chun é seo a dhéanamh. Tá éagsúlacht mhór ann idir na saothair a phléitear anseo ach tá leanúnachas sa ghuagacht ointeolaíoch a chruthaíonn siad maidir le teanga agus suibiachtúlacht chomh maith. Ceistítear toisí ointeolaíocha na saothar féin agus pléitear ceisteanna ointeolaíocha a bhaineann leis an saol seachliteartha. Úsáidtear uirlisí áirithe ina leith sin. Feictear iolrachas an údair go soiléir i gcuid mhaith de na húrscéalta. Is é seo nuair atá leaganacha difriúla den údar curtha

isteach sa scéal go ficseanúil nó nuair atá scoilt mhór idir an t-údar agus an reacaire a bhfuil tionchar mór aici ar chur i láthair an scéil. Tá an t-iolrachas seo an-soiléir agus lárnach sa chur chuige in *Cuaifeach mo Londubh Buí*, *Kinderszenen* agus *Con Trick "An Bhalla Bháin*". I saothar Mhic Annaidh agus saothar Bhreathnaigh fiú, tagann na leaganacha seo den údar le chéile ag deireadh an úrscéil. Feictear an t-iolrachas seo go forleathan sa tsraith úrscéalta ar fad áfach, i slite eile nach bhfuil chomh soiléir. Mar shampla, in *L'Attaque*, athraítear an reacaireacht ar fud an leabhair sa tslí ina dtugtar aird ar staid ointeolaíoch an údair.

Is minic chomh maith a insítear scéalta na leabhar seo trí scéalta eile. Tá an-bhéim sna húrscéalta seo ar a dtoisí idirthéacsúla. Feictear, mar shampla, go bhfeidhmíonn na tagairtí liteartha in *An Fear Dána* chun an scéal féin a leathnú agus fiú a athrú. Insítear an scéal in *An Dochtúir Áthas* trí scéalta eile agus trí thagairtí do cheol agus do theoiric shíocanailíseach. Aithnítear mar sin go gcruthaítear gach reacaireacht as reacaireacht eile. Chomh maith leis sin, tá léiriú féin-chomhfhiosach sna téacsanna seo go léir go gcruthaíonn gach reacaireacht a fírinne féin. Aithnítear teanga, mar sin, mar fhórsa ointeolaíoch.

Léiríonn na téacsanna seo a staid ointeolaíoch féin mar théacsanna agus tagraíonn siad don rud is reacaireacht ann sa saol. Dá bhrí sin, oibríonn siad mar théacsanna iar-nua-aoiseacha. Feictear chomh maith áfach go bhfuil leanúnachas ann ó shaothar Joyce agus Uí Chonaire go saothar Choilm Bhreathnaigh. Ní thugtar aitheantas do thoisí ointeolaíocha an téacs féin i saothar nua-aoiseach le hÓ Conaire agus Joyce ach is féidir a rá gur spreagadh a saothar nua-aoiseach/eipistéimeolaíoch as an nguagacht ointeolaíoch i leith teanga a bhí ina dtimpeall in Éirinn a linne. Is féidir a rá mar sin go bhfuil baint ag na téacsanna go léir sa tráchtas seo le ceisteanna ointeolaíocha i leith teanga. Mar ghníomh cruthaitheach, tá impleachtaí ointeolaíocha réamhscríofa don úrscéalaíocht i dteanga mhionlaigh. Feictear go bhfuil an Ghaeilge féin mar ábhar i gcuid mhaith de na húrscéalta a phléitear anseo. Tagraíonn na téacsanna seo

i slí éigin do ghuagacht ointeolaíoch i leith teanga agus dátheangachais. Pléann Eoghan Ó Tuairisc an cheist seo go díreach ina aiste "The Psychic Partition".

Mar sin, is féidir baint dhíreach a fheiceáil idir staid shocheolaíoch na Gaeilge, staid dhátheangach na tíre agus cur chuige liteartha na dtéacsanna (iar)-nua-aoiseach a phléitear anseo. Tá géarchéim eiseach éigin i gceist le húrscéalaíocht in aon teanga ina luaitear meath na teanga seo sa phobal chomh minic is a luaitear é i leith na Gaeilge. Ach, is féidir a áiteamh – toisc a thábhachtaí a bhí ag Joyce agus Ó Nualláin i gcúrsaí liteartha an domhain – go raibh tionchar idirnáisiúnta chomh maith ag stair shochtheangeolaíoch na hÉireann agus meath na Gaeilge.

Ach má tá tionchar le feiceáil ar na téacsanna a phléitear anseo ag an tuiscint i leith na staide tairseachúla 'idir dhá chultúr', feictear chomh maith go bhfuil toilteanas ealaíonta ann chun deighleáil le ceisteanna móra maidir le cúrsaí liteartha. Léiríonn na scríbhneoirí go léir atá luaite anseo – ó James Joyce go Colm Breathnach – gur daoine léannta tuisceanacha iad a théann i ngleic le ceisteanna móra i gcúrsaí liteartha agus ealaíonta a linne. Tá doimhneacht theoiriciúil agus tuiscint ealaíonta le feiceáil sna leabhair go léir a phléitear sa tráchtas seo.

Ní féidir a áiteamh áfach, go n-eascraíonn an t-úrscéal iar-nua-aoiseach sa Ghaeilge as staid shocheolaíoch na teanga amháin. Ní miste traidisiún fada na haoire sa Ghaeilge a chur san áireamh chomh maith. Pléitear an traidisiún seo i gcomhthéacs *An Béal Bocht* anseo ach is féidir a rian a fheiceáil go forleathan sna saothair eile chomh maith. Feictear aoir in *Cuaifeach mo Londubh Buí* faoi phiúratánachas teangeolaíoch agus liteartha atá dírithe ar 'fhaisistithe ó Bhéal Feirste'. Tá an aoir in *An Fear Dána*, atá le feiceáil sa léiriú ar phearsantacht Mhuireadhaigh féin, dírithe ar shotal ardnósach na n-uaisle. Tá *An Dochtúir Áthas* ina aoir ar theoiric Fhreudach. Is féidir fréamhacha an chur chuige iar-nua-aoisigh sna húrscéalta seo a aithint i dtraidisiún na haoire agus san fhiántas raibiléiseach a eascraíonn as stair liteartha na hÉireann. D'aithin Vivian Mercier agus Máire Ní

Annracháin araon na tréithe leanúnacha seo ó thréimhsí éagsúla de stair litríocht na Gaeilge go dtí an ré nua-aimseartha.

Is é maíomh an tráchtais seo ná go n-eascraíonn an t-úrscéal iar-nua-aoiseach Gaeilge as stair shochtheangeolaíoch agus liteartha na tíre. Is é sin le rá, gur rud as an tír féin é a d'eascair as saol na ndaoine seachas mar rud a fhaightear ar iasacht ó thíortha eile. Ní fheicim an bhaint idir litríocht na Gaeilge agus (iar)-nua-aoiseachas mar fhaisean na huaire ach ina leaba sin, mar rud a bhfuil stair fhada laistiar di. Ní fhéachaim ar na húrscéalta seo mar thoradh staidéir ar theoiric iarstruchtúraíoch nó mar aithris ar scríbhneoirí iar-nua-aoiseacha i dtíortha eile. Is féidir an drochmheas a léiríonn Alan Titley agus Colm Breathnach ar theoiric iarstruchtúraíoch a fheiceáil go fiú mar léiriú ar an tslí nach gá dóibh, mar scríbhneoirí iar-nua-aoiseacha Gaeilge, a bheith faoi chomaoin ag na teoiricí seo. Tá staid ointeolaíoch ar leith ag baint le scríbhneoireacht na Gaeilge agus léiríonn na leabhair a phléitear anseo í le tuiscint, cruinneas agus le caolchúis iltaobhach.

Ach conas a chuireann sé seo lenár dtuiscint ar litríocht na Gaeilge. Áitím go léiríonn sé tuiscint níos leithne ar an gcoibhneas idir an saothar turgnamhach sa Ghaeilge agus coincheap an dúchais. Mar theanga mhionlaigh, tá ciall shainiúil leis an bhfocal 'dúchas' sa Ghaeilge. Ciallaíonn sé rud neamhthruaillithe dúinn. Seasann sé don chuid de thraidisiún na Gaeilge atá láidir agus Gaelach go smior. Tagann ár ndúchas chugainn síos trí na glúine ach tá níos mó ann ná an dúchas 'glan' – an béaloideas, an seanchas agus an tseanlitríocht. Tá dúchas eile ann chomh maith a bhí cruthaithe as stádas tairseachúil na Gaeilge go stairiúil mar ghuth na tíre. Aithníonn an t-úrscéal iar-nua-aoiseach an tairseachúlacht seo mar chuid de dhúchas na tíre agus gurb í an fhéiniúlacht bhriste oidhreacht na tíre coilínithe ar rinneadh mionteanga dá teanga dhúchasach.

Aithníonn an prós iar-nua-aoiseach seo gurb é an cur chuige turgnamhach an tslí is fearr chun deighleáil lenár gcoibhneas briste le dúchas sa tír seo. Mar sin, cothaítear coibhneas sláintiúil idir an modh turgnamhach agus coincheap an dúchais. Is cur chuige é an t-iar-nua-

aoiseachas a ghlacann le dúchas seachas é a dhiúltú ach is glacadh é a oibríonn go féin-chomhfhiosach. Tá comhthreomhaireacht idir an cur chuige seo áfach agus fíric dhoshéanta a bhaineann le cúrsaí liteartha mar atá siad i ngach mionteanga – is é seo gur éacht féin-chomhfhiosach é éacht na scríbhneoireachta sa mhionteanga. Is é a chiallaíonn sé seo ná gur féidir an t-úrscéal Béarla a fheiceáil ach mar úrscéal amháin ach is *úrscéal Gaeilge* é an t-úrscéal Gaeilge i gcónaí.

Téann an t-úrscéal iar-nua-aoiseach, áfach, i ngleic leis an bhféin-chomhfhios seo go toilteanach agus le híoróin. Ní hamháin sin, ach úsáideann sé an féin-chomhfhios sin mar uirlis liteartha. Feictear go bhfuil cosáin oscailte don scríbhneoir sa Ghaeilge – sa teanga mhionlaigh – atá dúnta don scríbhneoir sa Bhéarla. Creidim go bhfuil imeartas liteartha ar fáil don scríbhneoir Gaeilge nach dtuigimid go fóill. Tá tuiscint agus oiliúint ag úrscéalaithe na Gaeilge agus, cé nach bhfuil an úrscéalaíocht chomh líonmhar sa Ghaeilge agus atá sí i dteangacha eile, tá sí dána, cliste agus réidh chun an staid thairseachúil seo againne a phlé go fíochmhar is go macánta. Ó thaobh an léirmheasa de, tá súil agam go léiríonn an tráchtas seo cur chuige nach bhfuil aon eagla air roimh theoiric na critice ach, ag an am céanna, nach ligeann di an léirmheas a mhúnlú de réir a hidé-eolaíochta féin. Is uirlis iontach í an teoiric seo – go fiú an chuid de atá fabhtach – ach fós, níl ann ach uirlis. Is tábhachtach í mar uirlis, áfach, chun deighleáil leis an gcineál saothair a phléitear anseo. Is saothair iad a bhíonn achrannach agus mí-áisiúil go minic ach i ndeireadh na dála, a labhraíonn go macánta faoin tír agus faoin teanga.

Foinsí

Annála Ríoghachta Éireann. www.ucc.ie/celt/online

Allen, Graham. *Intertextuality*. London, New York: Routledge, 2000.

Arnold, Matthew. *On the Study of Celtic Literature and Other Essays.* London: J.M. Dent & Sons, New York: E.P. Dutton, 1910.

Asbee, Sue. *Flann O'Brien.* Boston: Twayne Publishers, 1991.

Bakhtin, M.M. *Problems of Dostoevsky's Poetics.* edited and trans. Carly Emerson. Manchester: Manchester University Press, 1984a.

---------- *Rabelais and his World*. trans. by Helene Iswolsky, Bloomington Ind.:Indiana U.P. 1984b.

---------- *Speech Genres and Other Late Essays*. trans. Vern W. McGee; eds Caryl Emerson/ Michael Holquist. Austin: University of Texas Press, 1986.

---------- *The Dialogic Imagination*: *Four Essays*. Austin: University of Texas Press, 1994.

Barthes, Roland. 'Réponses', *Tel Quel 47* (Autumne 1971): pp.89-107.

---------- "Death of the Author", *Image Music Text*. London: Fontana, 1977.

Beckett, Samuel. "Dante. . . Bruno. Vico. . Joyce". *Our Exagmination Round his Factification for Incamination of Work in Progress.* London: Faber and Faber, 1929.

---------- *Proust.* New York: Grove Press, 1957.

----------. *Murphy*. Picador: London, 1963.

---------- *Dream of Fair to Middling Women.* Eds Eoin O'Brien and Edith Fournier. Monkstown: Black Cat Press, 1992.

Berger, Peter L. and Luckman, Thomas. *The Social Construction of Reality*. London: Allen Lane, 1969.

Bergin, Osborn. *Irish Bardic Poetry, Texts and Translations*. Dublin: Institute of Advanced Studies, 1970.

Booker, M. Keith. *Flann O'Brien, Bakhtin and Menippean Satire.* Syracuse, N.Y.: Syracuse University Press, 1995.

Breathnach, Colm *Cantaic an Bhalbháin*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1991.

----------. *An Fear Marbh*. Conamara: Cló-Iar Chonnachta, 1998.

----------. *Con Trick "An Bhalla Bháin"*. Conamara: Cló-Iar Chonnachta, 2009.

Cheng, Vincent J. *Joyce, Race, and Empire.* Cambridge; New York: Cambridge University Press, 1995.

Deane, Seamus. "Dumbness and Eloquence: A Note on English as We Write It in Ireland". *Ireland and Postcolonial Theory.* Clare Carroll & Patricia King eds. Cork: Cork University Press, 2003.

Denvir, Gearóid. *Cadhan Aonar*. Baile Átha Cliath. An Clóchomhar Tta: 1987.

---------- *Litríocht agus Pobal*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta, 1997.

----------. "Béal Beo nó Béal Marbh". *Saothar Mháirtín Uí Chadhain - Leachtaí Cholm Cille XXXVII*. Maigh Nuad. An Sagart. 2007.

De Paor, Louis. 'Myles na gCopaleen agus Drochshampla na nDealeabhar', *The Irish Review* No.23 (Winter 1998), 24-32.

Derrida, Jacques. *Margins of Philosophy*. Brighton: Brighton Harvester, 1982.

---------- "Two Words For Joyce", *Post-Structuralist Joyce: Essays from the French.* Derek Attridge and Daniel Ferrer eds. Cambridge: Cambridge U.P., 1984.

Eisaman Maus, Katherine. Introduction to "The Merchant of Venice", *The Norton Shakespeare*. London: Norton, 1997.

Ellmann, Richard. *James Joyce.* New York: Oxford U.P., 1983.

Flower, Robin. *The Irish Tradition*. Oxford: Clarendon Press, 1947.

Freud, Sigmund. *The Standard Edition of the Complete Psychological*

Works of Sigmund Freud Vol. XVII translated from the German under the general editorship of James Strachey in collaboration with Anna Freud. London: Hogarth, 1978.

Gide, André. *Si le Grain ne Meurt*. Oxford: Oxford University Press, 1925.

Gwara, Scott James. "Gluttony, Lust and Penance in the B-Text of Aislinge Meic Conglinne". *Celtica* 20, 1988: pp. 53-72

Hawthorn, Jeremy. *A Glossary of Contemporary Literary Theory:* London; New York: Edward Arnold, 1994.

Hopper, Keith. *A Portrait of the Artist as a Young Postmodernist.* Cork: Cork University Press, 2009.

Hutcheon, Linda. *A Poetics of Postmodernism: History, Theory, Fiction*. London: Routledge, 1988.

Hyde, Douglas. "The Necessity for De-Anglicising Ireland." *Language, Lore and Lyrics: Essays and Lectures.* Ed. Breandán Ó Conaire. Dublin: Irish Academic Press, 1986.

Iser, Wolfgang. *The Implied Reader: Patterns of Communication in Prose Fiction from Bunyan to Beckett.* Baltimore, Md. Johns Hopkins U.P., 1974

Jackson, Kenneth Hurlstone. *Aislinge Meic Conglinne.* Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1990.

Joyce, James. *Letters of James Joyce*: ed Stuart Gilbert. Faber and Faber: London, 1957.

---------- *The Critical Writings of James Joyce*. Eds. Ellsworth Mason and Richard Ellmann. London: Faber and Faber, 1959.

---------- *Dubliners.* London: Penguin Books, 2000.

---------- *Finnegans Wake*. London: Penguin, 2000.

---------- *Portrait of the Artist as a Young Man*. *Authoritative Text, Backgrounds and Contexts, Criticism.* New York: W.W. Norton, 2007.

---------- *Stephen Hero*, eds John J. Slocum and Herbert Cahoon. Norfolk, CT: New Directions, 1959.

---------- *Ulysses.* Ware: Wordsworth Editions, 2010.

Joyce, Stanislaus. *My Brother's Keeper.* London: Faber, 1958.

Kiberd, Declan. *Idir Dhá Chultúr.* Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1993.

---------- *Ulysses and Us: The Art of Everyday Living.* London: Faber and Faber, 2010.

Lukacs, Georg. *The Historical Novel*. London: Merlin, 1974.

Lyotard, Jean- François. *The Postmodern Condition: A Report on Knowledge*. Manchester: Manchester University Press, 1986.

---------- *The Differend*: *Phrases in Dispute.* Manchester: Manchester University Press, 1989.

Mac Annaidh, Séamas. *Cuaifeach mo Londubh Buí*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2005.

Mac Cóil, Liam. *An Dochtúir Áthas*. Indreabhán: Leabhar Breac, 1994.

---------- "An Critic Shíocanailíseach", *Téacs agus Comhthéacs – Gnéithe de Chritic na Gaeilge*. Eag. Máire Ní Annracháin & Bríona Nic Dhiarmada. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998.

Mac Craith, Mícheál. '*L'Attaque*: Úrscéal faoi Stiúir', *Macalla 1985*, 15-36. 1985.

---------- "Titley agus Treallchogaíocht in Aghaidh na Critice". *Comhar* Iml. 55. Uimh 4 (Aibreán 1996): lgh. 33-38.

Mac Giolla Léith, Caoimhín. "'Is Cuma Faoin Scéal', Gné d'Úrscéalaíocht na Gaeilge". *An tÚrscéal sa Ghaeilge – LCC XXI*. Maigh Nuad: An Sagart, 1991.

Mac Piarais, Pádraic. *Filíocht Ghaeilge Phádraig Mhic Phiarais*. Eag. Ciarán Ó Coigligh. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1981.

Mag Shamhráin, Antain. "Ní Mise Robert Schumann". *Oghma 4*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Oghma, 1992.

---------- 'An tIonsaí a Roghnú', *Oghma* 5, 60-65. 1993.

Mann, Thomas. *Doctor Faustus*. London: Penguin, 1971.

McHale, Brian. *Postmodernist Fiction.* London: Methuen, 1987.

----------. *Constructing Postmodernism.* London: Routledge, 1992.

McKibben, Sarah. '*An Béal Bocht*: Mouthing off at national identity', *Éire-Ireland* Vol.38, I & II (2003), 27-53.

---------- '*The Poor Mouth*: A Parody of (Post) Colonial Irish Manhood', *Research in African Literatures* Vol.34, No.4 (Winter 2003), 96-114.

Mercier, Vivian. *The Irish Comic Tradition*. Oxford: Clarendon Press, 1962.

---------- *Beckett/Beckett*. New York: Oxford University Press, 1977.

Merriman, Brian. *Cúirt an Mheon-Oíche.* Eag. Liam P. Ó Murchú. Baile Átha Cliath: An Clochomhar Tta, 1982.

Meyer, Kuno (ed). *Aislinge Meic Conglinne.* London: David Nutt, 1892.

Na gCopaleen, Myles. *An Crúiscín Lán. The Irish Times*: 25/01/1941.

----------. *An Béal Bocht.* Corcaigh agus Baile Átha Cliath: Preas Mercier, 1986.

Nänny, Max. "The Waste Land: A Menippean Satire?". *English Studies 66*, no.6, 1985: (pp. 526-36)

Ní Annracháin, Máire. 'An tSuibiacht Abú, an tSuibiacht Amú', *Oghma* 6, 11-22. 1994.

---------- "Litríocht na Gaeilge i dtreo na mílaoise" in Micheal Ó Cearúil (eag.) An Aimsir Óg. Baile Átha Cliath: Coiscéim (14-25), 1999.

Nic Dhiarmada, Bríona. 'Smulcairí, Fiosracht agus Eile: Cás na Critice sa Ghaeilge', *Léachtaí Cholm Cille 26: Léann na Gaeilge*, 159-177. Maigh Nuad: An Sagart, 1996.

Nic Eoin, Máirín. *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Teanga agus Nualitríocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 2005.

---------- 'Ag Taisteal gan Mhapaí: An Ficsean Turgnamhach agus Gníomh na Léitheoireachta', *Léachtaí Cholm Cille 36: An Prós Comhaimseartha*, 77-111. Maigh Nuad: An Sagart, 2006.

Nietzsche, Friedrich. “On Truth and Lies in a Nonmoral Sense”. *Philosophy and Truth: Selections from Nietzsche’s Notebooks of the Early 1870’s*. Ed. and trans. Daniel Breazeale. Atlantic Highlands, N.J.: Humanities Press International, 1979.

----------. *Ecce Homo:* trans. Thomas Wayne. New York: Algora Pub, 2004.

Ní Laoghaire, Máire Bhuidhe. *Filíocht Mháire Bhuidhe Ní Laoghaire.* Eag. An tAthair Donnacha Ó Donnchú. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1931.

O’Brien, Flann. *At Swim Two Birds*. London: Four Square, 1962.

---------- *The Third Policeman.* London: Pan Books, 1974.

Ó Cadhain, Máirtín. *An tSraith ar Lár.* Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1967.

---------- *An tSraith dhá Tógáil.* Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1970.

---------- *An tSraith Tógtha.* Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1977.

---------- *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*. Baile Átha Cliath: An Clochomhar Tta: 2003.

---------- *Cré na Cille*. Baile Átha Cliath: Sáirséal Ó Marcaigh, 2007

Ó Cíobháin, Pádraig. ‘An Treasruathar Turgnamhach: Féinspléachadh Údair ar a Ionchur i bPróslitríocht a Linne’, *Léachtaí Cholm Cille 36: An Prós Comhaimseartha*, 54-76. Maigh Nuad: An Sagart, 2006.

Ó Cionnaith, Proinsias. “An Aoir agus An Áiféis sa Nua-Litríocht”. *An Aoir. LCC XVIII*. Maigh Nuad: An Sagart, 1988.

Ó Conaire, Breandán. *Myles na Gaeilge.* Baile Átha Cliath: An Clochomhar Tta, 1986.

Ó Conaire, Pádraic. *Aistí Phádraic Uí Chonaire*. Eag. Gearóid Denvir. Indreabhán: Cló Chois Fharraige, 1978.

---------- *Scothscéalta.* Eag. Tomás de Bhaldraithe, Baile Átha Cliath: Sáirséal – Ó Marcaigh, 1982.

---------- *Deoraíocht*. Baile Átha Cliath: An Comhlacht Oideachais, 1994.

---------- *Seacht mBua an Éirí Amach.* Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnacht, 2010.

Ó Conchubhair, Brian. "An Béal Bocht and An tOileánach: Writing on the Margin – Gaelic Glosses or Postmodern Marginalia?" *Flann O'Brien Centenary Essays: Review of Contemporary Fiction,* vol 3, no.3. Champaign: Dalkey Archive Press, 2011.

Ó Criomhthain, Tomás. *An tOileánach*. Eag. An Seabhac. Baile Átha Cliath: Clólucht an Tálbóidigh Teór, 1929, 1967.

---------- *Allagar na hInse*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair; An Gúm, 1977.

---------- *An tOileánach*. Eag. Seán Ó Coileáin. Baile Átha Cliath: Cló Talbóid, 2002.

Ó Cúiv, Brian. "Eachtra Mhuireadhaigh Í Dhálaigh". *Studia Hibernica* Uimh.1 (1961): lgh.56-69.

Ó Drisceoil, Proinsias. "Lead us not into shenanigans", Léirmheas ar *Sionnach ar mo Dhuán* le Breandán Ó hEithir. *The Irish Times,* 14/1/1989.

Ó Flatharta, Peadar. 'Gnéithe Comparáideacha den Stair agus de Thraidisiún an Úrscéil Stairiúil i *L'Attaque*', *Comhar* (Deireadh Fómhair), 54-58. 1985.

Ó Floinn, Tomás. "Aislinge Meic Conglinne", *Comhar*, Iml 37, Uimh 2 (Feabhra 1978): lgh 17-19.

Ó Gráda, Cormac. *The Great Irish Famine.* Dublin: Gill and Macmillan, 1989.

---------- *Ireland's Great Famine: Interdisciplinary Perspectives*. Dublin: University College Dublin Press, 2006.

Ó hÁinle, Cathal. "An tÚrscéal nár Thainig". *Promhadh Pinn.* Máigh Nuad: An Sagart, 1978.

---------- "The Inalienable Right of Trifles: Tradition and Modernity in Gaelic Writing Since the Revival". *Éire* –

Ireland: Winter, 1984.

Ó Muirgheasa, Énrí. *Cead de Cheoltaibh Uladh*. Baile Átha Cliath: M.H. Mac Giolla agus a Mhac, 1915.

Ó Muirí, Damien. "An tÚrscéal Turgnamhach. Anailís Chriticiúil ar Cuaifeach mo Lon Dubh Buí". *An tÚrscéal sa Ghaeilge – LCC XXI*. Maigh Nuad: An Sagart, 1991.

Ó Ríordáin, Sean. "Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca". *The Irish Times*. 29 Aibreán 1970.

---------- *Eireaball Spideoige*. Baile Átha Cliath: Sáirséal & Ó Marcaigh, 1986.

Ó Suilleabháin, Amhlaoibh. *Cin Lae Amhlaoibh.* Eag. Tomás de Bhaldraithe. Baile Átha Cliath: Clochomhar, 2003.

Ó Tuairisc, Eoghan "The Psychic Partition". *Irish Pages*, Vol. 1, No. 2, The Justice Issue (Autumn – Winter, 2002/2003): pp. 171- 173.

---------- "Fornocht . . . Comhrá le hEoghan Ó Tuairisc", *Innti* 6, 1981: lgh.15-47.

----------. *L'Attaque.* Corcaigh: Mercier, 1998.

Ó Tuama, Seán. *Cúirt, Tuath agus Bruachbhaile: Aistí agus Dréachtaí Liteartha*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1990.

Ó Tuama, Seán & Kinsella, Thomas. *An Duanaire 1600-1900, Poems of the Dispossessed.* Eag. S. Ó Tuama & T. Kinsella. Baile Átha Cliath, Foras na Gaeilge; 2002.

Pessoa, Fernando. *The Book of Disquiet*. London: Quartet Books, 1991.

Picasso, Pablo. *Theories of Modern Art: A Source Book by Artists and Critics*. Ed. Herschel B. Chipp. Berkeley: California U.P., 1968.

Preston-Matto Lahney. *Aislinge Meic Conglinne.* Syracuse NY: Syracuse University Press, 2010.

Rabelais, François. *Gargantua and Pantagruel.* Trans. M.A. Screech. London: Penguin, 2006.

Riggs, Pádraigín. *Pádraic Ó Conaire: Deoraí.* Baile Átha Cliath:

Clóchomhar, 1994.

Robbe-Grillet, Alain. *For a New Novel.* Trans. Richard Howard. New York: Grove Press, 1965.

Rorty, Richard. *Philosophical Papers. Vol 2: Essays on Heidegger and Others*. Cambridge: Cambridge University Press, 1991.

Sadlier, Darlene J. *An Introduction to Fernando Pessoa*. Florida: Florida University Press, 1998.

Said, Edward J. *Orientalism.* New York: Vintage, 1979.

Sayers, Peig. *Peig: A Scéal Féin.* Eag. M. Ní Mhainnín & L.P. Ó Murchú. An Daingean: An Sagart, 1998.

Schumann, Robert. *Kinderszenen*. Baile Átha Cliath: Taibhse, 1987.

Shakespeare, William. *The Merchant of Venice. The Norton Shakespeare.* London & New York: W.W. Norton & Co.,1997.

Stone, Harry. "'Araby' and the Writings of James Joyce". *The Antioch Review* Vol. 25, No. 3 (Autumn, 1965), pp. 375-410

Titley, Alan. *An tÚrscéal Gaeilge*. An Clóchomhar: Baile Átha Cliath, 1991.

---------- 'Mála an éithigh', *Léachtaí Cholm Cille 21: An tÚrscéal Gaeilge*, 184-206. Maigh Nuad: An Sagart, 1991.

----------*An Cogadh in aghaidh na Critice*. Belfast: Fortnight Educational Trust, 1993a.

---------- . *An Fear Dána.* An Clóchomhar Tta: Baile Átha Cliath, 1993b.

---------- "Litríocht na Gaeilge, Litríocht an Bhéarla agus Irish Literature". *Chun Doirne: Rogha Aistí.* Belfast: Lagan Press, 1996.

Van Boheemen-Saaf, Christine. *Joyce, Derrida, Lacan, and the Trauma of History: Reading, Narrative and Postcolonialism.* Cambridge; New York: Cambridge University Press, 1999.

Walsh, Paul. *Gleanings from Irish Manuscripts.* Dublin; At the Sign

of the Three Candles, 1933.

Waugh, Patricia. *Postmodernism: A Reader*. Edward Arnold: London, 1992.

----------. *Metafiction, The Theory and Practice of Self Conscious Fiction*. Routledge: London, 2003.

Williams, N.J.A. "Gnéithe den Aoir i Litríocht na Gaeilge". *Studia Hibernica* Uimh. 20, 1980: lgh 57-71,.

---------- *Pairlement Chloinne Tomáis.* Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1981.

Wittgenstein, Ludwig. *Philosophical Investigations*. Oxford: Basil Blackwell, 1953.

Wolf, Nicholas M. *An Irish-Speaking Island: State, Religion, Community, and the Linguistic Landscape in Ireland, 1770-1870*. Madison: The University of Wisconsin, 2014.

Yeats, W.B. "Sailing to Byzantium". *Selected Poems, Lyrical and Narrative*. Macmillan: London, 1932.